NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

# Eagrán de na scéalta idirnáisiúnta ó na Cruacha Gorma a bhailigh Seán Ó hEochaidh do Choimisiún Béaloideasa Éireann i 1947 agus 1948

**Pól Ó Seachnasaigh**

**Tráchtas don Chéim Ph.D.**

**Ollscoil na hÉireann, Má Nuad**
**Roinn na Nua-Ghaeilge**

**Deireadh Fómhair 2012**

**Ollamh na Nua-Ghaeilge: An tOll. Ruairí Ó hUiginn**
**Stiúrthóir: An Dr. Brian Ó Catháin**

# ACHOIMRE

Sa saothar seo, cuirtear in eagar tríocha scéal idirnáisiúnta a bailíodh sna Cruacha Gorma i dTír Chonaill sna blianta 1947 agus 1948. Is iad na haidhmeanna atá ag an saothar:

1. Eagrán de na scéalta seo a chur ar fáil don chéad uair, scéalta nár cuireadh in eagar cheana.

2. Gaeilge na scéalta a chaighdeánú de réir *Foclóir Gaeilge-Béarla*, (Ó Dónaill, 1977) agus *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (2004), ach amháin nuair a bhíonn coimhlint idir an Caighdeán agus canúint na scéalaithe mar a scríobhadh síos í ag an bhailitheoir, Seán Ó hEochaidh. Nuair a bhíonn coimhlint idir an Caighdeán agus an chanúint, taobhaítear leis an chanúint sa saothar.

3. An méid staidéir atá déanta cheana ar bhéaloideas na gCruach, agus ar an ról éachtach a bhí ag Ó hEochaidh ina chaomhnú a mhéadú.

Bhailigh Seán Ó hEochaidh na scéalta seo do Chomisiúin Béaloideasa Éireann, agus tá lámhscríbhinní an bhailitheora caomhnaithe mar chuid de Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ) sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is iad na lámhscríbhinní seo, a bhfuil fáil orthu chomh maith i bhfoirm mhicreascannán i leabharlann Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, a úsáidtear mar bhunábhar sa saothar.

I gCaibidil 1, tugtar an modh eagarthóireachta a chuirtear i bhfeidhm ar théacsanna na scéalta, na hathruithe i dtreo an Chaighdeáin a dhéantar, agus na hathruithe nach gcuirtear i bhfeidhm nuair a dhéantar iarracht tús áite a thabhairt do chanúint na scéalaithe.

I gCaibidil 2, déantar plé ar cheithre ábhar inspéise de Ghaeilge na gCruach a tháinig chun cinn nuair a bhí na scéalta á gcur in eagar.

I gCaibidil 3, tugtar tríocha scéal idirnáisiúnta agus iad curtha in eagar. Chomh maith leis an phlé a dhéantar ar Ghaeilge na scéalta, mar a luadh thuas, cuirtear athruithe i bhfeidhm i bponcaíocht agus i leagan amach théacs na scéalta.

I gCaibidil 4 déantar plé ar scéal amháin sa chnuasach, scéal an Fhir Mhóir. Bailíodh dhá leagan den scéal seo ón scéalaí, Anna Nic an Luain, Cruach Thoibrid, agus faightear idir chosúlachtaí agus éagsúlachtaí sna leaganacha seo. Déantar comparáid idir an dá leagan sin, chomh maith le plé a dhéanamh ar an scéal mar a bailíodh é sna Cruacha agus i gceantracha eile i dTir Chonaill.

Sa chéad aguisín a théann leis an saothar seo, tugtar eolas ar na scéalta a fhaightear ann. Tugtar ainmneacha na scéalta, uimhreacha na scéalta de réir chlár Aarne/Thompson/Uther (ATU), agus cur síos ar na scéalta idirnáisiúnta a fhaightear iontu, ainmneacha na scéalaithe agus cad as a bhfuair siad a gcuid scéalta, má tá an t-eolas sin ar fáil sna lámhscríbhinní. Sa dara aguisín, tugtar leagan na lámhscríbhinní den scéal *An luchóg ⁊ an bheacóg*, díreach mar a scríobh Seán Ó hEochaidh síos é ón scéalaí Anna Nic an Luain. Sa tríú aguisín, tugtar liosta iomlán de na scéalta idirnáisiúnta a bailíodh sna Cruacha Gorma i 1947 agus 1948.

# An Clár


| | | |
|---|---|---|
| Noda | | iv |
| Buíochas | | vi |
| Réamhrá | | 1 |
| 1. | Cuspóir an tsaothair | 2 |
| 2. | Leagan amach an tsaothair | 2 |
| 3. | Coimisiún Béaloideasa Éireann | 5 |
| 4. | An bailitheoir | 6 |
| 5. | Na Cruacha Gorma | 7 |
| 6. | An bailitheoir agus na Cruacha Gorma | 8 |
| 7. | Na scéalaithe | 22 |
| 8. | Na scéalta | 30 |
| 9. | Ábhar béaloidis na gCruach a cuireadh i gcló | 31 |
| Caibidil 1. | Modh eagarthóireachta | 37 |
| 1. | Nótaí ginearálta | 38 |
| 2. | Ainmfhocail | 43 |
| 3. | Aidiachtaí | 64 |
| 4. | Briathra | 70 |
| 5. | Cónaisc | 95 |
| 6. | Dealú focal agus uaschamóga | 96 |
| 7. | Dobhriathra | 104 |
| 8. | Forainmneacha réamhfhoclacha | 106 |
| 9. | Intriachtaí | 107 |
| 10. | Réamhfhocail | 108 |
| 11. | Réamhfhocail chomhshuite | 114 |

Caibidil 2. Mionphlé ar roinnt gnéithe inspéise de Ghaeilge na scéalta: 115

Réamhrá 115

2.1. An mhír choibhneasta 'a' a úsáid roimh bhriathra, agus 'atá,' foirm choibhneasta aimsir láithreach an bhriathair 'bí,' a úsáid tar éis an chónaisc 'mar' 117

2.2 Na fuaimeanna /j/ agus /γ/ a bheith scríofa mar *dh'* idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail dar tús guta nó *f* 122

2.3. Úsáid fhoirm na haidiachta sealbhaí *á* in áit *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl 125

2.4. Úsáid fhoirmeacha na haidiachta sealbhaí *á* agus *dá* mar chuspóir an ainm bhriathartha 131

Caibidil 3. Na scéalta: 137

1. An madadh rua 140
2. Mac an duine shaibhir 7 níon an duine bhoicht 141
3. An fear a dhíol dhá chéad punta 7 péire miotóg ar an chorp 149
4. Pat agus Jack 157
5. An gasúr a chuaigh a dh'fhoghlaim gadaíochta 164
6. An fear a bhí ina chlairíneach bliain is fiche 170
7. An fear a d'ith croí an éin 175
8. Slasham Ceallachán 182
9. An fear a lig air go rabh sé marbh 185
10. Cormac Mac Rí an Eala 193
11. An Gharbhóg Mhór 200
12. An luchóg 7 an bheachóg 209
13. Scéal an *B*h*ig Man* 216
14. Na trí chomhairle 220
15. Ó hÉigeartaigh 7 an peidléir 224
16. An deartháir bocht 7 an deartháir saibhir 231
17. Jack agus níon Rí an Domhain Thoir 235

| | | |
|---|---|---|
| 18. | Mac an Rí 7 an cailín nach dtearn obair ar bith ariamh | 244 |
| 19. | An Gobán Saor | 248 |
| 20. | Bilí 7 an tarbh | 251 |
| 21. | Na trí chomhairle | 257 |
| 22. | Scéal fhear na cruite | 260 |
| 23. | Cailleach an tsníomhacháin | 262 |
| 24. | Jack agus an taibhse | 265 |
| 25. | An chinniúint | 267 |
| 26. | An fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt Dé Sathairn 7 nach rabh maidin Dé Luain | 268 |
| 27. | Fear na cruite | 271 |
| 28. | An fear a dhíol fiche punta ar chorp | 272 |
| 29. | Buachaillí Ard an Rátha | 280 |
| 30. | Aon a hairt ag an aifreann | 284 |
| Caibidil 4. | Scéal an Fhir Mhóir nó scéal an *Bhig Man* mar a d'inis Anna Nic an Luain é i 1936 agus i 1947 | 285 |
| Aguisín 1. | Nótaí ar na scéalta | 299 |
| Aguisín 2. | An luchóg 7 an bheachóg, leagan na lámhscríbhinne | 308 |
| Aguisín 3. | Na scéalta idirnáisiúnta go léir a bailíodh sna Cruacha Gorma i 1947 agus 1948 | 316 |
| Leabharliosta | agus foinsí eile | 324 |

# NODA:

| | |
|---|---|
| AT | *The types of the folktale* (Aarne/Thompson (1973)) |
| ATU | *The types of International Folktales* (Uther (2004)) |
| CBÉ | Cnuasach Bhéaloideas Éireann (Colláiste na hOllscoile, BÁC) |
| cé. | céasta |
| coibh. | coibhneasta |
| coinn. | modh coinníollach |
| DD | *A Dialect of Donegal Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties: Phonology and Texts* (Quiggin (1906)) |
| *gin.* | tuiseal ginideach |
| GT | *Gaeilge Theilinn* (Wagner (1959)) |
| *iol.* | iolra |
| ÓCTC | *Ó Cadhain i dTír Chonaill* (Ó Baoighill (2007)) |
| SAB | *Seanchas Annie Bhán* (MacLennan (1997)) |
| SÓhE | Seán Ó hEochaidh (bailitheoir na scéalta) |
| SóTC | *Síscéalta ó Thír Chonaill* (Ó hEochaidh/Ní Néill/Ó Catháin(1977)) |
| T. | táscach |
| Teil. | Teileann |
| *tabh.* | tuiseal tabharthach |
| UCCT | *Uair an Chloig Cois Teallaigh* (Ó Catháin (1985)) |
| *uath.* | uatha |
| 1/3 u | an chéad phearsa/ an tríú pearsa uatha |

Tugtar anseo liosta na ngiorrúchán a fhaightear sna leabhair thagartha, Dinneen (1927), Quiggin (1906), agus Ó Dónaill (1977), giorrúcháin a bhaintear úsáid astu sa saothar seo:

| | |
|---|---|
| *a* | adjective |
| adv. | adverb |

| | |
|---|---|
| *al.* | alternative |
| *Con.* | Connaught |
| *cond.* | conditional |
| *dep.* | dependent |
| *ds.* | dative singular |
| *f* | feminine |
| *fut.* | future |
| *gs.* | genitive singular |
| *m* | masculine |
| *neg.* | negative |
| O.Ir. | Old Irish |
| *part.* | particle |
| *pl.* | plural |
| *poss.* | possessive |
| *pp.* | past participle |
| *prep.* | preposition |
| *pres. hab.* | present habitual |
| *pron.* | pronoun |
| *sg.* | singular |
| *subj.* | subjunctive |
| *U.* | Ulster |
| *var.* | variant |
| *vn.* | verbal noun |

# BUÍOCHAS

Le linn dom a bheith ag obair ar an saothar seo, fuair mé cabhair agus misniú ó dhaoine áirithe, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo anseo.

Ar an chéad dul síos, ba mhaith liom fíorbhuíochas a ghabháil leis an Dr Brian Ó Catháin, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Ba é a stiúir ar an obair mé, agus is minic a thaispeáin sé an bealach ceart dom. Is cinnte nach bhféadfainn an saothar a chríochnú gan na moltaí agus na treoracha a thug sé dom, agus an t-am a chaith sé go fial ag cabhrú liom ó thús go deireadh.

Ba mhaith liom fosta, buíochas a ghabháil leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad as an tacaíocht a thug sé dom an obair thaighde seo a dhéanamh. Ba chabhair mhór é an t-uchtach agus an misniú a fuair mé uaidhsean agus ó bhaill na foirne.

Táim buíoch den Ollamh Ríonach uí Ógáin agus a foireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, go háirithe d'Anna Bale, Johnny Dillon agus Ronan Galvin, a chabhraigh liom nuair a bhí orm cuairt a thabhairt ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Chuir siad fearadh na fáilte romham i gcónaí.

Gabhaim buíochas le foireann Leabharlann Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Is iomaí uair fhada a chaith mé sa leabharlann, agus bhí an fhoireann i gcónaí cúirtéiseach, cabhrach liom.

Gan an tacaíocht agus an tuiscint a fuair mé ó mo bhean chéile agus ó mo pháistí is cinnte nach bhféadfainn an obair seo a dhéanamh. Ba mhinic a bhí orm an t-am 'a ghoid' ó mo chúraimí baile ar mhaithe leis an saothar seo, agus mar sin gabhaim buíochas ó chroí le Cathy, Cáit, Eimear agus Eoghan.

# RÉAMHRÁ

1. Cuspóir an tsaothair

2. Leagan amach an tsaothair

3. Coimisiún Béaloideasa Éireann

4. An bailitheoir

5. Na Cruacha Gorma

6. An bailitheoir agus na Cruacha Gorma

7. Na scéalaithe

8. Na scéalta

9. Ábhar béaloidis na gCruach a cuireadh i gcló

# Réamhrá

## 1. Cuspóir an tsaothair

Tá sé mar chuspóir ag an saothar seo ábhar béaloidis as na Cruacha Gorma a chur ar fáil a thugann a ceart do Ghaeilge an cheantair seo mar a fhaightear sa bhéaloideas í. Is ceantar Gaeltachta i lár Chontae Thír Chonaill é na Cruacha Gorma, nach bhfuil mórán ina gcónaí ann anois. Sa saothar seo fosta, dírítear aird ar an tábhacht a bhaineann le hobair an bhailitheora, Seán Ó hEochaidh a d'oibrigh go díograsach ó 1947 ar aghaidh chun béaloideas na gCruach a thaifeadadh agus a shábháil. Déantar na cuspóirí seo a chur i bhfeidhm trí:

1. Eagrán de scéalta a bailíodh sna Cruacha Gorma a chur ar fáil don chéad uair, scéalta nár cuireadh in eagar cheana, agus nach bhfuil teacht orthu go dtí seo ach i bhfoirm lámhscríbhinn an bhailitheora i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Tugtar tríocha scéal idirnáisiúnta agus iad curtha in eagar i gCaibidil 3 chomh maith le nótaí ar na scéalta in Aguisín 1, nótaí béaloidis san áireamh.
2. Polasaí ginearálta a chur i bhfeidhm go ndéantar Gaeilge na scéalta a chaighdeánú ach amháin nuair a bhíonn coimhlint idir an Caighdeán agus canúint na scéalaithe mar a scríobh an bailitheoir í. Nuair a bhíonn coimhlint idir an Caighdeán agus an chanúint, taobhaítear leis an chanúint sa saothar.
3. Úsáid a bhaint as sleachta as cín lae an bhailitheora a thugann léargas ar a mhodh oibre, agus ar an ról éachtach a bhí aige i gcaomhnú bhéaloideas na gCruach.
4. Obair bhreise a dhéanamh go gcuirtear le méid an staidéir atá déanta go dtí seo ar bhéaloideas na gCruach.

## 2. Leagan amach an tsaothair

I gCaibidil 1, leagtar síos modh eagarthóireachta an tsaothair seo faoi na teidil seo a leanas:

1. Nótaí ginearálta, 2. Ainmfhocail, 3. Aidiachtaí, 4. Briathra, 5. Cónaisc, 6. Dealú focal agus uaschamóga, 7. Dobhriathra, 8. Forainmneacha réamhfhoclacha, 9. Intriachtaí, 10. Réamhfhocail, Réamhfhocail chomhshuite.

Mar a luadh thuas, cuirtear polasaí ginearálta i bhfeidhm sa saothar seo, a

fhéachann chuige Gaeilge na lámhscríbhinní a chaighdeánú de réir *Foclóir Gaeilge Béarla*, (Ó Dónaill, 1977) agus *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004). Ní athraítear litriú na bhfocal áfach, nuair is léir gur leaganacha áitiúla nó canúnacha a úsáideadh sna lámhscríbhinní. Déantar plé níos cuimsithí ar an ábhar seo i gCaibidil 1.

I gCaibidil 2, déantar plé ar ghnéithe inspéise de Ghaeilge na lámhscríbhinní a tháinig chun cinn nuair a bhí an eagarthóireacht á déanamh ar na scéalta. Mar chuid den phlé seo, is féidir fadhbanna a tháinig chun cinn sa phróiséas eagarthóireachta a mheá níos doimhne ná mar a dhéantar i gCaibidil 1. Seo thíos na hábhair a phléitear:

1. An mhír choibhneasta 'a' a úsáid roimh bhriathra, agus 'atá,' foirm choibhneasta aimsir láithreach an bhriathair 'bí,' a úsáid tar éis an chónaisc 'mar'. An é gur bá sa chaint is cúis le heasnamh na míre coibhneasta sa mhúnla seo síos tríd na scéalta nó an dtarlaíonn sé ar bhonn canúna?
2. Na fuaimeanna /j/ agus /γ/ a bheith scríofa mar *dh'* idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail dar tús guta nó *f*. Cad as a dtagann an *dh'* seo agus conas a léirítear an réamhfhocal *de* ann?
3. Úsáid fhoirm na haidiachta sealbhaí *á* in áit *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl. Cén fáth go n-úsáidtear foirm na haidiachta sealbhaí *á* nuair a bheifí ag súil leis an mhúnla *a* + ainm briathartha?
4. Úsáid fhoirmeacha na haidiachta sealbhaí *á* agus *dá* mar chuspóir an ainm bhriathartha. Tá *á* agus *dá* araon in úsáid sa mhúnla seo sna lámhscríbhinní. An cheist a phléitear, ar chóir an múnla seo a chaighdeánú i dtreo *á* + ainm briathartha nó glacadh leis an dá bhealach ar bhonn canúna?

I gCaibidil 3, tugtar an tríocha scéal agus iad curtha in eagar de réir mar atá leagtha amach i gCaibidlí 1 agus 2. Feicfear go bhfuil dhá leagan an ceann de na scéalta a leanas sa chnuasach seo, a thagann ó scéalaithe éagsúla agus a bhfuil idir mhiondifríochtaí agus difríochtaí móra eatarthu, difríochtaí sna teidil san áireamh:

3. *An fear a dhíol dhá chéad punta ⁊ péire miotóg ar an chorp*[1], agus 28. *An fear a dhíol fiche punta ar chorp*;

[1] Ls.: An fear a dhíol cúig phunnta ar an chorp.

13. *Scéal an* Bh*ig* Man, agus 26. *An Fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt Dé Sathairn ⁊ nach rabh maidin Dé Luain*[2];

14. *Na trí chomhairle*, agus 21. *Na trí chomhairle*;

18. *Mac an Rí ⁊ an cailín nach dtearn obair ar bith ariamh*, agus 23. *Cailleach an tsníomhacháin*;

22. *Scéal fhear na cruite*, agus 27. *Fear na cruite*.

Rinneadh leaganacha éagsúla de na scéalta céanna a bhailiú i gcomhlíonadh na dtreoracha a fuair an bailitheoir ón Choimisiún maidir le leaganacha difriúla den ábhar céanna a thaifeadadh. Deir Ó Súilleabháin (1970, xii)

> 4. Record all kinds of information, even that which you have already recorded in other districts or from other informants. The more variants of an item recorded the better; what one variant lacks another may supply.

I gCaibidil 4, déantar comparáid idir dhá insint *Scéal an Fhir Mhóir*, nó *Scéal an Bhig Man* mar a d'inis Anna Nic an Luain é i 1936 agus 1947, mar aon le gnéithe den scéal mar a bailíodh ó scéalaithe eile é. Déantar plé fosta ar dhá ábhar inspéise a fhaightear sa scéal, an dóigh nach gcónaíonn an lánúin óg le chéile tar éis a bpósta, agus an dóigh a mbaineann an scéalaí úsáid as iomlaoid chomhrá in insint an scéil chun comhbhá i leith charachtair sa scéal a léiriú.

Tá trí aguisín ag deireadh an tsaothair. In Aguisín 1, tugtar nótaí eolais faoi gach scéal sa saothar seo. Sna nótaí seo tugtar uimhreacha na n-imleabhar agus uimhreacha na leathanach a bhfuil teacht ar na scéalta i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, ainm agus seoladh na scéalaithe, agus an dáta ar bailíodh gach scéal, má tá an t-eolas sin ar fáil. Tugtar fosta uimhreacha tagartha ATU an scéil, agus cur síos ar na scéalta idirnáisiúnta mar a fhaightear sna scéalta sa saothar seo iad. Mar a luaitear thuas, tá tríocha scéal a bhfuil uimhreacha tagartha ATU leo sa saothar seo. I gcásanna áirithe faightear an scéal idirnáisiúnta céanna i níos mó ná scéal amháin, agus i gcásanna eile faightear níos mó ná scéal idirnáisiúnta amháin in aon scéal amháin.

[2] Ls.: An fear a bhí ábalta léim na h-abhna a thabhairt maidin Dia Luain ⁊ nach rabh Dia Sathuirn.

In Aguisín 2, tugtar an bunleagan den scéal, *An luchóg ⁊ an bheachóg*, mar a fhaightear sna lámhscríbhinní é. Níl athruithe eagarthóireachta curtha i bhfeidhm ar an leagan seo seachas ponc an tséimhithe a léiriú leis an litir *h*. Sa leagan seo is féidir an scéal a bhlaiseadh díreach mar a bhreac an bailitheoir síos é ó bhéal an scéalaí, Anna Nic an Luain.

In Aguisín 3, tugtar liosta na scéalta idirnáisiúnta go léir a bailíodh sna Cruacha Gorma sa tréimhse atá idir lámha sa saothar seo. Chomh maith leis an tríocha scéal a bhfuil eagarthóireacht déanta orthu, tugtar ar an liosta, ainmneacha na scéalta idirnáisiúnta a fhaightear in Ní Dhíoraí (1985). Tá an t-iomlán, scéal is caoga, curtha in ord ar an liosta de réir na ndátaí ar bailíodh iad.

3. Coimisiún Béaloideasa Éireann

Bunaíodh Coimisiún Béaloideasa Éireann[3] ar 2 Aibreán, 1935 chun dul i ngleic leis an fhadhb, mar a d'aithin Séamus Ó Duilearga, Stiúrthóir An Choimisiúin í, go raibh baol ann go gcaillfí béaloideas na hÉireann gan a thaifeadadh mar thoradh ar mheath na Gaeilge mar theanga labhartha. Ba phráinneach an tasc a bhí ag An Choimisiún, ábhar béaloidis na tíre a bhailiú agus a chaomhnú, toisc líon na seanchaithe a bhí ag fáil bháis, agus a saibhreas teanga agus a gcuid dtraidisiún béil ag fáil bháis leo. Dúirt Ó Duilearga féin go raibh sé "mar a bheadh teach trí thine agus eisean ag iarraidh cuid den troscán a thabhairt slán ón slad ollmhór" (Mac Aonghusa, 2007, 15).

Ar dtús, tugadh cúig bliana don Choimisiún an obair bhailiúcháin seo a dhéanamh. Ceapadh ag an am go mbeifí in ann an chuid is mó de na scéalta, na hamhráin, an seanchas agus an ábhar béaloidis eile a bhí le bailiú go práinneach a fháil taobh istigh den tréimhse sin. Nuair a thosaigh torthaí an bhailithe ag teacht isteach, áfach, chonacthas go mbeadh síneadh ama ag teastáil, agus fuarthas ceithre bliana breise ar an téarma (Briody, 2007, 136). Sa deireadh, mhair An Coimisiún go dtí 1971 nuair a "rinneadh An Coimisiún a scor agus aistríodh an fhoireann agus an sealúchas go dtí Roinn Bhéaloideas Éireann a cuireadh ar bun sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath," (Mac Aonghusa, 2007, 16). Tá lámhscríbhinní na mbailitheoirí a scríobh siad síos ina

[3] 'An Coimisiún' feasta.

leabhair nótaí agus a sheol siad chuig An Choimisiún, caomhnaithe anois ag Roinn Bhéaloideas Éireann sa Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ), agus is iad lámhscríbhinní an bhailitheora, Seán Ó hEochaidh, atá mar bhunábhar sa saothar seo.

## 4. An bailitheoir

Rugadh Seán Ó hEochaidh (1913-2002) i gCruachlann, Teileann, Co. Dhún na nGall, an duine ba shine de chúigear. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois (Ní Dhíoraí, 1985, xxii), agus chaith sé tréimhse ina iascaire. Faoin am chéanna, thosaigh sé ag scríobh síos scéalta agus ábhar béaloidis ó na daoine a bhí ina gcónaí in aice leis i dTeileann, agus ba í an tsuim phearsanta a léirigh Ó hEochaidh i mbéaloideas a cheantair dhúchais, a mhol do Stiúrthóir An Choimisiúin, Séamus Ó Duilearga é. Tugann Ní Dhíoraí (1985, xxii), cuntas ar céard a tharla nuair a sheol Ó hEochaidh cnuasach scéalta a bhí bailithe aige ó sheanduine sa chomharsanacht chuig An Ghúm sa bhliain 1935:

> Chonaic Domhnall Mac Grianna, a bhí ag obair in Institiúid an Ard-Léinn, an cnuasach breá a scríobh Seán agus thaispeáin sé don Ollamh Séamas Ó Duilearga é. Bhí an tOllamh Ó Duilearga ag iarraidh Coimisiún Béaloideasa Éireann a bhunú ag an am agus chuir sé an-suim san obair a bhí déanta ag Seán. Chuaigh sé féin go Tír Chonaill chun castáil air agus is é an deireadh a bhí ar an scéal gur ceapadh Seán mar bhailitheoir béaloidis i dTír Chonaill. Bhí sé le bheith ar an chéad bhailitheoir oifigiúil béaloidis sa tír. Ghlac sé leis an bpost sa bhliain 1935 agus bhí sé ag obair go dtí mí Feabhra na bliana 1983 nuair a tháinig sé amach ar pinsean.

I 1935 d'fhostaigh An Coimisiún seisear bailitheoirí lánaimseartha, Liam Mac Coisdeala, Tadhg Ó Murchadha, Seán Ó hEochaidh, Proinnsias de Búrca, Liam Mac Meanman agus Nioclás Breatnach, chun obair an bhailithe a dhéanamh, agus an t-ábhar a sheoladh ar ais chuig An Choimisiún i mBaile Átha Cliath (Briody, 2007, 232). Cainteoirí Gaeilge ó dhúchas don chuid is mó ab iad na bailitheoirí lánaimseartha a d'fhostaigh An Coimisiún i 1935. Is í an difríocht is mó a bhí idir Ó hEochaidh agus na bailitheoirí eile, gurbh iascaire eisean, agus ag scríobh dó faoi earcaíocht na

mbailitheoirí ag An Choimisiún, tugann Briody (2007, 231), leargas ar chúlra na mbailitheoirí nuair a thosaigh siad, agus an éagsúlacht a bhain le Seán Ó hEochaidh ina measc:

> Although Irish had been taught in most Gaeltacht schools for more than a decade, few native speakers of Irish had by then received a secondary education. However since the setting up of the Preparatory Colleges ... in 1926, a small élite of native speakers were receiving secondary education and going on to become National School teachers. It is therefore not surprising that a number of the Commission's early recruits were National School teachers. However, one of the earliest full time collectors to be employed, and the longest serving, was a fisherman, Seán Ó hEochaidh, but it should be said he was a very untypical fisherman.

Chuaigh Ó Duilearga go Teileann sa bhliain 1935, agus chaith sé roinnt seachtainí ansin in éineacht le Seán Ó hEochaidh ag cur oiliúna air i gceird an bhailitheora agus conas an t-eideafón[4] a úsáid. Bheadh ar Ó hEochaidh na scéalta, an seanchas, na hamhráin srl. a thaifeadadh ar 'eiteáin' an eideafóin, mar a ghlaoigh sé orthu, an t-ábhar uilig a scríobh síos ina chuid leabhair nótaí, agus an t-iomlán a sheoladh ar ais chuig An Choimisiún i mBaile Átha Cliath. D'fhaigheadh sé na heiteáin ar ais ansin, agus iad glanta agus réidh lena n-úsáid arís. Toisc gur glanadh na heiteáin agus gur baineadh úsáid astu arís agus arís eile, níl teacht anois ach ar mhéid an-bheag taifead a rinneadh go díreach ó na scéalaithe. Cuireann easpa na dtaifead seo go mór le tábhacht na lámhscríbhinní i mbailiúchán Chnuasach Bhéaloideas Éireann.

## 5. Na Cruacha Gorma

Is ceantar sléibhtiúil é na Cruacha Gorma atá suite i lár Thír Chonaill idir na Gleanntaí san iarthar, Bealach Féich san oirthear agus Baile Dhún na nGall sa deisceart. Tá cuntas ag Ní Dhíoraí (1985, xiii), ar cheantar na gCruach agus a iargúltacht, cuntas a léiríonn tírdhreach na háite agus a chabhraíonn le tuiscint a fháil conas a coinníodh muintir na

[4] Gléas taifeadta ab ea an t-eideafón a cheap caint nó ceol ar eiteáin nó ar fhiteáin chéaracha, agus nach raibh leictreachas nó cadhnraí ag teastáil uaidh. Tá cuntas ag Ríonach uí Ógáin in Mac Aonghusa (2007, 29), ar an éascaíocht a rinne an t-eideafón in obair an bhailitheora.

gCruach ó thionchar an tsaoil nua anuas go dtí seachtóidí an chéid seo caite. Deir Ní Dhíoraí :

> Na Cruacha Gorma a thugtar ar iomlán na sléibhte a luíonn idir Cruach an Airgid ar an taobh thiar go dtí an Deargchruach ar an taobh thoir. Tá Cruach an Airgid, an Dubhchruach, Cruach Thiobraid, Leathchruach, an Chruach Ghugach, Cruach Mhín an Fheannta, Cruach Leacha, Cruach an Fheannaigh, an Deargchruach ann le cois an Leamhach Mór, an Leamhach Beag agus Gaigín ach tá an Chruach Ghorm í féin ina seasamh os a gcionn uile mar a bheadh sí ag tabhairt a ndúshlán go brách. Tá na cruacha seo mar bheadh bábhún thart ar an ghleann dá scaradh amach ón chuid eile den saol. San am a chuaigh thart ba dhoiligh dul ann agus ba dhoiligh teacht as.

Toradh amháin a bhí ar an iargúltacht seo gur mhair cultúr saibhir Gaelach sna Cruacha Gorma, agus cuid mhór daoine ann nach raibh Béarla ar bith acu. Tá cuntas ag Ó Catháin (1985, xv), ar mhuintir na gCruach agus ar thionchar na hiargúltachta i gcaomhnú an chultúir mhonaglotaigh seo. Deir Ó Catháin:

> ... for the mountains that held the English language at bay also held cradled within their embrace a small community of Irish language monoglots who preserved in that tongue one of the richest and purest veins of folk narrative and song tradition in all of Europe.

Déanann Wagner (1958, xv), tagairt fosta don aonteangachas agus d'easpa an Bhéarla ag cuid de mhuintir na gCruach, ach is suimiúil chomh maith, go ndéanann sé trácht i 1958 ar chúis thábhachtach amháin a thapódh le deireadh a chur leis an phobal seo agus le deireadh an chultúir eisceachtúil a bhí sa cheantar, sé sin imeacht an aosa óig. Deir Wagner:

> Pt. 83: *Croaghs*. This point, representing a remote valley of *The Blue Stack Mountains* (ɴə kruəhə gɔrəmə), was the most inaccessible place I have visited in Ireland. It was, therefore, not surprising to find there quite a number of

> monoglots, who could not speak a word of English. I have visited this area several times. Most of the young people have left it. The way of life has not changed here for hundreds of years. Rearing of sheep is the main occupation of the people.

6. An bailitheoir agus na Cruacha Gorma

Sa bhliain 1947 thosaigh Seán Ó hEochaidh ag bailiú béaloidis sna Cruacha Gorma ar son An Choimisiúin. Faoin am sin bhí breis is deich mbliana caite aige i mbun na hoibre céanna i gceantracha eile i dTír Chonaill. Ba é Stiúrthóir An Choimisiúin, Séamus Ó Duilearga a sheol Ó hEochaidh i dtreo na gCruach don chéad uair, ceantar nach raibh eolas ag Ó hEochaidh faoi. Ag scríobh dó faoin chéad uair a chuaigh Ó hEochaidh chun na gCruach, deir Ó Catháin (1985, xiv):

> When first dispatched there in 1947 by Séamus Ó Duilearga, Honorary Director of the Irish Folklore Commission, he [Ó hEochaidh] confessed - “Unlike other parts of Donegal, I knew nothing about it, except that it eas a remote out-of-the-way place.”

Bhí ar Ó hEochaidh, mar aon le bailitheoirí uilig An Chomisiúin, cín lae a choimeád. Sa chín lae seo scríobh sé síos sonraí a shaoil laethúil féin, agus thug sé cur síos ar an cheantar a raibh sé ag bailiú ábhar béaloidis ann, agus ar mhuintir na háite. Tá an chín lae caomhnaithe mar chuid de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, agus faightear sna hiontrálacha a bhaineann leis an tréimhse a chaith sé sna Cruacha cuntas ar an dóigh a ndeachaigh sé i mbun obair an bhailitheora ann.

Tugtar thíos iontráil ón chín lae a chlúdaíonn na dátaí 15-29 Márta, 1947, mar aon leis na hiontrálacha a thagann go díreach ina diaidh, iontrálacha faoi na dátaí 5 go 11 Bealtaine, 1947. Tugtar sna hiontrálacha seo cur síos cuimsitheach ar laethanta tosaigh a chuid oibre sa cheantar, na socruithe a rinne sé chun lóistín a fháil ann, agus an dóigh a bhfuair sé comhoibriú sa tionscadal ó dhaoine nach raibh aithne aige orthu. Déanann an bailitheoir tagairtí do ghnéithe áirithe de shaol an cheantair, mar shampla nach raibh siopa ann. Faightear cur síos ar na tithe agus ar an chineál troscáin a bhíodh

iontu, ar an chineál feirmeoireachta a cleachtadh sna Cruacha, agus ar dhrochstaid na mbóithre ann.

Cuirtear i bhfeidhm ar théacs na n-iontrálacha ó chín lae an bhailitheora an modh eagarthóireachta atá leagtha amach i gCaibidil 1, an modh eagarthóireachta céanna a chuirtear i bhfeidhm ar na scéalta a chuirtear i láthair sa saothar seo.[5]

Is in iontráil sa chín lae seo do mhí na Márta, 1947 a fhaightear an chéad trácht a dhéanann an bailitheoir ar a phlean i leith na gCruach nuair a bhain sé úsáid as meafar iascaireachta faoi "uisce úr a bhriseadh," (CBÉ 1289: 73-74), agus imeacht isteach sna Cruacha Gorma go bhfeicfeadh sé an raibh seanchas ann nár bailíodh roimhe sin. Tugtar an iontráil ghearr anseo toisc gur í an chéad léiriú a fhaightear sa chín lae ar fhiosracht an bhailitheora maidir le hábhar béaloidis na gCruach.

> 15-29/3/'47
> Nuair a bheas iomlán a bhfuil breacaithe síos ina nótaí garbha agus scríofa ina nótaí agam in eagar, agus scríofa isteach in mo chóipleabhar agam, tá rún agam le cuidiú Dé, uisce úr a bhriseadh agus a ghabháil isteach i gceantar nach rabh mé ann go dtí seo .i. i gceantar Chruacha na nGleanntach. Ón mhéid a chualaigh mé fá dtaobh de tá mé cinnte go n-éireochaidh go maith liom, agus measaim go bhfuil seanchas ann nár bhain duine ar bith ariamh dó. Caithfidh mé tamallt ann i gcás ar bith go bhfeicfidh mé caidé atá ann, agus má mheasaim go bhfuil an seanchas maith, fanóchaidh mé ann go gcuiridh mé an ráca ar an cheantar ó chionn go cionn.

Dhá mhí ina dhiaidh sin i mí na Bealtaine, 1947 thosaigh an bailitheoir amach ag triail ar cheantar na gCruach i lár Thír Chonaill don chéad uair. Ar an 5ú lá de mhí na Bealtaine, agus é ar a bhealach chun na gCruach, thug sé cuairt ar bheirt chara leis, an múinteoir scoile in Ard an Rátha, Pádraig Mac an G[h]oill agus an sagart paróiste sna Gleanntaí, an tAth. Seán Ó Cuinnigeáin. Mhol siad araon go gcuirfeadh an bailitheoir aithne ar an fhear tábhairne agus siopa ar na Grianáin, Donnchadh Ó Cuinn, mar a

5 Ní athraítear litriú na bhfocal "saghart" agus "agham," saintréithe de chanúint Theilinn an bhailitheora, nuair a fhaightear sa chín lae iad.

léiríonn an iontráil seo a leanas (CBÉ 1289: 75-78):

> Na Gleanntaí
>
> 5/5/'47 Dé Luain
>
> Bhí sé ar m'intinn le fada an lá tarraingt ar Chruacha na nGleanntach agus fáil amach caidé a bhí ansin. Seach ceantar ar bith eile i dTír Chonaill, ní rabh eolas dá laghad agam air, ach amháin go bhfuil a fhios agam gur áit iargúlta chúlriascúil é.
>
> D'fhág mé an baile ar maidin inniu. Lá garbh tirim ann de ghaoith deas agus anoir aneas. Bhí teas beag ins an ghréin, rud annamh ins an taobh seo den tír anois. Chuaigh mé t[h]art bealach na gCeall mBeag, agus i ndiaidh braon ola a thógáil in Ard an Ratha chuaigh mé ar lorg mo sheanchara Pádraic Mac an G[h]oill O.S. Bhí mé ag meas go mbeadh eolas inteacht aige-san ar dhuine inteacht a chuirfeadh ar an eolas mé. Bhí fearadh na fáilte ag Pádraig romham, agus mhol sé domh tarraingt ar Dhonnchadh Ó Cuinn ar na Grianáin, fear tábhairne ⁊ siopa. D'fhág mé slán ⁊ beannacht aige-san, agus tharraing mé ar na Gleanntaí.
>
> Bhí cupla cuairt agam le déanamh ansin, ceann ar mo c[h]ol ceathar, Maighread Ní Eochaidh atá ina banaltra ins an otharlann, ⁊ cuairt ar mo fhíorchara, an tAth. Seán Ó Cuinnigeáin, S.P. Ní thiocfadh liom a dhul thart gan cuairt a thabhairt air-san. Ní dhearn mé mórán moille ins an otharlann go dtáinig[6] mé go teach an tSaghairt. Ní rabh sé fhéin i láthair ag gabháil chun boinn domh ach ba ghairid go dtáinig sé. Bheir sé greim láimhe orm ⁊ leis an fháscadh a thug sé daoithe shíl mé go mbrúfadh sé an t-anam asam, bhí an oiread sin lúcháire air romham. Bhí nuaíocht an bhaile agus cuntas fán bhaile de dhíobháil air, agus nuair a d'inis mé dó go rabh mé ag tarraingt ar na Cruacha, bhí an-lúcháir air. Bhí eolas maith aige ar an cheantar, agus thug sé domh liosta d'ainmneacha daoine a chuideochadh liom, agus mhol seisean domh fosta cuairt a thabhairt a chéaduair ar D[h]onnchadh Ó Cuinn.
>
> Bhí mé réidh ansin le himeacht ach ní ligfeadh sé amach ar mo bhéal trácht ar a dhul chun na gCruach go maidin. B'éigean domh toileadh fanacht aige siúd agus

[6] Ls.: gur dtáinic.

go mb'fhearr liom fhéin a dhul go bun na scríbe. Bhí oíche mhór chomhrá againn ansin go dtí 10.30, nuair a chuaigh sinn a luí.

Rinn mé dearmad a lua gur dhúirt sé go mbeadh post aige domh ar maidin, go gcaithfinn vaidhtéireacht a dhéanamh d'fhear a bhí le pósadh i ngan fhios,[7] agus go gcaithfinn fhéin agus fear eile an obair sin a dhéanamh. Dúirt mé go ndéanfainn sin, agus ina dhiaidh sin chuaigh sinn chun suain agus ordú agam fhéin go gcaithfinn a bheith ar mo chois ar maidin ag 5.30.

Ar an lá dár gcionn d'imigh Ó Cuinn in éineacht leis an bhailitheoir ag taisteal trí cheantar na gCruach. Mar a fheictear san iontráil seo a leanas (CBÉ 1289: 79-89), chabhraigh Ó Cuinn leis lóistín a fháil sa cheantar, agus chuir sé an bailitheoir in aithne do mhuintir na háite, do na seanchaithe ina measc:

6/5/'47 Dia Máirt

Maidin bhog ghaothach ann mar is gnách.

Siocair fios a bheith agam go rabh orm éirí comh luath seo níor chodlaigh mé mórán, agus níor mhothaigh mé an 5 a chlog ag teacht. D'éirigh mé ansin, agus níorbh fhada i mo dhiaidh go rabh an tAth. Ó Cuinnigeáin ar a chois. Ghléas sinn orainn, agus chuamar go teach an phobail c. 5.45. Bhí an lánúin ansin, fear de Chlainn Uí Ghallachobhair as ceantar na nGleanntach agus cailín de Chlainn Nic an Ghoill as Ard an Ratha. Rinneadh an pósadh ansin roimh an Aifreann, agus rinn mise obair nach rabh mórán smaoitithe agam uirthi, ach an té atá ar an bhealach cosúil liomsa castar rudaí greannmhara air. Rinn mé an bricfeasta i dtoigh an tSaghairt, agus nuair a tháinig as an lá, dar liom go rabh sé comh maith agam a bheith ag crupadh an bhealaigh.

Nuair a bhí mé ag fágáil slán agus beannacht ag an tSaghart tharraing sé ar phrios mhór a bhí i dtaobh an tseomra, agus d'fhiafraigh sé domh an rabh na leabharthaí seo agam, *Popular Tales of the Western Isles*. Nuair a d'inis mé dó nach rabh[8]–

"Bhail," a deir sé, "pronnaim-sa iad seo ort." Thug sé domh ceithre

[7] Ls.: i gan fhios.

[8] Ls.: Nuair a d'innis sé domh nach rabh.

imleabhar. Bhí mé an-bhuíoch dó nó is dóiche gur dhoiligh a bhfáil[9] san am i láthair.

D'imigh mé ansin agus thug mé m'aghaidh ar an aon cheantar amháin i dTír Chonaill nach rabh a fhios agam rud ar bith fá dtaobh de. Tharraing mé ar an Éadan a chéaduair, agus ansin ag oifig an phoist, chuaigh mé isteach le cupla litir a bhí agam.

Nuair a chuaigh mé ar aghaidh giota beag eile tháinig mé ar theach Dhonnchaidh Uí Chuinn. Stop mé ansin, agus chuaigh mé isteach, agus nuair a d'inis mé dó gurbh é Saghart na paráiste a d'iarr orm cuairt a thabhairt air, bhí sé an-sásta, agus dhéanfadh sé rud ar bith domh. Lá *dole* an cheantair a bhí ann, agus bhí baicle fhear as na Cruacha istigh aige, agus ba é an chéad rud a rinn sé mo thabhairt isteach agus mo chur in aithne do na fir seo. Mhínigh sé daofa caidé a bhí mé a dhéanamh, agus d'iarr sé orthu gach uile chineál cuidithe a thabhairt domh. Gheall siad sin a dhéanamh, agus ansin thug mé deoch daofa uilig. Bhí mé réidh le himeacht ansin, ach ní rabh Mac Uí Chuinn réidh liom go fóill.

“Má fhanann tú tamall beag,” arsa seisean, “rachaidh mise leat chun na gCruach agus bhéarfaidh mé aithne duit ar na daoine uilig.”

Bhí lúcháir mhór orm fá sin agus nuair a chuir sé deireadh leis an obair a bhí idir lámha aige, ghléas sé air, agus d'imigh sinn araon. Thug seisean leis builín aráin agus gráinín tae agus siúcra, sa dóigh a dtáinig linn ar gcuid a fháil i gcionn de na toighthe a mbuailfimist isteach ann. D'imigh sinn ansin.

Bhí an lá breá, agus threabhaigh sinn linn cupla míle a chéaduair de bhealach mhaith ach ansin an bealach is damanta a rabh mé air ariamh. Ní rabh muid sa charr ach mar a bheadh sinn istigh i ndrochfharraige. Chuaigh sinn caol díreach ionsar an chionn ab fhaide ar shiúl de na Cruacha. Thug sinn cuairt ansin ar Chlainn Mhic Aodha, an áit ar chaith Liam Mac Meanman seal nuair a bhí sé ag bailiú béaloideasa. Bhí seanbhean, cailín agus buachaill ansin romhainn agus iad an-fhearadhfháilteach.

Bhí an tseanbhean ag cniotáil giosán, agus an cailín i gcionn banachas toighe eile. Bhí craos mhór theineadh ann, agus an mórán de thrí cléibh mhónadh caite ar an talamh ag a taobh. Bhí mealldar mór mine cruaghil[10] i dtaobh an toighe,

[9] Ls.: á bhfáil.

[10] Ls.: cruaidhghil.

agus rud nach bhfaca mise ariamh cheana, bhí tábla ann a bhí greamaithe de thaobh an toighe, agus cosúlacht air go rabh sé ag gabháil suas chun na gcreataí. Suísteog chotháin a rabh an tseanbhean ina suí air. Chonaic mé sin nuair a d'éirigh sí le fáilte a chur romhainn. Rinn muid caint agus comhrá fada ansin, ar ndóiche bhí an aimsir ag cur an-chruaidh orthu, agus bhí béal bocht millteanach acu fán amharc caorach a chaill siad le linn an tsneachta, ⁊ anois go rabh siad i gcontúirt an t-eallach a chailleadh. Bhí gnoithe ganntanais an phlúir ⁊ nithe eile orthu, an scéal amháin i ngach uile áit.

D'fhiafraigh mé fhéin daofa sa deireadh an dtiocfadh leofa lóistín a thabhairt domh ar feadh tamaill, ach ní tháinig. Thug siad ainmneacha eile domh ar fud an bhaile agus d'iarr siad orm dá sáraíodh orm a theacht ar ais. Bhí mé buíoch ar shon an méid sin féin, agus leis sin d'fhág mé slán ⁊ beannacht acu san am a bhí sa láthair.

Tháinig sinn ar aghaidh aniar go toigh Mhic an Luain ansin.[11]

Teach breá faoin bhealach mhór. Bhí na fir ag tarraingt ar a gcuid tae ag teacht chun boinn dúinn. Bhí cúigear deartháracha, deirfiúr ⁊ an tseanmháthair sa teach. Ní rabh duine ar bith acu pósta. Thug mé fá dear go rabh a mhadadh fhéin ag gach uile fhear sa teach, agus nuair a bhí an tae thart, thug gach uile fhear acu leis a mhadadh fhéin go dtug sé a chuid dó.

Rinneadh tae dúinne ansin agus thug Mac Uí Chuinn chun cinn a bheart fhéin. Ní rabh mórán gnoithe ag na daoine seo leis de réir mar a fuair mé amach. Bhí neart de gach uile chineál acu, agus a sáith airgid. D'inis Mac Uí Chuinn domh go rabh sé ina rud choitianta acu luach £600 de chaoirigh a dhíol le chéile. Rinn mé mo dhícheall agus mo dhúthracht go bhfaighinn lóistín ag na daoiní seo, ach ní rabh maith ann. Dúirt siad go gcoinneochadh siad agus fáilte mé ach nach rabh leabaidh follamh sa teach.

B'éigean dúinn imeacht ansin agus tarraingt ar b[h]aile sa teorainn ag na Cruacha ar a dtugtar Cruach Leaca[12] ⁊ ansin sa deireadh ag Bean Mhic Ghiolla

---

[11] Ní thugtar dúinn ainmneacha baiste do mhuintir Mhic an Luain an teaghlaigh seo san iontráil don dáta seo. Faightear amach níos faide ar aghaidh sa chín lae gur Aodh an t-ainm atá ar an dearthair is sine ann. Tá a fhios againn go scríobhtar faoin teaghlach céanna sa dá iontráil toisc go dtugtar an t-eolas céanna sna hiontrálacha: "go bhfuil sé ina rud choitianta ag na buachaillí seo luach £600 de chaoirigh a dhíol sa bhliain," (CBÉ 1289: 102-103).

[12] Ls.: Cró Leac. Gach uair a fhaightear an litriú seo sna lámhscríbhinní, athraítear go Cruach Leaca é.

Dhiarmada fuair mé lóistín i ndiaidh geallstan a thabhairt daoithe go bhfaighinn mo chuid bidh fhéin ar dheireadh na seachtaine. Bhí mé sásta go leor den mhargadh sin.

Tharraing mé ar ais ar na Gleanntaí ansin. Bhí orm Donnchadh a fhágáil sa bhaile ar na Grianáin agus níorbh fhiú domh, siocair an turas a bheith comh fada, pilleadh ar ais. Ar ár mbealach dúirt sé gur cheart dúinn cuairt a thabhairt ar M[h]ac Giolla Dhiarmada an Éadáin, seanduine atá thaire an deich agus na ceithre scór. Chuaigh sinn chun an toighe sin fosta, agus bhí fearadh na fáilte romhainn ansin fosta. D'inis Mac Uí Chuinn dó cé mé fhéin agus ar an bhomaite chuaigh sé i gcionn tharngaireacht Dhomhnaill an Chinn. Chaith mé seal fada aige-san, agus gheall sé domh an chéad lá a thiocfainn an bealach leis an eideafón go gcuirfeadh sé síos ar eiteán an seanchas seo uilig domh. D'fhág muid slán agus beannacht aige-san agus ansin tharraing sinn píosa eile. D'fhág mé Mac Uí Chuinn ar na Grianáin, agus chuaigh mé síos chun na nGleanntach. Bhí an Saghart ag feitheamh orm, le fios na ndea-scéal a fháil uaim, agus nuair a thug mise sin dó, tharraing, mé ar an leabaidh. Bhí mé comh tursach agus a bhí mé ariamh, le linn éirí comh luath ar maidin, agus idir sin agus an méid a shiúil mé agus a chan mé, bhí mo cheann éadrom. Mar sin fhéin, bhí dúshraith leagtha agham cé bith mar a éireochas liom ó seo amach.

Thaispeáin an bailitheoir an t-eideafón do mhuintir na háite agus mhínigh sé dóibh an dóigh a mbaileodh sé na scéalta, na hamhráin, an seanchas áitiúil srl. Mar a thugtar san iontráil a leanas (CBÉ 1289: 90-93), fuair sé amach go raibh taithí ag muintir na gCruach ar an obair seo ón uair a bhí Liam Mac Meanman i mbun na hoibre céanna timpeall ar dheich mbliana roimhe sin:

7/5/'47 Dé Ceadaoine

Maidin dheas chiúin ann inniu. Bhí mé ag Aifreann an 8 a chlog, agus i ndiaidh greim bricfeasta a ithe, tharraing mé ar na Cruacha. Mhol Saghart na paráiste domh cuairt a thabhairt ar Mhac Ghiolla Dhiarmada nuair a bheinn ag gabháil thart ag teach scoile an Éadáin. Rinn mé sin agus d'éirigh liom go breá leis. Bhí sé carthannach agus gheall sé domh dá dtiginn an ceantar seo go ndéanfadh sé a

dhícheall domh. Bhí mé buíoch dó, agus i ndiaidh labhairt lena chúntóir thug mé aghaidh ar na Cruacha. Bhí mé ansin ar an mheán lae, réidh le dhul i gcionn sleantrach in mo cheantar úr.

An chéad chuid de obair an lae míniú do bhunadh an toighe caidé an seort oibre a bhí mé a dhéanamh. Ina dhiaidh sin stiall den dialann seo a scríobh. Ansin greim dinnéara nach rabh mór, cupla préata 7 braon bainne, ach is iomaí rud a gcaithfear cur suas leis ar an tsaol atá ann. Níl neart ag na daoiní air nuair nach bhfuil rud ar bith le fáil acu, agus go háirid i ndoimhneacht na sliabh anseo i bhfad ó shiopaí agus ó gach uile sheort eile.

I ndiaidh greim a ithe, chuaigh mé thart idir na toighthe, agus labhair mé leis na daoine agus rinn mé seanchas leofa fán obair a bhí siad a dhéanamh agus a bhí mise a dhéanamh. Bhí barúil mhaith acu fhéin air ón am a rabh Liam Mac Meanman acu. D'éirigh liom cuntas a fháil uathu ar mhórán mionrudaí, agus rinn mé nóta ar an iomlán agus beidh siad seo agam le tosú leis.

Tháinig mé ar ais go toigh mo lóistín ag gabháil ó sholas dó, agus nuair a fuair mé bolgam tae, chuaigh Bean Mhic Ghiolla Dhiarmada i gcionn comhrá. Bhí seanchas go leor aicise fosta, siúd agus gur tógadh í soir in aice an Chlocháin. Bhí slaghdán trom orm agus chuaigh mé i luí i dtrátha an 11 a chlog. Bhí mé ag casachtaigh go láidir agus níor mhothaigh mé ariamh go dtáinig bean an toighe isteach chugam le pláta mór bracháin réidh. Dúirt sí liom go rabh sé ina leigheas mhaith ar an tslaghdán, agus b'fhíor daoithe, chodlaigh mé ina dhiaidh.

Caithfidh gur scaipeadh an scéal go gasta go raibh an duine nua seo sa cheantar, agus go raibh suim aige sa seanchas. Taobh istigh de chúpla lá agus é ag dul ó theach go teach ag míniú na hoibre a bhí idir lámha aige, mhothaigh an bailitheoir go raibh seanchaithe ag súil lena chuairteanna orthu, agus go raibh fearadh na fáilte roimhe i gcónaí, mar a léiríonn an iontráil seo a leanas (CBÉ 1289: 95-99). Ar an oíche a bhí i gceist, cheol sé féin amhrán do chomhluadar an tí, agus cé go ndúirt sé nach raibh an ceol rómhaith aige, bhí an seanchas ar obair as sin amach:

8/5/'47 Déardaoin

Maidin chruaidh fhuar. Níor chodlaigh mé mórán ó bhí an 4 a chlog ann. Bhí

bean an toighe amuigh an uair sin ag dreasú chaorach, agus chluinfeá míle ó bhaile í leis an challán a bhí aici leis na madaidh. D'éirigh mé breá luath, níl a fhios agam caidé an t-am é, nó ní rabh am ar bith agam fhéin nó ins an teach. Thug mé fá dear go rabh bunadh an toighe go fóill ag baint eolais as an ghréin, na corruair a bhíodh sí le feiceáil, i dtaobh an ama.

Tháinig bean an toighe chun an tseomra ar maidin le mo bhricfeasta, agus bhí caora léithi ins na sála. Níor chuir sí suim ar bith inti agus ní rabh rud ar bith dá rabh a dhíth uirthi dá dteachaidh sí chun na cisteanadh fá na choinne nach rabh an chaora suas agus anuas ina diaidh.

Scríobh mé cupla litir sula dtearn mé rud ar bith eile le cur chuig mo mhuintir le fios a thabhairt daofa cén áit a rabh mé. D'imigh gasúr óg a bhí sa teach leofa ansin go hoifig an phoist an Chlocháin, ocht míle ón áit seo.

Chaith mé gur ith mé greim dinnéara nach rabh mór, dhá phréata ⁊ gráinnín salainn, ag cur ceisteanna ar bhean an toighe.

Bhí cupla rud beag agam le déanamh leis an charr fosta.

I ndiaidh am dinnéara thug mé liom mo bhagáiste agus tharraing mé ar na Cruacha thiar. Chualaigh mé go rabh fear ansin arb ainm dó Peadar Tiomanaigh a rabh seanchas aige. Thug mé an carr chun an toighe ar dhrochbhealach.

Bhí Peadar ag an teach ag gabháil ansin domh, agus is cosúil go rabh scéala aige romham go rabh mé le tarraingt air. Bhí sé fearadhfháilteach i gceart agus d'iarr sé orm a bheith ag teacht isteach chun toighe. Bhí a bhean ansin, agus seanduine eile, Seán Mac Giolla Dhiarmada.

Bhí an seanteach beag seo ar cheann comh haosta i gcosúlacht agus a rabh mé istigh ann ariamh. Teach ceann tuí ar ndóiche a bhí comh haosta agus go dtiocfadh liom seasamh i lár an urláir agus mo lámh a leagan ar an taobhán mullaigh, agus ní rabh rud ar bith ann nach rabh aosta go dtí an tuirne mhór a bhí i gcionn an toighe. Bhí an tseanbhean ag cniotáil na ngiosán.

Thosaigh an comhrá ansin fá an aimsir, agus moilleacht na bliana seo, ⁊ cúrsaí an tsaoil, an t-ardú a chuaigh ar an tobaca (3d an t-unsa) ganntanas plúir agus gach uile sheort. Fá dheireadh d'iarr an tseanbhean ar Pheadar amhrán a rá domh. Thosaigh sé ar “Fhóchair,” agus siúd agus nach bhfuil guth rómhaith aige dúirt sé an leagan de ab fhearr a chualaigh mé ariamh. Dúirt Mac Giolla

Dhiarmada ceann ina dhiaidh, ⁊ thosaigh siad orm fhéin ansin, agus siúd agus nach bhfuil an ceol rómhaith agam lena sásamh, thug mé iarraidh ar "Tiocfaidh an Samhradh" a cheol daofa.

Ó seo amach, bhí an seanchas ar obair. D'fhoscail mé suas an t-eideafón agus thug mé orthu na giotaí amhráin seo a chur síos le tús a chur ar an rud.

Chuir mé tuairisc gnoithe buailteachais ansin, agus bhí scéal acu fá sin, fán mhac tíre, cat fiáin, dobharchú agus na rudaí seo ar mheas mé gur cheart cuntas a bheith orthu fán tsliabh.

Rinn mé gnoithe breá gur inis na fir domh go gcaithfeadh siad imeacht agus a dhul fán chnoc a dh'éileamh eallaigh agus a dh'amharc fá uain. Sin an locht is mó atá ar an am den bhliain atá ann. Tá na daoine an-ghnoitheach agus siocair an b[h]liain a bheith comh mall, tá na daoine an-ghnoitheach.

B'éigean domh mo bhagáiste a thabhairt liom ansin ach dúirt siad liom a theacht ar ais agus go mbeadh siad ag smaoitiú ar ghiotaí eile. Dúirt mé leofa go rabh mé buíoch daofa agus leis sin d'fhág me slán acu.

Tháinig mé go teach Mhic an Luain ansin, agus d'fhág mé an carr ag an teach sin. Ní rabh an-m[h]órán *petrol* agam, agus gan deor ar bith le fáil níos neise [13] nó na Gleanntaí, ocht míle dhéag ar shiúl. Bhí mé ar ais í gCruach Leaca ar 10.45. Bhí mé breá sásta de obair an tráthnóna, agus de réir mar a mheasaim ní bheidh trioblóid ar bith agam leis na daoine. Tá siad deas cineálta, ach ar feadh m'eolais orthu daoine daofa fhéin iad. Tá siad tugtha do chaint ⁊ do chúlchaint mar atá le fáil i mórán áiteacha ar fud na Gaeltachta. Titeann siad amach eatarthu fhéin, ach siad fhéin atá ann roimhe i bhfad agus is trua an té a rachas eatarthu!

Téann an bailitheoir ar cuairt go Clann Mhic an Luain sna Cruacha. San iontráil a leanas (CBÉ 1289: 100-105), díríonn sé aird ar chaighdeán agus ar éagsúlacht na Gaeilge a labhraídís, an Ghaeilge is fearr a chuala sé sa cheantar, "an G*haelic*[14] is fearr a chualaigh mé in áit ar bith ariamh," a deir sé (CBÉ 1289: 101). Deir sé chomh maith gur chuala sé Gaeilge in úsáid acu nach gcreidfí "go bhfuil a leithéid sa taobh ó thuaidh

[13] Ls.: níos ndeise.

[14] Ls.: Is ábhar inspéise go mbaineannn an bailitheoir úsáid as litriú Béarla anseo, agus ansin go scríobhann sé, trí leathanach níos faide ar aghaigh san iontráil chéanna, gur chuala sé "go leor eile a mbéadh suim mhór ag scolaire Gaedhilge ann" (CBÉ 1289: 104).

d'Éirinn ar chor ar bith" (CBÉ 1289: 104), agus go mbeadh ar dhuine acu, Aodh, fear teangtha a thabhairt leis chun an aonaigh ag déanamh aistriúcháin dó toisc nach raibh Béarla aige.

9/5/'47 Dé hAoine

Maidin dheas c[h]iúin g[h]réine.

Nuaíocht mhór anois. D'éirigh mé luath go maith, nó mar a dúirt mé cheana, bhí bean an toighe amuigh ar na deargacha ag dreasú, agus ní thiocfadh le duine ar bith codladh nuair a bheadh sise réidh.

I ndiaidh gléas orm, chuaigh mé ag scríobhadh tamall a chur seort eagair ar gharbhnótaí a bhreac mé síos tráthnóna inné.

Tháinig mé chun na cisteanadh ansin, agus chuaigh bean an toighe a sheanchas, agus d'aithin mé gan mhoill go rabh beagan seanchais aici. Tharraing mé orm mo gharbhscríbhínn, agus chaith mé an tráthnóna go huile ag scríobhadh. Bhí píosa breá seanchais aici fá thobar na nAingeal, agus an turas Lá Bealtaine. Nuair a chualaigh mé seo tharraing mé orm ceistiúchán Lá Bealtaine agus níor fhág mé ceist ar bith ann nár chuir mé uirthi. Comh maith leis seo, scríobh mé mórán píosaí eile uaithi.

Bhí súil agam tarraingt ar Mhac Tiomanaigh tráthnóna ach lig sé anuas tóin an fhéir d'fhearthainn, agus ní bhfuair mé imeacht go rabh sé mall.

Tharraing mé ar Chlainn Mhic an Luain, daoine ar na Cruacha a bhfuil mionseanchas go leor acu, agus an G*haelic* is fearr a chualaigh mé in áit ar bith ariamh. Tá an tseanmháthair beo go fóill agus í an deich agus ceithre scór. Tá scéal fada aicise ar chruatan an tsaoil ina hóige i gceantar na gCruach. Tá ceathrar seanbhuachaill agus seanchailín sa toigh nár phós ariamh, agus beirt chlainne le deirfiúr eile. Tá teach líonta lán acu agus a sáith de gach uile sheort dá bhfuil a dhíth orthu.

Is beag an Béarla atá ag aon duine acu, agus deir an fear is sine liom, Aodh, nuair a théid sé chun aonaigh, go gcaithfidh sé fear teangtha a fháil le cuidiú leis margadh a dhéanamh. Tá sé buartha nár fhoghlaim [sé] beagán Béarla ina óige. Deirtear liom go bhfuil sé ina rud choitianta ag na buachaillí seo luach £600 de chaoirigh a dhíol sa bhliain gan trácht ar an méid eallaigh a dhíolas siad. Tá siad

iontach deas ar gach uile dhóigh, agus de réir mar a fuair mé amach, tá siad an-díreach ina gcuid bealaigh ar gach uile dhóigh. Deirtear go bhfuil siad comh hionraice leis an ghréin, agus deir Saghart na paráiste liom inar shiúl sé, nár casadh a leithéidí air. Agus is mór an rud sin le rá fá dtaobh daofa.

Tharraing mé orm ceistiúchán Lá Bealtaine le Aodh ⁊ chuaigh mé fríd na ceisteanna uilig leis. Bhí eolas aige ar sheanchas ag baint leis na ceisteanna ach thug mé fá dear air nár mhaith leis a bheith a rá mórán fá phisreogaí. Tá an creideamh róláidir ann, agus ní maith leis trácht fá phisreogaí ar chor ar bith.

Chaith mé i dtoigh Mhic an Luain go dtí 11.30. Chualaigh mé rudaí nach gcualaigh mé cheana féin agus bhí lúcháir mhór orm fá sin. Chualaigh mé rudaí ag baint leis an teangaidh fosta nach gcreidfí go bhfuil a leitheidí sa taobh ó thuaidh d'Éirinn ar chor ar bith. Chualaigh mé "bhíomar" fiche uair ar feadh an tráthnóna, ⁊ "ar an bhoin," gach uile iarraidh ar feadh an tráthnóna dár baineadh úsáid as an rá, agus go leor eile a mbeadh suim mhór ag scolaire na Gaeilge ann.

Nuair a bhí mé ag fágáil an toighe seo, tháinig siad uilig liom taobh amuigh den doras, agus thug mé fá dear nuair a chuaigh mé isteach sa ghluaisteán go rabh soitheach uisce choisreaca le fear de na buachaillí, agus i ndiaidh slán ⁊ beannacht a fhágáil orthu, chraith sé orm fhéin agus ar an charr é, agus leis sin tharraing mé ar an bhaile.

Is doiligh daoiní cosúil leofa seo ar an tsaol atá ann inniu. Daoiní den tseandéanamh a bhfuil croí fial foscailte acu, agus oiread cultúir in alt amháin dá gcuid agus a gheobhthá i dtaobh tíre de d[h]aoiní a mbeadh nádúir mhagaidh acu ar bhunadh na gCruach. Is mór an gar ball beag amháin fágtha a bhfuil sibhialtacht na Sean-Ghael beo ann go fóill.

Tar éis seachtain a chaitheamh sna Cruacha, bheartaigh an bailitheoir go bhfillfeadh sé abhaile ar Ghort an Choirce tráthnóna Dé Sathairn, 10 Bealtaine, 1947. Mar a luadh thuas, bhí socrú déanta aige lena bhean tí go bhfaigheadh sé a chuid bia féin ag deireadh na seachtaine, an bhia a íosfadh sé sa tseachtain a bhí roimhe, mar a léiritear san iontráil seo a leanas (CBÉ 1289: 106-108):

10/5/'47 Dé Sathairn

Maidin dheas ann inniu. Grian láidir ann ó bhí an 6 a chlog ann. Bean an toighe amuigh ag dreasú le solas an lae, agus ó sin amach níor chodlaigh mé. Bhí sé ar intinn agam tarraingt ar an bhaile tráthnóna (Gort an Choirce) le greim a fháil a d'íosfainn ar feadh na seachtaine atá romham. Sin an séala ar choinnigh Bean Mhic Ghiolla Dhiarmada mé. Mar atá ráite cheana agam tá saol cruaidh ag daoiní bochta an cheantair seo. Tá siad i bhfad scaite ó na siopaí agus is doiligh daofa rud ar bith a fháil.

Chaith mé an lá go tráthnóna ag scríobhadh agus tuairim ar an 7 a chlog d'fhág mé na Cruacha. Bhí an tráthnóna deas, agus siocair an bealach a bheith tirim thug mé iarraidh an aicearra, bealach an Stucáin. D'éirigh liom go breá siúd agus go bhfuil an bealach sin ina dhroch-cheann agus leis an fhírinne a rá bhí mo sháith eagla orm. Ach bhain mé an bealach mór maith amach slán sábháilte. Bhí ordú agam ó Shagart na paráiste cuairt a thabhairt air nuair a bheinn ag gabháil thart agus a inse dó caidé mar a fuair mé ar aghaidh. Ní tháinig liom a dhul thart ansin gan a dhul isteach nó dá dtéinn, ní rabh gnoithe domh tarraingt air feasta. Chuaigh mé isteach chuige. Bhí fearadh na fáilte romham, agus an tae déanta i gcionn chúig mbomaite (sic), agus nuair a dúirt mé cibé a bhí le rá agam bhain mé na bonnaí as, agus níor stad mé gur bhain mé Gort an Choirce amach.

San iontráil ghairid ina chín lae a bhaineann le Dé Domhnaigh, 11 Bealtaine, 1947 (CBÉ 1289: 108), dúirt Ó hEochaidh go raibh sé réidh chun filleadh ar na Cruacha an lá dár gcionn.

11/5/'47 Dé Domhnaigh

I ndiaidh an Aifrinn chruinnigh mé suas mórán pracair le tabhairt liom ar ais chun na gCruach, agus d'fhág mé gach uile sheort réidh le dhul chun siúil ar maidin.

Sna hiontrálacha thuas as chín lae an bhailitheora, a chlúdaíonn an chéad seachtain a chaith sé sna Cruacha, faightear léargas ar mhian Uí Eochaidh ábhar

béaloidis a chuartú sna Cruacha, agus ar an dóigh a ndeachaigh sé i mbun a chuid oibre sa cheantar. Is taifead an-tábhachtach é ar an saol a bhí á chaitheamh ann i lár an chéid seo caite, saol iargúlta a lig do mhuintir an cheantair a gcultúr saibhir Gaelach a choimeád beo.

7. Na scéalaithe

Sa saothar seo tá scéalta a bailíodh ón seisear scéalaithe a leanas:

(i) Seán Mac Giolla Dhiarmada, Cruach Leaca,

(ii) Seán Mac an Bhaird, Cruach Thiobraid,

(iii) Anna Nic an Luain, Cruach Thiobraid,

(iv) Micí Mhícheáil Mac an Luain, Cruach Mhín an Fheanta,

(v) Mícheál Phádraig Mac an Luain, Dubh Chró,

(vi) Pádraig Ó Giobúin, an Dearg Cruach.

Tugtar anseo an t-eolas faoin seisear scéalaithe a scríobh an bailitheoir ar lipéid a fuair sé ón Choimisiún is a ghreamaigh sé de leathanaigh a chuid leabhar nótaí ag tús na scéalta, chomh maith leis an eolas a scríobh an bailitheoir maidir leis na scéalaithe in iontrálacha a chíne lae. Scaip An Coimisiún lipéid fholmha ar bhailitheoirí An Choimisiúin uilig timpeall na tíre, agus ba ar na lipéid seo a thaifead siad sonraí na scéalaithe de réir mar a leag Ó Súilleabháin amach (1937, iv):

> Cuirtear síos ainm, aois agus seoladh an té go bhfuarthas an t-ábhar uaidh in éineacht le gach scéal, blúire eolais srl. Ní mór é sin a dhéanamh i gcónaí. Is suarach is fiú scéal nó píosa seanchais mar a n-instear cé d'inis é, cá bhfuil cónaí air, cad as dó ó thús, srl.

Mar a luadh thuas, scríobh an bailitheoir tagairtí do na scéalaithe in iontrálacha a chíne lae, agus tugtar anseo an chéad uair a fhaightear trácht ar na scéalaithe ann. I gcás duine amháin de na scéalaithe, Anna Nic an Luain, tugtar iontráil bhreise a scríobh an bailitheoir mí tar éis a chéad chuairt chuici. I gcás scéalaí eile, Pádraig Ó Giobúin, ní fhaightear aon eolas faoi sa chín lae, rud a fhágann nach bhfuil i bhfocal an bhailitheora ach an méid beag a scríobh sé faoin scéalaí áirithe seo ar lipéad amháin a fuair sé ón Choimisiún. Fuair an scéalaí seo bás sa mhí chéanna a chuir an bailitheoir aithne air.

Is sna lipéid agus sna hiontrálacha comhaimseartha seo a fhaighimid cuntais ar an imprisean a rinne na scéalaithe ar an bhailitheoir nuair a bhuail sé leo don chéad uair.

Uaireanta oibríonn na téacsanna seo mar fhuinneog ar shaol na scéalaithe, agus tugann siad tuiscint níos fearr ar ról insint scéalta agus seanchais ar mhuintir na gCruach. Deir an bailitheoir mar shampla go mbeadh sé deacair sárú Anna Nic an Luain a fháil i gcionn scéil nó amhráin (CBÉ 1289: 166), gur iarr Seán Mac an Bhaird ar an bhailitheoir a phíopa a lasadh dó de réir ghnás na gCruach (CBÉ 1289: 219), agus go raibh an tsláinte chomh holc ag Micí Mhícheáil Mac an Luain gur bheag nach raibh sé ábalta beannú don bhailitheoir fiú (CBÉ 1289: 312).

Cuirtear an modh eagarthóireachta atá leagtha amach i gCaibidil 1 i bhfeidhm ar théacs na lipéad agus ar iontrálacha chín lae an bhailitheora, an modh eagarthóireachta céanna a chuirtear i bhfeidhm ar scéalta an tsaothair seo, agus ar an bhonn céanna a chuirtear i bhfeidhm é ar na hiontrálacha as an chín lae thuas a bhaineann leis an chéad seachtain a chaith an bailitheoir sna Cruacha. Fágtar cló trom ar théacs na lipéad neamhchomhlánaithe mar a fuair an bailitheoir ón Choimisiún iad.

Bailíodh scéal uimhir 1 sa saothar seo ó Sheán Mac Giolla Dhiarmada. Seo a leanas an t-eolas a thaifeadadh ar lipéad faoi i mí Iúil, 1947 (CBÉ 992: 366):

> **Do scríobhas síos an** scéal **seo ar an** Iúil ’47 **ó bhéal aithris** Sheáin Mhic Giolla Dhiarmada, **aos** c. 60, **gairm bheatha** feirmeoir, **atá ina chónaí i mbaile fearainn** Cruach Leaca, **agus a saolaíodh agus a tógadh i** gCruach Leaca, An Coimín. **Do chuala** sé **an** seanchas **seo** 50 **bliain ó shin ó** na seandaoiní **(aos**ta) **a bhí ina chónaí an uair sin** ar na Cruacha, Coimín, An Clochán.

Chuir an bailitheoir aithne ar Sheán Mac Giolla Dhiarmada i dteach Pheadar Tiomanaigh sa chéad seachtain a chaith sé sna Cruacha. Faightear cuntas ar an ócáid sin (CBÉ 1289: 95-98) san iontráil thuas as cín lae an bhailitheora i leith 8 Bealtaine, 1947. B'fhoinse thábhachtach bhéaloidis eile don bhailitheoir é Tiomanaigh, cé nach bhfuil scéal a bailíodh uaidh sa saothar seo.

Ba ó Sheán Mac an Bhaird a bailíodh na scéalta 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 15, 16, 17, 18, 20, 25 mar a fhaightear sa saothar seo iad. Chomhlánaigh an bailitheoir lipéad faoin scéalaí seo i mí Iúil, 1947 mar a leanas (CBÉ 1032: 1):

> **Do scríobhas síos an** scéal **seo ar an** Iúil '47 **ó bhéal aithris** Sheáin Mhic an Bhaird, **aos** 65, **gairm bheatha** feirmeoir, **atá ina chónaí i mbaile fearainn** Cruach Thoibrid **agus a saolaíodh agus a tógadh i** gCruaich Thoibrid, na Cruacha.
> **Do chuala sé an** scéal **seo** fad **bliain ó shin ó** (n)a athair **a bhí ina chónaí an uair sin i** gCruaich Thoibrid, na Cruacha.

Faightear an chéad tagairt do Sheán Mac an Bhaird i gcín lae an bhailitheora ar 27 Iúil, 1947 (CBÉ 1289: 218-221).

> 27/7/'47 Dé Domhnaigh.
> I ndiaidh a theacht abhaile scríobh[15] mé litreacha srl. go rabh greim dinnéara réidh. Bhí socrú déanta agam le Seán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid go rachainn chuige i ndiaidh am dinnéara inniu. Bhí go maith, ghléas mé suas mo bhagáiste, chuir mé an seancharr le hobair, agus tharraing mé ar na Cruacha. Bhí Peadar, fear de stócaigh an toighe, neamhghnoitheach agus dúirt sé go rachadh sé liom.
> D'imigh sinn. Ar ár mbealach scairt muid isteach i dtoigh Chlann Mhic an Luain (Eoin Mhícheáil) agus i ndiaidh comhrá beag a dhéanamh, tharraing muid siar ar na Cruacha. Bhí Seán Mac an Bhaird agus a bhean istigh ag gabháil chun boinn dúinn, agus iad comh fearadhfháilteach agus a bhí ariamh.
> Fuair bean an toighe suíocháin comh comhgarach don teinidh agus dá mbeadh lár an G[h]eimhridh ann. Shuigh fear an toighe i lár an urláir, agus ní rabh i bhfad gur tharraing air an píopa. Líon é agus shín chugam fhéin é le deargadh. Sin grás na gCruach! Dhearg mé é, agus ansin thit muid chun seanchais fá rud taobh amuigh de ár ngnoithe a chéaduair agus de réir a chéile tharraing muid ar na scéalta.

15 Ls.: scríobhadh mé litreacha.

Tá cuntas thíos agam cheana fhéin fá na buanna atá ag Seán mar seanchaí,[16] agus mar sin de, ní bán domh cur síos eile a dhéanamh anseo inniu fán rud chéanna. Tá rud amháin fá dtaobh de agus b'fhéidir nár chuir mé síos é .i. go mbaineann sé feidhm as ráite an-ghairid ina chuid scéalta. Nuair a bhainfeadh fear eile úsáid as rá mór fada dhéanfaidh (sic) Seán cúis le "bí" ⁊ "chuaigh" srl.

I gcionn tamaill, leag bean Sheáin anuas an tábla crochta a bhí i dtaobh an toighe. Tá seo i dtoighthe na gCruach uilig, agus ní fhacaigh mé na táblaí seo i gceantar ar bith eile. Caithfidh sé gur seanghnás seo nó tá cuid acu ar na Cruacha agus meastar go bhfuil siad na céadta bliain d'aois. Thug mé an meaisín[17] isteach as an charr agus d'fhág mé ar an tábla é, agus ansin nuair a ghléas mé gach uile sheort, chuaigh Seán le hobair. Scéalta fada a bhí aige, agus ar ndóiche níor bhain sé i bhfad as leathdhuisín eiteán a líonadh. Dúirt sé liom nuair a bhí sin déanta aige go gcaithfeadh sé a ghabháil chun an chnoic a dh'amharc i ndiaidh cupla ceann eallaigh a bhí leis. D'fhiafraigh sé domh an rachainn leis. Chuaigh, agus ní rabh buaireamh ar bith orm. Fuair mé mórán seanchais ar an bhealach. Scríobh mé nótaí go leor uaidh ar an bhealach fá áiteacha a rabh cónaí ag na "huaisle bheaga"[18] srl.

Bhí sé mall ag teacht ar ais dúinn agus rómhall le hobair ar bith eile a dhéanamh. Rinn mé socrú leis go dtiocfainn ar ais chuige comh luath agus a bheadh faill aige na mionghiotaí seo a inse domh lena scríobhadh uaidh.

Tháinig mé fhéin agus Peadar ar ais abhaile c. 10.30 agus bhí mé breá sásta den tráthnóna oibre a bhí déanta agam.

Bailíodh na scéalta 11, 12, 13, 23, 30, mar a fhaightear sa saothar seo iad, ó Anna Nic an Luain. Scríobh an bailitheoir fúithi ar lipéad mar a leanas ar 16 Deireadh Fómhair, 1947 (CBÉ 1032: 289):

**Do scríobhas an** scéal **seo ar an** 16/10/'47 **ó bhéal aithris** Anna Nic an Luain, **aos** 62, **gairm bheatha** bean toighe, **atá ina chónaí i mbaile fearainn** Cruach

16 Níl teacht ar chuntas níos luaithe sa chín lae ná an cuntas seo faoin dáta 27 Iúil, 1947 a dhéanann an bailitheoir tagairt do Sheán Mac an Bhaird.

17 Ls.: máisian, (an t-eideafón).

18 Léiríonn an bailitheoir, trí chomharthaí athfhriotail a úsáid, gur chaint dhíreach an scéalaí mar a chuala sé í a scríobh sé anseo.

> Thoibrid **agus a saolaíodh agus a tógadh i** gCruaich Thiobrid, na Cruacha.
> **Do chuala** sí **an** scéal **seo** 45 **bliain ó shin ó** (n)a hathair, Seán Mac an Bhaird **a bhí ina chónaí an uair sin** i gCruach Thiobrid, na Cruacha.

Faightear an chéad tagairt do Anna Nic an Luain i gcín lae an bhailitheora ar an 12 Meitheamh, 1947 mar a leanas (CBÉ 1289: 165-167):

> 12/6/'47 Déardaoin.
> Thug mé seal den lá ag scríobhadh, agus anonn i ndiaidh am dinnéara chuaigh mé siar ar an charr go Cruaich Thoibrid chuig Anna Nic an Luain. Bhí Anna istigh ag gabháil chun boinn dom, agus í ag sníomh ar an tuirne mhór.[19] Bhí sí ag iarraidh a bheith ag saothradh luach péire giosán, a cheannóchadh na hearraí beaga a bhí de dhíobháil uirthi fhéin agus ar a fear lena gcoinneáil beo ...
> Bhí fearadhfháilte mhór ag Anna dhomh, agus chóirigh stól domh i leataobh[20] na teineadh. Bhí Seán, fear an toighe, amuigh fán teach nuair a chonnaic sé mé ag teacht agus níorbh fhada go dtáinic seisean isteach fosta. Bhí sé comh fearadhfháilteach agus a bhí ariamh ...
> Giota ar ghiota d'oibir mé liom gur chuir mé Anna i gcionn amhráin. De réir mar a dhéanfainn amach tá stór iontach amhrán ag Anna. Níl siad doiligh a fháil uaithi ach oiread, agus nuair a shuífeas sí sa chlúid in aice na teineadh agus a droim leis an bhalla, ceirtlín an tsnátha ina hucht, agus na dealgáin ag ealamairt ar a chéile, is doiligh a sárú a fháil i gcionn scéil nó amhráin, siúd agus gur i gcionn na n-amhrán is fearr í.

I mí Iúil scríobh an bailitheoir an iontráil a leanas ina chín lae (CBÉ 1289: 194-196), ag cur síos ar chuairt a thug sé ar Anna Nic an Luain. Tugtar an iontráil bhreise seo toisc go bhfaightear miontuairisc ann ar an chaidreamh a bhí idir an scéalaí seo agus an bailitheoir. Dúirt sí leis go mbeadh fáilte roimhe i gcónaí, agus dhearbhaigh sí dó go raibh stór mór seanchais le fáil aige uaithi:

---

[19] Ls.: ar an tuirne mhóir.
[20] Ls.: dá leathtaoibh.

2/7/'47 Dé Ceadaoine.

I ndiaidh tamallt comhrá a dhéanamh fá chúrsaí an tsaoil, d'fhiafraigh mé de Anna ar smaoitigh sí ar bhlúire ar bith seanchais ó bhí mé aici go deireanach. Rinne sí fidgháire (sic) beag agus deir sí: “bhail ní thig liom a rá,” a deir sí, “nár smaoitigh mé ar chupla giota beag!” Bhí a fhios agam nuair a t[h]rácht Anna ar na cupla giota beag, go rabh obair mhaith lae romham. Shuigh mé síos ansin, agus shuigh Anna ins an chlúid agus bheir sí ar a giosán, agus chuaigh sí a chniotáil. Bheir mise ar an tseanstól chorrach ar ghnách liom suí air, agus shuigh mé suas ina haice. Tharraing mé orm mo leabhar nótaí agus mo pheann luaidhe agus d'fhiafraigh mé daoithe a chéaduair fá na hamhráin ar smaoitigh sí orthu.

Thoisigh sí ansin, agus thoisigh mise ag scríobhadh.

Bean áirid Anna. Tá an tréith sin inti atá annamh i mná an lae inniu, ach a bhí ins na seanmhná. Tá foighde fhada aici. Is minic a thrácht mé léithi fán fhoighde a bhí aici, agus mé i rith lae dá crá leis na mílte ceisteanna, ach ba dhí an freagar a thugadh sí orm ina dóigh m[h]agúil fhéin, go rabh sé beag go leor aici rud inteacht a bheith aici, agus nár t[h]roimide do dhuine ar bith ciall, foighde agus náire!

Bhí na tréithe sin gan amhras ag Anna. Thoisigh mé ag scríobhadh, agus le scéal fada a dhéanamh gairid, bhí mise ag scríobhadh ó Anna go rabh an tráthnóna beag ann, ach amháin a fhad is a bhí sí ag déanamh réidh braon tae. Ar feadh an ama sin fhéin níor stad an seanchas nó bhí sí aníos is síos an t-urlár ag gléas an tae, agus í ag caint, agus nuair a bhí an tae déanta agus í ina suí sa chlúid á ól, lig sí a fhuaradh le tréan seanchais.

Bhail, tráthnóna bhí dioscaireacht bheag le déanamh aici, agus bhí a fhios agam go rabh sí ag éirí tursach i gcás ar bith, agus dúirt mé léithe go rabh an t-am agam a bheith ag tarraingt ar an bhaile. Níor dhúirt sí dadaí fá sin, ach dúirt sí an méid seo: “níor thosaigh mise i gceart ar an tseanchas go fóill, agus dá mbeitheá ag tarraingt orm go bliain ó inniu sílim go mbeadh giota fágtha agam nár inis mé duit go fóill, agus in am ar bith a dtiocfaidh tú chugamsa chun an tseanchró seo, beidh fearadh na fáilte romhat.”

Ba mhór an misneach sin domhsa. Thug mé buíochas daoithe, agus i ndiaidh

slán agus beannacht a fhágáil aici agus ag a fear Seán, tharraing mé ar ais ar ais ar Chruach Leaca.

Ba ó Mhicí Mhícheáil Mac an Luain a bailíodh na scéalta 14, 19, 24 sa saothar seo. Seo thíos an t-eolas a scríobhadh faoin scéalaí ar lipéad a chomhlánaigh an bailitheoir ar 3 Feabhra, 1948 (CBÉ 1033: 238):

> **Do scríobhas síos an** seanchas **seo ar an** 3/2/'48 **ó bhéal aithris** Mhicheáil Mhic an Luain, **aos** 60, **gairmbheatha** feirmeoir, **atá ina chónaí i mbaile fearainn** Cruach Mhín an Fheanta, **agus a saolaíodh agus a tógadh i** gCruaich Mhín an Fheanta.
> **Do chuala sé an** seanchas **seo** fad **ó shin ó** na seandaoiní **(aos**ta) **a bhí ina chónaí an uair sin i** gCruaich Mhín an Fheanta, na Cruacha.

Faightear an chéad tagairt do Mhicí Mhícheáil Mac an Luain i gcín lae an bhailitheora ar 30 Deireadh Fómhair, 1947 (CBÉ 1289: 312-313). Is ábhar inspéise é méid na díograise i leith obair an bhailitheora a léiríonn an scéalaí seo agus é féin lag tinn:

> 30/10/'47 Dia Ceadaoine.
> Bhí coinne agam le fear arb ainm dó Micí Mhícheáil Mac an Luain castáil orm inniu i dtoigh Anna Nic an Luain. Fear Micí nach bhfuil róláidir. Cuireann gearranála an-chruaidh air in amannaí go háirid i ndeireadh na bliana, agus ní dhéan sé mórán oibre, agus mar go bhfuil go leor seanchais aige ba mhaith liom greim a fháil air comh minic is is féidir.
> Tharraing mé go toigh Anna tráthnóna. Chonaic sé mé ag gabháil ann agus ní rabh sé an-fhada i mo dhiaidh go rabh sé fhéin ann fosta. Ní mó nó go rabh sé ábalta beannú domh i ndiaidh a theacht isteach, ach nuair a rinn sé a scríste bhí sé ceart go leor, agus bhí tréan comhrá aige.
> Ní rabh seanchas mór déanta againn uilig go dteachaigh sinn[21] le hobair. Bhí tréan seanchais ag Micí mar a dúirt mé ar a shocair is ar a shuaimhneas, agus rinn mé oíche m[h]aith oibre leis. Chuir sé cupla scéal síos ar an eideafón domh

[21] Ls.: go deacaidh sinn.

fosta, agus ar ndóiche bhain sin tamallt as mar go mbéigean dó a scríste a dhéanamh cupla uair nó thrí a fhad is a bhí sé ag líonadh gach uile eiteán. Ach b'fhiú sin a chuid seanchais agus bhí lúcháir orm go bhfuair mé an áiméar[22] greim a fháil air comh sásta.
D'fhan mé i dtoigh Anna go dtí go rabh sé ag teannú ar an mheán oíche. D'fhág mé Micí comh comhgarach don teach s'aige fhéin ansin agus ab fhéidir domh, agus nuair a bhí sin déanta tharraing mé ar ais ar Chruach Leaca. Bhí sé mall go leor nuair a bhí mé ann.

Thug Mícheál Phádraig Mac an Luain na scéalta 21, 22, 28, 29 mar a fhaightear sa saothar seo iad. Chomhlánaigh an bailitheoir lipéad faoi mar a leanas ar 11 Nollag, 1947 (CBÉ 1033: 48):

**Do scríobhas síos an** scéal **seo ar an** 11/12/'47 **ó bhéal aithris** Mícheáil Mhic an Luain, (Mícheál Phádraig) **aos** c. 60, **gairm bheatha** feirmeoir, **atá ina chónaí i mbaile fearainn** Dubh Chró **agus a saolaíodh agus a tógadh i** nDubh Chró, na Cruacha.
**Do chuala sé an** scéal **seo** fad **ó shin ó** na seandaoine **(aos**ta**) a bhí ina chónaí an uair sin** ar na Cruacha, na Gleanntaí.

Faightear an chéad tagairt do Mhícheáil Phádraig Mac an Luain i gcín lae an bhailitheora i mí Feabhra, 1948 mar a leanas (CBÉ 1289: 337):

16/2/'48 Luain.
Ar ais chun na gCruach ar maidin. Chaith mé an lá ag scríobhadh i gCruach Leaca go rabh sé i ndiaidh am tae. Chuaigh mé siar chun an Dubh Chró ansin ionsar Mhícheál Phádraig Mac an Luain. Seanchaí maith Mícheál, agus níor chaith mé mórán ama i mo chónaí go meán oíche ina chuideachta. Rinn Mícheál an chaint uilig agus nuair nach rabh mé ag scríobhadh blúirí seanchais bhí mé ag breacadh síos nótaí ⁊ ainmneacha píosaí a chuirfinn síos ar an eideafón ar ball.

[22] Fágtar inscne an ainmfhocail seo gan athrú.

Bailíodh na scéalta 26 agus 27, mar a fhaightear sa saothar seo iad, ó Phádraig Ó Giobúin. Tugtar anseo an t-eolas a scríobhadh ar an lipéad a greamaíodh le scéal 26 ar an 11 Feabhra, 1948 (CBÉ 1033: 306):

> **Do scríobhas síos an** seanchas **seo ar an** 11/2/'48 **ó bhéal aithris** Phádraig Uí Ghiobúin **aos** 86, **gairm bheatha** feirmeoir, **atá ina chónaí i mbaile fearainn** An Dearg Cruach, An Coimín **agus a saolaíodh agus a tógadh i** An Dearg Cruach, An Coimín.

Ar an lipéad a scríobh an bailitheoir is a ghreamaigh sé den scéal *Séamus a' Chórtha*, scéal nach bhfuil sa saothar seo, tá saighead scríofa idir ainm an scéalaí agus an nóta gearr seo: "Cailleadh é go tobann Feabhra 1948. R.I.P.," agus thíos ag bun an lipéid chéanna, tharraing an bailitheoir aird ar stíl an scéalaí nuair a scríobh sé an nóta seo, "féach an dóigh a n-insíonn an seanchaí an scéal." (CBÉ, 1033: 292).

## 8. Na scéalta

Sa saothar seo cuirtear tríocha scéal idirnáisiúnta in eagar as an scéal is caoga a bhailigh Seán Ó hEochaidh sna Cruacha Gorma ag deireadh dhaichidí an chéid seo caite. Chuir Aine Ní Dhíoraí an scéal is fiche eile den mhéid sin in eagar in *Na Cruacha Scéalta agus Seanchas* (1985). Chomh maith leis na scéalta idirnáisiúnta i gcnuasach an bhailitheora, faightear scéalta eile mar atá scéalta fiannaíochta, agus scéalta sí, agus seanchas áitiúil mar aon le cuid mhór amhrán agus tomhasanna srl. Mar a luaitear thuas, sheol an bailitheoir na scéalta agus an t-ábhar béaloidis go léir ar ais chuig An Choimisiún, áit ar cláraíodh agus ar rangaíodh iad de réir ábhair. Is iad na scéalta idirnáisiúnta na scéalta a fhaightear mar chuid den bhéaloideas i dtíortha éagsúla an Domhain. Nuair a d'aithníodh Cláraitheoir An Choimisiúin, Seán Ó Súilleabháin, scéal idirnáisiúnta i measc an ábhair bhéaloidis a fuair siad ó na bailitheoirí, claraíodh an scéal faoi uimhir thagartha an scéil idirnáisiúnta sin. Tugann Ó Súilleabháin míniú beacht cruinn ar na scéalta idirnáisiúnta seo mar a fhaightear in Éirinn iad, agus é ag tabhairt treorach do bhailitheoirí maidir leis na scéalta idirnáisiúnta. Deir Ó Súilleabháin (1970, 557)

> Almost three hundred international folktales which have been told in Ireland through the centuries and which are still told in many districts are summarised below. Each is listed after the number assigned to it in the international folktale register, Aarne-Thompson: *The Types of the Folk-tale* (Helsinki, 1928) an enlarged translation by Stith Thompson, the American scholar, of the late Antti Aarne's *Verzeichnis der Märchentypen* (1910) ... Many folktales told in other countries found their way to Ireland by various means. Here they were preserved by narration at the fireside and disseminated throughout the whole country. The Irish language was the principal medium of storytelling in Ireland, and the art flourishes almost exclusively in Irish speaking districts at the present time.

Tá eagrán nua de chlár Aarne-Thompson, a lúann Ó Súileabháin thuas, eisithe in Uther (2004) agus tugtar uimhir thagartha do ghach ceann de na scéalta idirnáisiúnta sa saothar seo mar a bhfaightear faoi chlár Aarne, Thompson agus Uther (ATU) iad.

9. Ábhar béaloidis na gCruach a cuireadh i gcló

Deir Ó Mórdha (1988, 178) nár foilsíodh ach dhá mhír d'ábhar béaloidis as na Cruacha Gorma go dtí gur chuir Seán Ó hEochaidh cuid den ábhar a bhailigh sé féin ann ar fáil. B'iad sin an scéal 'An Mhaighdeán Mhara' a d'fhoilsigh Seosamh Laoide sa chnuasach *Cruach Chonaill* (1909), agus an t-amhrán 'Gráinne Fhánad' a d'fhoilsigh Énrí Ó Muirgheasa in *Dhá chéad de cheoltaibh Uladh* (1934).

Foilsíodh seanchas, scéalta agus ábhar béaloidis eile as na Cruacha in *Béaloideas*, ag tosú i 1948. Tugtar anseo liosta na n-alt mar a foilsíodh in *Béaloideas* iad. I gcuid de na hailt, faightear ábhar béaloidis a bailíodh sna Cruacha agus é curtha san áireamh le hábhar béaloidis as ceantracha eile i dTír Chonaill. Sna cásanna seo tugtar idir lúibíní ainmneacha na scéalaithe as na Cruacha, uimhreacha na n-ábhar béaloidis mar a foilsíodh sna hailt iad, agus uimhreacha na leathanach a bhaineann le hábhar na gCruach:

(i) 'Tomhasanna ó Thír Chonaill,' in *Béaloideas* 19 (1948) 3-28, ag Seán Ó hEochaidh.

(Is meascán gan idirdhealú atá sa chnuasach seo de thomhasanna a bailíodh ó Anna Nic an Luain, agus cuid eile a bailíodh i dTeileann.)

(ii) 'Síscéalta: réamhrá,' in *Béaloideas* 23 (1954) 135-229, ag Seán Ó hEochaidh. (Bailíodh ábhair 4,5,6 ar leathanach 141 ó Anna Nic an Luain. Bailíodh ábhar 8 ar leathanaigh 142-143 ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain. Bailíodh ábhar 66 ar leathanach 206 ó Phádraig Mac an Luain.)

(iii) 'Rannta agus rannscéalta,' in *Béaloideas* 25 (1957) 25-45, ag Seán Ó hEochaidh. (Bailíodh na hábhair a leanas ó Anna Nic an Luain: ábhair 9, 10 ar leathanach 27, ábhair 24, 25, 26, 27 ar leathanach 33, ábhair 38, 39, 40 ar leathanach 36, ábhair 48, 49 ar leathanaigh 39-39, agus ábhair 55 ar leathanaigh 41-42. Bailíodh ábhar 22 ar leathanach 32 ó Bhríd Ní Gallachobhair. Bailíodh ábhar 30 ar leathanach 34 ó Anna Ní Gallachobhair. Bailíodh ábhar 59 ar leathanach 42 ó Róise Nic Aoidh.)

(iv) 'Síscéalta: réamhrá,' in *Béaloideas* 27 (1959) 1-34, ag Seán Ó hEochaidh. (Bailíodh ábhair 23, 24 ar leathanaigh 20-23 ó Anna Nic an Luain. Bailíodh ábhar 27 ar leathanaigh 26-27 ó Pheadar Rua Mac an Luain. Bailíodh ábhar 29 ar leathanach 28 ó Mhícheál Mac an Luian. Bailíodh ábhar 30 ar leathanach 29 ó Phéadar Tiomanaigh. Bailíodh ábhair 31, 32 ar leathanaigh 29-30 ó Sheán Mac an Bhaird.)

(v) 'Seanscéal 'An Clibistín' ó na Cruacha Gorma,' in *Béaloideas* 31 (1963) 152-163, ag Seán Ó hEochaidh.
(Bailíodh an scéal seo ó Mháire Bean Mhic an Luain.)

(vi) 'Seanchas iascaireachta agus farraige: réamhrá,' in *Béaloideas* 33 (1965) 1-96, ag Seán Ó hEochaidh.
(Bailíodh ábhar 117 ar leathanach 55 ó Sheán Mac an Bhaird.)

(vii) 'Seanchas na caorach,' in *Béaloideas* 37/38 (1969/1970) 131-209, ag Seán Ó hEochaidh.
(Bailíodh ábhar 65 ar leathanach 171 ó Sheán Mac an Bhaird. Bailíodh ábhair 68 ar leathanach 174, agus 80 ar leathanach 193 ó Pheadar Tiomanaigh. Bailíodh ábhar 25 ar leathanach 147 ó Pheadar Mac an Luain.)

(viii) 'Seanchas éanlaithe iar-Uladh,' in *Béaloideas* 37/38 (1969/1970) 210-337, ag Seán Ó hEochaidh.

(Bailíodh ábhair 60 ar leathanaigh 251-253, agus 77 ar leathanaigh 269-270 ó Anna Nic an Luain.)

(ix) 'Dáileadh roinnt scéalta de chuid AT 1699, misunderstanding because of ignorance of a foreign language,' in *Béaloideas* 42/44 (1974-1976) 120-135, ag Séamas Ó Catháin.
(Bailíodh leagan de scéal sna Cruacha ar leathanaigh 126-127 ó Phádraig Ó Giobúin.)

(x) 'Úll-Scéal An Dálaigh idir Bhriathra agus Bhráithre,' in *Béaloideas* 53 (1985) 75-86, ag Séamas Ó Catháin.
(Scéilín agus rannscéal a bailíodh ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain.)

(xi) 'An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill,' in *Béaloideas* 57 (1989) 1-108 ag Seán Ó hEochaidh agus Liam L. Ó Laoire.
(Bailíodh ábhar 26 ar leathanaigh 44-48 ó Mháire Bean Mhic an Luain.)

(xii) 'Cumhdachaí,' in *Béaloideas* 66 (1998) 199-216, ag Ríonach uí Ógáin agus Thérèse Smith.
(Bailíodh na hamhráin seo ó Anna Nic an Luain.)

(xiii) 'Iolar Mór na Spáige,' in *Béaloideas* 68 (2000) 189-191, ag Séamas Ó Catháin agus Thérèse Smith.
(Bailíodh an t-amhrán seo ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain.)

Scríobh Seán Ó hEochaidh *Sean-Chainnt na gCruach* (1962-4) i gcomhair le Heinrich Wagner. Is cnuasach é de sheanfhocail agus abairtíní a bailíodh sna Cruacha. Tugtar na scéalta agus na habairtíní seo i nGaeilge agus déantar trascríobh orthu i gcomarthaí foghraíochta mar aon le míniú a thabhairt orthu i nGaeilge agus i nGearmáinis.

Scríobh Ó hEochaidh fosta, *Síscéalta Ó Thír Chonaill/ Fairy Legends from Donegal* (1977) i gcomhair le Máire Ní Néill agus Séamas Ó Catháin, cnuasach a bhfuil scéalta as na Cruacha ann mar aon le scéalta as ceantracha eile i gCo. Thír Chonaill. Bailíodh na hábhair 114, 121 agus 136 ar leathanaigh 270-277, 292-303, 136-365 ó Shéamas Mac Amhlaoibh. Bailíodh ábhair 115 agus 116 ar leathanaigh 278-279 ó Shean Mac an Bhaird. Bailíodh ábhar 110 ó Mhícheál Mac an Luain ar leathanaigh

262-265; bailíodh ábhar 111 ar leathanaigh 264-267 ó Mhícheál Mhicí Mac an Luain. Bailíodh ábhar 112 ar leathanaigh 266-269 ó Phádraig Mac an Luain. Bailíodh ábhair 106 agus 113 ar leathanaigh 260-261, 268-269 ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain. Bailíodh ábhair 118 agus 119 ar leathanaigh 280-285 ó Pheadar Rua Mac an Luain. Bailíodh ábhair 107, 108, 109, 117 agus 120 ar leathanaigh 260-263, 278-281, 286-291 ó Anna Nic an Luain.

Scríobh Máire Uí Cheallaigh alt a foilsíodh san iris *Comhar* 41, (Iúil, 23 &25-27/ Lúnasa, 21-22 & 24, 1982), alt dár teideal 'An saol a chuaigh in éag,' a bhfuil cuntas ann ar an saol mar a bhíodh sé sna Cruacha Gorma, seanchas agus stair na háite, orthaí agus leigheasanna san áireamh.

Chuir Séamas Ó Catháin cnuasach de scéalta a bhailigh sé féin ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain in eagar in *Uair an Chloig Chois Teallaigh* (1985). Tugtar na scéalta i nGaeilge agus i mBéarla chomh maith le nótaí béaloidis i mBéarla ar na scéalta, agus tugtar taifead den scéalaí ag insint na scéalta mar chuid den fhoilseachán seo. Is é seo an t-aon fhoilseachán amháin d'ábhar béaloidis as na Cruacha a thugann nótaí ar chanúint na gCruach a bhfuil gnéithe den fhoghraíocht, cúrsaí inscne, iasachtaí ón Bhéarla srl. ar fáil iontu.

Chuir Áine Ní Dhíoraí cnuasach mór scéalta agus seanchais in eagar in *Na Cruacha, Scéalta agus Seanchas* (1985), ábhar a bhailigh Seán Ó hEochaidh agus Liam Mac Meanman agus iad i mbun a gcuid oibre ar son An Choimisiúin.

Scríobh A.J. Hughes alt a foilsíodh san iris *Donegal Annual*, (1985), alt dár teideal 'Lios-Seanchas ó lár Thír Chonaill,' bailiúchán de bhlúiríní cainte "ó chainteoirí as an dá pharóiste, Inis Chaoil agus Cill Taobhóg, i lár Thír Chonaill," (Hughes, 1985, 27), agus cainteoirí as na Cruacha ina measc.

In alt a scríobh A.J. Hughes don iris *Ainm, Bulletin of the Ulster Place-Name Society*, (1987) faoin teideal 'Loch an Airgid and Cruach an Airgid/ Silver Hill,' tá dhá mhíniú a bhailigh sé féin sa cheantar seo ar an dóigh a bhfuair na háiteanna seo sna

Cruacha a gcuid ainmneacha.

In *Ó Cadhain i dTír Chonaill, Béaloideas na Gaeltachta* (2007) chuir Pádraig Ó Baoighill cnuasach de scéalta in eagar a bhailigh sé féin agus Máirtín Ó Cadhain i 1957 ar son Ghael Linn. Bhailigh siad na scéalta i nGaeltachtaí eagsúla i dTír Chonaill, na Cruacha san áireamh. Tá trí scéal sa leabhar seo, uimhreacha 33, 34, agus 35, a fuarthas ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain agus ó Mhícheál Phádraig Mac an Luain.

Chuir Áine Ní Dhíoraí altanna in eagar ó dhaoine a d'fhreastail ar scoil sna Cruacha, agus ó dhaoine a tháinig chun na gCruach ag foghlaim na Gaeilge in *Scoil na gCruach, Na Cruacha Gorma, Tír Chonaill, 1907-1971* (2008). Faightear sa leabhar seo eolas beathaisnéise ar scéalaithe na gCruach, mar aon le grianghrafanna spéisiúla agus ábhar béaloidis.

Is saothair eagarthóireachta iad uilig na foilseacháin atá ar an liosta thuas a chuireann scéalta agus ábhar eile béaloidis a bailíodh sna Cruacha Gorma ar fáil. Níl anailís déanta iontu ar Ghaeilge na gCruach ach amháin in Ó Catháin, 1985 mar a luadh thuas. San fhoilseachán áirithe sin tugtar cuntas ar easpa na bhfoinsí staidéir ar Ghaeilge na gCruach a bhí ar fáil nuair a d'fhoilsíodh é. Deir Ó Catháin, (1985, xxix)

> The notes on the Irish spoken by Pádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain in these recordings are mainly aimed at calling attention to various aspects of this dialect of Irish which, as Wagner indicates in his introduction to *SCC* [Ó hEochaidh, Wagner, 1962-4], is the same as that described by E.C. Quiggin in his *A Dialect of Donegal (DD)* [Quiggin, 1906]. Hitherto, apart from the relatively small amount of material published in *LASID* 1 [Wagner, 1958] and 4 [Wagner, 1969] and in *SCC*, very little of value for the study of Croaghs Irish has become available.

Ag scríobh dó faoi na foilseacháin agus na foinsí eile a bhaineann le Gaeilge Uladh, deir Hughes (1994, 619 - 620) gur féidir saothar dá chuid féin, is é sin a thráchtas neamhfhoilsithe Ph.D den teideal *The Gaelic of Tangaveane and Commeen, Co.*

*Donegal: Texts, phonology, aspects of grammar, and a vocabulary* (Hughes, 1986), saothar nach raibh ar fáil go fóill i 1985, a chur san áireamh maidir le Gaeilge na gCruach, mar a leanas:

> Leanfar ar aghaidh anois le liosta ginearálta de na príomhfhoinsí a bhaineann le canúineolaíocht Ghaeilge Chúige Uladh, ... *Na Cruacha: LASID* 4, 134-46, Ó hEochaidh/Wagner(1963) [Ó hEochaidh, Wagner, 1962-4], Ó Catháin, (1985), Hughes (1986). Thiocfadh linn cuntas Quiggin (gan trácht ar ábhar as *LASID* 4, 146-51) a chur leis na foinsí seo, agus foinsí Ard an Rátha.

# CAIBIDIL 1.

# MODH EAGARTHÓIREACHTA

1. Nótaí ginearálta

2. Ainmfhocail

3. Aidiachtaí

4. Briathra

5. Cónaisc

6. Dealú focal agus uaschamóga

7. Dobhriathra

8. Forainmneacha réamhfhoclacha

9. Intriachtaí

10. Réamhfhocail

11. Réamhfhocail chomhshuite

## 1. Nótaí Ginearálta:

1.1 Sa mhodh eagarthóireachta seo mar a luadh thuas, cuirtear polasaí ginearálta i bhfeidhm Gaeilge na lámhscríbhinní a chaighdeánú de réir *Foclóir Gaeilge-Béarla,* (Ó Dónaill, 1977) agus *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (2004). Ach nuair a bhíonn difríocht nó coimhlint idir an fhoirm chaighdeánaithe agus caint scéalaithe na gCruach, mar a scríobh an bailitheoir Seán Ó hEochaidh síos í, taobhaítear leis an chanúint. I dtacaíocht ar an taobhú seo baintear úsáid ar an chéad dul síos as na "foirmeacha malartacha atá coitianta sa teanga," (Ó Dónaill, 1977, vii). Faightear na foirmeacha malartacha seo san fhoclóir mar cheannfhocail ar leith, mar shampla "**dearnad** = DREANCAID," (Ó Dónaill, 1977, 386)" nó idir lúibíní ag deireadh alt mínithe agus an nod "*Var:*" leo, mar shampla "**carraig,** ... (*Var:* **carraic**), (Ó Dónaill, 1977, 193)". Baintear úsáid fosta as fianaise ó fhoinsí eile, tras-scríobh téacsanna i gcomharthaí foghraíochta san áireamh. Nuair nach dtugtar na comharthaí foghraíochta idir lúibíní cearnógacha, [ ] sna téacsanna tagartha, cuirtear idir línte comhthreomhara, / / iad.

1.2 Má tá séimhiú in easnamh sna lámhscríbhinní, cuirtear isteach idir lúibíní cearnógacha é le teacht le nós an lae inniu, mar a leanas:
ag tarraingt ar B[h]aile Átha Cliath, an chruit sin a b[h]aint de, ag ól an uisce b[h]eatha *(gin.)*, (/t′r′i: γlïN′ iʃk′ə vɑhə/, trí ghloinne uisce bheatha, (Quiggin, 1906, 242, 243))[23], slí b[h]eatha, in aghaidh an c[h]aim, chun an c[h]aisleáin, aon/ar c[h]aisleán, trí c[h]ineál, trí c[h]omhairle, ag éisteacht leis an c[h]omhrá uilig, c[h]onaic, ní c[h]rochfar, a d[h]éanamh, mac d[h]uine uasal, leis an f[h]ad, go rabh an bealach an-f[h]ada, tá m'f[h]ear marbh agat, ag an f[h]aoileoig, ar an f[h]idiléir, ar f[h]uinneoig, ba g[h]airid, gearrc[h]omhgarach, as an g[h]earria, an g[h]iorsach, leis an g[h]iorsaigh, aon g[h]reim, aon m[h]aidin, mo m[h]ac, dóigh/oíche m[h]aith, roimh an m[h]eán lae, bacóg m[h]óna, ar an p[h]eidléir, sa p[h]ota, p[h]reabaigh, s[h]áraigh, mar a s[h]íl sé, s[h]iúil an fear, ar

[23] Cuirtear an comhartha foghraíochta /γ/ in áit an /g/ a úsáideann Quiggin ar bhonn na simplíochta sa saothar seo.

s[h]iúl, siúd a s[h]níomh, Súil M[h]aith ar Ghunna, a t[h]abhairt, caidé mar a t[h]aitin, t[h]oisigh sé, do t[h]uarastal.

1.3 Má bháitear an mhír choibhneasta 'a' idir an réamhfhocal 'mar' agus briathar, cuirtear isteach í. Amharc ar Chaibidil 2. 2.1, maidir leis an mhír choibhneasta 'a' idir an réamhfhocal 'mar' agus briathra.

1.3.1 Má bháitear an mhír choibhneasta 'a' i ndiaidh guta eile, cuirtear isteach í mar a léiríonn na samplaí seo:
*caidé bhéarfadh*, caidé a bhéarfadh, *í theacht*, í a theacht, *níorbh fhada bhí*, níorbh fhada a bhí, *is doiligh rádh*, is doiligh a rá, (/dæl'i:/, 'difficult,' (Quiggin,1906, 32)).

1.4 Cuirtear isteach comharthaí athfhriotail má tá siad in easnamh sna lámhscríbhinní.

1.4.1 Fágtar an séimhiú san fhorainm pearsanta 'thú/ thusa' nuair a fhaightear sna lámhscríbhinní é, chun na fuaime /hu/ a choinneáil mar a léiríonn na samplaí a leanas: *ba dona thú nach dteárn rud*, ba dona thú nach dtearn rud, *ní fheicfeadh a'n nduine thú go dtigtheá arais*, ní fheicfeadh aon duine thú go dtigtheá ar ais, *caith thusa lán do dhoirn dh'airgead an taobh eile*, caith thusa lán do dhoirn de dh'airgead an taobh eile, *gabh thusa ar aghaidhe fhad leis an teach*, gabh thusa ar aghaidh a fhad leis an teach.

1.4.2 Má tá dais (−) nó idirstad (:) sna lámhscríbhinní roimh chomhrá díreach sa scéal, úsáidtear an dais.

1.4.3 Má tá camóg nó lánstad in easnamh sna lámhscríbhinní cuirtear isteach iad.

1.4.4 Nuair a thosaíonn comhrá díreach sa scéal nó nuair a athraíonn an comhrá ó chainteoir amháin go cainteoir eile, cuirtear tús le líne nua.

1.4.5 Má tá comhartha ceiste sna lámhscríbhinní nach bhfuil gá leis, mar shampla más comhrá indíreach atá ann, baintear amach é.

1.5 Nuair a bhíonn an aidiacht shealbhach *a* báite roimh ghuta i gcaint na scéalaithe agus in easnamh sna lámhscríbhinní, cuirtear isteach í mar a léiríonn na samplaí seo a leanas:
*ábalta inse dó*, ábalta a inse dó, *níl fhios agamsa anois*, níl a fhios agamsa anois, *tháinig sé fhad liom*, tháinig sé a fhad liom, *le dhul 'fhad 'e bhealach*, le dhul a fhad de bhealach, *Ní rabh oiread lúcháire roimhe*, Ní rabh a oiread lúcháire roimhe.

1.6 Nuair a bhíonn 't' táite le deireadh focail sna lámhscríbhinní fágtar gan athrú é, mar a leanas:
aríst, a choinneáilt, a dhéanfaimist, dá ndéanaimist, le feiceáilt, macasamhailt, tamallt.

1.7 Nuair a fhaightear focail Bhéarla sa scéal cuirtear i gcló iodálach iad mar a leanas:
*begora*, *Big Man*, *bit*, *bulldog*, *cart*, *cuckoo*, *dole, farm*, *farmer, football*, *Gaelic*, *groom*, *land*áil, *locket*, *pan*, *room*, *tin*, *trade*, *tramp.*

1.8 Is iad na míreanna diúltacha *ní*, *níor*, *níorbh* a fhaightear sna scéalta sa saothar seo don chuid is mó. Ach faightear líon beag eiseamláirí de na míreanna *cha* (5), *chan* (2), agus *char* (1) sna scéalta fosta. Maidir le húsáid na míre diúltaí *cha* i nGaeilge Dhún na nGall, deir Hughes (1994, 615):

> I gCúige Uladh cluintear *cha* mar ghnáthmhír dhiúltach in oirthear an chúige agus i dtuaisceart Chontae Dhún na nGall. I dtaca le Dún na nGall de, is fiú a lua go gcluintear an mhír *cha* ar fud an chontae ar fad ach is féidir a rá tríd is tríd nach mbíonn *cha* in úsáid mar ghnáthmhír dhiúltach ach san fhíorthuaisceart

agus go n-éiríonn úsáid *cha* níos gainne de réir mar a théitear ó dheas i dTír Chonaill (Ó Dochartaigh, 1976, 328), áit nach mbíonn ach *cha* sioctha ann i gcorrfhoirm – go háirithe sa dul cainte *chan fhuil* ...

Deir Ó Buachalla (1977, 134-135) go bhfaightear malairt in úsáid na bhfoirmeacha *ní* agus *cha* i nGaeilge Uladh, Gaeilge Thír Chonaill san áireamh, mar a leanas:

> It would seem, then, that the only framework which will adequately describe the situation as reflected in the extant material is one of free variation of two linguistic forms within the speech community whose linguistic records we are studying ... but in this regard, it is worth pointing out that both *ní* and *cha* are attested for all varieties of Ulster Irish (except Rathlin Island) even though in some dialects the use of either particle may, in fact, be minimal.
> The situation in Donegal today would seem to reflect the historical one of free variation in that (i) no variety of Donegal Irish has rendered either *ní* or *cha* completely redundant, (ii) in several varieties of Donegal Irish *ní* and *cha* are free variants – ...

Tugann Quiggin (1906, 1) léargas eile ar úsáid na míreanna *ní* agus *cha* i nGaeilge Mhín an Bhainne, mar a leanas:

> The speech of this small community of between 30 and 40 souls is perhaps even less homogeneous than might otherwise be expected. One of the parents in each family – usually the mother – must almost of necessity come from outside, and the speech of the children is therefore a compromise. Hence in one family cha predominates as the negative, while another has ní almost exclusively, ...

Sna scéalta atá idir lámha sa saothar seo, baineann Anna Nic an Luain úsáid as an mhír dhiúltach *cha* trí huaire, agus baineann sí úsáid as an mhír *char* uair amháin. Baineann a dearthái Seán Mac an Bhaird úsáid as an mhír *cha* dhá uair, agus baineann Pádraig Ó Giobúin úsáid as an mhír *chan* dhá uair.

1.9 Faightear na forainmneacha *muid* (28 n-uaire), agus *sinn* (19 huaire), araon sna scéalta atá idir lámha sa saothar seo. Úsáidtear an dá fhoirm leis an aimsir láithreach, m.sh. "tá muid" agus "tá sinne," agus leis an aimsir fháistineach, m.sh. "beidh muid" agus "rachaidh sinn." Ní úsáidtear an forainm *sinn* leis an aimsir chaite sna scéalta atá idir lámha sa saothar seo. Baineann an scéalaí Seán Mac an Bhaird úsáid as an fhorainm *muid* 19 n-uaire i 9 scéal, agus as an fhorainm *sinn/e* 14 huaire i 7 scéal. Faightear an dá fhoirm i 6 cinn de na scéalta seo. Ní bhaineann a dheirfiúr Anna Nic an Luain úsáid as *muid* ach aon uair amháin, agus as *sinn* 3 huaire i 2 scéal eile. Baineann Mícheál Micí Mac an Luain úsáid as *muid* aon uair amháin agus as *sinn* 2 uair sa scéal céanna. Baineann Mícheál Phádraig Mac an Luain úsáid as *muid* i 2 scéal agus baineann Pádraig Ó Giobúin úsáid as *muid* in aon scéal amháin.

Is ábhar inspéise maidir leis na sleachta as cín lae an bhailitheora a thugtar sa saothar seo, agus é ag scríobh ina chanúint féin in áit a bheith ag breacadh síos Gaeilge na scéalaithe, go mbaintear úsáid níos minicí as an fhorainm *sinn* (14 huaire) i gcomparáid le *muid* (8 n-uaire).

Ag scríobh dó faoi na forainmeacha seo, deir Hughes (1944, 656):

> Ní forainm stairiúil atá i *muid* agus is as foirceann bhriathartha a d'eascair sé (O'Rahilly, 1932, 241), ... gur 'minic *muid, muinn* i n-ionad *sinn*', ... Is faide chun tosaigh an fhorbairt seo i dtuaisceart an chontae, m.sh. Ros Goill (thuas) agus Toraigh, ..."

Ní dhéantar aon athrú ar na forainmneacha *muid* nó *sinn* mar a fhaightear iad sna scéalta sa saothar seo.

## 2. Ainmfhocail:

2.1 Seo thíos liosta na n-athruithe a chuirtear i bhfeidhm ar litriú na n-ainmfhocal chun caighdeánú a chur i bhfeidhm de réir *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004, 102 - 123), agus tugtar nótaí mínithe idir lúibíní le roinnt focal:

### 2.1.1 **bh(a) agus mh(a) ar lár−**

*builbhín*, builín, *comhair,* cóir, (“**fan de mo chóir,** stay near me,” (Ó Dónaill, 1977, 271)), *chomhair (a bheith),* chóir (a bheith), (“**chóir a bheith ...**, nearly ..., almost,” (Ó Dónaill, 1977, 271)), *comhnaidhe*, cónaí, *comhthrom*, cothrom, *deirbhshiúr,* deirfiúr *seachtmhain*, seachtain.

### 2.1.2 **bh, abha(a), ubh > ú−**

*ceileabhar,* ceiliúr, *conntabhairt*, contúirt, *siubhal*, siúl, *ubhall*, úll.

### 2.1.3 **(a)mha > ú−**

*baramhail*, barúil, *breitheamhnas,* breithiúnas, *cinneamhaint*, cinniúint, *dóigheamhalacht*, dóighiúlacht, *gaisgeamhlacht*, gaisciúlacht, *lánamhain*, lánúin.

### 2.1.4 **dh ar lár−**

*ádhbhar,* ábhar, *beáthadhach,* beathach, (in áit 'beithíoch' an Chaighdeáin, “**beathach** = beithíoch,” (Ó Dónaill, 1977, 101), “/bʹɑ:χ/, 'beast, horse.' ... bethadach,” (Quiggin, 1906, 10)), *biadh,* bia, (“**biadh,** *m.* = BIA,” (Ó Dónaill, 1977, 107)), *bliadhain*, bliain, *bliadhanta,* blianta, *bliadhna,* bliana, *buaidhreadh,* buaireamh, (“**buaidhreadh,** *m* = BUAIREAMH,” (Ó Dónaill, 1977, 151)), *cadhrán,* caorán, (“**caorán:caorthann**, *Portach*, ... Chá rabh annsin ach an cadhrán ...,” (Ó hAirt, faoi C)), *comhrá(i)dh*, comhrá, (“/kõ:rɑ:, ... kõ:rɑ:tʹɑχ/, ... cómhrádh, cómhráiteach,” (Quiggin, 1906, 153)), *cruadhach*, cruach, *cruadhas*, cruas, *cruadhgae/aí,* crua-ae, *cruaidhtean*, cruatan, *cumadh,* cuma, *dadaidh*, dadaí, (“**dada,** *m* ... (*Var:* **~í** *m*, **~idh** *m*),” (Ó Dónaill, 1977,

361)), *draoidh*, draoi, *fiadh*, fia, *fiachadh*, fiacha, *iomrá(i)dh*, iomrá, *nidh*, ní, *meadhon-oidhche*, meán oíche, *ródh*, ró, *saidhbhreas*, saibhreas, *taidhbhse*, taibhse.

### 2.1.5 **idhe > í–**

*beartaidheacht,* beartaíocht, *buidheachas,* buíochas, ("**buidheachas,** = BUÍOCHAS," (Ó Dónaill, 1977, 156)), *claidheamh/claidhimhthe*, claíomh/ claímhe, *claidhe*, claí, ( ... léim an gearr-fhiadh claidhe, /... L′è:m′ ə g′ari ə klI:/ (Hughes, 1986, 31 & 32)), *coisidheacht*, coisíocht, *coraidheacht*, coraíocht, *Críostaidhe*, Críostaí, *(ina) croidhe*, (ina) croí, ("... lena chroidhe, /... l′ənə χrI:/," (Hughes, 1986, 115 & 116)), *curaidheacht*, curaíocht, *dligheadh*, dlí, *filidheachta (gin.)*, filíochta, *gadaidheacht,* gadaíocht, *gaduidhe*, gadaí, *gáiridhe (iol.)*, gáirí, *gárraidhe*, garraí, *nuaidheacht*, nuaíocht, (in áit 'nuacht' an Chaighdeáin,("**nuaidheacht, nuaíocht** = NUACHT," (Ó Dónaill, 1977, 915)), *gréasaidhe,* gréasaí, *oibridhe,* oibrí, *oidhche,* oíche, *páirtidhe*, páirtí*, pílidhe*, pílí, *seanchaidhe*, seanchaí, *suidheachan,* suíochán.

### 2.1.6 **f in ionad thbh–**

*uathbhas*, uafás,("/ɑ/ similarly arises from á ... /u:has/, 'prodigy,' M.Ir. uathbhás, (Quiggin, 1906, 8)).

### 2.1.7 **fh ar lár sna focail seo–**

*na bainfhéise (gin.)*, bainise, *gearrfhiadh*, gearria, (in áit 'giorria' an Chaighdeáin "**gearria** = GIORRIA," (Ó Dónaill, 1977, 625), "/'g′ɑRiɑ/," (Ó hEochaidh agus Wagner, 1962-64, 62)).

### 2.1.8 **gh [(ighe, ...] ar lár–**

**... i ndeireadh focal:**

*amaidigh,* amaidí, ("**amaidí ... Stad den ~,** stop your antics," (Ó Dónaill, 1977, 38)), *bríogh,* brí, *caillighe (gin.)*, caillí, *cisteanaigh (gin.)*, cisteanaí *dighe,* dí, ("**dighe,** *var. gs. of* DEOCH," (Ó Dónaill, 1977, 406)), *dlighe (gin.)*, dlí, *slighe,* slí, *tuagh,* tua, *urnaigh(gin.)*, urnaí.

**... i lár focal:**

*baoghal,* baol, *bligheóg,* blióg, *díoghbhail,* díobháil, *laoighfheóil,* laofheoil, *leigheann,*

léann, ("**léigheann, 2.**= LÉANN," (Ó Dónaill, 1977, 775)), *maighistir,* máistir. *muirighin*, muirín, *saoghal*, saol.

2.1.9 **ughadh > ú−**

*athrughadh,* athrú.

2.1.10 **(i)ghea > ío−**

*figheadóir,* fíodóir, *fuigheall*, fuíoll.

2.1.11 **th ar lár−**

(i) ... **roimh ch:**

*dithcheall*, dícheall, *dúthchas*, dúchas, *luthgháir*, lúcháir

(ii) ... **i gcásanna eile nach bhfuaimnítear an *th, e.g.*:**

*braithlín,* braillín, *gaothsán*, gaosán, *luathas*, luas, ("**luathas** = LUAS," (Ó Dónaill, 1977, 806)), *srannfathach*, srannfach.

2.1.12 **ní athraítear an guta bunaidh (a,o,u) i ndíochlaonadh focal−**

*de Chloinn Uí Dhuibhir,* clann, de chlainn, *bríogh mo chuirp*, corp, brí mo choirp, *ar a dhruim*, droim, ar a dhroim.

2.1.13 **l (singil) agus n (singil) in ionad inar mhinic ll nó nn−**

*bollog,* bológ, *cainnt/e,* caint/e, *conndae,* contae, *An Fhrainnc,* An Fhrainc, *inntinn*, intinn, *muinntir*, muintir, *punnta*, punta, (in áit 'punt' an Chaighdeáin, " /pọ̤Ntə/, 'pound'," (Quiggin, 1906, 123), "**punta** = PUNT," (Ó Dónaill, 1977, 976)), *sonnradh*, sonrú, *sponnc,* sponc, *unnsa*, unsa.

2.1.14 **sc, st i gcónaí in ionaid ina mbíodh sg, sd uaireanta−**

*lóisdín,* lóistín, *páisde*, páiste, *sgamhláil*, scamhláil, (in áit 'scamhailéireacht' an Chaighdeáin, "**scamhláil,** *f* = SCAMHAILÉIREACHT," (Ó Dónaill, 1977, 1041), *sgannradh,* scanradh, *sgiathán*, sciathán, *sgrog*, scrog, ("**scrog, ...** = SCROIG," (Ó Dónaill, 1977, 1066)), *tuarasdal,* tuarastal.

2.1.15 **simpliú agus caighdeánú ar litriú focal áirithe**−
*iongnadh*, ionadh.

2.1.16 **ní chuirtear síneadh [fada]**−
(i) **ar *a* roimh -*(i)rd, -(i)rn, -rr*:**
*árd,* ard, *áird*, aird, *bárr,* barr, *Bheárnais (gin.)*, Bhearnais, *cárda*, carda, *cárnán*, carnán, *cárr,* carr,
(ii) **ar *o* roimh -*(i)rd, -(i)rn*:**
*bórd*, bord, *dórn*, dorn, *dórnán,* dornán, *órdú*, ordú, *tóirneach*, toirneach.
(iii) **ar *o* i ndiaidh *e*:**
*ceól,* ceol, *deór,* deor, *dreólán*, dreolán, "**dreolán, 1** = DREOLÍN," (Ó Dónaill, 1977, 445), *eiteóg*, eiteog, *eólas*, eolas, *faoileóg*, faoileog, *feóil*, feoil, *fuinneóg*, fuinneog, *gleó*, gleo, *seóid*, seoid, *seól*, seol, *seórt*, seort (in áit 'sórt' an Chaighdeáin, "**seort** = SÓRT," (Ó Dónaill, 1977, 1089)), *seómra*, seomra, *sráideóg*, sráideog.

2.2 "Fuaimnítear *n* sna cairn *cn-, gn-, mn-, t(s)n-* mar /r/, /r'/ roimh ghutaí cúil agus guta tosaigh faoi seach," (Hughes, 1994, 623). Má tá *r* in áit *n* sna lámhscríbhinní, athraítear go dtí an litriú caighdeánaithe mar a leanas:
*croc,* cnoc, *croic,* cnoic, *crámh*, cnámh, *crap*, cnap, *grás,* gnás, *groithe*, gnoithe, *mrá*, mná.

2.3 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| abhrán | amhrán | "/ɔːrɑn/, 'song,'" (Quiggin, 1906, 16) |
| adhairc | adharc | |
| ádhmad | adhmad | |
| aghaidhe | aghaidh | |
| Aifrionn | Aifreann | |
| aimeár | áiméar | |
| (áit) áití *(gin.)* | áite | |

| | | |
|---|---|---|
| áithche/áthcha (*gin.)* | áithe/átha | in áit 'áith/áithe' an Chaighdeáin<br>"**áithe** = ÁITH," (Ó Dónaill, 1977, 32)<br>"**átha,** *var. gs. of* ÁITH," (Ó Dónaill, 1977, 65) |
| aithghiorra | aicearra | "**aithghiorra** = AICEARRA," (Ó Dónaill, 1977, 32)<br>"/aïhərə/" (Wagner, 1958, 252)<br>Fágtar baininscneach gan athrú an t-ainmfhocal seo, m.sh. 'aicearra bhreá' sa scéal *Na trí chomhairle*<br>"**aithghearra,** ... *m.* and *f.*" (Ó Dinneen, 1927, 31) |
| áirdiú | ardú | |
| állt /ált | ailt | "**ált,** *m.* **1** = AILT," (Ó Dónaill, 1977, 36)<br>"Ált, m., a deep precipitous narrow glen *(Don.)*," (Dinneen, 1927, 36)<br>"Alt na Péiste," (Ó Catháin, 1985, 16) |
| anas | anás | |
| ant | aint | Fágtar firinscneach an t-ainmfhocal seo mar a fhaightear sna lámhscríbhinní é, eg. 'an t-aint,' agus 'teach an aint.' |
| athruigh *(gin.)* | athraithe | |
| bacog | bacóg | |
| bagaiste | bagáiste | |
| bailightheóir | bailitheoir | |
| banabhán | banbhán | in áit 'banbh' an Chaighdeáin<br>"**banbh,** ... (*Var:* **~án**)," (Ó Dónaill, 1977, 84)<br>"... bhí na banbháin marbh ...," (Ó Catháin, 1985, 69) |
| banais | bainis | |
| banaltraigh | banaltra | |

| | | |
|---|---|---|
| bárach | márach | "... agus an lá arna mhárach, /... o̤gəs Lɑ′ hərɴə wɑ:ra/," (Hughes, 1986, 27 & 28)<br>"**(Lá) arna mhárach**, on the following day," (Ó Dónaill,1977, 832) |
| bascóid | bascáid | "**bascaed,** *m.* (*Var: f;* **bascáid**), (Ó Dónaill, 1977, 91)<br>"/bɑskəd′/, 'basket'," (Quiggin, 1906, 133) |
| beachog | beachóg | "**beach,** *f* ... (*Var:* **~óg**)," (Ó Dónaill, 1977, 92) |
| bearaic | beairic | |
| bhéiteárachta | vaidhtéireacht | |
| bo | bó | |
| boul | babhal | "**babhla,** ... (*Var:* **babhal**), (Ó Dónaill, 1977, 73) |
| bolaidh | bulaí | |
| bollogaí *(iol.)* | bológaí | in áit 'bológa' an Chaighdeáin<br>"Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... ***-(a)í*** (***-a*** sa Chaighdeán, ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-eog/óg*), (Ó Baoill, 1996, 72) |
| bratog | bratóg | |
| buaidheanna *(iol)* | buanna | |
| buideál | buidéal | |
| bunadhas | bunús | |
| casan | casán | in áit 'cosán' an Chaighdeáin<br>"**casán** = COSÁN," (Ó Dónaill, 1977, 195) |
| ceárdta | ceárta | fágtar firinscneach an t-ainmfhocal seo mar a tharlaíonn sé sna lámhscríbhínní<br>"'na sheasamh i ndoras a' cheárdta," (Ó hAirt, faoi A) |
| ceárn | cearn | |
| cóirneál | coirnéal | |

| | | |
|---|---|---|
| (sa) chomhursain | (sa) chomharsain | in áit 'comharsanacht' an Chaighdeáin faightear 'comhursanacht' agus 'comhursantacht' sna scéalta fosta "**comharsain**, *Comharsanacht*, thug sé leis fear as a' chómharsain..," (Ó hAirt, faoi C) |
| comhursanaí *(iol.)* | comharsanaí | in áit 'comharsana' an Chaighdeáin "Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... -**(e)annaí** (in áit **-(e)anna**, an Chaighdeáin)," (Ó Baoill, 1996, 71) |
| córtha | cófra | "**córtha,** cófra," (Ó hAirt, faoi C) |
| croiceann | craiceann | "**croiceann** = CRAICEANN," (Ó Dónaill, 1977, 322) "... 'na chraiceann, /... ənə χrak′əɴ/," (Hughes, 1986, 115 & 116) |
| cuidigh *(gin.)* | cuidithe | |
| daic | deic | |
| deártharacha *(iol.)* | deartháracha | |
| dialán | dialann | |
| diardaoin | déardaoin | |
| dinneára *(gin.)* | dinnéara | "**dinnéar,** (*Var: gs.* **~a**)," (Ó Dónaill, 1977, 408) "Tá claonadh ann i nGaeilge Thír Chonaill ... -*a* a chur le gin. uatha a chríochnaíonn ar chonsan leathan," (Hughes, 1994, 631) |
| doctúir | dochtúir | |
| dol | dul | "**dul, 3.** Way, method, means, capability. **Níl ~ agam teacht air.**" (Ó Dónaill, 1977, 463) |
| dubhshraith | dúshraith | |
| éadaigh *(iol.)* | éadaí | |
| éagcóir | éagóir | |

| | | |
|---|---|---|
| earraidh *(iol.)* | earraí | |
| eascaill | ascaill | "Eascall. *see* Ascall," (Dinneen, 1927, 397) |
| | | "**ascall =** ASCAILL," (Ó Dónaill, 1977, 63) |
| *ediphone* | eideafón | |
| fairrge | farraige | "**fairrge** = FARRAIGE," (Ó Dónaill, 1977, 509) |
| fastodh | fastó | in áit 'fostú' an Chaighdeáin |
| | | "**fastó(dh),** ... = FOSTÚ," (Ó Dónaill, 1977, 520) |
| fáthach | fathach | |
| féasog | féasóg | |
| féidhim | feidhm | |
| fíacha *(iol.)* | fiacha | |
| fiafaí *(tabh. iol.)* | fiachaí | in áit 'fiacha' an Chaighdeáin |
| | | "/tɑ ʃɛ jiəχfwi: ɔrəm/, 'it is incumbent upon me,' = de fhiachaibh, v. Dinneen;" (Quiggin, 1906, 73) |
| | | Amharc fosta ar Chaibidil 2.2 |
| fideal | fidil | "**fideal** = FIDIL," (Ó Dónaill, 1977, 542) |
| fídeog | fideog | in áit 'feadóg' an Chaighdeáin |
| | | "**fideog,** = FEADÓG," (Ó Dónaill, 1977, 542) |
| fidileáir | fidiléir | in áit 'fidléir' an Chaighdeáin |
| | | "**... fidiléir** = FIDLÉIR," (Ó Dónaill, 1977, 542) |
| fidileóireacht | fidiléireacht | in áit 'fidléireacht' an Chaighdeáin |
| galantas | galántas | |
| gimeilead | gimléad | |
| ginidh/eacha | giní/giníacha | in áit 'gine' an Chaighdeáin |
| | | "**giní. 1.** *pl. of* GINE. **2.** *m* = GINE," (Ó Dónaill, 1977, 631) |
| | | "Giní, ... *pl.*-níacha," (Dinneen, 1927, 535) |

| | | |
|---|---|---|
| giorrsach,-aigh/-aighe | giorsach,-aigh/-aí | in áit 'girseach' an Chaighdeáin<br>“**giorsach** = GIRSEACH.” (Ó Dónaill, 1977, 635)<br>“[gïřša wo:r La:d'Ir ə V′i ïɴə bïdI], 'Biddy was a big strong girl',” (Hughes, 1986, 448) |
| graep | graeip | “**graeipe,** ... (*Var:* **graeip**),” (Ó Dónaill, 1977, 663) |
| groithe | gnoithe | in áit 'gnó' an Chaighdeáin<br>“**gnoithe,** *m* ... = GNÓ...,” (Ó Dónaill, 1977, 654)<br>“/grẽ:hə/, 'business affairs' ... The Donegal forms rather point to O.Ir. gnéthech with gr ... ,” (Quiggin, 1906, 37) |
| Ifrionn | Ifreann | |
| ingilt | innilt | |
| innibh | innimh | in áit 'inmhe' an Chaighdeáin<br>“**innimh,** *f* = INMHE,” (Ó Dónaill, 1977, 712) |
| íontas | iontas | |
| leath-taobh | leataobh | |
| leath-uille | leathuille | in áit 'leathuillinn' an Chaighdeáin<br>“**uille, =** UILLINN,” (Ó Dónaill, 1977, 1297) |
| léigheas | leigheas | |
| léigheoireacht | léitheoireacht | |
| leisg | leisc | “**leisce,** ... (*Var:* **leisc**),” (Ó Dónaill, 1977, 778) |
| leithphighinn/ne | leathphingin/gne | “**pingin,** *f* ... (*Var: gs.* **pingne**),” (Ó Dónaill, 1977, 950)<br>“/Lɔχ p′i:N′ə/, luach píngne,” (Quiggin, 1906, 198 & 199) |

| | | |
|---|---|---|
| | | "... fuar sé dhá phinginn, /... fuər ʃə γɑ f′i:n′/," (Hughes, 1986, 45 & 46) |
| locht | lucht | |
| luchog | luchóg | |
| mac a s(h)amhailt | macasamhailt | "**macasamhail,** ... (*Var:*~**t**) "/mɑkə'sɑul′t′/," (Wagner, 1969, 145) amharc ar Nóta Ginearálta 1.6 thuas |
| maighisteara *(gin.)* | máisteara | in áit 'máistir' an Chaighdeáin ar bhonn canúna |
| námhaid | namhaid | |
| néall | néal | |
| nighean/nighne | níon/níne | in áit 'iníon/iníne' an Chaighdeáin "**níon** = INÍON," (Ó Dónaill, 1977, 912) |
| nighin (*tabh.)* | níon | |
| nigheanach *(gin. iol.)* | níonach | |
| neithe *(iol.)* | nithe | |
| oidhcheannaí *(iol.)* | oícheannaí | "**oíche,** ... (*Var: pl.* **~anna**)," (Ó Dónaill, 1977, 923) "Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... -**(e)annaí** (in áit **-(e)anna**, an Chaighdeáin)," (Ó Baoill, 1996, 71) |
| (olann)/olna | olla | |
| otharlán | otharlann | |
| páipeár | páipéar | |
| paraiste | paráiste | "**paráiste** = PARÓISTE," (Ó Dónaill, 1977, 942) |
| pedleáir | peidléir | |
| pighinn/ne | pingin/gne | "**pingin,** *f* ... (*Var: gs.* **pingne**)," (Ó Dónaill, 1977, 950) "/Lɔχ p′i:N′ə/, luach píngne," (Quiggin, 1906, 198 & 199) "... fuair sé dhá phinginn, /... fuər ʃə γɑ |

| | | |
|---|---|---|
| | | f′i:n′/,” (Hughes, 1986, 45 & 46) |
| pionainn | punann | “**pionainn,** *f* = PUNANN,” (Ó Dónaill, 1977, 951) |
| pisreóg | pisreog | in áit 'piseog' an Chaighdeáin |
| rubairí *(iol.)* | robairí | “**robálaí,** (*Var:* **robaire**), (Ó Dónáill, 1977, 1005) |
| sciana *(iol.)* | sceana | |
| scar | scor | |
| slaghadán | slaghdán | |
| sloinneadh | sloinne | “**sloinneadh** ... **2** = SLOINNE,” (Ó Dónaill, 1977, 1115) |
| sníomhachan | sníomhachán | |
| solus | solas | |
| sothuigh | sothaí | |
| sréan | srian | fágtar baininscneach gan athrú an t-ainmfhocal seo, m.sh. 'Caith uait an t-sréan sin,' sa scéal *Pat agus Jack* “**srian, ...** *(Var. f.* ...,” (Ó Dónaill, 1155) |
| stanín | stainnín | |
| strainseair | strainséir | |
| stuff | stuif | |
| suipeár/-a *(gin.)* | suipéar/-a | “Tá claonadh ann i nGaeilge Thír Chonaill ... *-a* a chur le gin. uatha a chríochnaíonn ar chonsan leathan,” (Hughes, 1994, 631) |
| suighisteóg | suísteog | “**suísteog** = SAOISTEOG,” (Ó Dónaill, 1977, 1183) |
| táibhirne | tábhairne | fágtar baininscneach gan athrú an t-ainmfhocal seo, m.sh. 'fear na táibhirne' sa scéal *Buachaillí Árd an Rátha* “**Tábhairne,** ... *m.* and *f.*, a tavern ...,” (Dinneen, 1927, 1151) |

| | | |
|---|---|---|
| táirgne/í | tairne/í | |
| (a) thaisgidh | (a) thaiscidh | in áit 'a thaisce' an Chaighdeáin<br>“**taiscidh,** ... = TAISCE,” (Ó Dónaill, 1977, 1196) |
| taoibh *(tabh.)* | taobh | faightear sna scéalta 'ar thaoibh' agus 'ag taoibh' maraon le 'ar thaobh' agus 'ag taobh'<br>“Taobh ... *m* and *f.*,” (Dinneen, 1927, 1170) |
| teinidh/teineadh | tinidh/tineadh | in áit 'tine' an Chaighdeáin<br>“**teinidh,** *f* = TINE,” (Ó Dónaill, 1977, 1228)<br>“**tine,** ... (*Var: gs.* **~adh**),” (Ó Dónaill, 1977, 1235)<br>“/t′in′i/, 'fire'” (Quiggin, 1906, 129)<br>“... ar an teinidh, /... ər′ ə t′Iɴ′ i/,” (Hughes, 1986, 13 & 14)<br>“/ə gu:L Nə t′in′uw/, i gcúl na teineadh,” (Quiggin, 1906, 214 & 215)<br>“/t′in′u/,” (Wagner, 1958, 164) |
| (tosach) tosuigh *(gin.)* | tosaigh | sa fhrása 'chun tosaigh' |
| tráthaibh | trátha | “**I dtrátha an ama seo inné**,” (Ó Dónaill, 1977, 1262)<br>“/drɑh ə Nɑmə ʃɔ/ 'about this time',” (Quiggin, 1906, 7) |
| *trifle* | traidhfil | fágtar firinscneach gan athrú an t-ainmfhocal seo, m.sh. 'traidhfil costais' sa scéal 'Ó hÉigeartaigh ⁊ an peidléir' |
| túirne | tuirne | |
| ubhlaí (*iol.*) | úllaí | in áit 'úlla' an Chaighdeáin<br>“**úll,** ... (*Var: ... pl.* **~aí**), (Ó Dónaill, 1977, 1300)<br>“Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... **-(a)í** (cásanna ar leith),” (Ó |

| | |
|---|---|
| | Baoill, 1996, 72). |
| 2.4 Ainmfhocail Neamhathraithe: | nóta: |
| (abhainn) abhna *(gin.)* | in áit 'abhann' an Chaighdeáin "**abhna,** *var. gs. of* ABHAINN," (Ó Dónaill, 1977, 3) |
| aisle *(iol.)* | in áit 'asail' an Chaighdeáin "**aiseal,** *f. (gs. & pl.* **-sle**) = ASAL," (Ó Dónaill, 1977, 29) |
| amannaí *(iol.)* | in áit 'amanna' an Chaighdeáin "Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... -**(e)annaí** (in áit **-(e)anna**, an Chaighdeáin)," (Ó Baoill, 1996, 71) |
| athara/máthara *(gin.uath.)* | "Tá claonadh ann i nGaeilge Thír Chonaill ... *-a* a chur le gin. uatha a chríochnaíonn ar chonsan leathan," (Hughes, 1994, 631) |
| (bean) mnaoi | "**mnaoi,** *var ds. of* BEAN," (Ó Dónaill, 1977, 872) |
| bidh *(gin.uath.)* | "**biadh,** *m.* (*gs.* **bidh**) = BIA," (Ó Dónaill, 1977, 107) |
| bocsa | in áit 'bosca' an Chaighdeáin "**bocsa** = BOSCA," (Ó Dónaill, 1977, 118) |
| bratógaí *(iol.)* | in áit 'bratóga' an Chaighdeáin "Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... ***-(a)í*** (***-a*** sa Chaighdeán, ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-eog/óg*), (Ó Baoill, 1996, 72) |
| buaidh | in áit 'bua' an Chaighdeáin "**buaidh,** ... = BUA," (Ó Dónaill, 1977, 151) |

| | |
|---|---|
| caiple | in áit 'capaill' an Chaighdeáin<br>“**caiple,** *var. pl.of* CAPALL.” (Ó Dónaill, 1977, 175) |
| caraid | in áit 'cara' an Chaighdeáin<br>“**caraid,** = cara,” (Ó Dónaill, 1977, 190) |
| ceig | in áit 'ceaig' an Chaighdeáin<br>“**ceig** = CEAIG,” (Ó Dónaill, 1977, 216)<br>“tá sé faoi'n cheig (/ta ʃɛ fwIn ′x′eg′/),” (Ó hEochaidh agus Wagner, 1962-64, 53) |
| cisteanach | in áit 'cistin' an Chaighdeáin<br>“**cisteanach. 2.** *f* = CISTIN,” (Ó Dónaill, 1977, 234) |
| cláraí *(iol.)* | “*Var: pl.* **~acha, ~aí**,” (Ó Dónaill, 1977, 241) |
| clúdaigh | “**clúdaigh,** = CLÚID,” (Ó Dónaill, 1977, 252) |
| cluais | in áit 'cluas' an Chaighdeáin<br>“**cluais** = CLUAS,” (Ó Dónaill, 1977, 250) |
| coillidh/coilleadh | “**coillidh** = COILL, **coilleadh,** *var. gs. of* COILL,” (Ó Dónaill, 264)<br>“/kïL′:i/,” (Wagner, 1958, 248)<br>“... ar bhruach na coilleadh úd thall, /... ɛr' ə wruɑχ ɴə köL′u o̤d hɑL/,” (Hughes, 1986, 113 & 114) |
| comhra | in áit 'cónra' an Chaighdeáin<br>“**comhra,** *f.* **2** = CÓNRA.” (Ó Dónaill, 1977, 287) |
| cruitheacha | in áit 'crúite' an Chaighdeáin<br>“**crudh** = CRÚ,” (Ó Dónaill, 1977, 329)<br>“Crudh, *pl.*- ... -uidhtheacha,” (Dinneen, 1927, 274) |
| (ar a) chúlaibh | “Maireann an tseanfhoirm den tabh. iol. |

| | |
|---|---|
| | *-aibh* ... i leaganacha mar *ar mo chúlaibh*," (Hughes, 1994, 633) |
| cumhaidh | in áit 'cumha' an Chaighdeáin<br>"**cumhaidh,** ... = CUMHA ...," (Ó Dónaill, 1977, 354) |
| cupla | "**cúpla,** ... **1.**Couple. *(a)* Two, a few ... (*Var. of 1 (a)*: **cupla**)," (Ó Dónaill, 1977, 357) |
| dálta | in áit 'dála' an Chaighdeáin<br>"**Dála mar a rinne mise**," (Ó Dónaill, 1977, 362)<br>"**dálta**, **1**. Cosúlacht," (Ó hAirt, faoi D) |
| daoiní & daoine | faightear an dá litriú sna scéalta.<br>Ar an taifead a théann le *Uair an Chloig Chois Teallaigh,* (Ó Catháin, 1985) tá 'daoiní' agus 'daoine' le cloisteáil araon.<br>"/ʎ/, .i. /u:/ neamhchruinn, do *ao* ... m.sh. *caol* /kʎl/ [kʎ:l], *saoghal* [sʎ:l] 'saol' ...," (Hughes, 1994, 627) |
| dearnadaí *(iol.)* | in áit 'dreancad' an Chaighdeáin<br>"**dearnad,** *m* = DREANCAID," (Ó Dónaill, 1977, 386)<br>"/d′ɑ:rNəd/, 'flea'," (Quiggin, 1906, 117)<br>"/d′a:rNɑDI:/," (Wagner, 1958, 208) |
| deireadh | baintear úsáid as 'agus deireadh' sa scéalaíocht le 'gach rud' nó 'agus araile' a rá. Tá sampla den úsáid seo le fáil in Ó Catháin, (1985, 18) "Agus chaithfí achan pholl a raibh ar an teach a dhruid, similéir agus deireadh, agus an doras, deireadh a bheith druidte ..." |
| diallaid | "**diallait, ...** (*Var:* **diallaid**)," (Ó Dónaill, 1977, 401) |

| | |
|---|---|
| díogaidh | in áit 'díog' an Chaighdeáin |
| dóiche | in áit 'dóigh' an Chaighdeáin<br>"**dóiche. 2** = DÓIGH," (Ó Dónaill, 1977, 428) |
| dóigheannaí | in áit 'dóigheanna' an Chaighdeáin<br>"Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... -**(e)annaí** (in áit **- (e)anna**, an Chaighdeáin)," (Ó Baoill, 1996, 71) |
| dolaidh | in áit 'dola' an Chaighdeáin<br>"**dolaidh,** *f* = DOLA," (Ó Dónaill, 1977, 432) |
| dorsa *(iol.)* | in áit 'doirse' an Chaighdeáin<br>"**dorsa,** *var pl. of* DORAS," (Ó Dónaill, 1977, 438) |
| éifeaicht *(gin. uath.)* | in áit 'éifeachta' an Chaighdeáin |
| fastoidh *(gin.)* | in áit 'fostaithe' an chaighdeáin<br>"thiocfadh linn foirmeacha mar seo a mheas mar *cuma socraidh* .i. *socraidh* mar ghin. d'ainmneach *socradh*," (Hughes, 1994, 646) |
| gaisteacht | in áit 'gastacht' an Chaighdeáin<br>"**gaisteacht,** = GASTACHT," (Ó Dónaill, 1977, 606) |
| geafta | in áit 'geata' an Chaighdeáin<br>"**geafta** = GEATA," (Ó Dónaill, 1977, 616)<br>"/ig′ən 'jaftə/," (Wagner, 1958, 38) |
| geall | "***geall**, **1.** *A gheall ar Dhia, (mar ghrá Dia)*, D'iarr an seanduine orm a gheall ar Dhia ceann dena bóithigh sin thíos a thabhairt daofa go maidin." (Ó hAirt, faoi G)<br>"*Iarraim ort é de gheall ar Dhia*, I ask it of |

| | |
|---|---|
| | you for God's sake," (Ó Dónaill, 1977, 619)<br>"bíodh geall nach mó ná go bhfuightheá gáirleog ..., /b′i: g′aL ɴɑmo .../," (Hughes, 1986, 15 & 16) |
| gloine | fágtar firinscneach an t-ainmfhocal seo, m.sh. 'bun an ghloine" sa scéal *An fear a lig air go raibh sé marbh*<br>**"gloine,** *f. ... (Var: m)*," (Ó Dónaill, 1977, 647) |
| greimeannaí *(iol.)* | in áit 'greamanna' an Chaighdeáin<br>"**greim ...** (*Var: pl.* **~eanna**), (Ó Dónaill, 1977, 671)<br>"Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... -**(e)annaí** (in áit **-(e)anna**, an Chaighdeáin)," (Ó Baoill, 1996, 71) |
| leabharthaí *(iol.)* | in áit 'leabhair' an Chaighdeáin<br>"**leabhartha,** *var. pl. of* LEABHAR," (Ó Dónaill, 1977, 756)<br>"Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... ***-thaí*** (Focail a chríochnaíonn ar *r* leathan a mbúnús)" (Ó Baoill, 1996, 72) |
| laethe *(iol.)* | in áit 'laethanta' an Chaighdeáin<br>"**laetha, ~ibh,** *var. pl. of* LÁ," (Ó Dónaill, 1977, 738) |
| leabaidh | "**leaba,** (*Var:* **~idh** *f*), (Ó Dónaill, 1977, 755)<br>"[L'abi]," (Ó Baoill, 1996, 142)<br>"/ L′abI/," (Wagner, 1958, 141) |
| leabtha *(gin.)* | "**leabtha,** *var. gs. of* LEABA." (Ó Dónaill, 1977, 756) |
| léabáil | in áit 'leadhbáil' an Chaighdeáin<br>"**léab** = LEADHB," (Ó Dónaill, 1977, 755) |

| | |
|---|---|
| | “**leadhb** (*Var:* **~áil**),” (Ó Dónaill, 1977, 758) |
| léinidh | “**léine,** ... (*Var:* **léinidh** *f*), (Ó Dónaill, 1977, 776) |
| | “/L'ein'i/, 'shirt,” (Quiggin, 1906, 93) |
| madadh | in áit 'madra' an Chaighdeáin |
| | “**mada, ~dh,** *m* = MADRA |
| | “*madú* a deirtear,” (Ó Baoill, 1996, 143) |
| maoiseogaí *(iol.)* | “Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... ***-(a)í*** (***-a*** sa Chaighdeáin, ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-eog/-óg*) *bábógaí, ciarógaí, fuinneogaí ordógaí, srl.),* (Ó Baoill, 72) |
| (muc) ins/ as an mhuic *(tabh.)* | |
| neóin | in áit 'nóin' an Chaighdeáin |
| | “/N'o:n'/, 'evening,” (Quiggin, 1906, 90) |
| | “**neóin** = NÓIN,” (Ó Dónaill, 1977, 910) |
| oifige | in áit 'oifig' nó 'oifice' an Chaighdeáin |
| | “**oifige**, **1.** Deasghnáth speisialta a dhéanann sagart chun geis a bhriseadh; ... chun ainsprid a dhíbirt,” (Ó hAirt, faoi O) |
| páighe | in áit 'pá' an Chaighdeáin chun na fuaime “/pa:γ′ə/” (Hughes, 1994, 52) a choinneáil |
| | “**páighe,** *f* = PÁ,” (Ó Dónaill, 1977, 938) |
| | “/tɑ: ɑ fɑ:jə tɑuwi:(ʃt′ə) ɛg′ə/, 'he has earned his wages,' (Quiggin, 1906, 57) |
| préata | in áit 'práta' an Chaighdeáin |
| | “**preáta, préata** = PRÁTA” (Ó Dónaill, 1977, 969) |
| príosúntacht | “**príosúnacht** ... *Var*: **príosúntacht**,” (Ó Dónaill, 1977, 971) |

| | |
|---|---|
| raeghe | in áit 'rogha' an Chaighdeáin<br>“Writers of Ulster Irish print raogha, rae ... which represents the pronunciation of the younger people. It would seem that *a* took the place of *o* in these forms,” (Quiggin, 1906, 31)<br>“*Togha* and *rogha* are pron. *taéghe* and *raéghe* in Don.” (O'Neill Lane, 1921, 290) |
| Saghart | faightear an litriú seo i gcín lae an bhailitheora agus 'Sagart' sna scéalta.<br>Ar an taifead a théann le *Uair an Chloig Chois Teallaigh,* (Ó Catháin, 1985) tá 'sagart' le cloisteáil go soiléir |
| (Rí na) Sasan *(gin. iol.)* | “England: Sasain (gs. Sasana),” (Ó Duibhín)<br>“Dúirt an Sasanach: 'Mise Sasanach agus tá a fhios agam Sasain uilig ...,” (Ó Baoighill, 2007, 119) |
| (i, go) Sasanaigh *(tabh.)* | |
| scaifte | in áit 'scata' an Chaighdeáin<br>“**scaifte,** *m* = SCATA,” (Ó Dónaill, 1977, 1036) |
| scéaltaí *(iol.)* | in áit 'scéalta' an Chaighdeáin |
| scioball | in áit 'scioból' an Chaighdeáin<br>“**scioball**, *Scioból,* shuidh sé ins a scioball,” (Ó hAirt, faoi S)<br>“An O.Ir. *ó* is reduced to ɔ in syllables with secondary stress, e.g. ... /ʃk′ïbɔl (ʃk′ïbɑl)/, 'barn', ... scioból,” (Quiggin, 1906, 14) |
| scoláir | “**scoláire,** ... (*Var:***scoláir**), (Ó Dónaill, 1977, 1060) |
| scór | “**scór**, **1.** ... *Cúis,* **2.** *Ar scór, (ar chúis,* |

| | |
|---|---|
| | *d'fhonn)*,” (Ó hAirt, faoi S) |
| scríste | in áit 'scíth' an Chaighdeáin<br>“**scríste,** *f* = SCÍTH,” (Ó Dónaill, 1977, 1066) |
| soileár | “**soiléar** = SILÉAR,” (Ó Dónaill, 1977, 1130) |
| spanóg/aí | in áit 'spúnóg/a' an Chaighdeáin<br>“**spanóg,** = SPÚNÓG,” (Ó Dónaill, 1977, 1139)<br>“Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... ***-(a)í*** (***-a*** sa Chaighdeán, ainmfhocail a chríochnaíonn ar *-eog/óg*), (Ó Baoill, 1996, 72) |
| (teach), toigh/ toighe | in áit (teach), tigh/ tí an Chaighdeáin<br>“**toigh,** *var. ds of* TEACH ... **toighe,** *var. gs. of* TEACH,” (Ó Dónaill, 1977, 1139)<br>“go toigh an óil, /... ə'ʃt′a gŏ tI: 'ɴɔ:l′/,” (Hughes, 1986, 101 & 102)<br>“/ər′ fọ̤d ə tiə/ air fud an tighe,” (Quiggin, 1906, 214 & 215) |
| teangaidh | “**teanga,** (*Var.* **~idh** *f, gs.*~**dh**),” (Ó Dónaill, 1977, 1217 & 1218) |
| teangtha *(gin.)* | “**teangtha,** *var, gs. of* TEANGA,” (Ó Dónáill, 1977, 1218) |
| tráigh/trágha | in áit 'trá' an Chaighdeáin<br>“**tráigh,** *f* = TRÁ,” (Ó Dónaill, 1977, 1260)<br>“/trɑ:i/, 'shore',” (Quiggin, 1906, 57)<br>“/trɑ:/, gen. sing. of /trɑ:i/, 'shore',” (Quiggin, 1906, 151) |
| tréartha | “**tréartha**, *Gníomhartha, tréithe(?)*, Bhí achan fhear aca ag éisteacht le tréartha an fhir eile ar feadh fada go leor..” (Ó hAirt, |

| | |
|---|---|
| | faoi T) |
| triomlach | "**triomlach,** = TRIOMACH," (Ó Dónaill, 1977, 1272) |
| truaighe | "**truaigh, ~e,** = TRUA," (Ó Dónaill, 1997, 1277) |
| tuaighe *(gin.)* | in áit 'tua' an Chaighdeáin<br>"**tuagh** = TUA," (Ó Dónaill, 1977, 1279) |
| tuslóg | in áit 'truslóg' an Chaighdeáin<br>"**tuslóg,** = TRUSLÓG," (Ó Dónaill, 1977, 1289) |
| uaireannaí *(iol.)* | in áit 'uaireanta' an Chaighdeáin<br>"Seo a leanas aicmí an Iolra de réir na canúna ... -**(e)annaí** (in áit **-(e)anna**, an Chaighdeáin)," (Ó Baoill, 1996, 71) |
| uibh | in áit 'ubh' an Chaighdeáin<br>"**uibh =** UBH" (Ó Dónaill, 1977, 1296) |

## 3. Aidiachtaí:

3.1 Seo liosta na n-athruithe a chuirtear i bhfeidhm ar litriú na n-aidiachtaí chun caighdeánú a chur i bhfeidhm de réir *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004, 102 - 123), agus cuirtear nótaí mínithe idir lúibíní le roinnt focal:

### 3.1.1 mh ar lár−

*comh comhra*, comh córa, *comhthrom*, cothrom.

### 3.1.2 (a)mha > ú−

*bitheamhanta*, bithiúnta, *ceanamhail*, ceanúil, *ceathramh*, ceathrú, *cosamhail*, cosúil, *cúilriascamhail*, cúlriascúil, (“**cúlriascach,** (*Var.* **cúlriascúil**)” (Ó Dónaill, 1977, 352)), *dóigheamhail*, dóighiúil, *modhamhail*, modhúil, *tríomhadh*, tríú, (“**tríomhadh** ... = TRÍÚ,” (Ó Dónaill, 1977, 1272)).

### 3.1.3 ch(a) ar lár−

*coitchiannta*, coitianta.

### 3.1.4 dh [(a)idhe(a)] ar lár−

*ádhmhár*, ámhar, (“**ámharach,** ... (*Var.* ámhar),” (Ó Dónaill, 1977, 39)), *buaidheartha,* buartha, *cruadh*, crua, *fiadhain*, fiáin, (“**fiadháin** = FIÁIN,” (Ó Dónaill, 1977, 538)), *Gaedhealach*, Gaelach, *iomaidh*, iomaí, *ruadh,* rua, “ruadh [ruə], 'red (hair or fur)',” (Hughes, 1986, 466), *saidhbhir,* saibhir, *sodhantach*, saontach, (“**sodhanta, ~ch,** *m* = SAONTA,” (Ó Dónaill, 1977, 1129), “**saonta,** ... (*Var:*~**ach** ... ),” (Ó Dónaill, 1977, 1031)).

### 3.1.5 idhe > í−

*buidhe*, buí, (“... sovereigns bhuidhe óir, ... sovereigns /wI: ɔ:r′/,” (Hughes, 1986, 45 & 46), “ bwi:, 'yellow',” (Quiggin, 1906, 46), “Uaireanta bíonn idir [I:] agus [I:ə] ann do fhocail mar *buidhe* [b$^{w}$I:(ə)] 'buí',” (Hughes, 1994, 626)), *síorruidhe,* síoraí.

### 3.1.6 idhea < ío –

*buidheach*, buíoch.

### 3.1.7 f in ionad thbh, thmh –

*bláthmhar*, bláfar.

### 3.1.8 gh ar lár –

*bréagh*, breá, *coimhthigheach*, coimhthíoch, *truagh*, trua.

### 3.1.9 ighe > í –

*íontaighe*, iontaí.

### 3.1.10 th ar lár –

*bráthach*, brách, *faithchilleach*, faichilleach, (“**faithchill, ~each** = FAICHILL, -EACH,” (Ó Dónaill, 1977, 511)).

### 3.1.11 nn in ionad dn ... i bhfocail inar nn a deirtear de ghnáth –

*ceádna*, céanna.

### 3.1.12 sc, st i gcónaí in ionaid ina mbíodh sg, sd uaireanta –

*misde*, miste.

### 3.1.13 *-tha* in ionad *-dha* –

*measardha*, measartha, (“**measartha,** ... (*Var:* **measardha**),” (Ó Dónaill, 1977, 847), “/gə 'm′asərə/,” (Wagner, 1958, 238)), *pléisiúrdha*, pléisiúrtha, (“**pléisiúrtha,** ... (*Var:* **pléisiúrdha**),” (Ó Dónaill, 1977, 957)), *sean-aimseardha*, seanaimseartha.

### 3.1.14 Ní chuirtear síneadh [fada] –

(i) **ar *a* roimh *-(i)rd,-rr*:**

*árd,* ard, *feárr*, fearr, *geárr*, gearr.

(ii) **ar *o* in ndiaidh *e*:**

*eólach*, eolach, *(níos) eólaigh*, (níos) eolaí, *leór*, leor, *pisreógachí*, pisreogach.

3.2 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| achan nDomhnach | achan Domhnach | |
| achan nduine | achan duine | “**achan = gach aon**: GACH,” (Ó Dónaill, 1977, 5)<br>“... arsa achan duine acu, /... ašə ɑhə' ɴïɴ′ə ɔku/,” (Hughes, 1986, 50) |
| ag/chuig n-a | ag/chuig (n)a | “**Réamhfhocal simplí + an alt + na míreanna sealbhacha sa 3ú pearsa** ... *eig (n)a chéile*,” (Ó Baoill, 1996, 93)<br>“[ïg′əɴə χ′ọ̈ɴ], 'at the end, head of it (road)',” (Hughes, 1986, 406)<br>“/ɛg′ Nə wọ̈nuw/, aig n-a bhunadh,” (Quiggin, 1906, 200 & 201)<br>“/ɛg‘′’ Nɑhæ̈r′/, aig n-a athair,” (Quiggin, 1906, 234 & 235)<br>“Bhí 'n mháthair 'n-a seasamh aig' n-a thaobh,” (Ó Muirgheasa, 1936, 117) |
| a'n ndeór | aon deor | |
| a'n nduine | aon duine | faightear 'aonduine' sna scéalta fosta |
| ceanainn | ceannann | “**san áit cheannann chéanna**,” (Ó Dónaill, 1977, 207) |
| conafadhach | confadhach | “**confach,** ... (*Var:* **confadhach** ... ),” (Ó Dónaill, 1977, 292) |
| deirionnach | deireanach | |
| dreamhlasach | drabhlásach | |
| éadtrom | éadrom | |
| níos éifeachtaigh | níos éifeachtaí | |
| fad | fada | sna frasaí 'fada ó shin/ó bhí' |

| | | |
|---|---|---|
| | | faightear 'fada ó bhí' sna scéalta fosta |
| (níos) fuide | (níos) faide | "**fuide,** *var. comp. of* FADA," (Ó Dónaill, 1977, 590) |
| farrsaing | fairsing | |
| fleaichte | fleaite | |
| galanta | galánta | |
| goirid | gairid | "**goirid** = GAIRID," (Ó Dónaill, 1977, 658) |
| gráthach | gnách | "Fuaimnítear *n* sna cairn *cn-, gn-, mn-, t(s)n-* mar /r/, /r'/ roimh ghutaí cúil agus guta tosaigh faoi seach," (Hughes, 1994, 623). |
| groitheach | gnoitheach | in áit 'gnóthach' an Chaighdeáin<br>"**gnoithe,** *m*~**ach** = GNÓ,- THACH," (Ó Dónaill, 1977, 654) |
| iargcúlta | iargúlta | |
| ínteacht | inteacht | in áit 'éigin' an Chaighdeáin<br>"**inteacht** = ÉIGIN," (Ó Dónaill, 1977, 714) |
| íontach | iontach | |
| ion-léighis | inleighis | |
| macanta | macánta | |
| milltineach | millteanach | |
| neamh mbuaidhearthaneamhbhuartha | | |
| reamhar | ramhar | "**reamhar,** = RAMHAR," (Ó Dónaill, 1977, 990)<br>"/rα̃uwər/, 'fat'," (Quiggin, 1906, 57) |
| (ó) shoin | (ó) shin | "**soin** = SIN," (Ó Dónaill, 1977, 1130) |
| tirm | tirim | |

3.3 Neamhathraithe: nóta:

| | |
|---|---|
| áirid | “**áirid,** *a1,* ... ÁIRITHE,” (Ó Dónaill, 1977, 27) |
| beitheach | in áit 'beathach' an Chaighdeáin<br>“**beitheach** = BEATHACH,” (Ó Dónaill, 1977, 104) |
| bliotach | in áit 'briotach' an Chaighdeáin<br>“**bliotach, ~án =** BRIOTACH, BRIOTAIRE,” (Ó Dónaill, 116) |
| comhgarach | in áit 'cóngarach' an Chaighdeáin<br>“**comhgar, ~ach** = CÓNGAR,-ACH,” (Ó Dónaill, 1977, 285)<br>“... thart comhgarach,/... hɑrt kõ:grɑ/,” (Hughes, 1986, 43 & 44)<br>“/kõ:grɑχ/, 'near,' ... comhgarach,” (Quiggin, 1906, 144) |
| cruaidh | in áit 'crua' an Chaighdeáin<br>“**cruaidh, 2.** *a1* = crua,” (Ó Dónaill, 1977, 328)<br>“/ɛdir′ kriə krUi/, eadair croidhe cruaidh,” (Quiggin, 1906, 234 & 235)<br>“**defhoghair** i nGaeilge Thír Chonaill: ... /u(:)i/: *cruaidh* [kruəi],” (Hughes, 1994, 628) |
| darna | in áit 'dara' an Chaighdeáin<br>“**darna** = dara,” (Ó Dónaill, 1977, 371)<br>“*darna* /da(:)rɴə/ 'dara'” (Hughes, 1994, 627) |
| fhéin | “bíonn /h/ i bhfoirmeacha den fhocal *féin*,” (Hughes, 1994, 625) agus “do *féin* bíonn [hi:n′] in áiteanna agus [he:n′] in áiteanna eile,” (Hughes, 1994, 626). |
| is fursa | in áit 'is fusa' an Chaighdeáin ar bhonn |

| | |
|---|---|
| | canúna |
| gránda | in áit 'gránna' an Chaighdeáin<br>“**gránda,** = GRÁNNA,” (Ó Dónaill, 1977, 666) |
| léar | in áit 'léir' an Chaighdeáin chun an /r/ leathan a choinneáil<br>“**léar,** = LÉIR,” (Ó Dónaill, 1977, 764) |
| mur | in áit 'bhur' an Chaighdeáin<br>“**mur** = BHUR,” (Ó Dónaill, 1977, 890) |
| ruaidhe | “*ruaidh* /rui/, gin.f. agus *ruaidhe* /rui(j')ə/, breischéim/gin. b.” (Hughes, 1994, 637) |
| tiugh | “**tiugh =** TIUBH,” (Ó Dónaill, 1977, 1243) |
| tursach | in áit 'tuirseach' an Chaighdeáin<br>“**tursa**, *f,* **~ach** = TUIRSE,-ACH,” (Ó Dónaill, 1977, 1288). |

# 4. Briathra:

## 4.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| h-obair | hobair | in áit 'dóbair' an Chaighdeáin<br>"**hobair, hóbair** = DÓBAIR," (Ó Dónaill, 1977, 685)<br>"**dóbair. 1** *(Treated as a defective verb)*," (Ó Dónaill, 1977, 424)<br>"... hobair go muirbhfeadh an cú í," (Ó Catháin, 1985, 14) |

## 4.2 Aimsir Chaite:

4.2.1 "Verbs whose past tense forms contain two syllables and end in vowels (e.g. chuala, 'heard,' fhaca 'saw,' tharla 'happened') form pausa forms like chruinnigh, thus chualaidh, ní fhacaidh, tharlaigh," (Hughes, 1986, 259). Sna scéalta atá faoi chaibidil anseo faightear 'go bhfaca' (4 huaire), chomh maith le 'go bhfacaidh' (13 huaire), agus faightear 'tharla' (4 huaire), chomh maith le 'tharluigh' (7 n-uaire).
Athraítear '-idh' go '-igh' san aimsir chaite mar a leanas:
*chuaidh*, chuaigh, *chualaidh*, chualaigh, *(ní) dheachaidh*, (ní) dheachaigh, *(ní) fhacaidh*, (ní) fhacaigh, *shuidh*, shuigh, *spréidh*, spréigh, *(a/an/cá/ní) (d)t(h)eachaidh*, (a/an/cá/ní) (d)t(h)eachaigh.
Athraítear '-uigh' go '-aigh' san aimsir chaite do bhriathra sa dara réimniú mar a leanas:
- *d'athruigh*, d'athraigh, *bheannuigh*, bheannaigh, *bhreathnuigh*, bhreathnaigh, *cheannuigh*, cheannaigh, *cheartuigh*, cheartaigh, *choruigh*, chorraigh, *chríochnuigh*, chríochnaigh, *d'fhiafruigh*, d'fhiafraigh, *d'fholuigh*, d'fholaigh, *ghreamuigh*, ghreamaigh, *d'ionnsuigh*, d'ionsaigh, *mhothuigh*, mhothaigh, *scannruigh*, scanraigh, *sharuigh*, sharaigh, *shasuigh*, shasaigh, *shleamhnuigh*, shleamhnaigh, *shocruigh*, shocraigh, *tharluigh*, tharlaigh, *thosuigh*, thosaigh, *thriomuigh*, thriomaigh.

4.2.2 De réir *Gramadach agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004), 92, "Ní chuirtear *h-* roimh an saorbhriathar san aimsir chaite." Ach ní réitíonn an riail seo le canúint na gCruach. Sa leabhair *Uair an Chloig Cois Teallaigh* faightear: "bhí bainis thiar i Leitir Choilleadh agus hiarradh chun na bainise é ...," (Ó Catháin, 1985, 14). Ar an taifead a théann leis an leabhar seo tá fuaim an *h* le cloisteáil go soiléir. Seo liosta na n-athruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an litir *h-* roimh an saorbhriathar, agus cuirtear nótaí mínithe idir lúibíní le roinnt focal: *h-amharcaigheadh*, hamharcaíodh, (in áit 'amharcadh' an Chaighdeáin), "**amharcaíonn**, **1**. *Féachann*," (Ó hAirt, faoi A), *nár h-athruigheadh é*, nár hathraíodh é, *hubhradh*, húradh, (**húradh = dúradh:** ABAIR," (Ó Dónaill, 1977, 686)), *h-iarradh*, hiarradh, *h-innsigheadh*, hinsíodh, *h-órduigheadh*, hordaíodh.

4.2.3 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| chá | cha | "**cha,** *neg. part.* Not." (Ó Dónaill, 1977, 221) |
| chonnaic | chonaic | |
| chonnaictheas | chonacthas | |
| chórn | chorn | |
| chrag | chnag | "Fuaimnítear *n* sna cairn *cn-, gn-, mn-, t(s)n-* mar /r/, /r'/ roimh ghutaí cúil agus guta tosaigh faoi seach," (Hughes, 1994, 623) |
| chuadhthar | chuathar | "***ghoil/ghuil*** 'dul' ... **Caite:** cé. *chuas, chuathar,*" (Hughes, 1994, 653) |
| coinnigheadh | coinníodh | |
| (ní) dheárn | (ní) dhearn | in áit 'ní dhearna' an Chaighdeáin |
| dhíbear | dhíbir | |
| d'fhastoigh | d'fhastaigh | in áit 'd'fhostaigh' an Chaighdeáin "**fastaigh** = fostaigh," (Ó Dónaill, 1977, 520) |

| | | |
|---|---|---|
| d'imthigh | d'imigh | (*Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004), 109) |
| d'innis | d'inis | |
| dubhairt | dúirt | |
| éirghe | éirigh | |
| foscluigheadh | fosclaíodh | |
| leig | lig | "... níor leig siad, /... ɴ′ir lIg′ ʃəd/," (Hughes, 1986, 39 & 40) |
| leigeadh | ligeadh | |
| léigheas | leigheas | |
| mhusgail | mhuscail | "**múscail,** ... (*Var:* **muscail**)," (Ó Dónaill, 1977, 891) |
| preabuigh | p[h]reabaigh | in áit 'phreab' an Chaighdeáin ar bhonn réimniú eile na canúna a léiriú |
| rath | reath | in áit 'rith' an Chaighdeáin<br>"**reath** = RITH," (Ó Dónáill, 1977,992)<br>"/rɑhəm/, 'I run' ... reathaim," (Quiggin, 1906, 95) |
| (dá) sáruigheadh | (dá) saraíodh | briathar saor |
| sheasuigh | sheasaigh | in áit 'sheas' an Chaighdeáin ar bhonn réimniú eile na canúna a léiriú<br>"**seasaigh** = SEAS," (Ó Dónaill, 1977, 1080) |
| shiubhail | shiúil | |
| socruigheadh | socraíodh | |
| stróc | stróic | "**stróc** = STRÓIC," (Ó Dónaill, 1977, 1173) |
| tháinic | tháinig | |
| (ní) theárn | (ní) thearn | "**tearn(a) = dearna** : DÉAN," (Ó Dónaill, 1977, 1221) |
| (dá) dteárnadh | (dá) dtearnadh | briathar saor |

| | | |
|---|---|---|
| thionntoigh | thiontaigh | |
| threabhaidh | threabhaigh | in áit 'threabh' an Chaighdeáin ar bhonn réimniú eile na canúna a léiriú |
| thuit | thit | |

| 4.2.4 Neamhathraithe: | nóta: |
|---|---|
| bhíthear | in áit 'bhíothas,' faí chéasta an Chaighdeáin<br>"***Beith*** ... **Caite:** ... cé. *bhíthear*," (Hughes, 1994, 648) |
| chumail | in áit 'chuimil' an Chaighdeáin<br>"**cumail, ~t** = CUIMIL, -T," (Ó Dónaill, 1977, 353) |
| d'fhoscail | in áit 'd'oscail' an Chaighdeáin<br>"**foscail** = OSCAIL," (Ó Dónaill, 1977, 576) |
| d'oibir | in áit 'd'oibrigh' an Chaighdeáin<br>"**oibir** = OIBRIGH," (Ó Dónaill, 1977, 921) |
| mharbh | in áit "mharaigh" an Chaighdeáin<br>"**marbh, ~adh,** *m* = MARAIGH, MARÚ," (Ó Dónaill, 1977, 833) |
| phill | in áit 'd'fhill' an Chaighdeáin<br>"**pill, ~eadh** = FILL, -EADH," (Ó Dónaill, 1977, 949)<br>"/f′iL′ m′ə/, 'I returned' ... (i.e. phill mé)," (Quiggin, 1906, 83) |
| rabh | "**rabh = raibh** : BÍ," (Ó Dónaill, 1977, 977)<br>"... ní raibh a fhios aige, ... /ɴ′i ro ïs ïgə/," (Hughes, 1986, 29 & 30) |
| rinn | "**rinn = rinne** : DÉAN," (Ó Dónaill, 1977, 1001) |

| | |
|---|---|
| | "... rinne mé dearmad, /... rIɴ′ m′ə d′ὲrəməd/," (Hughes, 1986, 17 & 18) |
| smaoitigh | "*smaointiú* [smʎ:t′u]," (Hughes, 1994, 627) |
| | "... a smaoitiughadh ar fhéin, /... ə smy:t′u ər hi:n′/," (Hughes, 1986, 73 & 74) |
| theich | in áit 'theith' an Chaighdeáin |
| | "**teich, ~eadh** = TEITH, -EADH," (Ó Dónaill, 1977, 1223) |
| thoisigh | in áit 'thosaigh' an Chaighdeáin |
| | "**toiseacht,** *f,* **toisigh** = TOSÚ, TOSAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 1252) |
| | "/... hɔsi:/, ... thoisigh," (Quiggin, 1906, 202 & 203) |
| thúsaigh | in áit 'thosaigh' an Chaighdeáin |
| | "**túsacht,** *f,* **túsaigh** = TOSÚ, TOSAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 1289) |
| | "/hu:si:/, thúsaigh," (Quiggin, 1906, 240 & 241) |
| | "... agus thúsaigh sí féin ...," (Ó Catháin, 1985, 69) |

4.3 Aimsir Fháistineach:

4.3.1 "**An aimsir fháistineach.** An chéad réimniú: ... coibh. *a* ghlanfas ... An dara réimniú: ... *ceannóchaidh sé* /k′aɴaxə s′e/ ..., coibh. *a cheannóchthas* /ə k′aɴəhəs/," (Hughes, 1994, 643).

Nuair a chuirtear athruithe i bhfeidhm ar litriú na mbriathar san aimsir fháistineach, mar a fhaightear sna lámhscríbhinní iad, ní athraítear na foircinn –

(i) *-eochaidh/-óchaidh* (agus tá nóta mínithe le roinnt focal):

ceannglóchaidh muid, ní chodlóchaidh, coinneochaidh mé, a n-éireochaidh tú,

fanóchaidh mé, inseochaidh, (in áit 'inseoidh' an Chaighdeáin. "... inseochaidh mé, /... Iɴ′ʃahə m′ə/," (Hughes, 1986, 55 & 56)), fiafróchaidh, fosclóchaidh, ní mhusclóchaidh ("**múscail,** ... (*Var:* **muscail**)," (Ó Dónaill, 1977, 891)), socróchaidh sin, tarraingeochaidh sí.

(ii) *-fas -eochas/-óchas*:

a bhéarfas mé, a chaithfeas tú, a chuirfeas, mar a éireochas, a fhiafróchas, a gheobhas, a ghoidfeas, a iarrfas, a líonfas, a mhothóchas, a phillfeas, a phósfas, a rachas, a shocarfas, a thiocfas.

4.3.2 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| a b(h)éas | a b(h)eas | "the future form béas has been heard lenited and unlenited: Is beag a bhéas [v′e:s] ag goil isteach. Few will be going (to heaven). Draw a béas [b′e:s] ann. It (match) will end in a draw." (Hughes, 1986, 292)<br>"... nuair a bheas sí bainte agat," (Ó Catháin, 1985, 47) |
| béidh | beidh | |
| dheánfaidh mé | dhéanfaidh mé | in áit 'déanfaidh mé' an Chaighdeáin<br>"San fháist. agus sa choinn. cluintear /ja:nh-i, -u/ neamhspl. Scríobhtar iad seo mar *dhéanfaidh* ..." (Hughes, 1994, 652) |
| a dheánfaimist | a dhéanfaimist | amharc ar Nóta Ginearálta 1.6 thuas |
| a dheánfas muid | a dhéanfas muid | |
| nach/a/ní bhfuighidh | nach/a/ní bhfaighidh | "**fuighidh,** *var. fut. dep. of* FAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 590) |
| imtheochaidh | imeochaidh | in áit 'imeoidh' an Chaighdeáin<br>"*imtheochaidh tú* /im'ahə tu/, (Hughes, 1994, 652) |
| leigfidh | ligfidh | |

| | | |
|---|---|---|
| léigheasfaidh | leigheasfaidh | |
| muirbhfidh | muirfidh | in áit “maróidh” an Chaighdeáin<br>“**muirfidh,** *var. fut. of* MARAIGH,” (Ó Dónaill, 1977, 887)<br>“**Marbhaim, -adh**... *fut. stem. al.* muirbh-,” (Dinneen, 1927, 715) |
| a mhuirbhfeas | a mhuirfeas | |
| réidhteochaidh | réiteochaidh | |
| a shaoileas | a shíleas | |
| teistheanfaidh | taiseánfaidh | “**taiseáin** = TAISPEÁIN,” (Ó Dónaill, 1977, 1196)<br>“/t′esanuw/, teiseanadh,” (Quiggin, 1906, 222 & 223)<br>“[t′ὲʃan′hi m′Iʃə dïd ə so̤lmɑ ɴ′Im′i tu],<br>'I shall show you it before you go',” (Hughes, 1986, 479) |
| ní thionntochaidh | ní thiontóchaidh | |

| 4.3.3 Neamhathraithe: | nóta: |
|---|---|
| bhéarfaidh | in áit 'tabharfaidh' an Chaighdeáin<br>“**bhéarfaidh,** *var. fut. of* TABHAIR,” (Ó Dónaill, 1977, 105) |
| fanóchaidh | in áit 'fanfaidh' an Chaighdeáin<br>“In amanna baintear úsáid as an fhoirceann -*(e)óchaidh/- (e)óchadh* áit a mbeifí ag dúil le *-f(a)idh/-f(e)adh:* m.sh., *fanóchaidh*, in áit *fanfaidh, ...*(Hughes, 1994, 643) |
| fúigfidh | faightear 'fágfaidh' agus 'fúigfidh' sna scéalta<br>“**fúig** = FÁG,” (Ó Dónaill, 1977, 590),<br>“**Fúigim**, a *var.* form of **fágaim** ...,” (Dinneen, 1927, 496) |

## 4.4 Aimsir Ghnáthchaite:

4.4.1 Nuair a léiritear sna lámhscríbhinní an deireadh "/əd/ roimh fhorainm in *s*-," (Hughes, 1994, 643) san aimsir ghnáthchaite, athraítear *-(e)ad* go *-(e)adh* é mar a leanas, agus cuirtear nótaí mínithe idir lúibíní le roinnt focal:
*bhíod siad*, bhíodh siad, *chaithead sé*, chaitheadh sé, *chuiread sé*, chuireadh sé, *d'fhéachad siad*, d'fhéachadh siad, *gheibhead sé*, gheibheadh sé, ("***fáil***.... **T. gnáthchaite**: *gheibheadh*," (Hughes, 1994, 652)), *d'imthighead sí*, d'imíodh sí, *léighead sé*, léagh sé, *tcíod sé*, tíodh sé, ("**T. gnáthchaite** *tíodh sé,..*," (Hughes, 1994, 651)), *thugad siad*, thugadh siad.

4.4.2 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| a mbiththidhe | a mbíthí | "**8.2** ***Beith*** ... **Gnathchaite:** ... cé. *bhíthí*," (Hughes, 1994, 648) |
| chuirtidhe | chuirtí | |
| ní fhághad siad | ní fhaigheadh siad | "**fagh** = FAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 503) |
| théigheadh | théadh | |
| thugtaoi | thugtaí | saorbhriathar |

## 4.5 Aimsir Ghnáthláithreach

4.5.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| bidh | bí | "**8.2** ***Beith*** **... T. gnáthláithreach:** 3. *bíonn/bídh sé*," (Hughes, 1994, 648) "**bí,** ... (*Var: pres. hab.& subj.* **bí**)," (Ó Dónaill, 1977, 106) |

4.5.2 Neamhathraithe:

| | |
|---|---|
| bíos | "**8.2** ***Beith*** **... T. gnáthláithreach:** coibh. *(a) bíos...*," (Hughes, 1994, 648) |

## 4.6 Aimsir Láithreach:

### 4.6.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| aithnighim | aithním | |
| cuidigheann | cuidíonn | |
| (má) gnidh | (má) ní | in áit 'déanann' an Chaighdeáin "**ní,** *var. pres. of* DÉAN," (Ó Dónaill, 1977, 910) |
| imthigheann | imíonn | |
| (má) imrigheann | (má) imríonn | |
| (má) leigeann | (má) ligeann | |
| réidhtigheann | réitíonn | |
| (má) sháruigheann | (má) sháraíonn | |
| tcídhthear | títear | saorbhriathar |
| tcím, tcídh (tú) | tím, tí (tú) | "**8.6** ***feiceáil(t).*** **T. Láithreach:** 1u. *tím, tí sé*," (Hughes, 1994, 651)<br>"/t′i:m/, 'I see'," (Quiggin, 1906, 130) |
| (má) théigheann | (má) théann | |

### 4.6.2 Neamhathraithe:

| | nóta: |
|---|---|
| sílidh (tusa) | in áit 'síleann' an Chaighdeáin<br>"**Aimsear Láithreach** ... bíonn an seanfhoirceann *-idh* le fáil mar fhoirm neamhspleach i nGaeilge Thír Chonaill ...," (Hughes, 1994, 640) |
| téid | in áit 'téann' an chaigheáin<br>"**téid. 1 = téann**: TÉIGH," (Ó Dónaill, 1977, 1223)<br>"**8.9** ***ghoil/ghuil*** 'dul' ... **T. láithreach:** ... 3 *t(h)éid sé*," (Hughes, 1994, 653) |

4.7 An tAinm Briathartha:

4.7.1 Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar litriú an ainm bhriathartha chun caighdeánú a chur i bhfeidhm de réir *Gramadach agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004), agus cuirtear nóta mínithe le roinnt focal mar a leanas:
*a altughadh*, a altú, *a bhleaghan*, a bhleán, *beannughadh*, beannú, *ag cainnt*, ag caint, *ag cárdáil*, ag cardáil, *'na c(h)omhnaidhe*, ina c(h)ónaí, *ag comhrádh*, ag comhrá, *dá crádh*, dá crá, *a' cuartaidheacht,* ag cuartaíocht, *ag cunntas*, ag cuntas, *ag éirghe /éirigh*, ag éirí, *a fhagháil*, a fháil, *le fagháil*, le fáil, *fiafruigh*, fiafraí, *a fhuaigheall*, a fhuáil, *ag geárradh*, ag gearradh, *ag imtheacht*, ag imeacht, *leanamhaint*, leanúint, *leigean*, ligean, *a luadh*, a lua, *a luighe*, a luí, ([lI:] gan an fhuaim /ə/: "... a bhí ina luighe, /... ə v′i ɴə LI:/," (Hughes, 1986, 43 & 44)), *a mharcaidheacht*, a mharcaíocht, *a rádh*, a rá, *a shaothradh*, a shaothrú, *a siubhal*, ag siúl, *a slathaidheacht*, ag slathaíocht, *a' smaoitiughadh*, ag smaoitiú, ("**An t-ainm briathartha ...** *-ughadh* (= *ú* an lae inniu)," (Hughes, 1994, 646)), *sonnradh*, sonrú, *a shugh*, a shú, *ina s(h)uidhe*, ina s(h)uí, ([sI:] gan an fhuaim /ə/: "/ro ʃə ɴə hI ɴər′ h′an′ik˓′˒ tu/, 'had he got up when you arrived'," (Hughes, 1986, 478)), *ag suirghe*, ag suirí, *tosughadh*, tosú.

4.7.2 "Nuair a bhíonn gluaiseacht nó tosú i gceist baintear úsáid as *a* (< *do*) in áit *ag*: m.sh., *tá sé ag gearradh adhmaid* ach *chuaigh sé a ghearradh adhmaid.* Roimh ghuta bíonn *dh'* ann," (Hughes, 1994, 647). Cuirtear isteach an réamhfhocal *a* nuair a bhíonn sé in easnamh mar a leanas agus foirm na lámhscríbhinní i gcló iodálach nuair a athraítear a litriú:
a dh'amharc, *a dh'éirghe*, a dh'éirí, *a dh'fhoghluim*, a dh'fhoghlaim, *a dh'imtheacht*, a dh'imeacht, *a dh'innse*, a dh'inse, *caidé 'tá tú dh'iarraidh air*, caidé atá tú a dh'iarraidh air, *a dh'fhidileóracht*, a dh'fhidiléireacht, a dh'obair, a dh'ól.

4.7.3 Amharc ar Chaibidil 2 maidir le "Úsáid fhoirm na haidiachta sealbhaí *á* in áit *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl," agus "Úsáid fhoirmeacha na haidiachta sealbhaí *á* agus *dá* mar chuspóir an ainm bhriathartha."

4.7.4 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| a' báistigh | ag báistí | in áit 'ag báisteach' an Chaighdeáin<br>“**báistí**: BÁISTEACH,” (Ó Dónaill, 1977, 81) |
| bleaghan | bleán | |
| ag blighe | ag blí | in áit 'bleán' an Chaighdeáin nuair a fhaightear sna scéalta é<br>“**blí,** *m* = BLEÁN,” (Ó Dónaill, 1977, 115) |
| bliodhghan | blíon | in áit 'bleán' an Chaighdeáin nuair a fhaightear sna scéalta é<br>“/b'l'ïgən/, to milk,” (Quiggin, 1906, 42)<br>“**blíonn,** = BLIGH,” (Ó Dónaill, 1977, 116) |
| ag coimhead | ag coimheád | “**coimhéad,** (*Var:* **coimheád**),” (Ó Dónaill, 1977, 265)<br>“/kïvɑd/, 'to watch, look at,' also 'to mind',” (Quiggin, 1906, 8) |
| cruinneadh | cruinniú | |
| (a) crupú | (ag) crupadh | in áit 'crapadh' an Chaighdeáin<br>“**crupadh** - CRAPADH,” (Ó Dónaill, 1977, 331 |
| cuideadh | cuidiú | |
| a' deánamh | ag déanamh | |
| a dheánamh | a dhéanamh | |
| a dealáil | ag deileáil | |
| ag éagcaoin | ag éagaoin | “**éagc-.** For words not found under ÉAGC- see ÉAG-,” (Ó Dónaill, 1977, 474) |
| a' gabhail | ag gabháil | |
| a ghrúsachtaighil | a ghnúsachtáil | “Fuaimnítear *n* sna cairn *cn-, gn-, mn-, t(s)n-* mar /r/, /r'/ roimh ghutaí cúil agus guta tosaigh faoi seach,” (Hughes, 1994, 623) |

| | | |
|---|---|---|
| a/ag innse | a/ag inse | in áit 'insint' an Chaighdeáin<br>“**inse**, *f*, = INSINT,” (Ó Dónaill, 1977, 713)<br>“bhí seandaoine ... á inse domsa,” (Ó Catháin, 1985, 21)<br>“[tɑ m′Iʃə g′Iɴ′ʃə dït′ʃə ... ], 'I am telling you',” (Hughes, 1986, 452) |
| a léigheas | a leigheas | |
| leath-mharbha | leathmharbhadh | in áit 'leathmharú' an Chaighdeáin<br>“**marbh, ~adh,** *m* = MARAIGH, MARÚ,” (Ó Dónaill, 1977, 833)<br>“[ə mɑrəwə; mɑruwə], killing, [mɑrəwu γɑ hèid′ər], 'Two soldiers were killed',” (Hughes, 1986, 456 & 457) |
| a' rathaidh | ag reathaidh | in áit 'ag rith' an Chaighdeáin<br>“**reath** = RITH,” (Ó Dónáill, 992)<br>“/rɑhəm/, 'I run' ... reathaim,” (Quiggin, 1906, 95 & 185) cf “'I shall run', infin ... /rɑhi:/,” (Quiggin, 1906, 69) |
| ag saothradh | ag saothrú | |
| a shábhail | a shábháil | |
| a stripeáil | ag struipeáil | |
| a teannú | ag teannadh | |
| a(g) teisbeaint | ag taisbeáint | “**taisb-** = TAISP-,” (Ó Dónaill, 1977, 1195) |
| a(g) teistheaint | ag taiseáint | “**taiseáin** = TAISPEÁIN,” (Ó Dónaill, 1977, 1196)<br>“/t′esanuw/, teiseanadh,” (Quiggin, 1906, 222 & 223)<br>“[t′èʃan′hi m′Iʃə dïd ə so̤lmɑ ɴ′Im′i tu], 'I shall show you it before you go',” (Hughes, 479) |
| a thionntogh | a thiontú | |
| a thuitim | a thitim | “**tuitim**, ... = TITIM, ...,” (Ó Dónaill, 1977, |

| | |
|---|---|
| | 1286) |
| 4.7.5 Neamhathraithe: | nóta: |
| (ag) bogadaigh | in áit 'ag bogadach' an Chaighdeáin |
| a choinneáilt | amharc ar Nóta Ginearálta 1.6 thuas |
| a chrathadh | in áit 'a chroitheadh' an Chaighdeáin<br>"**crathadh, =** CROITHEADH," (Ó Dónaill, 1977, 312) |
| coradh | "**coradh** ... *vn. of* COR." (Ó Dónaill, 1977, 296) |
| a dhúblú | in áit 'dúbailt' an Chaighdeáin<br>"**dúblú,** = DÚBAILT," (Ó Dónaill, 1977, 458) |
| ag féacháil(t) | in áit "ag féachaint"<br>"**féachaint,** ... (*Var*: **féacháil**)," (Ó Dónaill, 1977, 522)<br>amharc ar Nóta Ginearálta 1.6 thuas |
| ag fiacháil | "**fiacháil, ... 1 =** FÉACHAINT," (Ó Dónaill, 977, 538) |
| ag fóirstean | in áit 'ag fóirithint' an Chaighdeáin<br>"**fóirstean** = FOIRITHINT," (Ó Dónaill, 1977, 563)<br>"**fóireann**, **1.** *Oireann*, ... rinn sé an tríomhadh péire *(bróg)* agus bhí sia sin a fóirstean i gceart dó." (Ó hAirt, faoi F) |
| ag géillstean | in áit 'ag géilleadh' an Chaighdeáin<br>"**géillstean** = GÉILLEADH," (Ó Dónaill, 1977, 627)<br>"**géillstean**, *Ag géillstean do, (ag baint leis, ina sheilbh aige)*," (Ó hAirt, faoi G) |
| a iomchar | in áit 'iompar' an Chaighdeáin<br>"**iomchair** = IOMPAIR," (Ó Dónaill, 1977, |

| | |
|---|---|
| | 719) |
| leanstan | in áit 'leanúint' an Chaighdeáin<br>“**leanstan,** ... = LEANÚINT ...,” (Ó Dónaill, 1977, 763) |
| léimint | in áit 'léim' an Chaighdeáin<br>“**léimint,** *var. vn. of* LÉIM,” (Ó Dónaill, 1977, 776) |
| marbhadh | in áit 'marú' an Chaighdeáin<br>“**marbh, ~adh,** *m* = MARAIGH, MARÚ,” (Ó Dónaill, 1977, 833)<br>“*Marawa* a deirtear,” (Ó Baoill, 1996, 144)<br>“[ə mɑrəwə; mɑruwə], killing, [mɑrəwu γɑ hèid′ər], 'Two soldiers were killed',” (Hughes, 456 & 457) |
| pilleadh | in áit 'filleadh' an Chaighdeáin<br>“**pill, ~eadh** = FILL, -EADH,” (Ó Dónaill, 1977, 949)<br>“/p′iL′uw/, 'to return',” (Quiggin, 1906, 125) |
| á rósadh | “**rós** = RÓST,” (Ó Dónaill, 1977, 1011) |
| ag scabadh | in áit 'scaipeadh' an Chaighdeáin<br>“**scab, ~adh** = SCAIP. -EADH, (Ó Dónaill, 1977, 1035) |
| ag smaoitiú | ... a smaoitiughadh ar fhéin, /... ə smy:t′u ər hi:n′/, (Hughes, 1986, 73 & 74) |
| teicheadh | in áit 'teitheadh' an Chaighdeáin<br>“**teich, ~eadh** = TEITH, -EADH,” (Ó Dónaill, 1977, 1223) |

## 4.8 An Aidiacht Bhriathartha:

4.8.1 Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar litriú na haidiachta briathartha chun caighdeánú a chur i bhfeidhm de réir *Gramadach agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán ,* (B.Á.C. 2004):
*báidhte*, báite, *blighte*, blite, *bruithte*, bruite, *cárdailte*, cardáilte, *caithte*, caite, *ithte*, ite, *scríobhtha*, scríofa, *siubhalta*, siúlta, *prionntailte*, priontáilte, *ráidhte*, ráite, *sníomhtha*, sníofa.

4.8.2 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| breacuighthe | breacaithe | |
| ceangluighthe | ceanglaithe | in áit 'ceangailte' an Chaighdeáin |
| críochnuigh' | críochnaithe | |
| cruinn' | cruinnithe | |
| cuartaigh' | cuartaithe | in áit 'cuardaithe' an Chaighdeáin “**cuartaigh** = CUARDAIGH,” (Ó Dónaill, 1977, 335) |
| cumhdaigh' | cumhdaithe | |
| deánta | déanta | |
| foghluimnigh' | foghlaimnithe | in áit 'foghlamtha' an Chaighdeáin “**foghlaim,** ... (*Var:* **~(n)igh**),” (Ó Dónaill, 1977, 559) |
| greamuigh' | greamaithe | |
| innsíste | insíste | in áit 'inste' an Chaighdeáin ar bhonn canúna |
| loitigh' | loite | |
| meaithte | meaite | “**meaite,** = MEATA,” (Ó Dónaill, 1977, 841) |
| náirigh' | náirithe | |
| réidhthigh' | réitithe | |
| scaithte | scaite | “**scaite = scoite:** SCOITH,” (Ó Dónaill, 1977, 1039) |
| seaduigh' | seadaithe | |

| | | |
|---|---|---|
| sgannruigh' | scanraithe | |
| smaoitighthe | smaoitithe | in áit 'smaoinithe' an Chaighdeáin |
| tachtuigh' | tachtaithe | |

| 4.8.3 Neamhathraithe: | nóta: |
|---|---|
| díbríste | in áit 'díbeartha' an Chaighdeáin |
| fighte | in áit 'fite' an Chaighdeáin<br>"**fighte,** *var. pp. of* FIGH," (Ó Dónaill, 1977, 543) |
| gaibhte | in áit 'gafa' an Chaighdeáin<br>"**gaibhte. 1** = GAFA," (Ó Dónaill, 1977, 601)<br>"gafa: *Goite* (<gaibhte) a deirtear. *Tá an gadaí goite acu*. 'captured, arrested' *Tá sé gaibhte san ucht*. 'caught in the chest'," (Ó Baoill, 1996, 138)<br>faightear 'guite' sna lámhscríbhinní fosta |
| náiríste | in áit 'náirithe' an Chaighdeáin ar bhonn canúna |
| stróctha | in áit 'stróicthe' an Chaighdeáin<br>"**stróc,** = STRÓIC," (Ó Dónaill, 1977, 1173) |
| treaibhte | in áit 'treafa' an Chaighdeáin |

## 4.9 Modh Coinníollach:

4.9.1 "**An modh coinníollach.** An dara réimniú /x′aɴah-/: 3 u. *cheannóchadh*," (Hughes, 1994, 643). Nuair a chuirtear athruithe i bhfeidhm ar litriú na mbriathar sa mhodh coinníollach, mar a fhaightear sna lámhscríbhinní iad, ní athraítear an fhoirceann *-eochadh/-óchadh* mar a leanas:

a choinneochadh, *a chruthochadh*, a chruthóchadh, a chuideochadh liom,

*d'fhoghluimneochadh*, d'fhoghlaimneochadh, ("**foghlaim,** ... (*Var:* **~(n)igh**)," (Ó Dónaill, 1977, 559)), *mhusglochadh*, mhusclóchadh.

4.9.2 Nuair a léiritear sna lámhscríbhinní an deireadh "/əd/ roimh fhorainm in *s*-," sa mhodh coinníollach (Hughes, 1994, 643), athraítear *-(e)ad* go *-(e)adh* é mar a leanas: *dá mbead siad*, dá mbeadh siad, *a bhéarfad*, siad a bhéarfadh siad, *chaithfead sí*, chaithfeadh sí, *chuirfead siad*, chuirfeadh siad, *a ndeánfad sibh-se*, [d]á ndéanfadh sibhse, *d'fhéadfad sé*, d'fhéadfadh sé, *dá bhfeicfead siad*, dá bhfeicfeadh siad, *a bhfóirfead sé*, a bhfóirfeadh sé, *dá n-iarrfad sé*, dá n-iarrfadh sé, *ní innseochad sí*, ní inseochadh sí, *mheasfad siad*, mheasfadh siad, *a/ an rachad sé*, a/ an rachadh sé, *smaoiteochad sé*, smaoiteochadh sé, ("... a smaoitiughadh ar fhéin, /... ə smy:t′u ər hi:n′/," (Hughes, 1986, 73 & 74)).

4.9.3 Nuair a chríochnaíonn dara pearsa uathu an bhriathair sa mhodh coinníollach le *-tha* agus an briathar saor le *-thidhe* sna lámhscríbhinní athraítear an *-tha* go *-thá* agus an *-thidhe* go *-thí.* Ní athraítear *-th-* go *-f-* an Chaighdeáin toisc:
(i) is "gnách gur fuaim /h/ a bhíonn le *-f-* sna dálaí seo ..." (Hughes, 1994, 644), agus
(ii) an difríocht idir an dá fhuaim seo a thaispeáint mar a léiríonn "cheannóchthaí /x′aɴahi/ ( ... lár Thír Chonaill), /x′aɴafi/ (Teil.)" (Hughes, 1994, 643).
Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar litriú na lámhscríbhinní:
*dá mbeirthidhe*, dá mbeirthí, *dá gcuirthidhe*, dá gcuirthí, *dá gcruinneochtha*, dá gcruinneochthá, *'á n-éireochtha*, dá n-éireochthá, *dá bhfághthaidhe*, dá bhfaighthí, *a' bhfuightheá*, an bhfaightheá, *a gheobhtha*, a gheobhthá, *ghiorrochtha*, ghiorróchthá, *a dtoiseochtha*, [d]á dtoiseochthá, *dá dtugthaidhe*, dá dtugthaí.

4.9.4 "Is minic fosta an modh coinn. in áit an fhoshuitigh chaite," (Hughes, 1994, 646). "There is a strong tendency for the conditional to replace the past subjunctive," (Hughes, 1986, 275). Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar fhoirm an choinníollaigh a fhaightear in áit an fhoshuitigh chaite. Cuirtear na hathruithe i 4.9.2 agus 4.9.3 i bhfeidhm anseo fosta agus cuirtear nóta mínithe le roinnt focal mar a leanas:
*go n-aithneochtha,* go n-aithneochthá, *go mbainfead sé,* go mbainfeadh sé, *go mbéad*

*sé,* go mbeadh sé, *go mbéinn,* go mbeinn, *go mbrúghfad sé*, go mbrúfadh sé, *go mbuailfead sí,* go mbuailfeadh sí, *go gcaithfead sé,* go gcaithfeadh sé, *go gcoinneochad sé,* go gcoinneochadh, *nach gcorochad* sé, nach gcoróchadh sé, *go gcrochfaidhe,* go gcrochfaí, *go gcuirfead sé,* go gcuirfeadh sé, *go gcuirfidhe /-thidhe*, go gcuirfí /-thí, *go ndeánfad siad,* go ndéanfadh siad, *go ndeánfainn,* go ndéanfainn, *go ndíbearfad sé,* go ndíbearfadh sé, (in áit 'go ndíbreodh sé' an Chaighdeáin), *nach ndíolfad sé,* nach ndíolfadh sé, *nach bhfágfad sé,* nach bhfágfadh sé, *go bhfághthaidhe*, go bhfaighthí, ("**fagh** = FAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 503)), *go bhfanochad sé,* go bhfanóchadh sé, ("In amanna baintear úsáid as an fhoirceann -*(e)óchaidh/-(e)óchadh* áit a mbeifeá ag dúil le *-f(a)idh/-f(e)adh:* m.sh ... *d'fhanóchadh* in áit d'fhanfadh," (Hughes, 1994, 643)), *go bhfeicfead sí,* go bhfeicfeadh sí, *go bhfuighead sé,* go bhfaigheadh sé, *go bhfuightheá*, go bhfaightheá, ("**fuigheadh,** *var. cond. dep. of* FAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 590)), *go bhfuighfí*, go bhfaighfí, *go bhfúigfead sé,* go bhfúigfeadh sé, *go ngiorrochtha,* go ngiorróchthá, *go n-imtheochad sé,* go n-imeochadh sé, *go n-innseochtha,* go n-inseochthá, *go n-innseochad sé,* go n-inseochadh sé, *go leagthaidhe*, go leagthaí, *go léimfead sé,* go léimfeadh sé, *go muirbhfeadh,* go muirfeadh, *go musclochadh,* go musclóchadh, *go náireochad sé,* go náireochadh sé, *go bposfad sé,* go bpósfadh sé, *go/nach rachad sé,* go/nach rachadh sé, *go réidhteochainn*, go réiteochainn, *go rósfad siad,* go rósfadh siad, *go sílfead siad,* go sílfeadh siad, *go siúlfad sé,* go siúlfadh sé, *go socrochad sé,* go socróchadh sé, *nach stadfad siad,* nach stadfadh siad, *go dtabharfad sé,* go dtabharfadh sé, *go dtarraineochadh sé*, go dtarraingeochadh sé, *go dtiocfad siad,* go dtiocfadh siad.

4.9.5 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| bhéadh | bheadh | |
| bhéinn | bheinn | |
| chluinfidhe | chluinfí | |
| ní dheánfadh | ní dhéanfadh | |
| dheánfainn | dhéanfainn | |
| d'fhúigfead sé | d'fhúigfeadh sé | "**fúig** = FÁG," (Ó Dónaill, 1977, 590)<br>"**Fúigim**, a *var.* form of **fágaim** ...," |

| | | |
|---|---|---|
| | | (Dinneen, 1927, 496) |
| a bhfuighead sé | a/an bhfaigheadh sé | “**fuigheadh,** *var. cond. dep. of* FAIGH,” (Ó Dónaill, 590) |
| (nach) bhfuighinn | (nach) bhfaighinn | |
| a d'iarrfaidhe uirthi | a d'iarrfaí uirthi | |
| ní leigfeadh | ní ligfeadh | |
| leigfidhe | ligfí | |
| léigheasfadh | leigheasfadh | |
| go moitheochad sé | go mothóchadh sé | in áit 'mothódh' an Chaighdeáin |
| tcídfead sí | tífeadh sí | “***feiceáil(t).* Coinn ...** *tífeadh sé*,” (Hughes, 1994, 651). |

| | |
|---|---|
| 4.9.6 Neamhathraithe: | nóta: |
| a mbeitheá | “**8.2** ***Beith*** ... **Coinníollach:**...2 (u) *bheitheá*,” (Hughes, 1994, 648) |

4.10 Modh Foshuiteach:

4.10.1 Nuair a léiritear an deireadh “/əd/ roimh fhorainm in *s*-,” (Hughes, 1994, 643) sa mhodh foshuiteach caite, “atá ar aon dul le foirmeacha spleácha na haimsire gnáthchaite,” (Hughes, 1994, 646), athraítear *-e/ad* go *-e/adh*, agus athraítear *-ighead* go *-íodh* mar a leanas:
*“dá mbrisead sé, dá mbriseadh sé,go gcuidighead sé*, go gcuidíodh sé, *dá ndeánad sé*, dá ndéanadh sé, *go ndíolad sé*, go ndíoladh sé, *go bhfágad sé*, go bhfágadh sé, *go n-insighead*, go n-insíodh, *go n-ithead*, go n-itheadh, *go nglacad sé*, go nglacadh sé, *go marbhad* sé, *go marbhad sé*, go marbhadh sé, *go marbhuighead sé*, go marbhaíodh sé, *go réidhtighead sé*, go réitíodh sé, *go sroichead sé*, go sroicheadh sé, *dá dtaitnighead sí*, dá dtaitníodh sí, *go dtéighead sé*, *dá dtéighead sé*, dá dtéadh (sé), go dtéadh sé, *go dtógad sé*, go dtógadh sé, *go dtugad sé*, go dtugadh sé, *dá dtugad sé*, dá dtugadh sé.

4.10.2 Deir Hughes (1994, 646) “... gur coitianta go maith foirmeacha mar *go mbrise*

/-ə/ agus *go mbrisidh* /-i/ ag uainíocht ar a chéile in iarthar an Chúige."

Ní dhéantar aon athrú ar na samplaí a leanas den mhodh foshuiteach láithreach a chríochnaíonn le */-idh/* a fhaightear sna lámhscríbhinní, foirm an Chaighdeáin idir lúibíní:

go mbeiridh (go mbeire), go gcaithidh tú (go gcaithe tú), go gcluinidh (go gcluine), go gcuiridh (go gcuire), mur ndéanaidh mise (mura ndéana mise), go ndíolaidh (go ndíola), go ngearraidh mise (go ngearra mise), mur ngoididh sé (mura ngoide sé), go n-ithidh tú (go n-ithe tú), sula bpillidh tú (sula bhfille tú), go dtéighidh mé (go dté mé), go dtigidh (go dtaga), go dtroididh (go dtroide), sula dtugaidh (sula dtuga).

4.10.3 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| dá gcailltidhe | dá gcaillltí | |
| go gcodluighidh | go gcodlaí | |
| go gcríochnuighidh | go gcríochnaí | |
| go gcualaidh | go gcualaigh | '-idh' athraithe go '-igh' i bhfoirm chaite an bhriathair |
| dá ndeánaimist | dá ndéanaimist | amharc ar Nóta Ginearálta 1.6 thuas |
| nach n-éirigheadh | nach n-éiríodh | |
| go bhfaca' sé | go bhfaca sé | "[ɴ′ akə tu ri:u ...], 'You never saw ...'," Hughes, 1986, 443) |
| go bhfacaidh sé | go bhfacaigh sé | '-idh' athraithe go '-igh' i bhfoirm chaite an bhriathair |
| go/sula bhfághad sí | go bhfaigheadh sí | "**fagh** = FAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 503) |
| mur/go bhfághaidh | mur/go bhfaighidh | "Is minic foirm na haimsire fáistíní á cur in ionad na foirme seo, *go dtóga(idh) mé > go dtógfaidh mé*," (Hughes, 1994, 646) |
| nach bhfághaim | nach bhfaighim | "**fagh** = FAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 503) |
| go/nach bhfághainn | go/nach bhfaighinn | "**fagh** = FAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 503) |
| go bhfuaruighead sé | go bhfuaraíodh sé | |
| sula n-imthighidh tú | sula n-imí tú | "[... so̤lmɑ ɴ′Im′i tu]," (Hughes, 1986, 479) |

| | | |
|---|---|---|
| go n-imthigheadh | go n-imíodh | |
| dá n-imthinn | dá n-imínn | |
| dá n-innsighinn | dá n-insínn | |
| go marbhuighidh | go marbhaí | in áit 'go maraí' an Chaighdeáin |
| go muirbhfear tú | go muirfear tú | in áit 'marófar' an Chaighdeáin "**muirfidh,** *var. fut. of* MARAIGH," (Ó Dónaill, 1977, 887) |
| go bpóstaidhe | go bpóstaí | |
| go sárochaidh sé | go sáróchaidh sé | |
| go dtáinic | go dtáinig | |
| go dteárn | go dtearn | "**tearn(a) = dearna** : DÉAN," (Ó Dónaill, 1977, 1221) |
| go dteachaidh | go dteachaigh | '-idh' athraithe go '-igh' i bhfoirm chaite an bhriathair |
| nach dteárn | nach dtearn | "**tearn(a) = dearna** : DÉAN," (Ó Dónaill, 1977, 1221) |
| dá dtéighinn | dá dtéinn | |

| | |
|---|---|
| 4.10.4 Neamhathraithe: | nóta: |
| dá mbítheá | "**8.2 *Beith*. Gnáthchaite:** 2(u) *bhítheá*," (Hughes, 1994, 648) |
| nach rabhthar | "**Foshuiteach láithreach:** ... *go/ná rabhthar* /rohər/," (Hughes, 1994, 648) |
| [d]á dtéightheá | "**An Aimsir Ghnáthchaite.** I lár Thír Chonaill chluinfí *ghlánthá* ... le /h/ murab ionann agus foirmeacha den mhodh coinn. *ghlanfá* ...," (Hughes, 1994, 645) |
| go, mur dtigeadh | in áit 'go dtagadh,' foirm na haimsire gnáthchaite "***teacht*** ... **T. gnáthchaite:** *(ní) thigeadh*," (Hughes, 1994, 654) |
| dá dtigeadh | "dá dtigeadh an aimsir ... /da d′ig′u ə |

| | | |
|---|---|---|
| | | Nɑm′ʃər′ ... /," (Ó hEochaidh agus Wagner, 1962-64, 47) |
| | | "**8.10 *teacht* ...T. gnáthchaite:** *(ní) thigeadh (sé)*," (Hughes, 1994, 654). |
| [d]á dtigtheá | | "**An Ainsir Ghnáthchaite.** I lár Thír Chonaill chluinfí *ghlánthá* ...le /h/ murab ionann agus foirmeacha den mhodh coinn ...," (Hughes, 1994, 645) |

4.10.5 Deir Deir Hughes (1994, 646) "Is minic foirm na haimsire fáistiní á cur in ionad na foirme seo, *go dtog(idh) mé > go dtógfaidh mé* (O'Rahilly, 1932, 23-1; Hughes, 1986, 274)."

Ní dhéantar aon athrú ar na samplaí a leanas den mhodh foshuiteach fáistineach a fhaightear sna scéalta:

go gcaithfidh, go n-éireochaidh, go bhfeicfidh.

## 4.11 Modh Ordaitheach:

### 4.11.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| abraigidh | abraigí | |
| bí | bíodh | 3. uatha<br>"bíodh geall nach mó ná go bhfuightheá gáirleog ..., /b′i: g′aL ɴɑmo ... /," (Hughes, 1986, 15 & 16) |
| bidh/bíodh | bí | 2. uatha |
| bidhigidh | bígí | |
| cuirigidh | cuirigí | |
| deán | déan | |
| díolaigidh | díolaigí | |
| fá | faigh | |

| | | |
|---|---|---|
| fághaigidh | faighigí | |
| fanaigidh | fanaigí | |
| fastoidh | fastaigh | "**fastó(dh),** ... = FOSTÚ," (Ó Dónaill, 1977, 520) |
| gabhaigidh | gabhaigí | |
| glacaigidh | glacaigí | |
| imthigh | imigh | |
| imthigidh | imigí | |
| innsighidh | insígí | |
| ithigidh | ithigí | |
| leig | lig | |
| na marbhaighidh | ná marbhaígí | in áit 'maraígí' an Chaighdeáin "**marbh, ~adh,** *m* = MARAIGH, MARÚ," (Ó Dónaill, 1977, 833) |
| siubhail | siúil | |
| tcídh | tí | "*tím, tí sé*," (Hughes, 1994, 651) |
| tosuigh | tosaigh | |

| | | |
|---|---|---|
| 4.11.2 Neamhathraithe: | | nóta: |
| taighim | | "**taighim**, *Tabhair dom*," (Ó hAirt, faoi T) |

## 4.12 An Chopail:

### 4.12.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| ba [dh]é | badh é | in áit 'ba é' an Chaighdeáin<br>Bhain an bailitheoir féin úsáid as lúibíní cearnógacha leis an fhorainm 'ba [dh]é' a scríobh cé gur scríobh sé 'ba dhé' agus 'ba dh'é' fosta.<br>"deirtear *badh é/í* mar *ba yé/í*," (Ó Baoill, 1996, 58).<br>"... badh é badh láidre, /... bə je bə La:d′ərə/," (Hughes, 1986, 61 & 62)<br>"/ bə·je:/, Ba é" (Quiggin, 1906, 214-215). |

### 4.12.2 Neamhathraithe:

Nuair nach gcuirtear séimhiú ar thúschonsan aidiachta a thosaíonn le *d, s* nó *t* tar éis na copaile, fágtar ar lár é mar a leanas:
ní ba daoire, a ba deise, (faightear a/ní ba dheise fosta), ba doiligh, ní ba dóighiúla, (faightear ní ba dhóighiúla fosta), ba dona, a ba seanaimseartha, a ba sine, a ba siocair.

## 5. Cónaisc:

### 5.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| a | [d]á | 'a dtoiseochtha' go '[d]á dtoiseochthá.' |

### 5.2 Neamhathraithe

| | |
|---|---|
| mur | "**mur** = MURA," (Ó Dónall, 1977, 890) |

## 6. Dealú Focal agus Uaschamóga:

6.1 Nuair a bhí fuaim /n/ an ailt báite i gcaint an scéalaí, ba ghnách leis an bhailitheoir uaschamóg a chur in áit na litreach *n* ach uaireanta bíonn an uaschamóg in easnamh. Léiríonn na samplaí thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm:
*a' t-am*, an t-am, *a chiceáil a bháil*, an bháil, *ar a' bhanais*, ar an bhainis, *mac a samhailt a chineáil cheádna*, macasamhailt an chineáil chéanna, *ins a' chluid*, ins an chluid, ("**ins, ~ an ... = sa(n) ...**," (Ó Dónaill, 1977, 713)), *a' diallaid*, an diallaid, *Droim a' Róin*, Droim an Róin, *a' maighistir*, an máistir, *a' margadh*, an margadh, *rug ar a mhaide-bhriste*, rug ar an mhaide bhriste, *a' mhaidin*, an mhaidin, *go toigh a' phobail*, an phobail, *as a' phríosún*, as an phríosún, *a pota*, an pota, *ar a' t-saoghal*, ar an tsaol.

6.2 Nuair nach raibh ach fuaim /n/ an ailt le cloisteáil, chuir an bailitheoir uaschamóg in áit an ghuta *a*. Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm:
*arsa'n*, arsa an, *'n bhulldog*, an b*hulldog*, *caidé'n*, caidé an, *'n dóigh*, an dóigh, *'n gamhain*, an gamhain, *'n ghiorrsach*, an ghiorsach, *'n lá*, an lá, *'n maighistir*, an máistir, *'n óige*, an óige, *'n seórt*, an seort, *'n t-am*, an t-am.

6.3 Nuair a bhí an fhuaim /n/ báite i gcaint an scéalaí sa mhír cheisteach *an*, ba ghnách leis an bhailitheoir uaschamóg a chur in áit na litreach *n* ach uaireanta bíonn an uaschamóg in easnamh. Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an mhír cheisteach:
*a mbéadh*, an mbeadh, *d'fhiafraigh sé domh a mbéinn ábalta*, an mbeinn, *a' gcuala' tú*, an gcuala tú, *a bhfeiceann tú*, an bhfeiceann tú, *a ndeánfad* sé, an ndéanfadh sé, *a bhfuighead sé/siad*, an bhfaigheadh sé/siad, *a bhfuighidh mé*, an bhfaighidh mé, *a' bhfuightheá*, an bhfaighfeá, *a' bhfuil*, an bhfuil, *a ligfear*, an ligfear, *a(') rabh*, an rabh, *a dtabharfad siad*, an dtabharfadh siad, *a dtáinic*, an dtáinig, *a' dteachaidh*, an dteachaigh, *a dtiocfadh*, an dtiocfadh.

6.4 Nuair a bhí an mhír ghairmeach *a* báite i gcaint na scéalaithe, ba ghnách leis an bhailitheoir uaschamóg a chur ina háit sna lámhscríbhinní. Uaireanta bíonn an

uaschamóg in easnamh. Cuirtear isteach an mhír ghairmeach sna cásanna a leanas: *(')Athair Shíorruidhe*, A Athair Shíoraí, *Arú 'thaisgidh*, Arú a thaiscidh, *Ó dhuine bhoicht*, Ó a dhuine bhoicht.

6.5 "Ní úsáidtear an t-uaschama i gcás ar bith eile," *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004), 128). Seo thíos liosta na n-athruithe a chuirtear i bhfeidhm:
*cé'n,* cén, *ce'r bh'é,* cérbh é, *do'n*, don, *fá 'n,* fán, *faoi'n,* faoin, *'ach,* gach, *gurbh 'é,* gurbh é, *gur bh'í/iad,* gurbh í/iad, *gur b'é/b'iad/b'eisean,* gurb é/iad/eisean, *ó'n,* ón.

6.6 Athruithe eile ar úsáid na huaschamóige:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| a b'ainm | ab ainm | |
| 'béal | a béal | |
| a bfiú | ab fhiú | |
| a bhfeárr | ab fhearr | |
| a' bith | ar bith | |
| a b'íontaighe | ab iontaí | |
| aon'duine | aon duine | |
| 'ach aonduine | gach aon duine | |
| a(') chor a' bith | ar chor ar bith | "**ar chor ar bith, ...** at all," (Ó Dónaill, 1977, 295) |
| adeir | a deir | |
| adubhairt | a dúirt | |
| a'n | aon | |
| arsa' (máthair) | arsa a (máthair) | |
| a' scor ar bith | ar scor ar bith | sa fhrása "**ar scor ar bith**," (Ó Dónaill, 1977, 1061) |
| a' scar a(r) bith | ar scor ar bith | sa fhrása "**ar scor ar bith**," (Ó Dónaill, 1977, 1061) |
| ceocú | cé acu | |

| | | |
|---|---|---|
| cer bh'ainm | cérbh ainm | |
| colceathair | col ceathar | |
| corr gháire | corrgháire | |
| corr uair | corruair | |
| dá olcas 'a rabh | dá olcas dá rabh | "**dá olcas é,** bad as it is," (Ó Dónaill, 1977, 930) |
| droch bhealach | drochbhealach | |
| droch éadach | drochéadach | |
| droch fhairrge | drochfharraige | |
| fad 's | fad is | |
| a b'fheárr | ab fhearr | |
| ní b'feárr | ní b'fhearr | |
| a/go mbfeárr | go mb'fhearr | |
| go mbféidir | go mb'fhéidir | |
| bfhéidir | b'fhéidir | |
| bhfíor | b'fhíor | |
| go b'é | gu[r]b é | "Is minic a thiteann an *r* amach sa chaint go háirithe sa dá leagan *gurb/gurbh*. (Ó Baoill, 1996, 65) |
| in 'ac uile | i ngach uile | |
| in' aircis | ina aircis | |
| indiaidh | i ndiaidh | |
| ionanns | ionann is | "**ionann,** ... **~ is,** almost," (Ó Dónaill, 1977, 725)<br>"ionanns a bheith báidhte," *Slasham Ceallachán*<br>"ag éirghe suas ionanns 'na bhuachaill," *Bilí agus an Tarbh* |
| is (')chuaidh | is a chuaigh | comh luath is a chuaigh/ fuair/ thóg |
| má (')sé/sí | más é/í | |
| n'á chéile | ná a chéile | |
| ní bfhuide | ní b'fhaide | |

| | | |
|---|---|---|
| níor bhfada | níorbh fhada | |
| níor b'fhiú | níorbh fhiú | |
| 's | is | |
| 'sa | sa | |
| 'san | san | |
| 'sa' bhaile | sa bhaile | bíonn 'ins an' sa bhuntéacs fosta |
| 'sa' díogaidh | sa díogaidh | bíonn 'ins an' sa bhuntéacs fosta |
| 'sa' leabaidh | sa leabaidh | bíonn 'ins an' sa bhuntéacs fosta |
| 'sé | sé | i bhfrásaí mar 'sé an t-ainm, sé an fear, sé an rud, sé an dóigh,' “**sé = is é** : É,” (Ó Dónaill, 1977, 1069) |
| 'seadh | sea | “**sea = is ea**: EA,” (Ó Dónaill, 1977, 1069) |
| sean teach | seanteach | |
| 'sí | sí | i bhfrásaí mar 'sí an chéad chomhairle, sí cinnte,' “**sí = is í** : í,” (Ó Dónaill, 1977, 1090) |
| 'siad | siad | i bhfrásaí mar 'siad cinnte, siad na trí ní,' “**siad = is iad** : IAD,” (Ó Dónaill, 1977, 1090) |
| s'iomaidh | s'iomaí | |
| s'chugainn | seo chugainn | |
| sul 'ar | sular | |
| 'tá | atá | |
| ' tcídh | a tí | |
| thair(') | thaire | |
| 'toigh | go toigh | |

| 6.7 Neamhathraithe: | | nóta: |
|---|---|---|
| c'ainm | | in áit 'cá hainm' an Chaighdeáin ar bhonn canúna |
| dh'áit | | “ar a leithéid seo 'e dh'áit,” *Bilí agus an* |

| | |
|---|---|
| | *Tarbh* |
| dh'am | "leis an fhad seo dh'am," *Bilí agus an Tarbh* |
| s'aige | "*s'agam/ s'agat* srl. ... Foirmeacha coitianta iad seo sa chanúint le seilbh a chur in iúl." (Ó Baoill, 1996, 86) |
| t'eagla orm | in áit 'tá eagla orm' an Chaighdeáin ar bhonn canúna cé go bhfaightear an dá leagan sna scéalta |

6.8 Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le húsáid an fhleiscín de réir *Gramadach agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil*, (B.Á.C. 2004), 125-127), agus cuirtear nótaí mínithe idir lúibíní le roinnt focal:

6.8.1. **Úsáidtear an fleiscín− ... i ndiaidh *dea***:
*deagh-lámhach*, dea-lámhach, ("**deagh-** = DEA-,"(Ó Dónaill, 1977, 376)), *déagh scéal*, dea-scéal.

6.8.2 **ní chuirtear an fleiscín−**
(i) **idir *h* agus guta:**
*na h-abhna*, na habhna, *cé h-as*, cé has, *ceithre h-uaire*, ceithre huaire, *h-aisle*, haisle, *go h-an-chonafadhach*, go han-chonfadhach, *go h-an mhaith*, go han-mhaith, *go h-an-mhall*, go han-mhall, *go h-an-mheasardha*, go han-mheasartha, *go h-aois*, go haois, *go h-ard*, go hard, *a h-athair*, a hathair, *ní h-é*, ní hé, *na h-éadaigh*, na héadaí, *a h-éadan*, a héadan, *ní h-eagal*, ní heagal, *Rí na h-Éireann*, Rí na hÉireann, *le h-éirghe,* le héirí, *ní h-í,* ní hí, *dá h-iarraidh*, dá hiarraidh, *le h-imtheacht*, le himeacht, *le h-íontas*, le hiontas, *le h-ithe*, le hithe, *le h-íoc,* le híoc, *h-obair,* hobair, *'na h-oibrí*, ina hoibrí, *na h-oidhche*, na hoíche, *go h-olc*, go holc, *ina h-ucht*, ina hucht.
(ii) **roimh an iarmhír threise:**
*acú-san,* acusan, *agam-sa,* agamsa, *agat-sa,* agatsa, *aicí-se*, aicse, m'amharc-*sa,* m'amharcsa, *bhainfinn-se*, bhainfinnse, *cá mbéinn-se*, cá mbeinnse, *chugaibh-se*, chugaibhse, *chugham-sa*, chugamsa, *chuic(h)í-se*, chuicise, *go gcuirfinn-se*, go

gcuirfinnse, *daoithe-se*, daoithese, *d'fhágfainn-se*, d'fhágfainnse, *dheánfainn-se*, dhéanfainnse, *m'fhear-sa*, m'fhearsa, *díot-sa*, díotsa*, domh-sa*, domhsa, *dó-san*, dósan, *duit-se*, duitse, *dá n-imthinn-se*, dá n-imínnse, *léithe-se*, léithise, *liom-sa*, liomsa, *orm-sa*, ormsa, *ortha-san*, orthusan, *ort-sa*, ortsa, *romham-sa*, romhamsa, *romhat-sa*, romhatsa, *siad-san*, siadsan, *sibh-se*, sibhse, *tharam-sa*, tharamsa.

**Ach cuirtear an fleiscín roimh an iarmhír threise a leanas:**

*leisean*, leis-sean.

(iii) **i gcomhfhocail, de ghnáth:**

*cúl-chaint,* cúlchaint, *droch-bhail*, drochbhail, *droch-dhóigh*, drochdhóigh, *droch-rath*, drochrath, *droch-rud*, drochrud, *dubh-rud*, dubhrud, *fearadh-fháilte(ach)*, fearadhfháilte(ach), *fíor-chara*, fíorchara, *gar-athair*, garathair, *garbh-scríbhín*, garbhscríbhínn, *geárr-bhuaidheartha*, gearrbhuartha, *geárr-comhgarach*, gearrc[h]omhgarach, *geárr-chrann*, gearrchrann, *geárr-dhorcha*, gearrdhorcha, *gearr-eólach*, gearreolach, *geárr-fhad*, gearrfhad, *geárr-fhearg*, gearrfhearg, *geárr-thamall*, gearrthamall, *giorr-anála*, gearranála, *ion-léighis*, inleighis, *leas-mhathair*, leasmháthair, *leath-bhliadhna*, leathbhliana, *leath-chois*, leathchois, *leath-uaire*, leathuaire, *leath-uille*, leathuille, *mion-seanchais*, mionseanchais, *mion-ghiotaí*, mionghiotaí, *mí-shásta*, míshásta, *neamh-ghnoitheach*, neamhghnoitheach, *ró-ghasta*, róghasta, *ró-láidir*, róláidir, *ró-mhaith*, rómhaith, *ró-mhall*, rómhall, *ró-mhór*, rómhór, *ró-throm*, róthrom, *sean-aimseardha*, seanaimseartha, *a' t-sean-am*, an tseanam, *sean-bheáthadaigh*, seanbheathaigh, *sean-bhó*, seanbhó, *sa t-sean-chrann*, sa tseanchrann, *sean-ghlacán*, seanghlacan, *sean-scéalta,* seanscéalta, *an t-sean-chailleach*, an tseanchailleach, *an t-sean-t-sagairt*, an tseansagairt, *an t-sean-lánamhain*, an tseanlánúin, *an t-sean-tuagh*, an tseantua, *(fá'n) t-sliabh*, fán tsliabh.

(iv) **i ndiaidh na réamhfhocal ...*faoi, le*:**

*faoi n-a*, faoina, *faoi n-eascaill*, faoina ascaill, *fá n-a*, fána, *le n-a*, lena,

(v) **i ndiaidh *i+n* roimh guta:**

*i n-adharc*, in adharc, *i n-áirde*, in airde, *i n-áit*, in áit, *i n-állt*, in ailt, *i n-am,* in am, *i n-amannaí*, in amannaí, *i n-a'n teach*, in aon teach, *i n-Árd a' Ratha*, in Ard an Rátha, *i n-Éirinn*, in Éirinn, *i n-Ifrionn*, in Ifreann, *i n-imeall*, in imeall, *i n-innibh*, in innimh.

6.9 Athruithe eile ar úsáid an fhleiscín:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| athair-mór | athair mór | |
| ball-éadaigh | ball éadaigh | |
| an-bheathadhach | anbheathach | in áit 'anbheithíoch' an Chaighdeáin "**beathach** = BEITHÍOCH," (Ó Dónaill, 1977, 101) |
| beathadaigh-allta | beathaigh allta | |
| ceann-tuigheadh | ceann tuí | |
| droch bhealach | drochbhealach | |
| droch cheann | droch-cheann | |
| leath-bealaigh | leath bealaigh | "**leath,** II. **1.** Half ... **~ bealaigh,** ... half-way," (Ó Dónaill, 1977, 768) |
| garbh nótaí | garbhnótaí | |
| madadh-ruadh | madadh rua | |
| maide-briste | maide briste | |
| meadhon-lae | meán lae | |
| meadhon-oidhche | meán oíche | |
| mion rudaí | mionrudaí | |
| saor-cloiche | saor cloiche | |
| An t-Albanach | an tAlbanach | |
| an t-é | an té | |
| an t-seanbhean | an tseanbhean | |
| ag an t-seanduine | ag an tseanduine | |
| ag an t-sagart | ag an tsagart | |
| 'un t-seamra | chun an tseomra | |
| sa t-seisrigh | sa tseisrigh | |
| den t-síoda | den tsíoda | |
| ar an t-snáth | ar an tsnáth | |
| ins a' t-sneachta | ins an tsneachta | |
| a' t-sráid | an tsráid | |
| an t-sráideog | an tsráideog | |
| an t-srannfathach | an tsrannfadhach | |

| | |
|---|---|
| an t-sréan | an tsrian |
| an t-srutháin *(gin.)* | an tsrutháin |
| teach-ósta | teach ósta |
| uisce-beatha | uisce beatha. |

6.10 Neamhathraithe:

Fágtar an fleiscín gan athrú sna cásanna a leanas ar mhaithe leis an chonsan leathan san iarmhír threise:

aige-san, air-san, chuige-san, in mo chlaímh-sa, mo chóir-sa, do chomhairle-sa,do chroí-sa, de-san, mo dhiaidh-sa, ina ndiaidh-san, m'eiteoig-sa, mo iarraidh-sa, mo pháighe-sa, pronnaim-sa.

Fágtar an fleiscín gan athrú leis an réimír threise sna cásanna a leanas:

bhí an t-an-iontas go brách ar an fhear,  bhí an t-an-lúcháir ar Mhary Anne a hathair a fheiceáil.

## 7. Dobhriathra:

7.1 Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar litriú na ndobhriathra de réir *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil,* (B.Á.C. 2004), agus tá nóta mínithe idir lúibíní le roinnt focal:
*annseo*, anseo, *annsin*, ansin, *choidhche*, choíche, ("**Mairfidh siad (a) choíche,** they will live forever," (Ó Dónaill, 1977, 222)), *diombaite*, diomaite, *indiú*, inniu.

7.2 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| amudha | amú | |
| annsiud | ansiúd | |
| arais | ar ais | "**ais,** ... **Ar ~,** back, again ... *S.a.* ARÍS," (Ó Dónaill, 1977, 29)<br>"***ais**, **1.** *Ar ais, (Arís)*, Fá dheireadh fuair a bhean bás, agus pósadh an Rí arais." (Ó hAirt, faoi A) |
| astoigh | istigh | "**astoigh** = ISTIGH," (Ó Dónaill, 1977, 64)<br>"/əsti:ç/ (also /əstiç/), 'indoors, inside'," (Quiggin, 1906, 151) |
| a chéad uair | a chéaduair | "(In adv. phrase) ... **nuair a chonaic mé a chéaduair é,**" (Ó Dónaill, 1977, 201) |
| i bhfos | abhus | |
| i gcomhnuidhe | i gcónaí | |
| (anoir) ndeas | (anoir) aneas | |
| siud | siúd | |

| 7.3 Neamhathraithe: | nóta: |
|---|---|
| ariamh | in áit 'riamh' an Chaighdeáin<br>"**ariamh** = RIAMH," (Ó Dónaill, 1977, 60) |

| | |
|---|---|
| | "/ər′iuw/, 'ever'," (Quiggin, 1906, 102) |
| aríst | amharc ar Nóta Ginearálta 1.6 thuas |
| comh | in áit 'chomh' an Chaighdeáin<br>"**comh,** = chomh," (Ó Dónaill, 1977, 278)<br>"/ɑgəs kɔ mɑiç əs vi:/, & comh maith & bhí," (Quiggin, 1906, 230-231). |

## 8. Forainmneacha Réamhfhoclacha:

8.1 Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar litriú na bhforainmneacha réamhfhoclacha, agus cuirtear nóta mínithe idir lúibíní le roinnt focal:
*acú*, acu, *aicí*, aici, *agham*, agam, ("/o̤go̤m/ ... a chuala mé insna Gleanntaí fosta," (Wagner, 1959, 43)),[24] *asaim*, asam, *aistí*, aisti, *astú,* astu, *chuca*, chucu, *chuic(h)í*, chuici, *daobhtha*, daofa, ("**daofa ... 2 = dóibh**: DO," (Ó Dónaill, 1977, 369)), *daoithí*, daoithe, *do,* dó, (uaireanta fágadh an síneadh fada ar lár), *dobhtha*, dófa, *dhuit*, duit, *dí*, di, *díobhtha*, díofa, ("**díofa = díobh**: DE," (Ó Dónaill, 1977, 409)), *innseair*, ionsair, *inntí*, inti, *ionnat*, ionat, *ionntú*, iontu, *léithe*, léithi, ("**léithi = léi** : LE," (Ó Dónaill, 1977, 779)), *leobhtha*, leofa, *ortha*, orthu, *roimpí*, roimpi, *romhaim*, romham, *rompú*, rompu, *uaithe*, uaithi, *uatha*, uathu *uirthe*, uirthi, *uirthí*, uirthi.

| 8.2 Neamhathraithe: | nóta: |
|---|---|
| s'aige | foirm threisithe an fhorainm (Hughes*,* 1994*,* 657)<br>"*s'agam/ s'agat* srl. ... Foirmeacha coitianta iad seo sa chanúint le seilbh a chur in iúl." (Ó Baoill, 1996, 86) |
| daoithe | "**daoithe = di** : DE," (Ó Dónaill, 1977, 369) |
| domh | "**domh = dom** : DO," (Ó Dónaill, 1977, 433)<br>"*domh* [duh] 'dom'," (Hughes, 1994, 627)<br>"Deirtear *domh* mar [duw/duh] de ghnáth," (Ó Baoill, 1996, 98) |

[24] Ní athraítear litriú an fhocail "agham" mar a fhaightear i gcín lae an bhailitheora é.

## 9. Intriachtaí:

### 9.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| leóga | leoga | |

### 9.2 Neamhathraithe:

| | nóta: |
|---|---|
| bhail | in áit 'bhuel' |
| maise | in áit 'muise'<br>“**maise** = MUISE,” (Ó Dónaill, 1977, 821) |

## 10. Réamhfhocail:

10.1 Maidir le húsáid an réamhfhocail *ag* leis an ainm briathartha, deir Hughes (1994, 647):

"Nuair a bhíonn gluaiseacht nó tosú i gceist baintear úsáid as *a* (< *do*) in áit *ag*: m.sh., *tá sé ag gearradh adhmaid* ach *chuaigh sé a ghearradh adhmaid.*" Uaireanta bíonn fuaim na litreach *g* in easnamh sa réamhfhocal *ag* sa mhúnla *ag + ainm briathartha* i gcaint na scéalaithe, agus is gnách leis an bhailitheoir uaschamóg a chur ina háit. Ach uaireanta bíonn an uaschamóg in easnamh agus bíonn ar an eagarthóir cinneadh a dhéanamh ar chóir, mar shampla, *a' deánamh/ a deánamh* a athrú go *ag déanamh* nó *a dhéanamh*. Uaireanta cuireann rith an scéil leis an chinneadh nuair a bhíonn athrá frása i gceist, mar a léiríonn na samplaí a leanas ón scéal *Pat agus Jack*: 'mhothuigh sé tormán "cart" a' gabhail an bealach mór' agus 'bhí beirt fhear annsin a gabhail an bealach mór.' Athraítear an dá shampla seo go 'ag gabháil' toisc uaschamóg a bheith sa chéad shampla.

Sampla eile a léiríonn deacracht an chinnidh seo is ea, 'bhuail sé a' sheinm' sa scéal *An luchóg ⁊ an bheacóg*. Toisc go bhfuil gluaiseacht i gceist, athraítear é go 'bhuail sé a sheinm' sa chás seo. Ach sa scéal *Pat agus Jack* tá an frása 'tá an chuach a seinm amuigh' athraithe go 'tá an chuach ag seinm amuigh.'

Seo thíos mar a athraítear *a(')* + *ainm briathartha* go *ag* + *ainm briathartha*:

*nuair a bhí sé a bailiú béaloideasa*, ag bailiú, *a bhí a' baint an arbhair*, ag baint, *bhí an lá, lá arna mhárach a' báistigh*, ag báistí, *bhí mé a bogadaigh thart*, ag bogadaigh, *a bogadh páiste*, ag bogadh, *agus é a(') briseadh cloch lena thóin*, ag briseadh, *a rabhthar a' bruith na bolóige*, ag bruith, *fear ar bith atá anseo a' bualadh arbhair*, ag bualadh, *nuair a bhíodh siad a' cainnt*, ag caint, *agus bhí sí a' caoineadh*, ag caoineadh, *bhí mé a casachtaigh*, ag casachtaigh, *bhí sé ní ba mheasa a ciceáil*, ag ciceáil, *agus é a(') coimheád isteach*, ag coimhead, *tá an drochrud a coinneáil fá do theach*, ag coinneáil, *chaith an bheirt an oíche a(') comhrá*, ag cómhrádh, *nach rabh ina ndiaidh a' cruinniú an airgid*, ag cruinniú, *a bheith a crupú an bhealaigh*, ag crupadh, *go mbíodh sé ar shiúl a' cuartú*, ag cuartú, *ní rabh aon dath a' cur bhuartha,* ag cur, *na beathaigh a bhí a(') damhsa*, ag damhsa*, ar an chailín a bhí a(') déanamh réidh daofa*, ag deánamh, *a*

*rabh a deileáil linn*, ag deileáil, *bean an toighe amuigh a dreasú*, ag dreasadh, *a bheith a dréim go ndéanfaidh tú*, ag dréim, *tá mé a' dúil go n-éireochaidh leat*, ag dúil, *na dealgáin a' ealamairt ar a chéile*, ag ealaimirt, *bhí sé a fagháil bháis ansin*, ag fáil, *agus a féacháil na bróige air*, ag féacháil, *agus achan duine a fiacháil*, ag fiacháil*, chas fear dó agus é a' fidileoireacht*, ag fidiléireacht, *a fóirstean do dhuine ar bith*, ag fóirstean, *choinnigh mo mháthair a fuaigheall mé*, ag fuáil, *cá bhfuil tú a(') gabhail*, ag gabháil, *Bhí siad a' gáiridhe*, ag gáirí, *mur bhfuil sin a géillstean duit*, ag géillstean, *bhí siad a' gléas maidin amháin*, ag gléas, *an fear a bhí a greadadh ar an chomhraí*, ag greadadh, *caithfidh seisean go rabh sé a labhairt*, ag labhairt, *nuair a bhí siad a* land*áil isteach thall*, ag *land*áil, *go dteachaidh sé a leagan coilleadh*, ag leagan, *má tá sé ag gabháil a leanstan*, ag leanstan, *iomlán a rabh a leanamhaint dó*, ag leanúint, *bhí sé a' léigheas leis*, ag leigheas, *ní rabh sé a' leigean ceann soir nó siar*, ag ligean, *Ó ná bí a' magadh orainn*, ag magadh, *chas fear domh a bhí a(') marcaidheacht*, ag marcaíocht, *Bhí mé a meas go mbeadh*, ag meas, *ní rabh sé a' móchtáil aon seort*, ag mothachtáil, *chonaic sé Bilí a pilleadh*, ag pilleadh, *a piocadh leis fríd an choill*, ag piocadh*, ag pilleadh a(') rathaidh*, ag reathaidh, *atá a scabadh óir*, ag scabadh, *caidé mar atá sí a(') seasamh amach*, ag seasamh, *a bheith a seiftiú léithi*, ag seiftiú, *fuair sí an Rí amuigh a' seilg*, ag seilg, *Rinn a mháthair an dubhrud a sgamhláil air*, ag scamhláil, *Bhí siad a siubhal agus ag siúl leo*, ag siúl, *bhí sé ar shiúl a slathaidheacht leis*, ag slathaíocht, *tá mé a' smaoitiú go bhfuil*, ag smaoitiú, *choinnigh mo mhathair a sníomh mé*, ag sníomh, *a' báistigh agus a stealladh,* ag stealladh, *a strócadh ag damhsa aige*, ag strócadh, *nach rabh sí a' tabhairt lóisdín,* ag tabhairt, *a bheith a' tarraingt ar a' bhád,* ag tarraingt, *caidé ' tcídh sé ach Jack a' teacht,* ag teacht, *ní rabh Jack a teicheadh*, ag teicheadh, *agus é a teistheaint daoithe-se*, ag taiseáint, *D'fhan Jack ansin a timthíreacht leis*, ag timireacht, *mar seo atá tú a tionntogh amach*, ag tiontú, *seandaoiní a trácht air sin*, ag trácht, *an bheirt a(') treabhadh*, ag treabhadh, *a bheith a' troid le fear*, ag troid.

10.2 Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an réamhfhocal *chun*, agus cuirtear nótaí mínithe idir lúibíní le roinnt focal:
*'na bhaile,* chun an bhaile, *'na bhóithigh,* chun an bhóithigh, *'na chaisleáin,* chun an chaisleáin, ("*na* (= chun a(n)) ... *na* (= chun na)," (Ó Baoill, 1996, 94)), *'na cheárdta,*

chun an cheárta, *na chroic,* chun an chnoic, *na cisteanadh*, chun na cisteanadh, *(')na coilleadh*, chun na coilleadh,*'na gCruach*, chun na gCruach, *'na fairrge,* chun na farraige, *na bhflaithis*, chun na bhflaithis, *'na fuinneoige,* chun na fuinneoige, (**na**, *'Na.. (chun na, chun a(n)* (Ó hAirt, faoi N)), *'na páirce,* chun na páirce, *'na phríosúin,* chun an phríosúin, *'na roilige,* chun na roilige, *'na room,* chun an *room, 'na sciobaill,* chun an sciobóil, *'na scoile*, chun na scoile, *'na sráide*, chun na sráide, *'un Aifrinn,* chun Aifrinn, *'un áirde,* chun airde, *'un aonaigh,* chun aonaigh, *'un báis,* chun báis, *'un cainnte,* chun cainte, *'un cinn,* chun cinn, *'un' Domhain Thoir*, chun an Domhain Thoir, *'un dorais,* chun dorais, *'un láimhe,* chun láimhe, *'un scoile,* chun scoile, *'un t-seamra,* chun an tseomra, *'un siubhail,* chun siúil, *'na Spáinne,* chun na Spáinne, *'un' t-sratha,* chun an tsratha, *'na stábla,* chun an stábla, *'un talaimh,* chun talaimh, *'un' toighe,* chun an toighe, *'un tosuigh,* chun tosaigh, *'un t-soileáir,* chun an tsoileáir.

10.3 Seo thíos na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an réamhfhocal *de*: *d'á chuid*, dá chuid, *de na h-éadan,* dena héadan, ("**Réamhfhocal + aidiacht shealbhach ...** Tabhair faoi deara gur *dona*, *dena* seachas *dá* a chlointear go coitianta sna canúintí i gCuige Uladh," (Ó Baoill, 1996, 86)), *de'n mhac,* den mhac, *de'n mhin,* den mhin, *de'n room*, den *room, 'e bhliadhain*, de bhliain, *'e bhliadhna*, de bhliana, *athrughadh ' chomhairle*, athrú de chomhairle, *'(e) dhith*, de dhíth, *a dhíoghbhail*, de dhíobháil, s*eo giota chipín*, seo giota de chipín, *a rabh ghloiní*, a rabh de ghloiní, *'lúthgháir,* de lúcháir, *'(é) mhalairt*, de mhalairt, *a leithéid 'a rása*, a leithéid de rása, *'shlíoc siadsan 'á réir fear is fear*, de réir, *an dá lá (')shaol,* an dá lá de shaol, ("an dá lá, *(gach lá)*," (Ó hAirt, faoi D)), *'a thairbhe,* de thairbhe.

10.3.1 Fágtar an leagan *dhe* gan athrú nuair a fhaightear sna lámhscríbhinní é, ("**dhe = de**: DE," (Ó Dónaill, 1977, 398), mar a léiríonn na samplaí seo a leanas:
'gasúr beag amháin dhe mhuirín,' 'go mbeadh an-chnap dhe dhith air,' agus 'chuirfinn punta dhe gheall leat.'

10.4 Má tá an réamhfhocal *i* in easnamh i bhfrása sna lámhscríbhinní cuirtear isteach é mar a leanas:
*i bhfad uaithe agus ndeas daoithe*, i ndeas daoithe, *caidé a d'fhág sibh bhur ndiaidh*, i bhur ndiaidh, *'á mba ndán,* i ndán, *imthigh do dhoctúir*, i do dhochtúir, *Ó! bí do thost*, bí i do thost, *An bhfuil tú d'fhidileáir*, i d'fhidiléir, *Bhí mé m'fhear mhaith*, i m'fhear, *nach mise atá mo mhaighistir air*, i mo mháistir air, *d'fhág sibh trí sparán óir mur ndiaidh*, i mur ndiaidh, *Shuidh sé leis annsin rith na h-oidhche*, i rith na hoíche /an ama.

10.4.1 Seo thíos na hathruithe eile a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an réamhfhocal *i* nuair a fhaightear uaschamóg ina áit sna lámhscríbhinní:
*'do chomhair*, i do chóir, *'mo dhiaidh*, i mo dhiaidh, *'na codladh*, ina codladh, *'na d(h)iaidh*, ina d(h)iaidh, *'na an-saor,* ina an-saor, *'na an-tarbh*, ina an-tarbh, *'na bhuachaill*, ina bhuachaill, *'na mbuachaillí*, ina mbuachaillí, *'na chodladh*, ina chodladh, *'na c(h)omhnaidhe*, ina c(h)ónaí, *'na ndaoiní*, ina ndaoiní, *'na dhiaidh*, ina dhiaidh, *'na dhoctúir*, ina dhochtúir, *'na éan*, ina éan, *'na fhidileoir*, ina fhidiléir, *nuair a bhí mise ag éirghe suas 'mo ghasúr*, i mo ghasúr, *'na luidhe*, ina luí, *'na h-oibrí*, ina hoibrí, *'na óganach*, ina ógánach, *'na pháisde*, ina pháiste, *'na saoir*, ina saoir, *'na s(h)easamh*, ina s(h)easamh,*'na shlachaigh*, ina shlachaigh, *'na shuidhe*, ina shuí.

10.5 Séimhítear túschonsain na n-ainmneacha briathartha *teacht* agus *dul* tar éis an réamhfhocail shimplí *le* sna scéalta mar a léiríonn na samplaí a leanas:
'Tháinig sé, agus ní rabh i bhfad aige le theacht uilig,' agus 'D'imigh siad, agus ní rabh i bhfad uilig acu le dhul.'
Ag scríobh faoi seo deir Quiggin (1906, 68) “The reason for the constant aspiration of the infin. /hɑχt/, O.Ir techt as also of /γɔl/, 'to go,' is not plain.”
Ní athraítear an séimhiú seo nuair a fhaightear sna scéalta é.

10.6 Athruithe eile:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| a thá | fá | sa fhrása 'a thá dtaobh de.' Tá an leagan 'fá dtaobh de' níos coitiantaí sna scéalta agus |

| | | |
|---|---|---|
| | | uaireanta bíonn an dá leagan ar fáil in aon scéal amháin<br>“It is possible to regard /ɑχə·di:widə/ as standing for gach fá dtaoibh de with a superfluous gach prefixed ...” (Quiggin, 1906, 53)<br>“/fɑ  di:widə/, 'about it, about,' also /ɑχə·di:widə/ is not clear.” (Quiggin, 1906, 131) |
| dó | do | mar a léiríonn na samplaí seo a leanas: 'D'innis sí dó Chailleach na gCearc,' *An Gharbhóg Mhór*, agus 'Sheas sé ar ndóiche a dheánamh íontais dó na beathadhaigh,' *An luchóg ⁊ an bheacóg.* |
| eatorra | eatarthu | |
| innseoir /innseair | ionsar | |
| le sin | leis sin | |
| ós | os | |
| thar na | arna | “... agus an lá arna mhárach, /... o̤gəs Lɑ′ hərɴə wɑ:ra/,” (Hughes, 1986, 27 & 28) |

| 10.7 Neamhathraithe: | nóta: |
|---|---|
| eadar | in áit 'idir' an Chaighdeáin<br>“**eadar** = IDIR,” (Ó Dónaill, 1977, 471) |
| fá | “The O.Ir. preposition fo appears to have split up into */fwi:/,* 'under' ... and */fa(:)/*, 'around, about',” (Quiggin, 1906, 110) |
| fríd | “**Fríd** = TRÍ,” (Ó Dónaill, 1977, 581)<br>“Fríd, *prep.* = tré, through ... (*Con., U.),*” (Dinneen, 1927, 488)<br>“/f′r′i:d′/, 'through,' (Quiggin, 1906, 112) |

| | |
|---|---|
| | "Níl teacht ar *trí* an Chaighdeáin sa chanúint. *Fríd* an fhoirm a fhaightear ina áit ...," (Ó Baoill, 1996, 98) |
| roimhe/-is | Is minic i nGaeilge Chúige Uladh a chluintear an 3 u. fir. de réamhfhocal taobh leis an fhoirm shimplí, nó ina háit ... I measc na samplaí Ultacha de seo tá ... *roimh/roimhe, thar/thair(e),*" (Hughes, 1994, 657)<br>"**roimh(e):** *róm, ród/t, roimh-e/-is ...*" (Hughes, 1994, 658) |
| thaire | in áit 'thar' an Chaighdeáin<br>"**thaire** = THAR," (Ó Dónaill, 1977, 1230)<br>"**Na Réamhfhocail,** ***thar/thaire***:," (Hughes, 1994, 659) |

## 11. Réamhfhocail Chomhshuite:

### 11.1 Athruithe ginearálta:

| ó: | go: | nóta: |
|---|---|---|
| 'a réir | de réir | “/ər′eir′/, 'according to,' < do réir ...,” (Quiggin, 1906, 102) |
| ós cionn | os cionn | |

### 11.2 Neamhathraithe:

| | nóta: |
|---|---|
| ar shon | in áit 'ar son' an Chaighdeáin “Deirtear ar son/ar shon,” (Ó Baoill, 1996, 150) |

# CAIBIDIL 2.

# MIONPHLÉ AR ROINNT GNÉITHE INSPÉISE DE GHAEILGE NA SCÉALTA

## Réamhrá

Na gnéithe inspéise:

2.1. An mhír choibhneasta 'a' a úsáid roimh bhriathra, agus 'atá,' foirm choibhneasta aimsir láithreach an bhriathair 'bí,' a úsáid tar éis an chónaisc 'mar'

2.2 Na fuaimeanna /j/ agus /γ/ a bheith scríofa mar *dh'* idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail dar tús guta nó *f*

2.3. Úsáid fhoirm na haidiachta sealbhaí *á* in áit *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl

2.4. Úsáid fhoirmeacha na haidiachta sealbhaí *á* agus *dá* mar chuspóir an ainm bhriathartha

Réamhrá

Sa chaibidil seo déantar mionphlé ar ghnéithe inspéise de Ghaeilge na lámhscríbhinní a tháinig chun cinn nuair a bhí eagarthóireacht á déanamh ar na scéalta. Sna nótaí seo is féidir difríochtaí idir Gaeilge chanúnach na scéalaithe, mar a scríobh an bailitheoir síos í, agus an Ghaeilge chaighdeánach a phlé níos doimhne ná mar a dhéantar i gCaibidil 1. Mar a deirtear i gCaibidil 1, cuirtear polasaí ginearálta i bhfeidhm sa saothar seo Gaeilge na lámhscríbhinní a chaighdeánú ach amháin nuair a bhíonn coimhlint idir an Caighdeán agus canúint na scéalaithe. Ní athraítear litriú na bhfocal nuair is léir gur leaganacha áitiúla nó canúnacha a úsáideadh sna lámhscríbhinní.

Mar chuid de phlé na caibidle seo baintear úsáid as foilseacháin a bhfuil ábhar béaloidis as na Cruacha Gorma, mar aon le hábhar ó cheantracha eile i dTír Chonaill, curtha in eagar iontu. Seo a leanas liosta na bhfoilseachán i gceist, agus tugtar idir lúibíní noda ar theidil na bhfoilseachán a úsáidtear sa chuid eile den chaibidil seo:
*A Dialect of Donegal Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties: Phonology and Texts* (1906), (DD),
*Gaeilge Theilinn* (1959), (GT),
*Síscéalta ó Thír Chonaill*, (1977), (SóTC),
*Uair an Chloig Cois Teallaigh*, (1985), (UCCT),
*Seanchas Annie Bhán*, (1997), (SAB),
*Ó Cadhain i dTír Chonaill*, (2007), (ÓCTC).
Úsáidtear trascríobh i gcomharthaí foghraíochta, nuair a fhaightear sna foilseacháin é, chun tacaíocht a thabhairt do na foirmeacha cánúnacha ar thaobh amháin na ceiste, nó do na foirmeacha caighdeánacha ar an taobh eile. Uaireanta freisin, is féidir comparáid a dhéanamh idir na leaganacha de na habairtí mar a scríobh bailitheoirí éagsúla iad díreach ó na cainteoirí ina lámhscríbhinní, agus mar a foilsíodh iad. Nuair nach dtugtar na comharthaí foghraíochta idir lúibíní cearnógacha, [ ] sna téacsanna tagartha, cuirtear idir línte comhthreomhara, / / iad, mar a dhéantar i gCaibidil 1.

Seo thíos na hábhair a raibh mionphlé de dhíth chun míniú níos iomláine a thabhairt orthu:

2.1. An mhír choibhneasta 'a' a úsáid roimh bhriathra, agus 'atá,' foirm choibhneasta aimsir láithreach an bhriathair 'bí,' a úsáid tar éis an chónaisc 'mar'. Faightear sna lámhscríbhinní a leithéid de shamplaí, 'mar bhí,' 'mar eireochas' agus 'mar tá.' An é gur bá sa chaint is cúis le heasnamh na míre coibhneasta agus na foirme coibhneasta 'atá' sa mhúnla seo síos tríd na scéalta, nó an dtarlaíonn sé ar bhonn canúna?

2.2. Na fuaimeanna /j/ agus /γ/ scríofa mar *dh'* idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail dar tús guta nó *f*. Cad as a dtagann an *dh'* seo agus conas a léirítear an réamhfhocal *de* ann?

2.3. Úsáid fhoirm na haidiachta sealbhaí *á* in áit *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl. Cén fáth go n-úsáidtear foirm na haidiachta sealbhaí *á* nuair a bheifí ag súil leis an mhúnla *a* + ainm briathartha?

2.4. Úsáid fhoirmeacha na haidiachta sealbhaí *á* agus *dá* mar chuspóir an ainm bhriathartha. Tá *á* agus *dá* araon in úsáid sa mhúnla seo sna lámhscríbhinní. An cheist a phléitear, ar chóir an múnla seo a chaighdeánú i dtreo *á* + ainm briathartha nó glacadh leis an dá bhealach ar bhonn canúna?

## 2.1. An mhír choibhneasta 'a' a úsáid roimh bhriathra, agus 'atá,' foirm choibhneasta aimsir láithreach an bhriathair 'bí,' a úsáid tar éis an chónaisc 'mar'

Deir Ó Dónaill (1977, 832), go gcuirtear an mhír choibhneasta 'a' idir an cónasc 'mar' agus briathra. Úsáidtear fosta, foirm choibhneasta aimsir láithreach an bhriathair bí, 'atá' tar éis 'mar,' ach amháin más ciall an Bhéarla *because* a bhíonn i gceist, mar a leanas:

> 2. *Conj. (a)* As ... **~ atá an scéal**, as the matter stands, **~ a rinneadh go minic**, as was often done ... *(c)* How. **Is deas ~ a dúirt sé é**, he said it nicely ... *(d)* As if. **~ a chuirfí scian ann**, as if he had been stuck with a knife. **D'éirigh sé ~ a bheadh éan ann**, he rose like a bird ... *(e)* **~, ~ go**, because. **~ tá, ~ go bhfuil, cúis leis,** because there is a reason for it.

In *Gráiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (1999), is soiléir fosta gur le ciall an Bhéarla *because* amháin nach gcuirtear an mhír choibhneasta 'a' idir an cónasc 'mar' agus an briathar 'bí' mar a léiríonn Ó hAnluain (1999, 316) san iontráil seo faoi 'mar' :

> Féach na difríochtaí foirme agus brí i dtosach na bhfochlásal sna habairtí seo a leanas:
> *gheobhaidh tú thíos sa trá í* **mar a mbíonn** *sí ag súgradh*; *ní maith léi an sioc* **mar bíonn** *sí fuar lena linn*; *gan bhróg ná stoca*, *sin* **mar a bhíonn** *sí.*
> *mar a mbíonn* = áit a mbíonn: *mar bíonn* = óir bíonn; *mar a bhíonn* = an riocht ina mbíonn."

Sna scéalta atá curtha in eagar sa saothar seo, ní fhaightear fiú is sampla amháin den mhír choibhneasta 'a' idir an cónasc 'mar' agus briathra. Faightear breis is céad sampla a bhfágtar an mhír choibhneasta 'a' ar lár idir an cónasc 'mar' agus briathra, agus nach bhfaightear 'atá,' foirm choibhneasta an bhriathair 'bí,' tar éis 'mar.' Faightear iad seo leis na briathra go léir, mar a léiríonn na samplaí seo a leanas as scéalta an tsaothair seo:

2.1.1 "d'inis sí dó caidé mar bhí," (CBÉ 1032: 104).

2.1.2 "mac-a-samhail mar bheadh ag fear," (CBÉ 1032: 126).

2.1.3 "caidé mar chaill sé fhéin an fáinne," (CBÉ 1032: 28).

2.1.4 "is maith mar tharluigh ar a chéile sinn," (CBÉ 1032: 65).

Chomh maith le deich sampla de 'mar tá' sna scéalta, faightear sampla amháin d'úsáid na huaschamóige chun foirm choibhneasta an bhriathair 'bí,' aimsir láithreach a léiriú mar a leanas:

2.1.5 "go bhfeicfidh tú caidé mar 'tá sí a seasamh amach," (CBÉ 1032: 111). Is spéisiúil go bhfaightear an ráiteas céanna, beagnach focal ar fhocal, ceithre líne níos faide ar aghaidh sa scéal céanna, ach san aimsir chaite agus gan úsáid na mire coibhneasta 'a', "go bhfeicfidh tú caidé mar bhí sí a seasamh amach."

Nuair a scríobhann an bailitheoir a chuid nótaí féin ar na scéalta agus iontrálacha ina chín lae, leanann sé leis an chleachtas don chuid is mó, an mhír 'a' idir 'mar' agus briathra a fhágáil ar lár. Scríobh sé mar shampla an nóta seo a leanas i lár scéil amháin atá curtha in eagar sa saothar seo:

2.1.6 “Tá críochnú an scéil mar bhí sé aicise ...,” (CBÉ 1032: 83).
Ach faightear an abairt seo in iontráil a rinne an bailitheoir sa chín lae a choimeád sé, maidir leis an chéad Déardaoin a chaith sé sna Cruacha Gorma:
2.1.7 “Tá siad tugtha do chainnt ⁊ do chúl-chainnt mar atá le fagháil i mórán áiteacha ar fud na Gaeltachta.” (CBÉ 1289: 99).

Ní fhaightear ach sampla amháin sna scéalta atá idir lámha sa saothar seo den chónasc 'mar' agus ciall an Bhéarla *because* ann. Ní bhaineann an sampla go díreach le hábhar an phlé anseo toisc nach bhfuil easnamh na míre coibhneasta 'a' i gceist, ach tugtar anseo é mar phointe eolais. Is sa scéal 'Na Trí Chomhairle' a fhaightear é:
“mar nach rabh duine ar bith ábalta,” (CBÉ 1032: 375-376).

Déantar suirbhé comparáideach ar an dóigh a láimhseáiltear an cónasc 'mar' roimh bhriathra i gceithre fhoilseachán a bhfuil ábhar béaloidis curtha in eagar iontu. Go minic sna leabhair seo, fágtar an mhír choibhneasta 'a' ar lár idir 'mar' agus briathra ach uaireanta cuirtear isteach í, agus is cosúil go ndearnadh cinnithe eagarthóireachta sna cásanna seo.

In DD, is é Edmund Crosby Quiggin a bhailigh scéalta ó John Hegarty i Mín an Bhainne, ceantar atá an-chóngarach do na Cruacha. Deir Quiggin sa réamhfhocal (1906, v) “it is imperative ... every effort should be made to obtain scientific records of the speech of persons born before the famine who still have a firm grip of the vernacular.” Sa dá shampla a leanas feictear sa téacs agus sa trascríobh i gcomharthaí foghraíochta, go gcuirtear síos caint dhíreach an scéalaí, agus nár chuala Quiggin an mhír choibhneasta 'a' á rá ag an scéalaí:
2.1.8 “/gəːd′eː mər ·viː -ʃəd/, goidé mar bhí siad,” (Quiggin, 1906, 240-241),
2.1.9 “/əs mɑiˤ mər hɑːrLyː/, is maith mar tharlaidh,” (Quiggin, 1906, 208-209).

In SóTC, is é Seán Ó hEochaidh a bhailigh na scéalta seo sna Cruacha, agus is é Séamas Ó Catháin a chuir leagan Gaeilge na scéalta in eagar. Uaireanta cuirtear isteach an mhír choibhneasta mar chuid den phróiseas eagarthóireachta, agus uaireanta eile fágtar ar lár í. Fágtar ar lár an mhír choibhneasta i leagan na lámhscríbhinní sna trí

shampla a leanas agus ní dhéantar athrú eagarthóireachta orthu sa leabhar:

2.1.10 “agus is é seo mar d'inis sí,” (Ó hEochaidh, Ní Néill, agus Ó Catháin, 1977, 262),

2.1.11 “Bhail, sin mar bíos,” (Ó hEochaidh, Ní Néill, agus Ó Catháin, 1977, 266),

2.1.12 “go díreach mar bhí sé,” (Ó hEochaidh, Ní Néill, agus Ó Catháin, 1977, 288).

Sa chéad sampla eile faightear an mhír choibhneasta 'a' sa lámhscríbhinn agus arís ní dhéantar aon athrú eagarthóireachta air:

2.1.13 “go díreach mar a dhéanfadh do bhean fhéin,” (Ó hEochaidh, Ní Néill, agus Ó Catháin, 1977, 292).

Ach sa sampla deireanach a fhaightear sa leabhar seo, agus i gcodarsnacht dhíreach leis an dóigh a láimhseáiltear sampla 2.1.10 thuas, is cosúil gur cinneadh eagarthóireachta é an mhír choibhneasta 'a,' nach bhfaightear sa lámhscríbhinn a chur idir an cónasc 'mar' agus an briathar mar a leanas:

2.1.14 “mar d'inis mise duit-se é,” (CBÉ 1412: 5), athraithe go “mar a d'inis mise duitse é,” (Ó hEochaidh, Ní Néill, agus Ó Catháin, 1977, 298).

In UCCT, is é Séamas Ó Catháin arís a chuir na scéalta in eagar, ach sa leabhar seo is scéalta a bhailigh sé féin ó Phádraig Eoghan Phádraig Mac an Luain sna Cruacha atá i gceist. Má éistear leis an taifead a théann in éineacht leis an leabhar seo, tá an mhír choibhneasta 'a' le cloisteáil go réasúnta soiléir sa sampla a leanas:

2.1.15 “mar a bheadh sé sa teach seo,” (Ó Catháin, 1985, 40).

Sa dá shampla a leanas áfach, cloistear “mar tá” á rá ag an scéalaí ar an taifead, agus é i bhfad níos soiléire sa dara sampla ná mar a chloistear é sa chéad cheann. Is ábhar inspéise é mar sin gur fágadh gan athrú an chéad sampla sa leabhar, mar a leanas:

2.1.16 “leaba na clúdach mar sin, mar tá an leaba sin,” (Ó Catháin, 1985, 41),

ach gur athraíodh an dara sampla go “mar atá,” mar a leanas:

2.1.17 “más mar sin mar atá,” (Ó Catháin, 1985, 50).

In OCTC, is é Pádraig Ó Baoighill a chuir scéalta a bhailigh sé féin agus Máirtín Ó Cadhain i dTír Chonaill in eagar. I scéal amháin a fuarthas ó Mhícheál Mac an Luain, (Micí Phádraig) faightear sampla amháin agus an mhír choibhneasta ar lár:

2.1.18 “cá bith mar bhí,” (Ó Baoighill, 2007, 222),

agus sampla eile faightear an mhír choibhneasta 'a' idir 'mar' agus an briathar:
2.1.19 "bhí an teach dressáilte suas mar a bhí ó thús," (Ó Baoighill, 2007, 223).

Ag scríobh dó faoi easnamh na míre coibhneasta 'a' idir 'mar' agus an briathar *bí* i gCúige Uladh, deir Ó Cadhlaigh (1949, 182 - 183):

> Úsáidtear '**mar atá**' (sic) agus '**mar bhí**' i gCúige Uladh d'fhonn ní do mhíniú. Mar seo, féach:
> Bhí féidhm i dtoigh an mhaighistir le ball úimleadach trioc, mar bhí cliabhám (sic). CO. 10.
> "Tá rud agam-sa fá choinne Bhríghde," ars Éamonn, "is fearr go mór ná'n amaidigh a theagasgann mná-riaghalta, mar tá puntaí breaca." CiD. 5.

Ciallaíonn na tagairtí "CO. 10" agus "CiD. 5" go bhfuarthas na habairtí seo ar leathanach 10 de *Caisleáin Óir* agus ar leathanach 5 de *Cith is Dealán* le Séamus Ó Grianna. Rinne Niall Ó Dónaill eagarthóireacht ar an dá leabhar agus feictear claonadh i dtreo an Chaighdeáin san ochtú cur amach de *Caisleáin Óir* i 1994, agus sa séú cur amach de *Cith is Dealán* i 1976. Cuirtear an mhír choibhneasta 'a' isteach sa chéad abairt mar a leanas:
2.1.20 "bhí feidhm i dtigh an mháistir le ball úimléideach trioc, mar a bhí cliabhán." (Ó Grianna, 1994, 11),
agus úsáidtear 'atá,' foirm choibhneasta an bhriathair 'bí' sa dara abairt mar a leanas:
2.1.21 "Tá rud agamsa fá choinne Bhríde," arsa Éamonn, "is fearr go mór ná an amaidí a theagascann mná rialta, mar atá puntaí breaca," (Ó Grianna, 1976, 11).

Tugtar le fios in Ó hAnluain (1999, 304), gur féidir an mhír choibhneasta 'a' a bheith báite sa chaint sna clásail aidiachtacha dhíreacha, cás nach mbaineann go díreach leis an phlé seo. Deir Ó hAnluain:

> Is cónasc iomarcach an mhír choibhneasta *a* sna clásail aidiachtacha dhíreacha dhearfacha. Cé gur gnách í a scríobh ... , níl sí riachtanach de réir na comhréire, agus is minic báite í idir dhá chonsan féin sa chaint.

Cé nach mbaineann an sliocht thuas as Ó hAnluain, 1999 go díreach le heasnamh na míre coibhneasta 'a' idir 'mar' agus briathra, tugann sé le fios gur féidir a rá gur bá de chineál éigin agus nach tréith chanúnach a tharlaíonn le heasnamh na míre coibhneasta 'a' tar éis 'mar' mar a fhaightear sna scéalta sa saothar seo. Is féidir a rá fosta gur bá is cúis le heasnamh na míre coibhneasta idir 'mar' agus na briathra a thosaíonn ar ghuta, mar a léiríonn an sampla a leanas as an scéal *Bilí ⁊ an Tarbh*:

2.1.22 "Rachaidh mise leat a' scar a' bith, go bhfeicfidh mé caidé mar éireochas liom," (CBÉ 1033:39).

Mar sin cuirtear isteach an mhír choibhneasta 'a' i ngach cás a bhfuil sí in easnamh idir 'mar' agus na briathra go léir, agus cuirtear 'mar atá' in áit 'mar tá' gach uair a fhaightear sna scéalta é.

## 2.2 Na fuaimeanna /j/ agus /γ/ scríofa mar *dh'* idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail dar tús guta nó *f*

Sna tríocha scéal atá curtha in eagar sa saothar seo faightear *dh'* idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail dar tús guta nó *f* in ocht gcás is daichead. Feictear ar an liosta a leanas go mbíonn an réamhfhocal *de* laghdaithe nó báite i gcaint na scéalaithe, agus go ndéanann an bailitheoir é seo a thaispeáint trí *a*, *'e* nó *'é* a chur in áit an réamhfhocail nó an réamhfhocal *de* a fhágáil ar lár go hiomlán. Cuirtear líon na samplaí mar a fhaightear sna scéalta sa saothar seo idir lúibíní leo mar a leanas:

lán do dhoirn dh'airgead (1), lán mo phóca dh'airgead (1), a leithéid seo a dh'áit (7), ina leithéid seo 'e dh'áit (5), ina leithéid seo 'é dh'áit (3), leis an fhad seo dh'am (13), a leithéid seo a dh'am (2), a leithéid seo 'e dh'am (4), seacht mbliadhna dh'aois (1), a leithéid seo dh'éan (1), a chur a dh'fhiafaí ort (3), d'fhág sé dh'fhiafaí orm-sa (2), atá 'e dh'fhéidhim ort (1), fá'n am seo dh'oidhche (3), lán mo dhoirn dh'ór (1).

Ag scríobh dó faoi chanúint Mhín an Bhainne, ceantar atá an-chóngarach do na Cruacha Gorma, deir Quiggin (1906, 73) go laghdaíonn an réamhfhocail *de* go /ə/ roimh *dh'* sa chaint, agus go scríobhtar *dh'* chun an fhuaim /j/ roimh (f)e/i, agus an fhuaim /γ/

roimh (f)a/o/u a scríobh:

> The prepositions do, de are frequently reduced to /ə/ and when before a substantive with vocalic initial a /j/ or /γ/[25] is inserted according as the O.Ir. initial was palatal or not. This /ə j-/ (ə γ-)/ is usually explained as being a reduplication of the do, de and the /j(γ)/ is written dh' (Henebry pp. 60, 61).

Agus é ag scríobh faoin fhuaim /γ/, deir Quiggin go gcuirtear isteach an fhuaim seo mar consan cúntach idir /ə/ < *do, de* agus ainmfhocail dar tús na gutaí (f)a/o/u. Is ábhar inspéise é go bhfuil an réamhfhocal *de* báite sa dara sampla a thugtar thíos. Deir Quiggin (1906, 117):

> A hiatus-filling /γ/[26] is inserted between /ə/ < do, de, when they precede an infinitive or substantive which begins or once began with a non-palatal vowel, ... Examples - ... /ɑ l'ehədʻ'ʾ ʃɔ də γɑ:t'/, 'such a place as this,' ... /γlɑk ʃə N'i:s Luw γɑm/, 'it took less time.'

Tá nóta scríofa ag Hughes (1987a, 102), agus é ag tagairt don fhrása "agus ólainn a dhéim gan mhoill" a fhaightear i dteacs an amhráin 'Amhrán an Mhuiltín.' Deir sé:

> **olainn a dhéim.** Is ionann seo agus **de dh'fheidhm**, agus an chiall "de dhíth, de dhíobháil" leis. Ar Léarscáil 21 d'imleabhar I den **Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects**, Wagner (Dublin, 1958), tá na freagraí éagsúla ann a fuarthas don cheist Bhéarla "do you want (a drink) ?" Chomh maith le foirmeacha mar **de dhíth/dhéith** agus **de chiobháil** (sic) as Tír Chonaill, bhí an fhoirm (e 'je.m) **'e dh'fheidhm** le cluinstean fán Ghaeltacht Láir agus a timpeallacht: Litir Mhic an Bhaird (pt. 80), An Ceann Garbh (pt. 82), na Cruacha (pt.83) agus Ard an Rátha (Pt. 84) ... Tá an fhoirm seo **'e dh'fheidhm** le cluinstean go mion agus go minic sa ghnáthchaint (amanna taobh le **de dhíth/dhíobhail**) agus is litriú an-

[25] Cuirtear an comhartha foghraíochta /γ/ in áit an /*g*/ a úsáideann Quiggin ar bhonn na simplíochta sa saothar seo.
[26] Ibid.

fhoghraíochtúil de **a dhéim**.

Tar éis an réamhfhocail *de* a bheith laghdaithe go /ə/ sa chaint, is féidir a chailleadh go hiomlán má thagann guta díreach roimhe mar a tharlaíonn go minic ar liosta na samplaí thuas. Deir Quiggin (1906, 144):

> /ə/ is lost before a form beginning with a vowel and in small words it may be lost after a vowel ... do, de, dia, a may all be reduced to ə and disappear. Examples - ... /fɑ Nɑm ʃɔ lɑ:/, 'about this time of day' (the de leaves as only trace the aspiration of /L/ to /l/).

Is léir ó na samplaí a thugann Quiggin agus Hughes go bhfaightear na fuaimeanna /j/ agus /γ/ idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail dar tús guta nó *f* mar thréithe de chanúint na gCruach, agus go scríobhtar mar *dh'* iad sna téacsanna.

Ach ní réitíonn sé seo le moltaí an Chaighdeáin Oifigiúil de réir *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil*, (2004, 127). Faightear an riail seo a leanas ann a léiríonn go laghdaítear an réamhfhocal *de* go *d'* roimh ghuta nó roimh *fh-* agus guta ar a lorg:

> An tUaschama:
> 1. Úsáidtear an t-uaschama nuair a ligtear guta ar lár (roimh ghuta eile nó roimh *fh-* agus guta ar a lorg)- *(a)* i ndiaidh *de* (réamhfhocal): *e.g.*, thit sé d'each, blúire d'fheoil mhéith.

Faightear sampla den chaighdeánú seo, agus leasú eagarthóireachta á chur i bhfeidhm, in *Síscéalta ó Thír Chonaill*, (1977), má chuirtear foirm na lámhscríbhinní den fhrása "Ní hé dálta a leithéid seo a dh'fhear atá ort," (CBÉ 1667: 191), mar a fhaightear é sa scéal 'Pionós fhear an phoitín' a bhailigh Seán Ó hEochaidh sna Cruacha Gorma, i gcomparáid leis an fhrasa céanna i leagan Gaeilge den leabhar, "Ní hé dálta a leithéid seo d'fhear atá ort," (Ó hEochaidh, Ní Néill agus Ó Catháin, 1977, 282). Faightear an frása "ag inse go rabh a leithéid seo d'áit le díol." (Ó hEochaidh, Ní Néill,

agus Ó Catháin, 1977, 350) sa scéal 'Turas go Nua Eabhrac Oíche Shamhna.' Cé go bhfuil an cuma ar an abairt seo go ndearnadh é a leasú i dtreo an Chaighdeáin, ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir leagan na lámhscríbhinni agus an leagan foilsithe sa chás seo toisc nach bhfuil teacht ar fhoinse lámhscríofa théacs an scéil.[27]

Is eiseamláir shoiléir é seo den choimhlint a fhaightear nuair nach réitíonn canúint chainteoirí na gCruach leis an Chaighdeán Oifigiúil. In ainneoin gurb iondúil go ndéantar iarracht rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil a chur i bhfeidhm sa saothar seo, taobhaítear leis an leagan canúnach nuair a bhíonn coimhlint idir an chanúint agus an Caighdeán. Mar thoradh ar an taobhú seo, ní dhéantar aon athrú ar an *dh'*, mar a fhaightear é idir an réamhfhocal *de* agus ainmfhocail nuair is guta nó *f* a thús, ach cuirtear isteach an réamhfhocal báite *de* i ngach cás mar a leanas, agus foirm na lámhscríbhinní i gcló iodálach:
*lán do dhoirn dh'airgead*, lán do dhoirn de dh'airgead, *lán mo phóca dh'airgead*, lán mo phóca de dh'airgead, *a leithéid seo a dh'áit*, a leithéid seo de dh'áit, *ina leithéid seo 'e dh'áit*, ina leithéid seo de dh'áit, *ina leithéid seo 'é dh'áit*, ina leithéid seo de dh'áit, *leis an fhad seo dh'am*, leis an fhad seo de dh'am, *a leithéid seo a dh'am*, a leithéid seo de dh'am, *a leithéid seo 'e dh'am*, a leithéid seo de dh'am, *seacht mbliadhna dh'aois*, seacht mbliana de dh'aois, *a leithéid seo dh'éan*, a leithéid seo de dh'éan, *a chur a dh'fhiafaí ort*, a chur de dh'fhiachaí ort, *d'fhág sé dh'fhiafaí orm-sa*, d'fhág sé de dh'fhiachaí orm-sa, *atá 'e dh'fhéidhim ort*, atá de dh'fheidhm ort, *fá'n am seo dh'oidhche*, fán am seo de dh'oíche, *lán mo dhoirn dh'ór*, lán mo dhoirn de dh'ór.

## 2.3. Úsáid fhoirm na haidiachta sealbhaí *á* in áit *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl

I naoi gcás is tríocha sna scéalta atá curtha in eagar sa saothar seo, baineann an bailitheoir úsáid as *á* in áit tríú pearsa na haidiachta sealbhaí *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl. De réir rangú Uí Dhónaill (1977, 1) is í foirm na haidiachta sealbhaí *á* a úsáidtear mar chuspóir an ainm bhriathartha, ach is é *a*

[27] “The manuscript source of Story No. 136 cannot be traced,” (Ó hEochaidh, Ní Néill, agus Ó Catháin, 1977, 403).

a úsáidtear leis an ainm bhriarthartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl. Deir Ó Dónaill (1977, 1), gurb é *a* foirm na haidiachta sealbhaí a úsáidtear leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl, mar a leanas:

> **a₅,** *poss. a.* ... **2.** (Used with vn. to express pronominal object; affects initial letters as at **1**) **Bhí orm a chur, a cur, a gcur, ar scoil,** I had to send him, her, them to school. *Thug mé arán dó ach níor mhian leis a ithe*, I gave him bread but he did not want to eat it. *Is ann ba mhaith léi a hadhlacadh*, it was there she wished to be buried. *Féadann tú a n-iarraidh air*, you may ask him for them.

Déantar plé anseo ar fhoirm na haidiachta sealbhaí a úsáidtear sa chás seo i bhfoilseacháin eagsúla a bhfuil ábhar béaloidis na gCruach, agus ceantracha Gaeltachta eile i dTír Chonaill curtha in eagar iontu. B'fhéidir go bhfuil na gutaí /ə/, /ɑ/ agus /ɑ:/ inmhalartaithe sa chaint nó róchóngarach lena scaradh ó chéile, agus gur sin an fáth go gcuirtear foirm na haidiachta sealbhaí *á* in áit na foirme *a*.

Ar an chéad dul síos, tugtar anseo liosta na n-abairtí as na scéalta a bhfaightear úsáid na haidiachta sealbhaí *á* in áit *a* leis an ainm briathartha, agus cuirtear cló trom orthu mar a leanas:

2.3.1 "Chuir siad síos an teinidh agus bheir siad thíos is thuas air, agus chuir siad ós cionn na teineadh é, ... agus annsin ní rabh acú ach **á chaitheamh** uatha." (CBÉ 1032: 5-6).

2.3.2 "Tá buataisí annseo agam-sa agus cuir ort iad, ..." "Seadh," arsa seisean, "ach caidé'n dóigh a bhfuigh mé **á gcur** chugat arais?" (CBÉ 1032: 10).

2.3.3 "Dá mbéadh céad a dhíoghbhail ort," adeir seisean, "chaithfeá **á bhfagháil**." (CBÉ 1032: 12).

2.3.4 "Chuir sé amach a chuid buachall agus chruinnigh sé dhá fhichead molt, ... agus 'á réir 's mar bhíthear á marbhadh d'iarr sé **á gcur** suas ar dhruim an éin." (CBÉ 1032: 12).

2.3.5 "Chuaidh seisean síos 'na diaidh, agus nuair a chuaidh chonnaic sise é, agus bhí luthgháir mhór uirthí **á fheiceáil** ar ndóiche." (CBÉ 1032: 15).

2.3.6 "Bhail, tá claidheamh agam-sa annseo," adeir sí, "agus dá mbaininn-se an ceann

díot-sa anois ní rabh agam ach iarraidh uirthí **á chur** ort arais, agus dheánfad sí sin." (CBÉ 1032: 23).

2.3.7 "Bhail scriosfaidh sé thú," adeir an chailleach, "mar dtigidh leat **á chur** ar shiubhal." (CBÉ 1032: 70).

2.3.8 "... agus níl sí 'dhith orm go cionn tamaillt eile, agus is feárr duit **á tabhairt** arais agus **á fágáil** 'san áit a bhfuair tú í." (CBÉ 1032: 75).

2.3.9 "Chualaidh fear ar a' bhaile go rabh sé a' gabhail a dheánamh fastoidh agus ní leigfead sé amach as an bhaile é go ndeánfad sé fhéin **á fhastodh**." (CBÉ 1032: 78).

2.3.10 " ... bhí an t-seachtar plúchta astoigh faoi'n chothán aige. Ní thiocfadh **á chur** ar shiubhal annsin." (CBÉ 1032: 109).

2.3.11 "Abair leis amárach," adeir sí, "go bhfuil do mháthair i n-Ifrionn leis an fhad seo dh'am, agus go gcaithfidh sé a dhul agus **á tabhairt** chugat ..." (CBÉ 1032: 111).

2.3.12 "... agus go gcaithfead sé **á tabhairt** chuige ..." (CBÉ 1032: 111).

2.3.13 "Caidé 'n dóigh a mbéinn-se ábalta do mháthair a aithne," adeir sé, " ...agus caidé mar bhéinn-se ábalta **á piocadh** amach astú?" (CBÉ 1032: 111).

2.3.14 "... agus bhí sí astoigh annsin thuas ar a' lafta, agus ní rabh siad ábalta **á tabhairt** anuas" (CBÉ 1032: 126-127).

2.3.15 "Ó!" adeir sé, "nach gcaithfidh sé go dtig **á léigheas**." (CBÉ 1032: 127).

2.3.16 "Níl a'n am le fada nach rabh rún agam féasta a thabhairt duit, agus ní bhfuair mé faill **á dheánamh** ariamh." (CBÉ 1032: 139).

2.3.17 "Níl dóigh ar bith air ach neart teas a chur air," arsa mise, "agus **á oibriú** go maith nuair a bhéadh an teas air," arsa mise." (CBÉ 1032: 140).

2.3.18 "Bhí an rí é fhéin an-mhór léithe, agus bhí fhios ag an leas-mháthair nach rabh maith daoithe iarraidh air **'á cur** ó'n teach ní h-é amháin **á cur** 'un báis." (CBÉ 1032: 290).

2.3.19 "D'fhiafruigh an bhó daoithe a mbéadh faill aicí **á bliodhghan**." (CBÉ 1032: 299).

2.3.20 "... chuir sé isteach an oidhche ar an dóigh cheádna ... "Bhail, caithfidh tú **á thriail** oidhche eile," arsa'n rí," (CBÉ 1032: 341).

2.3.21 "Chuaidh sé amach agus d'iarr sé ar bheirt de na saighdiúirí breith air, agus **á chaitheamh** isteach chuig na beathadhaigh allta," (CBÉ 1032: 341).

2.3.22 "... ní rabh sé astoigh i gceart go rabh na beathadhaigh allta a' gabhail **á**

**strócadh** as a chéile." (CBÉ 1032: 341).

2.3.23 "... d'iarr sé ar bheirt eile de na saighdiúirí breith thíos is thuas ar an fhear seo, agus **á chaitheamh** isteach innseoir na beathadhaigh-allta." (CBÉ 1032: 344).

2.3.24 "Ní rabh aige ach sean-bhó bheag amháin, agus b'éigean do'n duine bhocht **á tabhairt** amach 'un aonaigh agus **á díol**." (CBÉ 1032: 411).

2.3.25 "... tá an droch-rud a coinneáil fá do theach," adeir sé, "leis a' fad seo dh'am, agus tá sé astoigh anocht fosta, agus thiocfadh liom-sa **á dhíbirt** anois ..." (CBÉ 1032: 422).

2.3.26 "Bhí siad bollog gann ... ach ní rabh dol **á fagháil** i n-áit ar bith." (CBÉ 1032: 426).

2.3.27 "Tá sé a' teacht arais," arsa fear acú. "Tá," arsa'n fear eile, "agus dá ndeánaimist an ceart leis agus **á cheangal** de bheirt ..." (CBÉ 1032: 432).

2,3,28 "Tá buideál agam-sa," adeir Jack, ... H-iarradh air **á thabhairt** 'un cinn ..." (CBÉ 1032: 441).

2.3.29 "... má thig an bhean ar léithe é a choidhche an bealach, agus í á chuartú go gcaithfidh tú **á thabhairt** dí." (CBÉ 1032: 442).

2.3.20 "Seo rud annseo a d'fhág sé 'na dhiaidh, ... a bheith cinnte agus **á thabhairt** duit." (CBÉ 1032: 445).

2.3.31 "... gur bh'é fhéin a gheobhadh nighean Rí an Domhain Thoir le pósadh ... Ní rabh fear a' bith a' teacht a bhí ábalta **á fagháil** ... agus achan nduine a fiacháil a dtiocfadh leis fhéin **á fagháil** ..." (CBÉ 1032: 445-446).

2.3.32 "Cuirfidh mise mo mhac fhéin fá n-a choinne ar maidin amárach." "Ní bhéadh do mhac ábalta **'á thabhairt** chugam," arsa'n Gobán," (CBÉ 1032: 474).

2.3.33 "... go gcuirthidhe 'un báis é fhéin agus a mhac ... bhí fhios ag an bhean go maith go rabhthar a gabhail **'á gcur** 'un báis ..." (CBÉ 1032: 476).

2.3.34 "... ach trí ba atá agam agus trí h-aisle, agus trí gabhair, a chur isteach 'na coilleadh agus **á gcoimhead** go dtigidh an oidhche," (CBÉ 1033: 40).

2.3.35 "Dubhairt maighistir na scoile gur chóir an seanduine a mharbhadh anocht. "Tá strainseair astoigh a scar a' bith anocht, agus tig linn **á fhágáil** ar an strainseáir ..." (CBÉ 1033: 50-51).

2.3.36 "... d'iarr sé ar an t-seanbhean éirigh agus toirtín a dheánamh, agus **á bhruith** ..." (CBÉ 1033: 303).

2.3.37 "... agus mhothuigh sé iomrádh ar nighean Rí a bhí 'sa Domhain Thoir, agus rinn sé amach go n-imtheochad sé féachailt a dtiocfadh leis **á fagháil**." (CBÉ 1033: 458).
2.3.38 "... adeir a' fear a bhí a' greadadh ar an chomhraí, "agus ní leigfidh mé **á chur** indiú go bhfághaidh mé iad." (CBÉ 1033: 459).
2.3.39 "Tháinic na péas agus thug siad leóbhtha an fear a dhíol na muca, agus bhí siad ag gabhail **á chur** 'un toigh' móir." (CBÉ 1033: 480).

Is ábhar inspéise nach mbaineann an bailitheoir úsáid as an aidiacht shealbhach *á* i gcónaí leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl. Sa scéal céanna a fhaighthear samplaí 2.3.1 go 2.3.5 thuas, faightear na habairtí a leanas:
2.3.40 "Ó níl agat ach **a mbaint** díot," arsa seisean, "agus tiocfaidh siad fhéin arais." (CBÉ 1032: 10).
2.3.41 "Ach bhuail sé an cladach ar scor ar bith. "Bhail tá sé buailte againn anois," adeir an buachaill, agus nár mhaith an rud domh-sa gan **a fheiceáil** ariamh." (CBÉ 1032: 14).
Sa scéal a fhaighthear sampla 2.3.38 thuas, faightear an abairt seo:
2.3.42 "Bhí fear annsin, agus bhíthear dá chur agus ní rabh airgead ar bith ag n-a bhunadh, agus bhí fear amháin ann agus ní leigfead sé **a chur** a' chor a' bith." (CBÉ 1033: 458).

Ag scríobh dó in DD faoi Ghaeilge Mhín an Bhainne, bhain Quiggin úsáid as an aidiacht shealbhach *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl, mar a léirítear sna samplaí a leanas:
2.3.43 "Chuir mise cúl air **gan a phósadh** go ceann bliadhna, ... **/gən ə fɔ:suw/** ... " (Quiggin, 1906, 209-210).
2.3.44 "... /fwy:rsə **ə g'ɑruw**./, ... thúsaigh sé do ghearradh na beilte. Fá dheireadh fuair sé **a gearradh**." (Quiggin, 1906, 240-241).
Trí úsáid an ghuta neodraigh /ə/ thaispeánann Quiggin gurb í an aidiacht shealbhach *a* a chuala sé sna habairtí seo. De ghnáth, baineann sé úsáid as an chomhartha foghraíochta /ɑ:/ nuair a theastaíonn uaidh fuaim an *á* a thaispeáint, mar shampla:
2.3.45 "/Lɑ:/ ... /Mɑ:/ ... /gɑ:/ - Lá ... Má ... dhá," (Quiggin, 1906, 222-223).

In SóTC d'athraigh Séamas Ó Catháin *á* go dtí an aidiacht shealbhach *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl, mar a léiríonn na samplaí seo a leanas:

2.3.46 "agus caidé a rinn an capall ach sleamhnú, agus bhris sí a leis. B'éigean **'á scaoileadh** i n-áit na mbonn," (CBÉ, 1412: 6), athraithe go " ... B'éigean **a scaoileadh** in áit na mbonn," (Ó hEochaidh, Ní Néill agus Ó Catháin, 1977, 298).

2.3.47 "Bhí fear sa talamh a'n uair amháin agus nuair a bhí sé a romhar thart [ar an Stualaire] dar leis gur cheart **á leagan** amach as a bhealach," (CBÉ, 1667: 195), athraithe go " ... gur cheart **a leagan** amach as a bhealach," (Ó hEochaidh, Ní Néill agus Ó Catháin, 1977, 278).

Sna scéalta a bhailigh Séamas Ó Catháin ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain, agus a foilsíodh in UCCT, ní fhaightear ach an aidiacht shealbhach *a* leis an ainm briathartha chun an chuspóir forainmneach a chur in iúl, mar a léiríonn na samplaí a leanas:

2.3.48 "D'iarr sé ... a ainm agus a shloinneadh a chur ar an chomhraidh agus **a chaitheamh** amach sa fharraige." (Ó Catháin, 1985, 10).

2.3.49 "chaithfí crú asail a dheargadh agus **a chur** faoin chuinneoig," (Ó Catháin, 1985, 18).

Faightear an aidiacht shealbhach *á* mar chuspóir an ainm bhriathartha san fhoinse chéanna, mar a léiríonn an sampla a leanas:

2.3.50 "Agus tugadh *sentence* ansin air, **á chur anonn**," (Ó Catháin, 1985, 3).

Is ábhar inspéise nach féidir difríocht a aithint idir fuaim na n-aidiachtaí sealbhacha *a* agus *á* ar an taifead a théann leis an fhoilseachán seo. Is cosúil gur cinneadh eagarthóireachta é, i gcomhthéacs bhrí na n-abairtí difriúla, cibé aidiacht shealbhach, *a* nó *á* a úsáidtear.

In ÓCTC chuir Pádraig Ó Baoighill scéalta in eagar a bhailigh sé féin agus Mairtín Ó Cadhain i dTír Chonaill, trí scéal as na Cruacha Gorma san áireamh. Ní fhaightear mórán samplaí den aidiacht shealbhach *a* leis an ainm briathartha chun an cuspóir forainmneach a chur in iúl sna scéalta seo, ach tá dhá cheann iontu mar a leanas:

2.3.51 "Bhí an-lúchair ar an Chnochaire ... agus d'iarr sé air buille a bhualadh sa tsealán

agus **a ligint** anuas."  (Ó Baoighill, 2007, 224),
2.3.52  "bhí siad [torcannnaí] maith fá choinne **a n-ithe**,"  (Ó Baoighill, 2007, 225).

Cé nach anailís ar Ghaeilge na gCruach a rinne Heinrich Wagner in GT, faightear na samplaí a leanas ann a thaispeánann go scríobhtar síos an guta /ə/ mar *dá*, *á* agus *a* agus go scríobhtar an guta /ɑ/, mar *á* mar a leanas:
2.3.53  "agus insna hamhráin **dá dtigeadh** dearmad ar dhuine acú, bhí siad i n-innibh líne a chumadh agus iad **á ceól** comh maith leis an bun-líne. - **/ə d'ig'u ... ə k'ɔ:l/**" (Wagner, 1959, 244-245).
2.3.54  "Fá dheireadh thainig an chráig fhad le Hamiltún, agus nuair a chonnaic an Beirneach go rabh sí aige, scairt sé leis **á bualadh** chuige fhéin, - ... **/ ɑ b$^{w}$iəlu/** ..." (Wagner, 1959, 248-249).
2.3.55  "Bhí dhá bhuachaill insa bháthadh ... agus d'fhiafruigh a fear daoithe goidé an dóigh a dtig léithe **a dtabhairt** isteach, - **/ə do̺rt/** ..." (Wagner, 1959, 276-277).

Ní féidir a rá go cinnte an í an fhuaim /ə/, /ɑ/ nó /ɑ:/ a chuala an bailitheoir mar thríú pearsa na  haidiachta sealbhaí leis an ainm briathartha chun an chuspóir forainmneach a chur in iúl sa naoi gcás is tríocha thuas ó 2.3.1 go 2.3.39 ar an liosta thuas.  Is léir áfach, go ndearna eagarthóirí éagsúla an aidiacht shealbhach a thabhairt mar *a*, nó *á* a athrú go *a*, foirm na haidiachta sealbhaí, nuair a bhí eagarthóireacht á déanamh acu ar scéalta ó chnuasach an bhailitheora agus ó chnuasaigh eile.  Tá an t-athrú céanna curtha i bhfeidhm agam sna samplaí 2.3.1 go 2.3.39 thuas.

## 2.4. Úsáid fhoirmeacha na haidiachta sealbhaí *á* agus *dá* mar chuspóir an ainm bhriathartha

Sna tríocha scéal atá curtha in eagar sa saothar seo úsáideann an bailitheoir *(')á* agus *dá*, is é sin an dá fhoirm de thríú pearsa na haidiachta sealbhaí uatha agus iolra, mar chuspóir an ainm bhriathartha.  Pléitear anseo úsáid an dá fhoirm *á* agus *dá* sna scéalta sa saothar seo agus déantar suirbhé comparáideach ar leabhair éagsúla a bhfuil ábhar béaloidis as na Cruacha agus ceantracha Gaeltachta eile i dTír Chonaill curtha in eagar

iontu.

Ar an chéad dul síos cuirtear na samplaí as na scéalta a bhfaightear an aidiacht shealbhach *(')á* mar chuspóir an ainm bhriathartha, agus tá cló trom ar na samplaí mar a leanas:

2.4.1 “d'imthigh sé i n-áit a rabh loingis **'á ndeánamh**,” (CBÉ 1032: 4).

2.4.2 “an bhfuil an fáinne agat,” adeir sí, “a thug mé duit aréir?” Chuaidh an créatúr **á chuartú** agus ní rabh fáinne ar bith aige.” (CBÉ 1032: 28).

2.4.3 “d'fhiafruigh sí de'n diúlach a rabh an méarachán aige. Chuaidh an créatúr **á chuartú** agus ní rabh méaracán ar bith aige.” (CBÉ 1032: 29).

2.4.4 “tá sé annseo indiú fosta.” “Bhail ba chóir,” adeir Pat, “go bhfuair tú do shaith aréir agus gan a dhul **'á leanamhaint** indiú arístˮ.” (CBÉ 1032: 115).

2.4.5 “Thosuigh siad a thomú an aráín síos ins a' t-sruthán agus **á ithe**,” (CBÉ 1032: 120)

2.4.6 “agus cheap sí an t-ubhall agus chuaidh sí **á ithe**.” (CBÉ 1032: 126)

2.4.7 “D'éirigh iomrádh amach sa deireadh fá 'n doctúir mhaith seo a bhí i n-Éirinn, agus ní rabh áit ar bith fríd an t-saoghal nach rabhthar **á thabhairt**.” (CBÉ 1032: 130).

2.4.8 “Ní rabh sí i bhfad ar shiubhal go dtí go bhfacaidh mé fhéin na cúirtíní **á gcur** i leathtaoibh ar an leabaidh” (CBÉ 1032: 146)

2.4.9 “Chuir sé ar a' teinidh é annsin gur rós sé é. Nuair a bhí sé **'á rósadh**” (CBÉ 1032: 161)

2.4.10 “seo ceirtlín shnáth dhuit,” adeir an t-ant, “agus bí **'a caitheamh** seo rómhat, agus **'a tochartadh**,” (CBÉ 1032: 297)

2.4.11 “Thug a pedleáir na cúig phunnta don deárthair i n-áit é fhéin **á gcoinneailt**,” (CBÉ 1032: 430).

2.4.12 “bhí sé scríobhtha ar a' toirtín dá mbéadh dhá mhíle fear **á ithe** rith a' lae” (CBÉ 1032: 440).

2.4.13 “Anois,” adeir Jack, “má tá mé a' gabhail **'á thabhairt** duit fhéin,” adeir sé, “tá mé a gabhail **á chur** a dh'fhiafaí ort, má thig an bhean ar léithe é a choidhche an bealach, agus í **á chuartú**” (CBÉ 1032: 442).

2.4.14 “Bhail sula dtugaidh mé duit é,” adeir sé, “tá mé **á chur** a dh'fhiafaí ort,” (CBÉ 1032: 443).

2.4.15 “Seo rud a d'fhág sé annseo,” adeir sé, “agus chuir sé a dh'fhiafaí orm-sa á dtigtheá thart a choidhche agus thú **á chuartú**,” (CBÉ 1032: 445).
2.4.16 “go bhfeicfead sí an tarbh **'á mharbhadh**.” (CBÉ 1033:36)

Cuirtear anseo samplaí as na scéalta a bhfaightear an aidiacht shealbhach *dá* mar chuspóir an ainm bhriathartha iontu, agus tá cló trom ar na samplaí mar a leanas:
2.4.17 “an cailín sin a bhfuil tú a tarraingt uirthí táthar ag gabhail **dá pósadh** amárach,” (CBE 1032: 14).
2.4.18 “Chuir sé a lámh suas agus tharraing sé anuas ubhla, agus thosuigh sé **dá ithe**” (CBÉ 1032: 124).
2.4.19 “chuaidh sé a tharraingt anuas na n-ubhall agus **dá n-ithe**” (CBÉ 1032: 124)
2.4.20 “Ní rabh áit ar bith a rabh sé a' gabhail nach rabh an bás ag cosa an duine sin, agus bhí sé **dá léigheas** uilig as éadán” (CBÉ 1032: 130).
2.4.21 “agus ní rabh cuid ar bith de seo a rabh sí a innse nach n-abraighead sí nach rabh sí **dá innse** seo dó dhuine ar bith” (CBÉ 1032: 306).
2.4.22 “Ní rabh ann ach go rabh sé astoigh go rabh sé stróca 'na phíosaí ag na beathadhaigh allta. Nuair a bhí siad **dá chaitheamh** isteach” (CBÉ 1032: 344).
2.4.23 “chaill mé bearach,” adeir sé, “a leithéid seo 'e dh'am, agus tá 'n tír cuartaigh' agam **dá h-iarraidh**,” (CBÉ 1032: 412).
2.4.24 “bhí a shean-bhó bheag annsin agus í ag gabhail **dá cantáil**” (CBÉ 1032: 423).
2.4.25 “bhí an chailleach 'na suidhe astoigh ins a' chóirneál aige agus cráimh mór feóla aicí **dá ithe**.” (CBÉ 1032: 427-428).
2.4.26 “agus fúigfidh mé agat-sa é, agus má thig sí a choidhche an bealach **dá éileamh**, ní bhéidh agat ach é a thabhairt daoithe.” (CBÉ 1032: 440).
2.4.27 “Ní fiú biorán sin,” adeir sí. Ní bhéidh mise i bhfad **dá cárdáil** má bheir tú do bhanais domh.” (CBÉ 1033: 203).
2.4.28 “Bhí fear annsin agus bhíthear **dá chur**” (CBÉ 1033: 241).
2.4.29 “Chualaidh mé an seanbhunadh **dá rádh** go minic” (CBÉ 1101: 459).
2.4.30 “nuair a bhéadh an t-Sacraimint **dá tógáil**” (CBÉ 1101: 459).

Is cosúil gur chuala an bailitheoir an dá fhoirm den aidiacht shealbhach, *á* agus *dá*, mar chuspóir an ainm bhriathartha. Is féidir tuairimíocht a dhéanamh go raibh sé ag

súil leis an fhoirm *dá* sa chomhthéacs atá á phlé anseo, agus gur sin an fáth go bhfaightear in amanna, an t-uaschamóg a chuir an bailitheoir in áit na litreach *d* nuair nach raibh fuaim na litreach sin le cloisteáil i gcaint an scéalaí. Taispeánann na liostaí thuas go ndearna sé idirdhealú ar an dá fhoirm i gcomhlíonadh na dtreoracha a fuair sé ón Choimisiún: "ná "ceartaigh" caint an tseanchaí. Cuir síos a ndúirt sé fé mar a dúirt sé é." (Ó Súilleabháin, 1937, iv).

Deir Ó Dónaill (1977,1) go n-úsáidtear an aidiacht shealbhach *á* mar chuspóir an ainm bhriathartha, mar a leanas:

> **á**$_1$**,** *poss. a., 3 sg. m. & f. & 3 pl. (As object of vn.)* (Lenites and eclipses according to number and person in the same manner as A$_5$). **Bhí mé á dhíol,** I was selling it. **Bhí sé á dhíol go saor,** (i) he was selling it cheaply, (ii) it was being sold cheaply. *Bhíomar á gceannach*, we were buying them. **Bhí siad á gceannach,** (i) they were buying them, (ii) they were being bought. *Bhí siad á moladh aige*, they were being praised by them.

Ach faightear aitheantas in *Foclóir Gaeilge Béarla* (1977), don fhoirm mhalartach *dá* "atá coitianta sa teanga," (Ó Dónaill, 1977, vii), san iontráil "**dá**$_6$ = Á$_1$." (Ó Dónaill, 1977, 361).

In DD is léir ó trascríobh chaint an scéalaí a chuirtear síos i gcomharthaí foghraíochta gur chuala Quiggin an dá fhoirm den aidiacht shealbhach *á* agus *dá.* Nuair a scríobh sé amach na scéalta áfach, chuir sé isteach fuaim na litreach *d* i gcónaí mar a thaispeánann na samplaí seo a leanas:

2.4.31 "... /hɔʃi: **dɑ** hɑrN't' əNə t'in'uw./ - rug sé air an tsúisín ⁊ thoisigh **da** thairnt 'un na teineadh." (Quiggin, 1906, 214-215).

2.4.32 "/vi: əNsə Nɑm ʃɔ ·bɑnɑf'r'ïNsə ɔ:g **dɑ** f'jɔ:ləm' ɛg'ə/ - Bhí anns an am seo banphrionnsa óg **d'a** feoghluim aige." (Quiggin, 1906, 214-215).

2.4.33 "/d'eir'i: ... b'ɑn jɛrəmwid' ɔgəs b'ɑn ɔskyr' əmɑχ **ɑ** N'iə hein'/ ... - D'éirigh ... bean Dhiarmuid ⁊ bean Oscair **da** nighe fhéin ..." (Quiggin, 1906, 220-221).

In SóTC bhain an t-eagarthóir, Séamas ó Catháin úsáid as an dá fhoirm den aidiacht shealbhach, *á* agus *dá*, mar chuspóir an ainm bhriarthartha sna scéalta, ach is suimiúil go n-athraítear *(')á* mar a scríobhadh sna lámhscríbhinní go *dá* i gcásanna áirithe, agus tugtar anseo dhá shampla den athrú sin mar a leanas:

2.4.34 '"Níor dhíol," arsa seisean ... "Agus an bhfuil mise **'á fáil** anois?" arsan buachaill.' (CBÉ, 1412: 8), athraithe go '"Níor dhíol," arsa seisean ... "Agus an bhfuil mise **dá fáil** anois?" arsa an buachaill.' (Ó hEochaidh, Ní Néill agus Ó Catháin, 1977, 302).

2.4.35 'Bhíthear **'á** bhogadh anonn agus **a bhrugh** anall,' (CBÉ, 1412: 179), athraithe go 'Bhíthear **dá** bhogadh anonn agus **dá bhrú** anall,' (Ó hEochaidh, Ní Néill agus Ó Catháin, 1977, 272).

In UCCT is suimiúil nár bhain an t-eagarthóir céanna, Séamas Ó Catháin úsáid as *dá*, ach gur é *á* foirm na haidiachta sealbhaí a úsáidtear i gcónaí mar chuspóir an ainm bhriathartha, mar a fheictear sna samplaí a leanas agus is *á* gan fuaim na litreach *d* a chloistear ar an taifead a théann leis an leabhar sna samplaí seo:

2.4.36 "Agus bhí gasúr aige ar fastó a bhí **á mbuachailleacht** - na mba." (Ó Catháin, 1985, 11).

2.4.37 "agus sin an cineál dóigh a raibh na dinnéir **á dhéanamh**," (Ó Catháin, 1985, 40).

Ach sa chéad sampla eile, cé nach scríobhtar síos foirm na haidiachta sealbhaí *dá*, tá fuaim na litreach *d* le cloisteáil go soiléir ar an taifead:

2.4.38 "ag marbhadh éanacha fuara agus **á n-ithe**," (Ó Catháin, 1985, 49).

In ÓCTC faightear an dá fhoirm den aidiacht shealbhach, *á* agus *dá*, mar chuspóir an ainm bhriathartha, sna scéalta a bailíodh sna Cruacha Gorma, mar a léiríonn na samplaí seo a leanas:

2.4.39 "bhí siad maith fá choinne a n-ithe agus thosaigh sé **dá rósadh**." (Ó Baoighill, 2007, 225).

2.4.40 "ní raibh an tAifreann **á léamh** i dteach pobail ar bith" (Ó Baoighill, 2007, 233).

I SAB, cé nach Gaeilge na gCruach atá i gceist, faightear foirm na haidiachta

sealbhaí *á* i gcónaí mar chuspóir an ainm bhriathartha é.  Chuir Gordon W. MacLennan na scéalta  a bhailigh Aodh Ó Duibheannaigh i Rann na Feirste sa bhliain 1937 in eagar, ach is ábhar inspéise go n-athraíonn sé *a* go *á* sna scéalta mar a léiríonn na samplaí seo a leanas:

2.4.41  "Thóg sé cnáimh a rabh dornán maith feola air agus thug sé leis é go dtí go mbeadh sé **a ithe** ..."  (CBÉ, 371: 192).  "... go mbeadh sé **á ithe** ..."  (MacLennan, 1997, 150).

2.4.42  "A' teacht isteach dó an tríú tráthnóna bhí an máístir a' deánamh réidh agus é **a chóiriughadh** ..."  (CBÉ, 371: 195).  "... agus é **á chóiriú** ..."  (MacLennan, 1997, 152).

Mar a thugtar sna samplaí thuas ó 2.4.31 go 2.4.40 as foilseacháin a bhfuil ábhar béaloidis as na Cruacha curtha in eagar iontu, tá fianaise go bhfaightear an dá fhoirm den aidiacht shealbhach, *á* agus *dá*, mar chuspóir an ainm bhriarthartha i gcaint scéalaithe na gCruach.  Uaireanta chuir eagarthóirí isteach fuaim na litreach *d* agus scríobhadh an aidiacht shealbhach *dá* nuair nach raibh an fhuaim sin sa chaint, mar a léiríonn 2.4.34 thuas.  Uaireanta eile baineadh fuaim na litreach *d* agus scríobhadh an aidiacht shealbhach *á*, mar a léiríonn 2.4.38 thuas.  Is é an aidiacht shealbhach *á* an fhoirm chaighdeánach sa chás idir lámha anseo ach, ós rud é go bhfaightear an fhoirm *dá* i gcaint na gCruach, fágtar gan athrú an dá fhoirm den aidiacht shealbhach mar chuspóir an ainm bhriathartha mar a fhaightear sna scéalta sa saothar seo iad.

# CAIBIDIL 3.

# NA SCÉALTA

1. An madadh rua

2. Mac an duine shaibhir ⁊ níon an duine bhoicht

3. An fear a dhíol dhá chéad punta ⁊ péire miotóg ar an chorp[28]

4. Pat agus Jack

5. An gasúr a chuaigh a dh'fhoghlaim gadaíochta

6. An fear a bhí ina chlairíneach bliain is fiche

7. An fear a d'ith croí an éin

8. Slasham Ceallachán

9. An fear a lig air go rabh sé marbh

10. Cormac Mac Rí an Eala

11. An Gharbhóg Mhór

12. An luchóg ⁊ an bheachóg

13. Scéal an *B*h*ig Man*

---

[28] Ls.: An fear a dhíol cúig phunnta ar an chorp.

14. Na trí chomhairle

15. Ó hÉigeartaigh ⁊ an peidléir

16. An dearthái bocht ⁊ an dearthái saibhir

17. Jack agus níon Rí an Domhain Thoir

18. Mac an Rí ⁊ an cailín nach dtearn obair ar bith ariamh

19. An Gobán Saor

20. Bilí ⁊ an tarbh

21. Na trí chomhairle

22. Scéal fhear na cruite

23. Cailleach an tsníomhacháin

24. Jack agus an taibhse

25. An chinniúint

26. An fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt
Dé Sathairn ⁊ nach rabh maidin Dé Luain[29]

27. Fear na cruite

28. An fear a dhíol fiche punta ar chorp

[29] Ls.: An fear a bhí ábalta léim na h-abhna a thabhairt maidin Dia Luain ⁊ nach rabh Dia Sathuirn.

29. Buachaillí Ard an Rátha

30. Aon a hairt ag an aifreann

Scéal 1. An Madadh Rua

Deir siad nach bhfuil aon bheathach ar dhroim thalamh an domhain atá comh bithiúnta leis an mhadadh rua. Chualaigh mise iomrá ar fhear as an taobh seo, a bhí ag teacht aniar as Inbhir le lód scadán. Fuair sé madadh rua ina luí ar thaobh an bhealaigh mhóir agus rinn sé amach go rabh sé marbh. Rug sé greim air, agus chaith sé suas ar an charr é.

Bhí go breá, bheir sé ar an bheathach, agus shiúil sé leis go dteachaigh sé ar an bhealach cothrom os cionn an Bhearnais. Dar leis go rachadh sé a mharcaíocht tamall. Chuaigh sé suas ar an charr, agus nuair a d'amharc sé fá dtaobh de ní rabh aon scadán singil ar an charr, agus ní rabh an madadh rua aige le fáil ach oiread. Chaith an madadh rua na scadáin uaidh ceann anois agus arís, agus ansin léim sé fhéin den charr i ngan fhios[30] don fhear. Ní rabh maith dó pilleadh ansin ar scór a dhul a chruinniú na scadán, agus i ndiaidh an siúl[31] a rinn sé, b'éigean dó a theacht abhaile gan scadán singil.

Chualaigh mé na seandaoiní ag trácht air sin fiche uair, nuair a bhíodh siad ag caint fá comh bithiúnta agus a bhí an madadh rua.

30 Ls.: i gan fhios.
31 Ls.: indiaidh an siubhal.

Scéal 2. Mac an duine shaibhir ⁊ níon an duine bhoicht

Bhí fear ann fada ó shin, agus ní rabh creideamh ar bith aige de chineál ar bith, agus pósadh ar bhean Ghaelach (Caitliceach)[32] é. Ní rabh acu ach aon ghasúr amháin de mhuirín, agus thóg a mháthair Gaelach é. D'imíodh sí fhéin agus an gasúr achan Domhnach chun Aifrinn, agus nuair a gheibheadh an fear ar shiúl iad, badh é an dóigh a gcuireadh sé thart an t-am, bheireadh sé leis deic cardaí a fhad leis an tábla, agus chuireadh sé amach dhá láimh go bhfeicfeadh sé cé acu lámh dá chuid a gheobhadh buaidh ar an láimh eile.

Bhí go breá, bhí sé ag oibriú leis mar sin go rabh an mac ag éirí suas ina bhuachaill. Domhnach amháin go deireanach bhí sé ina shuí ag an tábla, agus níor mhothaigh sé go dtáinig fear isteach.

“Tháinig mé isteach,” arsa an fear, “le cuideachta a choinneáil leat.”

“Maith go leor,” arsa fear an toighe.

“Imearfaidh[33] mise cluiche leat,” arsa seisean.

Chuaigh an bheirt i gcionn na gcardaí, agus cá bith a tháinig ar fhear an toighe ní rabh dul aige cluiche ar bith a chur ar an fhear a tháinig isteach. Badh é an dóigh a bhí aige, dálta go leor, nuair a rachadh sé a chailleadh ar na cardaí, rachadh sé a dhúblú. Dúirt sé leis an fhear eile go ndúbalfadh[34] sé an stáca. Dhúbail.

Bhí sé iontach saibhir ach má bhí fhéin níor mhair an saibhreas i bhfad dó go rabh deireadh caillte.

“Caithfidh mé stad anois,” a deir sé, “tá mo chuid airgid reaite.”

“Ó bhail,” a deir sé, “tá stoc mór anseo agat agus imir cuid de, agus b'fhéidir go mbainfeá cuid de do chuid fhéin sula rabh sin baol ar chaillte agat.”[35]

Leag siad luach ar an stoc, agus thosaigh an imirt acu, agus ní rabh siad i bhfad uilig ag imirt gur chaill sé an t-iomlán.

“Anois,” a deir sé, “tá sin caillte agam agus caithfidh mé stad.”

“Bhail,” a deir an fear eile, “tá *farm* mór talaimh ansin agat, agus má imríonn tú é b'fhéidir go mbainfeá deireadh sula rabh sé baol ar chaillte agat.”[36]

---

32 Nóta eagarthóireachta an bhailitheora idir lúibíní.
33 In áit 'imreoidh' an Chaighdeáin, agus **“imeoraidh,** *var. fut. of* IMIR,” (Ó Dónaill, 1977, 702).
34 In áit 'go ndúblódh' an Chaighdeáin.
35 Ls.: sula rabh sin baoghal air chaillte agat.
36 Ls.: sula rabh sé baoghal air chaillte agat.

Leag siad luach ar an talamh agus níor mhair luach an talaimh i bhfad go rabh deireadh caillte aige.
"Bhail, caithfidh mé stad anois," a deir sé.
"Bhail dhéanfaidh[37] mé margadh leat anois," a deir sé, "má bheir tú do mhac domh," a deir sé, "fágfaidh mé do chuid saibhreas uilig agat ar ais."
"Ní thabharfaidh mé duit an mac, maise," a deir sé, "nó b'fhearr liom amach as an tsaol mo chuid saibhris a fhágáil agat nó mo m[h]ac a thabhairt duit."
"Bhail dhéanfaidh[38] mé margadh eile leat," a deir sé, "fágfaidh mé agat lá agus bliain é má bheir tú domh i gcionn na bliana é."
Ba doiligh a theacht gan an saibhreas cinnte, agus chríochnaigh siad an margadh.
Bhí go maith, nuair a tháinig an mac agus an bhean abhaile d'aithin an mac go dtáinig rud inteacht air-san ó d'imigh siadsan. D'fhiafraigh sé an dtáinig rud ar bith contráilte air ó d'imigh siadsan. Dúirt seisean nach dtáinig.
"Tháinig rud inteacht," arsa an mac, arsa seisean, "nár ghnách a theacht ort Domhnach ar bith eile." Thúsaigh sé ansin, agus d'inis sé ó thús go deireadh caidé mar a bhí.
"Bhail tím," a deir an mac, "tá mise fada go leor anseo." Ghléas sé air, agus d'imigh sé in áit a rabh loingis á ndéanamh go bhfaigheadh sé long agus go n-imíodh sé amach ar an fharraige. Fuair sé[39] long déanta gléasta, agus thug sé leis slat agus d'imigh sé amach ar an fharraige. Bhí sé amuigh i bhfad agus ní rabh dul aige talamh nó dadaí a bhualadh.
Bhí sé ag éirí comhgarach don bhliain nuair a bhuail siad isteach a chois oileáin.
"Fanaigí sibhse anseo," a deir sé, "agus rachaidh mise isteach anseo go bhfeicfidh mé caidé an cineál áite atá istigh anseo."
Chuaigh, agus ní dheachaigh sé i bhfad go bhfaca sé teach, agus tharraing sé ar an teach, agus nuair a chuaigh sé isteach ní rabh istigh ach cailín agus í ina suí a chois na tineadh. D'fhiafraigh sí de cérbh é agus cé fhad a shiúil sé, agus d'inis sé di.
"Bhail níl agamsa ach mé fhéin anseo," a deir sí, "agus thig leat fanacht agam más é do thoil é."
Rinn sé amach go bhfanóchadh sé ag an chailín, agus d'imigh sé síos a fhad leis an áit a rabh an long, agus d'iarr sé ar an mhuintir a bhí inti a bheith ar shiúl, nach rachadh

[37] Ls.: dheánfá'.
[38] Ls.: dheánfa'.
[39] Ls.: sí.

seisean níos faide.
Maith go leor nuair a tháinig an cailín dúirt sí leis –
"Bhail," arsa sise, "t'eagla orm go bhfaighidh tú oíche chruaidh anocht, ach is cuma caidé a thiocfas ort beo nó marbh, ná déan aon bhéic ar scor ar bith."
B'fhíor é. Nuair a tháinig an oíche líon an teach isteach, agus achan duine acu agus a dhóigh fhéin aige lena chur chun báis. Dúirt fear a bhí ann go deireanach go gcuirfeadh siad síos tinidh agus go rósfadh siad os cionn na tineadh é. Chuir siad síos an tinidh agus bheir siad thíos is thuas air, agus chuir siad os cionn na tineadh é, agus ní rabh mórán caill déanta air gur éirigh coileach a bhí i gcionn an toighe, agus go dtearn sé scairt, agus ansin ní rabh acu ach a chaitheamh uathu. D'imigh leofa agus ní rabh aon seort air. Chuir sé thairis an oíche sin.
An oíche arna mhárach deir sí leis –
"Bhail t'eagla orm," a deir sí, "cé bith mar a bhí an oíche aréir, t'eagla orm go mbeidh an oíche anocht seacht n-uaire níos measa, ach déan mar a iarrfas mise ort," a deir sí, "agus cé bith a thiocfas ort beo nó marbh, ná lig aon bhéic asat."
Bhí go maith, an oíche sin ar ais i ndiaidh na hoíche tháinig siadsan ar ais, agus chuir siad síos an tinidh, agus chuir siad os cionn na tineadh é, ach ní rabh mórán dochair déanta dó gur scairt an coileach, agus b'éigean daofa imeacht.
"Anois," a deir sí, "sin an dream a dtearn d'athair an margadh leofa go dtabharfadh sé daofa thú nuair a bheadh an bhliain agus an lá istigh, agus tá tú réidh leofa anois, agus thig leat imeacht más mian leat é, nó thig leat fanacht."
"Bhail nuair a chaill mise an gléas a bhí liom," a deir sé, "caidé an dóigh a bhfaighidh mé a dhul abhaile?"
"Ó bhail cuirfidh mise abhaile thú," a deir sí, "más é do thoil é."
"Maith go leor," arsa seisean.
Thug sí léithi faochóg síos go bruach na farraige, agus chaith sí amach ar bharr na farraige í.
"Siúil leat ina diaidh sin anois," a deir sí, "agus bhéarfaidh sin chun na farraige thú."
B'fhíor é, shiúil leis i ndiaidh na faochóige, agus bhí bealach ansin comh maith agus ar shiúil sé ariamh air, agus cén áit a dtáinig sé i dtír ach isteach ag bun talaimh a athara. Comh luath agus a tháinig sé chruinnigh na comharsanaí uilig isteach, agus bhí an-lúcháir orthu gur phill sé. Anonn go maith san oíche labhair seanduine mór a bhí i

láthair.
“Bhail,” a deir sé, “sin an t-amharc ab fhearr liom a chonaic mé ariamh,” a deir sé, “ag amharc ar do mhac ag pilleadh abhaile tráthnóna, nó níl aon am ó rugadh ina pháiste é,” a deir sé, “nach rabh mé ag dúil go mbeadh sé pósta ar bhean de mo chuid níonach.”
“Bhail maith go leor,” a deir fear an toighe, “b'fhéidir go mb'fhearr duit a dhul chun cainte leis.”
Bhí go maith, chuaigh siad chun cainte leis, agus ba ghairid uilig a bhí siad ag comhrá gur fosclaíodh isteach an doras. Tháinig cailín coimhthíoch isteach nár aithin duine ar bith acu. Shiúil sí suas gur shuigh sí ag taobh an bhuachalla.
“Leag anall do cheann in m'ucht,” a deir sí, “tá cuma ort go bhfuil codladh ort,” a deir sí, “go gcodlaí tú néal.”
Rinn, agus níor luaithe a leag sé a cheann istigh ina hucht nó thit sé ina chodladh.
“Imigí anois,” a deir sí, “agus faighigí rud inteacht a chuirfeas mé isteach faoina chionn,” a deir sí. Fuair, agus comh luath agus a cuireadh seo faoina chionn d'éirigh an cailín agus d'imigh sí amach ar an doras. Nuair a ba mhithid an diúlach a mhuscail[40], ní rabh oiread istigh sa teach agus a mhusclóchadh é. Chuir siad fá choinne an dochtúra, agus tháinig sé agus ní rabh sé ábalta faic a dhéanamh. Chuaigh iarradh ansin ar an méid dochtúirí a bhí san áit, agus ní rabh gar ann. Tháinig dochtúir anall as an Fhrainc, nó in áit inteacht i bhfad ar shiúl.
“Sílim,” a deir sé, “go bhfuil sé seo inleighis go fóill,” a deir sé, “tá biorán suain anseo ina chionn.” D'imigh an dochtúir agus tharraing sé an biorán suain, agus mhuscail seisean agus ní rabh aon seort air. Nuair a tháinig achan seort thart chuaigh an dá sheanduine i gcionn an chleamhnais ar ais –
“Bhail, tá sibh fada go leor ar aghaidh leis an chleamhnas,” arsa an buachaill, “nuair a bheas mise ag gabháil a phósadh ní hí seo a phósfas mé.” Rinn seisean amach go rachadh sé ionsar an bhean a rabh sé aici a chéaduair agus d'imigh sé leis. Bhí sé ag cur tuairisc ar gach uile dhuine dá rabhthar a chastáil air, ach ní rabh duine ar bith ábalta a inse dó cén áit a rabh an áit seo a bhí sé a dh'iarraidh. Chuaigh sé a fhad le fear go deireanach, agus d'inis sé brí a shiúil dó.
“Bhail, níl a fhios agamsa dadaí fán áit atá tú a rá,” a deir sé, “ach tá deartháir domh dhá chéad míle ó seo,” a deir sé, “agus tá sé go mór níos eolaí nó mise.”

[40] Ls.: a mhusgal.

“Is fada go rabh dhá chéad míle siúlta agamsa le cois a bhfuil siúlta agam.”
“Ó bhail,” arsa an fear, “b'fhéidir go gcuirfinnse gléas siúil ort, agus ní bheidh tú a fhad is a shíleas tú. Tá buataisí anseo agamsa, agus cuir ort iad, agus rachaidh tú ar aghaidh níos gaiste nó atá tú a dhéanamh.”
“Sea,” arsa seisean, “ach caidé an dóigh a bhfaighidh[41] mé a gcur chugat ar ais?”
“Ó níl agat ach a mbaint díot,” arsa seisean, “agus tiocfaidh siad fhéin ar ais.”
Chuir sé air na buataisí, agus ní rabh sé bomaite gur bhain sé amach teach an dearthára a bhí dhá chéad míle ó sin.
Nuair a chuaigh sé isteach –
“Títear domh,” a deir an fear a bhí istigh, “gurb iad sin buataisí mo dhearthára ort.”
“Siad cinnte,” arsa an diúlach. D'inis sé brí a shiúil don fhear sin.
“Bhail níl a fhios agamsa dadaí fá dtaobh don áit sin,” arsa seisean, “ach tá dearthái r domh ina chónaí dhá chéad míle ón áit seo, agus tá sé i bhfad níos eolaí nó mise, agus d'fhéadfadh seisean tuairisc inteacht a thabhairt duit.”
“Bhail, is fada go rabh dhá chéad míle eile siúlta agamsa le cois a bhfuil siúlta agam cheana féin.”
“Bhail níl na buataisí a thug mo dheartháir duit leath comh maith leis na rudaí atá agamsa, agus bhéarfaidh mé duit iad, agus níl agat ach a mbaint díot nuair a rachas tú go bun na scríbe, agus tiocfaidh siad fhéin ar ais chugamsa.”
Chuir sé air na buataisí agus d'imigh leis. Cá bith mar a bhí sé a chéaduair, chuaigh sé dhá uair ní ba ghaiste ins na buataisí seo, agus ní rabh sé bomaite ar bith go rabh sé ag teach an dearthára. Chuaigh sé isteach chuige, agus d'inis brí a shiúil don fhear sin.
“Bhail, mur ndéanaidh mise amach cá bhfuil tú ag gabháil,” a deir an fear sin, “tá sé comh maith duit pilleadh abhaile, nó ní bhfaighidh aon fhear a choíche amach é i mo dhiaidh-sa. Níl aon bheathach éanlaith san aer nach mise atá i mo mháistir air, agus níl aon bheathach éisc san fharraige nach mé atá i mo mháistir orthu fosta, agus nuair a beas deireadh acu cruinnithe caithfidh sé go mbeidh eolas ag cuid inteacht acu cén áit a rabh tú.”
D'imigh sé sin agus chruinnigh sé an t-iasc a chéaduair. Ní rabh a fhios acu aon dath fá dtaobh de. Scairt sé ar an éanlaith ansin, agus tháinig deireadh.
“An bhfuil sibh uilig cruinnithe?” arsa seisean sa deireadh.

[41] Ls.: a bhfuigh.

“Níl,” a deir an dreolán.  Bhí sé i gcónaí ina óganach sheanaimseartha.  “Tá a leithéid seo de dh'éan le theacht go fóill.”  Tháinig an t-éan sa deireadh, agus bhí sé ina éan mhór láidir.

“Tá a fhios agamsa,” a deir sé, “cé rabh sé i rith an ama a rabh sé ar shiúl, agus dhéanfainnse amach é fosta,” a deir sé, “dá bhfaighinn oiread le hithe agus a choinneochadh ag gabháil mé go mbeinn ann.”

“Bhail cá bith atá a dhíth ort,” a deir fear an toighe, “bhéarfaidh mise duit é.”

“Bhail ní dadaí faoi dhá fhichead molt a choinneochadh ag gabháil mise,” a deir sé, “go mbeinn ansin.”

“Dá mbeadh céad de dhíobháil ort,” a deir seisean, “chaithfeá a bhfáil.”

Chuir sé amach a chuid buachall agus chruinnigh sé dhá fhichead molt, agus chuir isteach iad, agus mharbh sé iad, agus de réir is mar a bhíthear á marbhadh, d'iarr sé a gcur suas ar dhroim an éin.  Nuair a bhí an t-iomlán thuas ar a dhroim, d'iarr an t-éan ar an bhuachaill a dhul suas ar mhullach an iomláin agus scian a thabhairt leis a ghearrfadh suas an t-iomlán dósan.

Bhí go maith, d'imigh siad leofa, agus an t-am a ba chruaidhe a chuir sé isteach ariamh, chuir sé isteach é ag gearradh agus ag tabhairt don éan, agus an t-éan ag coinneáil leis i rith an ama. Go deireanach bhí an lód ag éirí beag, agus badh é an deireadh a bhí air go rabh an lód ag éirí beag.

“Bhail, tá mise anois a fhad is tá mé ábalta a dhul,” arsa seisean leis an bhuachaill, “má tá deireadh reaite.”

“Tá cinnte,” arsa an buachaill.

“Bhail, caithfidh tú cos de do chuid a thabhairt domh anois,” arsa seisean.

Ní rabh ag an duine bhocht ach an chos a ghearradh de fhéin agus thug sé dó í, agus ba ghairid gur iarr sé an ceann eile air.

“Tá mé go measartha comhgarach don áit anois,” a deir sé, “agus b'fhéidir go ndéanfainn an obair, agus dhá b'fhéidir nach ndéanfainn.”

Ach bhuail sé an cladach ar scor ar bith.

“Bhail tá sé buailte againn anois,” a deir an buachaill, “agus nár mhaith an rud domhsa gan a fheiceáil ariamh.”

“Ó bhail,” a deir an t-éan, “ní bheadh a fhios agat caidé an dóigh a mbeitheá go fóill sula bhfágfainnse thú.  Cuir do lámh isteach faoi m'eiteoig-sa,” a deir sé, “agus amharc

an bhfaightheá dadaí ann."
Fuair sé cos dá chuid ansin.
"Amharc faoin eiteoig eile anois," a deir sé.
D'amharc, agus fuair sé an chos eile ansin.
"Tá siad agam anseo anois," a deir an buachaill, "agus caidé a thig a dhéanamh leofa?"
"Ó! ní bheadh a fhios agat," a deir an t-éan. "Cuir do lámh isteach faoi m'eiteoig, agus amharc an bhfaightheá dadaí eile ann."
Chuir, agus fuair sé buidéal istigh faoina eiteoig.
"Leag isteach iad anois ar an dóigh chéanna a rabh siad nuair a bhain tú díot iad, agus cuimil braon de seo thart orthu, agus b'fhéidir nach mbeadh aon seort ort."
Rinn, agus bhí sé ar a chosa ar an bhomaite comh maith agus a bhí sé aon lá ariamh.
"Bhail anois," a deir sé, "an cailín sin a bhfuil tú ag tarraingt uirthi, táthar ag gabháil dá pósadh amárach, agus sé an dóigh atá san áit," a deir sé, "caitheann siad an bhainis roimh an phósadh. Seo giota de chipín agus tabhair leat é. Gabh isteach agus ní fheicfidh duine ar bith istigh thú. Sé an fear atá le pósadh é fhéin a líonfas an chéad ghloine, agus bí cinnte agus caith an gloine sin amach as a láimh.
B'fhíor é. Chuaigh sé isteach agus ba ghairid gur éirigh an *groom* agus bheir ar bhuidéal uisce b[h]eatha, agus chuaigh a líonadh an ghloine. Bhuail seisean buille air, agus chaith sé amach as a láimh é agus briseadh ina ghiotaí é. Le scéal fada a dhéanamh gairid níor stad sé gur bhris sé a rabh de ghloiní ins an teach. Ghlac sise fearg agus chuaigh sí síos chun an tseomra, agus d'fhág sí deireadh ansin. Chuaigh seisean síos ina diaidh, agus nuair a chuaigh chonaic sise é, agus bhí lúcháir mhór uirthi a fheiceáil ar ndóiche. D'fhoscail sí aníos an doras agus dúirt sí go rabh ceist aici le cur ar an chuideachta uilig –
"Dá mbeadh bean ansin agus é a bheith ina sásamh, agus é imeacht agus a fágáil; dá dtigeadh sé ar ais a choíche, cé acu a ba cheart daoithe a choinneáilt?" Dúirt achan duine ar ndóiche gurb é an fear a bhí ina sásamh a ba cheart daoithe a choinneáil.
"Bhail," a deir sí, "más mar sin atá, tá m'fhear fhéin agamsa ar ais agus bígí sibhse uilig ag imeacht abhaile."
D'imigh an scaifte uilig abhaile, agus ar maidin lá arna mhárach chruinnigh siadsan a scaifte féin, agus rinn siad bainis a bhí seacht n-uaire ní ba mhó nó an chéad cheann. Mhair an bhainis sin naoi n-oíche agus naoi lá, agus nuair a bhí an bhainis caite pósadh

an lánúin, agus chaith siad saol fada sona séanmhar go bhfuair siad bás.  Bhí mé fhéin ar an bhainis agus d'ól mé oiread agus go rabh mo chuimhne caillte agam ar feadh leathbhliana ina dhiaidh sin!

Scéal 3. An fear a dhíol dhá chéad punta ⁊ péire miotóg ar an chorp[42]

Bhí fear ann fada ó shin, agus chualaigh sé iomrá ar níon Rí a bhí i bhfad ar shiúl, agus bhuail oiread amaidí é agus gur smaoitigh sé go n-imeochadh sé go bhfeicfeadh sé an bhfaigheadh sé í. Thug sé leis fear den chomharsain agus d'imigh an bheirt.

Bhí go breá, shiúil siad leofa, agus nuair a bhí siad tamall maith ag siúl tháinig siad a fhad le teach a bhí ar thaobh an bhealaigh mhóir agus cruinniú mór daoiní taobh amuigh de. Sheasaigh siad ag an chuideachta, agus níorbh fhada a bhí siad ansin gur tugadh amach comhra, agus, mar is gnách, fágadh síos ar dhá chathaoir í. Níorbh fhada a bhí siad ansin go dtáinig fear thart agus bhuail sé a chiceáil na comhrach. Chuaigh an diúlach chun tosaigh nuair a chonaic sé seo.

“Caidé an seort oibre í seo?” arsa seisean. “Ní fhacaigh mise a leithéid seo ariamh ag gabháil ins an áit a d'fhág mé.”

“Inseochaidh mé sin duit,” a deir an fear eile, “seo fear atáthar ag gabháil a chur, agus tá traidhfil fiacha agamsa air. Fuair sé bás gan mise mo chuid fhéin a fháil, agus tá mé ag smaoitiú go mbainfidh mé sásamh as ar dhóigh inteacht sula n-imí sé.”

“Caidé an méid[43] a bhí agat air?” arsa seisean.

D'inis sé dó.

“Bhail, ná buail níos mó agus díolfaidh mise sin.” Chuir sé a lámh ina phóca agus thug sé céad punta dó.

Níorbh fhada a bhí go dtáinig fear eile agus bhí sé ní ba mheasa ag ciceáil.

“Caidé atá ag cur bhuartha ortsa?” a deir sé.

“Tá an rud céanna ag cur bhuartha ormsa a bhí ag cur bhuartha ar an fhear eile,” a deir sé. “Bhí fiacha agamsa air comh maith leis an fhear eile, agus tá sé comh córa agamsa sásamh a bhaint as leis-sean.”

“Caidé an méid a bhí agatsa air?” a deir sé.

“Bhí céad agamsa mé fhéin air,” a deir sé.

“Bhail, ná buail níos mó air agus bhéarfaidh mise céad duit.” Thug sé céad eile don fhear sin.

Ba ghairid ina dhiaidh sin go dtáinig an tríú fear, agus bhuail seisean cupla cic air.

---

[42] Ls.: An fear a dhíol cúig phunta ar an chorp.

[43] Ls.: Caidé an mhéid.

"Ó!" a deir sé, "is cosúil go bhfuil sibh ag gabháil a dhéanamh faisean de. Caidé na fiacha a bhí agatsa air?" a deir sé.
"Bhail, ní rabh agamsa air ach deich scillingne."
"Bhail deich scillingne fhéin," a deir sé, "beag agus mar atá sé níl sé agamsa anois le tabhairt duit, ach tá péire miotóg agam anseo, agus bhéarfaidh mé duit iad, agus is fiú giní iad, ar éacht gan tú níos mó don obair a dhéanamh."
Thug, agus shocraigh an bheirt, agus d'imigh lucht an tórraimh.
"Bhail," arsa an fear a bhí leis, "ó tharla gur mar seo atá tú ag tiontú amach ní rachaidh mise níos faide leat." Phill sé thart agus d'fhág sé ansin é.
Shiúil seisean leis, agus ní theachaigh sé i bhfad gur casadh fear dó, agus d'fhiafraigh sé de cá rabh sé ag gabháil. Fear beag rua a bhí ann, bhí siad a rá a bhí ann.
D'inis sé dó.
"Ó maise, a dhuine bhoicht," a deir sé, "is beag a mhothaigh mé ariamh ag imeacht ins an tsiúl sin gan cuideachta a bhí leis, agus más é do thoil é rachaidh mise leat agus coinneochaidh mé cuideachta leat go gcríochnaí tú an rud atá in do chionn."
"Is maith liomsa do chuideachta," arsa seisean.
D'imigh an bheirt agus shiúil siad leofa go dtáinig an oíche orthu. Casadh cró beag toighe orthu ar thaobh an bhealaigh mhóir.
"Rachaimid isteach anseo," a deir an fear rua, "go bhfeicfimid an bhfaighimid lóistín ann."
Chuaigh. Ní rabh istigh ann ach seanduine agus seanbhean, agus duine acu ina suí ar gach aon taobh den tinidh. D'iarr an fear rua lóistín agus dúirt an fear[44] go bhfaigheadh, nach rabh áit rómhaith acusan, agus go bhfaigheadh siad agus fáilte an seort a bhí ann.
Chaith siad an oíche sin ag an tseanlánúin, agus ar maidin lá arna mhárach nuair a bhí siad giota maith ar shiúl ón teach labhair an fear rua leis an fhear eile –
"Rinn mise dearmad," a deir sé, "agus caithfidh mé pilleadh ar ais." Phill sé ar ais.
"Ba mhaith leis an fhear seo atá liomsa," a deir sé, "fáil amach cé acu agaibh is deise a bhfuil seoid[45] aige."
"Ó níl seoid[46] ar bith anseo," a deir an tseanbhean, "ach sparán atá ansin."
"Caidé an cineál sparáin atá agat?" arsa an fear rua.

44 Ls.: an fear ruadh.
45 Ls.: seóide.
46 Ibid.

“Tá sparán anseo agus dá mbeitheá ag baint airgid amach as ó mhaidin go hoíche bheadh sé lán i gcónaí.”
“Bhéarfaidh mé amach chuige é,” a deir sé, “agus b'fhéidir go socróchadh sé é.”
Fuair sé an sparán, agus chuir an sparán ina phóca agus shiúil leis, agus níor lig air leis an fhear eile caidé a bhí air.  Shiúil siad leofa an lá sin, agus nuair a bhí an oíche ag teacht orthu casadh cró den chineál chéanna leofa ar thaobh an bhealaigh mhóir.
Chuaigh siad isteach ansin agus d'iarr an fear rua lóistín, agus fuair.  Ar maidin lá arna mhárach d'iarr sé ar an fhear a bhí leis siúl leis, go dtearn seisean dearmad, agus phill sé ar ais chun an toighe, agus dúirt sé leis an tseanbhean gur chuir an fear seo eile isteach é go bhfeicfeadh sé cé acu a ba deise a rabh seoid aige.
“Bhail níl dadaí anseo,” a deir sí, “ach clóca atá anseo.”
“Caidé an seort clóca é?” a deir an fear rua.
“Tá,” a deir sí, “dá siúltá[47] Éire agus tuilleadh agus an clóca a bheith ort, ní fheicfeadh aon duine thú go dtigtheá ar ais.”
“Bhail taighim é,” arsa seisean, “agus bhéarfaidh mé amach chuige é go bhfeicfidh sé é.”
Bheir sé ar an chlóca agus chuir sé faoina ascaill é, agus níor lig sé faic air fhéin leis an fhear eile, ach shiúil leis.
Tráthnóna an lae sin casadh cró[48] den chineál chéanna daofa.  Chuaigh isteach agus ní rabh ann ach seanduine agus seanbhean, agus d'iarr lóistín.  Fuair siad an lóistín, agus chaith an bheirt an oíche ag an phéire sin.  D'imigh siad ar maidin lá arna mhárach, agus nuair a chuaigh siad giota maith ó bhaile, dúirt an fear rua go dtearn siad dearmad.  Phill sé ar ais chun an toighe.
“Ba mhaith leis an fhear seo atá liom,” a deir sé, “fáil amach cé acu agaibh is deise a bhfuil seoid[49] aige.”
“Bhail níl seoid ar bith anseo,” a deir an tseanbhean, “ar fiú trácht air, ach claíomh atá anseo.”
“Caidé an cineál claímhe atá agat?” a deir sé.
“Bhail, tá claíomh agamsa anseo,” a deir sí, “agus dá mbaininnse an ceann díotsa anois, ní rabh agam ach iarraidh uirthi a chur ort ar ais, agus dhéanfadh sí sin.”

[47] Ls.: dá siubhalta.
[48] Ls.: fear.
[49] Ls.: seóide.

“Bhail taighim í,” a deir seisean, “agus bheárfaidh mé amach chuige í, agus b'fhéidir go socróchadh sin eisean.”

Thug sí an chlaíomh dó agus shiúil sé leis, agus níor lig sé air fhéin go bhfuair sé aon seort.

“Bhail anois,” arsa seisean, “tá sinne ar shiúl le trí lá agus níl mórán siúlta againn go fóill, agus caithfimid siúl inniu níos tibhe nó atá muid a dhéanamh. Tá an bhean sin a bhfuil tusa ag smaoitiú uirthi le theacht isteach ina leithéid seo de dh'áit inniu i gcóiste a mbeidh ceithre bheathach[50] á tharraingt, agus má thig linn é, cuirfimid an lá amú uirthi.”

B'fhíor é, shiúil siad leofa, agus bhí siad istigh ar an aonach sula dtáinig duine ar bith isteach ann. Thúsaigh beathaigh chapall a theacht isteach, agus ní dtearn an fear rua faic ach a dhul chun tosaigh, agus cheannaigh sé an dá bheathach ab fhearr a chonaic sé ag teacht isteach. Thug sé leis chun an cheárta iad agus fuair sé cruitheacha óir orthu agus tairní airgid iontu.

Thug sé don fhear eile ansin an méid airgid a bhí a chuid pócaí ábalta a choinneáil.

“Anois,” a deir sé leis, “nuair a mhothóchas sinne an cóiste ag teacht, rachaidh sinn a mharcaíocht ar an dá bheathach seo, agus nuair a chaithfeas mise lán mo dhoirn de dh'ór anonn, caith thusa lán do dhoirn de dh'airgead an taobh eile.”

B'fhíor é, nuair a mhothaigh siad an cóiste ag teacht chuaigh an bheirt a mharcaíocht i lár na sráide roimhis, agus nuair a chaitheadh fear acu dornán óir[51] a thaobh amháin chaitheadh an fear eile dornán airgid an taobh eile, agus badh é an deireadh a bhí orthu nach rabh aon duine ar an tsráid nach rabh ina ndiaidh ag cruinniú an airgid. Bhí sise ar an chóiste, agus ní dheachaigh siad i bhfad uilig go dtug sise ordú don ghíománach na beathaigh a philleadh. Phill agus tharraing sise ar an bhaile arís. Nuair a mhothaigh an Rí é fhéin ag teacht iad, d'fhiafraigh sé caidé a bhí contráilte nuair a bhí siad ag pilleadh cheana féin.

“Tá maise,” a deir sise, “tá dhá fhear uasal ansiúd ar an tsráid atá ag scabadh óir agus airgid, agus ní rabh amharc ar bith ormsa inniu le taobh an rud a bhí ina ndiaidh-san.”

“Níl a fhios agam caidé rud iad?” a deir sé.

“Níl a fhios agam caidé rud iad,” a deir sí, “ach bhí uallaigh óir agus airgid leofa.”

Bhí go maith.

“Anois,” a deir an fear rua leis an fhear eile, “rachaidh sinne a fhad le caisleán an Rí

[50] Ls.: ceithre beathadhaigh.

[51] Ls.: airgid.

seo." Tháinig an bheirt ag marcaíocht agus bhí geafta ansin a dtigeadh daoiní galánta isteach orthu ag marcaíocht, agus áit eile ar cheart do lucht beathach coitianta a theacht.
"Rachaimid isteach anois," a deir an fear rua, "ar an gheafta a dtéid na daoiní uaisle isteach orthu."
Tháinig an bheirt isteach ag marcaíocht ar an gheafta. Bhí éadaí galánta ar na casáin isteach ansin, agus nuair a chonacthas iad ag gabháil isteach ní rabhthar sásta leofa a bheith ag tabhairt na mbeathach isteach ar na héadaí galánta seo.
Tháinig an bunadh a bhí istigh amach, agus thug siad an-aghaidh go brách orthu.
"Ó!" arsa an fear rua, "is beag is fiú mur gcuid bratóg uilig go léir le taobh an rud is fiú na cruitheacha atá ar na beathaigh s'againne."
Nuair a hamharcaíodh ar na cruitheacha óir, agus ar na tairní airgid rinn siad amach gur daoiní móra a bhí iontu, agus thug siad isteach iad. Tugadh isteach i seomra mór iad ansin, agus rinneadh a mhór daofa. Tháinig níon an Rí isteach titim na hoíche a chomhrá leofa, agus rinn an-chuairt acu. Thug sí fáinne dó. Bhí balla mór thart fán teach, agus bhí ró beara ar an bhalla, agus ní rabh aon bhior dá rabh ann nach rabh ceann fir air ach aon bhior amháin.
"Anois," a deir sí leis, "nuair a thiocfas mise isteach chugat fán am seo san oíche amárach, mur rabh an fáinne seo agat beidh do cheann ar an bhior sin amuigh agam roimh an mheán lae amárach."
"Tá sin cruaidh go leor," arsa an diúlach.
Nuair a bhí sí ag imeacht dúirt sí gur thrua gan í taobh thall den ghealaigh.
"An gcuala tú," a deir an fear rua leis an fhear eile, "caidé a dúirt sí?"
"Maise ní thug mé mórán éisteachta[52] daoithe," arsa an fear eile.
"Dúirt sí gur thrua gan í ar an taobh eile den ghealaigh," arsa an fear rua.
D'éirigh an fear rua agus chuir sé air a chlóca, agus chuir sé air é, agus dúirt sé gur thrua gan eisean taobh thall den ghealaigh. Ní rabh an focal as a bhéal go rabh sé taobh thall den ghealaigh. Bhí blióg de fhear mhór eile aici thall ansin, agus nuair a fuair sí anonn chuige bhuail sí a dh'inse dhó fán fhear seo eile a bhí gaibhte aici, agus bhí lúcháir m[h]ór ansin fán chionn a bheith le dhul ar an bhior dheireanach roimh an mheán lae lá arna mhárach. Thug sise léithi an fáinne a thug sí don chréatúr a bhí abhus, agus thug don chréatúr a bhí thall é le taiscidh daoithe. Nuair a bhí a gcomhrá déanta acu dúirt sí

[52] Ls.: mórán éisteacht'.

gur thrua gan í sa bhaile. Níorbh fhada a bhí gur chuir an fear rua a mhéar fán fháinne, agus dúirt seisean gur thrua gan é ins an áit a d'fhág sé. Ní rabh an focal as a bhéal nuair a bhí sé istigh sa tseomra ag an diúlach ar ais.

An oíche arna mhárach tháinig sí isteach ar ais, agus rinn comhrá fada leofa, agus d'fhiafraigh sí de –

"An bhfuil an fáinne agat," a deir sí, "a thug mé duit aréir?"

Chuaigh an créatúr á chuartú agus ní rabh fáinne ar bith aige.

"Bhail," a deir an fear rua, "ná bí ag baint meallta aisti. Ar ndóiche thug tú domhsa le taiscidh é. Sin agat é," a deir sé, ag tarraingt an fháinne aníos as a phóca.

"Sé cinnte," a deir sí.

Thug sí méaracán an oíche sin dó, agus dúirt sí leis mur mbeadh an méaracán aige daoithe fán am seo san oíche amárach go mbeadh a cheann ar an bhior aicise roimh an mheán lae lá arna mhárach. D'éirigh sí agus dúirt gur thrua gan í taobh thall den ghealaigh, agus ar shiúl léithi. D'éirigh an fear rua agus chuir sé air a chlóca beag, agus dúirt gur thrua gan é fhéin taobh thall den ghealaigh. Chuaigh anonn, agus bhí an t-an-iontas go brách ar an fhear thall caidé mar a chaill sé fhéin an fáinne.

"Bhail," a deir sí, "seo méaracán a thug mé dó anocht, agus tá súil agam," a deir sí, "nach mbíonn sin caillte agat amárach."

"Ní bheidh go maramas[53] domh," arsa seisean.

D'imigh sí ar ais, agus tamall i ndiaidh í imeacht chuir an fear rua a mhéar fán mhéarachán, agus d'iarr sé a bheith ar ais san áit a d'fhág sé, agus ní rabh an focal as a bhéal go rabh sé ar ais sa tseomra ag an diúlach.

Bhí go maith, an oíche arna mhárach tháinig sí isteach, agus rinn comhrá fada leofa, agus nuair a bhí sí ag imeacht d'fhiafraigh sí den diúlach an rabh an méarachán aige.

Chuaigh an créatúr á chuartú agus ní rabh méaracán ar bith aige.

"Ó anois," a deir an fear rua, "bhain tú an mealladh céanna aréir aisti," a deir sé, "agus ná bí gaibhte leis an obair sin. Ar ndóiche thug tú domhsa le taiscidh é."

Chuir sé a mhéar ina phóca agus thug sé daoithe an méaracán.

"An é sin do mhéaracán?" a deir sé.

"Sé cinnte," a deir sí.

"Bhail anois," a deir sí nuair a bhí sí ag imeacht, "mur rabh ceann an fhir agat a

[53] Ls.: go maram fhios. Deir Dinneen (1927, 714), "Maramas, in *phr.*, go m. tú sin, I warrant you *(Don. Q.L.)*." Deir Quiggin (1906, 28), "gə mɑrəməs tuw, 'I warrant you'."

dtabharfaidh mise póg dó a leithéid seo de dh'am anocht," a deir sí, "beidh do cheannsa agamsa ar maidin amárach os a choinne."
Bhí sin ag éirí cruaidh go maith, agus bhí an-bhuaireamh ag teacht ar an diúlach.
"Ná bí amaideach," a deir an fear rua, "b'fhéidir nár bhfiú biorán é." Rug ar a chlóca tamaillt i ndiaidh í imeacht, agus chuir a chlaíomh faoin ascaill.
"Is trua gan mé taobh thall den ghealaigh," arsa seisean, agus ní rabh an focal as a bhéal go rabh sé thall.
Bhí an fear a bhí thall an-mhíshásta go brách. Níor chaill sé an fáinne agus níor chaill sé an méaracán agus níor chaill sé aon dath ariamh go dtí sin. Ach nuair a bhí a gcomhrá déanta thug sí an-shlaiseog phóige dó.
"Bhail ba chóir nach mbeadh sin aige," a deir sí, "nuair a rachas mise isteach san oíche amárach."
"Bhail sin rud amháin a sháróchas air ar scor ar bith," a deir an fear a bhí ag caint léithi.
D'imigh sise, agus bhí an fear rua tamall ag teacht thart ann, agus sa deireadh nuair a fuair sé seans tharraing sé aniar a chlaíomh agus bhuail sé buille ar an óganach, agus chaith an ceann de. Chuir sé isteach faoina chlóca é agus dúirt gur thrua gan é ins an áit a d'fhág sé. Níor luaithe a dúirt nó bhí sé istigh sa tseomra ag an fhear a d'fhág sé ina dhiaidh.
Bhí go breá, tháinig sise isteach an oíche arna mhárach, agus nuair a bhí comhrá fada déanta acu –
"An bhfuil ceann an fhir a phóg mise fán am seo aréir agat?"
Ní rabh an créatúr ábalta dadaí a rá.
"Seo anois," a deir an fear rua, a deir sé, "níl aon oíche le dhá oíche nár bhain tú mealladh aisti, agus níl sé maith agat a bheith dá dhéanamh sin. Tá sé aige leoga," a deir an fear rua, ag éirí in airde agus ag leagan an chinn amach as bocsa.
"An é sin ceann an duine a phóg tú fán am seo aréir?" a deir sé.
"Sé cinnte," a deir sise.
Chuaigh an scéala a fhad leis an Rí ansin.
"Ó bhail," a deir sé, "tá mo níon bainte agat." Cá bith am ansin ar fhóir sé an lánúin a phósadh, pósadh an péire, agus nuair a bhí siad ag tarraingt ar an bhaile thug siad leofa an dá bheathach capaill, agus chuaigh an *groom* agus a bhean ar chionn acu, agus chuaigh an fear rua ar a chionn fhéin.

An áit ar casadh an fear rua agus an fear eile ar a chéile –
“Bhail,” a deir sé leis an fhear eile, “níl mise ag gabháil libh níos faide.”
“Caithfidh tú a dhul linn,” arsa an lánúin, “agus an chuid eile de do shaol a chaitheamh linn.”
“Ní rachaidh,” a deir sé, “nó tá mo shaolsa caite,” a deir sé. “Mise a bhí sa chomhra an lá sin a tháinig tusa an bealach, agus ar dhíol tú na fiacha ar mo shon, agus nuair a chonaic mise caidé an gar a rinn tusa domhsa, dar liomsa go gcuideochainnse leatsa. Tá mé ag imeacht uait anois, agus ní fheicfidh sibh aon amharc orm go deo arís.”
D'fhág an fear rua slán is beannacht acu, agus tháinig an péire abhaile, agus tá siad ina gcónaí go maith ón lá sin go dtí an lá inniu.

Scéal 4. <u>Pat agus Jack</u>

Bhí beirt bhuachaill ann i bhfad ó shin, agus ní rabh acu ach iad fhéin. Pat a bhí ar fhear acu agus Jack ar an fhear eile. Chuaigh Pat amach aon lá amháin, agus dúirt sé le Jack go rabh droch dhóigh orthusan anseo, agus go mb'fhearr dósan imeacht agus a gcuid a shaothrú. Dúirt Jack go rabh seisean sásta go leor.

Ar maidin lá arna mhárach, d'imigh Pat leis, agus ba g[h]airid uilig a chuaigh sé nuair a casadh fear dó. D'fhiafraigh sé de cá rabh sé ag gabháil.

"Tá mé ag imeacht a chuartú m'fhortúin," arsa seisean.

"Bhail, is maith mar a tharlaigh ar a chéile sinn," arsa Pat, "sin an áit chéanna a bhfuil mise ag gabháil."

D'imigh an bheirt leo, agus ní theachaigh siad i bhfad gur casadh fear eile daofa, agus chuir sé ceiliúr cainte orthu. Dúirt siad leis gur ar lorg oibre a bhí siad, agus sa deireadh dúirt seisean go rabh sé ar lorg buachalla agus rinn sé Pat a fhastó.

"Cá mhéad atá tú a dh'iarraidh," a deir sé le Pat, "go ngoiridh an chuach?" Tús an earraigh a bhí ann.

"Cúig phunta," a deir Pat, a deir sé.

"Bhail go díreach," a deir sé, "ní fheicim dadaí cearr leat," a deir sé. "Dhéanfaimid an margadh mar sin, ach caithfimid seo a chur sa mhargadh," a deir sé, "agus sé sin, cá bith fear againn a chuirfeas fearg ar an f[h]ear eile a chéaduair, caithfidh an fear sin na cluasa a bhaint den fhear eile."

"Maith go leor," a deir Pat.

Bhog leis abhaile an oíche sin, agus ar maidin lá arna mhárach fuair sé seort inteacht bricfeasta, agus ní rabh sé rómhaith. hOrdaíodh amach chun an sciobaill é a bhualadh arbhair. Bhuail sé leis is bhuail sé leis, agus tháinig am bricfeasta is ní bhfuair sé dadaí, is tháinig am dinnéara is ní bhfuair sé dadaí. Siar tráthnóna d'éirigh an máistir amach –

"Bhail," a deir sé le Pat, "caidé más tá tú ag déanamh gnoithe? An síleann tú caidé más bheas an áit seo in do shásamh?"

"Ó is doiligh domh í a bheith in mo shásamh," a deir Pat, a deir sé, "fear ar bith atá anseo ag bualadh arbhair ó mhaidin is nach bhfuair aon ghreim le hithe," a deir sé. "Ní thig liomsa an áit a mholadh ach go measartha."

"Bhail má tá tú ag gabháil a fháil locht ar an áit, caithfidh tú coinneáil suas le do

mhargadh," a deir sé. "Caithfidh tú a dhul isteach chun an toighe," a deir sé, "go mbainidh mise an dá chluais díot."

Chuaigh Pat bocht suas chun an toighe leis an mháistir agus bhain sé an dá chluais de, agus ansin bhain sé an baile amach.

"Bhail tím," a deir Jack, a deir sé, "ní rabh mórán maith ionat ariamh sa bhaile," a deir sé, "ach tím go rabh tú lán comh holc ó d'imigh tú. Dá n-imínnse a chéaduair," a deir sé, "ní hé sin an dóigh a mbeadh sé. Déan leat fá bhaile anois," a deir sé, "agus imeochaidh mise ar scor ar bith."

D'imigh Jack leis ar maidin lá arna mhárach, agus i dtrátha an ama chéanna casadh an diúlach dó. Is cosúil go mbíodh sé ar shiúl ag cuartú achan lá. D'fhiafraigh sé de cá rabh sé ag gabháil, agus dúirt sé go rabh sé ag gabháil a chuartú fastoidh.

"Bhail is maith mar a tharlaigh ar a chéile sinn," a deir sé, "tá mise ag gabháil a chuartú buachalla. Caidé a bheas tú a dh'iarraidh," a deir sé, "go ngoiridh an chuach?"

"Cúig phunta," a deir Jack.

"Bhail ní shílim dadaí cearr leis," a deir sé, "ach caithfimid seo a chur sa mhargadh, cá bith an chéad duine againn a gheobhas locht ar an duine eile, cead aige seasamh suas go mbainidh sé an dá chluais de."

"Maith go leor," a deir Jack, a deir sé.

Bhog sé leis abhaile agus fuair sé seort inteacht suipéara, agus chuaigh sé a luí. Ar maidin lá arna mhárach fuair sé seort greim bricfeasta nach rabh maith ar bith ann, agus ansin hordaíodh amach chun an sciobaill a bhualadh arbhair é. Bhuail leis is bhuail leis, is chuaigh am dinnéara thar thart is ní rabh dadaí ag teacht. Go deireanach mhothaigh sé tormán *cart* ag gabháil an bealach mór. Bhí an scioball ar thaobh an bhealaigh mhóir. Chuir sé a cheann amach ar an doras, agus bhí beirt fhear ansin ag gabháil an bealach mór, agus iad ag gabháil isteach chun an bhaile mhóir.

"Glacaigí mur n-am," a deir sé, "cúig bhomaite. Tá gnoithe beag agamsa libh," a deir sé, "tá cupla mála arbhair anseo agam le cur isteach chun an bhaile mhóir. Díolaigí iad ar dhóigh ar bith is mian libh," a deir sé, "agus cá bith a dhéanfas sibh lena luach is cuma liomsa ach oiread bidh a bheith libh chugam ar a son agus a choinneochas beo mé go dtí an t-am seo amárach."

"Tá muid buíoch duit," arsa siadsan.

"An dtig sibh an bealach seo achan lá?" a deir sé.

“Tig,” a deir fear acu, “níl lá ar bith nach dtéid sinne isteach chun an bhaile mhóir in am inteacht sa lá.”

“Maith go leor,” arsa Jack.

D'imigh siad, agus ní rabh i bhfad uilig acu le dhul, agus ba g[h]airid go dtáinig siad, agus bhí oiread bidh acu a fhad le Jack agus a choinneochadh ag gabháil é go mí ón lá sin. Shuigh Jack agus d'ith a sháith.

Thiar thall tráthnóna d'éirigh an máistir amach agus tháinig sé chun an sciobaill, agus d'fhiafraigh sé de Jack caidé mar a mheas sé a bheadh an áit ina shásamh.

Dúirt Jack go rabh go maith, nach rabh seisean ariamh ag aon mháistir ariamh a bhí comh maith leis, nach dtáinig amach ó mhaidin le feiceáil cé acu a bhí seisean ag déanamh aon dath nó nach rabh.

“Ó bhail,” a deir an máistir, “bhí a fhios agam go maith go rabh tú ag déanamh rud inteacht, nach rabh tú istigh anseo ó mhaidin gan a bheith gnoitheach.”

Tugadh isteach an oíche sin é, agus fuair sé seort inteacht suipéara, agus ar maidin lá arna mhárach ba bheag ar chor ar bith an bricfeasta a fuair sé, agus hordaíodh amach san áit chéanna é. An chéad rud a rinn Jack i ndiaidh a dhul amach, suí agus a sháith a ithe. Thúsaigh sé an lá sin agus líon sé ceithre mhála den arbhar, agus nuair a tháinig na fir an lá sin ag gabháil chun an bhaile mhóir, chuir sé na ceithre mhála leofa. Bhí i bhfad níos mó bidh leofa an lá sin chuige, agus bhí bulaí dóigh ar Jack.

D'éirigh an máistir amach an tráthnóna sin, agus d'fhiafraigh de caidé mar a bhí an áit ina shásamh. Dúirt sé go rabh go han-mhaith, go rabh sé ina dhuine dhóighiúil nach rabh ag amharc cé acu a bhí seisean ag déanamh dadaí nó nach rabh.

Bhí go maith, chuaigh sé isteach an oíche sin, agus ní mó nó go bhfuair sé greim ar bith le hithe. An maidin lá arna mhárach hordaíodh amach ar ais é. Chuaigh amach, agus ar ndóiche d'ith a sháith nuair a chuaigh sé chun an sciobaill. Thúsaigh sé an lá sin agus líon sé sé mhála den arbhar, agus chuir leis na carróirí é. Nuair a chuaigh an máistir amach tráthnóna, chonaic sé gur mhó a bhí an t-arbhar ag éirí beag nó a bhí sé ag éirí mór. Ba mhaith leis na cluasa a shábháil ar scor ar bith agus ní tháinig leis a rá nach rabh achan rud ina shásamh. Chuaigh sé a fhad le cailligh a bhí ar an bhaile an oíche seo, agus d'inis sé[54] daoithe fán bhuachaill seo a fuair sé.

“Bhail scriosfaidh sé thú,” a deir an chailleach, “mur[55] dtigidh leat a chur ar shiúl.”

[54] Ls.: sí.
[55] Ls.: mar.

"Caidé an dóigh," a deir sé, "a gcuirfinn ar shiúl é?"
"Tá, abair leis amárach," a deir sí, "go bhfuil an t-am aige a bheith réidh le bualadh an arbhair gur fearr leat giota a fháil treaibhte feasta. Cuir síos chun an tsratha udaí thíos é," a deir sí, "agus an dá bheathach óga atá agat leis, agus abair leis mur rabh an srath treaibhte tráthnóna aige nuair a rachas tusa síos go mbainfidh tusa an dá chluais de."
"Cuirfidh sin ar shiúl é," a deir sé, "go maramas domh."
Ar maidin lá arna mhárach dúirt sé le Jack –
"Bhail sílim," a deir sé, "nach bhfaighim níos mó den arbhar sin buailte," a deir sé, "agus b'fhearr liom go mór giota dhe shrath atá thíos ansin ag an abhainn a fháil treaibhte." D'iarr sé air an dá bheathach a thabhairt leis agus a dhul síos, agus mur[56] mbeadh an srath treaibhte aige tráthnóna nuair a rachadh seisean síos go mbainfeadh seisean an dá chluais de.
"Caithfidh mé mo dhícheall a dhéanamh air," a deir Jack. Chuaigh síos agus an dá bheathach leis nach dteachaigh isteach in aon ghléas ariamh. Chuir sé le hobair sa tseisrigh iad, ach ní dhéanfadh siad aon seort dá n-iarrfadh sé orthu. Níorbh fhada nó go dtáinig scaifte mór tincléirí thart an bealach mór, agus dhá sheanbheathach láidir leofa, agus d'fhiafraigh sé díofa –
"Caidé mur mbarúil," a deir sé, "an ndéanfadh sibhse agus mise malairt beathach?"
"Ó ná bí ag magadh orainn," arsa siadsan, "nach fearr na beathaigh óga atá agat fhéin amach as an tsaol, nó na seanbheathaigh atá againne," arsa siadsan.
"Ní ag magadh ar bith atá mé," arsa seisean, "agus má thugann sibh domh na beathaigh ar na rudaí atá agam, bhéarfaidh mé buta daoibh[57] fosta."
Shíl siad go mb'fhéidir gur cineál de dhuine ghreannmhar a bhí ann, agus chuaigh siad isteach chuige, agus rinn siad an margadh, agus thug sé cúig phunta de bhuta daofa fosta.
Ghléas sé an dá sheanbheathach ins an tseisrigh, agus thúsaigh an treabhadh, agus thúsaigh sé a ghreadadh orthu, agus tamall fada sula rabh am ag an diúlach a dhul síos bhí an srath treaibhte aige. Bhí an dá sheanbheathach sin ina seasamh agus achan chnámh dá rabh ina gcorp ag gabháil fríd an chraiceann, agus ní thiocfadh leis an mháistir a rá ariamh gurbh olc a bhí sé déanta aige.
Bhí go maith, chuaigh sé chuig an chailligh an oíche sin ar ais, agus d'inis daoithe caidé

[56] Ls.: mar.
[57] Ls.: díbh.

mar a bhí.
“Bhail tím,” a deir sí, “scriosfaidh sé thú. Cuir siar amárach é,” a deir sí, “chun na coilleadh ud thiar, agus abair leis,” a deir sí, “go bhfuil beathach leat thiar ins an choill leis an fhad seo de dh'am, agus gur mhaith leat é an beathach sin a thabhairt aniar abhaile. Tá beathach mire thiar ins an choill sin nach bhfacaigh aon duine le seacht mbliana nár mharbh sí, agus gheobhaidh tú réitithe ar an dóigh sin leis.”
B'fhíor é. Ar maidin lá arna mhárach dúirt sé le Jack –
“Anois,” a deir sé, “tá am treaibhte ann, agus tá beathach agamsa thiar ins an choill, agus ba mhaith liom a fháil abhaile anois, agus gabh siar agus tabhair aniar é.”
Bheir Jack ar ghiota rópa, agus d'imigh leis ag tarraingt ar an choill. Nuair a bhí sé ag gabháil isteach ins an choill chas bean dó, agus d'fhiafraigh sí de cá rabh sé ag gabháil. D'inis sé daoithe.
“Ó bhail a dhuine bhoicht,” a deir sí, “níl a fhios agat cá bhfuil tú ag gabháil. Tá an beathach sin ansin le seacht mbliana, agus ní fhacaigh sí aon duine ar feadh an ama sin nach muirbhfeadh sí. Caith uait an tsrian sin atá leat,” a deir sí, “agus seo srian beag liomsa,” a deir sí, “agus tabhair leat é, agus nuair a mhothóchas sí ag teacht thú, tiocfaidh sí in d'aircis ar scór do mharbhadh. Cocáil thusa an tsrian suas léithi nuair a tífeas tú ag tarraingt ort í, agus b'fhéidir nach mbainfeadh sí duit. Seo tor fosta atá liom,” a deir sí, “agus le diúnas ar an fhear a chuir fá choinne an bheathaigh thú,” a deir sí, “tabhair leat an tor agus cuir poll ins an chrann is mó a tífeas tú, agus cuir ruball an bheathaigh amach fríd an pholl, agus cuir chun siúil í ansin agus tarraingeochaidh[58] sí an crann amach as an talamh.”
Thug Jack leis an tsrian agus an tor, agus mhothaigh an beathach ag tarraingt uirthi é, agus tháinig sí ina aircis, agus bhí oiread deifre uirthi agus go rabh sí ag briseadh na gcrann. Nuair a tháinig sí fá ghiota dó thóg sé suas an tsrian, agus sheasaigh sí gur chuir sé an tsrian uirthi comh modhúil le aon bheathach dar sheasaigh ariamh. Thug sé leis an tor agus pholl sé an crann a ba mhó a chonaic sé, agus chuir sé amach ruball an bheathaigh ar an pholl, agus chuir sé sníomh mhaith air ar an taobh eile, agus an chéad tarraingt a thug sí dó bhí an crann léithi amach as an talamh. Thiomáin Jack leis ansin agus thug sé deireadh isteach chun na sráide chuig an mháistir.
“Gabh amach anois,” a deir sé, “tá do bheathach anseo.”

58 Ls.: tarrancochaidh.

Nuair a tháinig sé amach agus a chonaic sé an rud a bhí leis is beag nár thit sé as a sheasamh.
"Ó bhail, rinn mé athrú de chomhairle," a deir sé, "agus níl sí de dhíth orm go cionn tamaillt eile, agus is fearr duit a tabhairt ar ais agus a fágáil san áit a bhfuair tú í."
"Ní fhágfad," arsa Jack, "d'fhág mise anseo í," a deir sé, "agus fág tusa ar ais í anois más mian leat é." Ach fá dheireadh thug sé isteach don mháistir go bhfúigfeadh sé ar ais í, agus d'imigh sé agus an beathach leis. D'fhág sé istigh sa choill í ansin, agus casadh an bhean air agus thug daoithe an tsrian agus an tor, agus phill ar ais abhaile. Bhí an tráthnóna beag ann nuair a tháinig sé.
"Bhail tá an t-am istigh agat," a deir an máistir.
"Caidé a bhéarfadh an t-am istigh agamsa go fóill?" a deir Jack, a deir sé.
"Bhail," a deir sé, "tá an chuach ag seinm amuigh ansin i mbarr an chrainn ó d'imigh tú."
Bhí cailleach sa teach, agus chuir sé an chailleach suas ins an chrann, agus bhí sí ina suí ansin thuas i mbarr an chrainn, agus achan *cuckoo* aici.
"Rachaidh mé amach," a deir Jack, "go dtí go bhfeicfidh mé í." Ag gabháil amach dó bhí gunna crochta ar thaobh an dorais, agus thug sé leis an gunna. D'aimsigh sé an chailleach a bhí thuas i mbarr an chrainn, agus chuir sé anuas as barr an chrainn ina cnap í.
Léim fear an toighe amach nuair a chualaigh sé an pileár –
"A ghiolla na mire!" a deir sé, "caidé atá déanta agat, mo mháthair marbh agat."
"Nó nach bhfuil tú sásta de sin," arsa Jack.
"Caidé an fáth," a deir sé, "a mbéinn?"
"Bhail caithfidh tú coinneáil suas le do mhargadh," a deir Jack, a deir sé. "Seasaigh suas anseo," a deir sé, "go ngearraidh mise an dá chluais amach ón leicinn díot."
Bhain an dá chluais den mháistir, agus fuair a chúig phunta, agus tháinig sé abhaile ionsar Phat.
"Anois," a deir sé leis, "is fearr go mór an gnoithe a rinn mise as baile nó thusa."
"Bhail cá bith gnoithe a rinn tú," arsa Pat, "níl tú i bhfad uilig ar shiúl, agus cé bith acu a rinn tú gnoithe ar bith nó nach dtearn, níor chaill tú na cluasa mar a d'éirigh domhsa."
"Níor chaill," arsa seisean, "agus dá mbítheása comh géar le duine eile ní chaillfeá iad ach oiread. Is fada ó dúirt mise leat nach rabh, agus tím anois go rabh an ceart agam."

“Caidé an seort máisteara a casadh ort?” arsa Pat.

D'inis Jack dó a scéal ó thús go deireadh mar a d'inis mise duitse, agus ar dheireadh an scéil tharraing sé páipéar na gcúig bpunta amach as a phóca. Cheannaigh siad bia ar na cúig phunta, agus bhí scoith an ama acu a fhad is mhair sin, ach níl a fhios agamsa ina dhiaidh sin caidé a d'éirigh daofa go bhfuair siad bás, ach féadaidh tú a bheith cinnte fear a bhí comh cliste le Jack, nár lig sé anás ar bith orthu.

Scéal 5. <u>An gasúr a chuaigh a dh'fhoghlaim gadaíochta</u>

Bhí fear ann i bhfad ó shin, agus ní rabh aige ach gasúr amháin, agus nuair a bhí an gasúr ag éirí suas go measartha láidir rinn sé amach go n-imeochadh sé ar fastó. Chualaigh fear ar an bhaile go rabh sé ag gabháil a dhéanamh fastoidh, agus ní ligfeadh sé amach as an bhaile é go ndéanfadh sé fhéin a fhastó. Rinn sé sin.

Teach galánta a bhí ag an fhear seo, agus bhíodh mórán bodach agus daoiní galánta ag teacht go minic ann. Lá amháin bhí an-rud de dhaoiní galánta ann, agus bhíthear ag déanamh réidh an dinnéara. Tháinig an gasúr isteach, agus bhí tábla leagtha ann, agus bhí mórán sceana airgid, spanógaí airgid, agus achan seort a ba dheise ná a chéile, bhí sin leagtha ar an tábla.

Dar leis an ghasúr –

“Ba dhamanta deas na rudaí iad seo agam le cur chuig mo mháthair.” Chruinnigh sé lán a dhá lámh acu, agus ní rabh i bhfad aige le dhul uilig, agus reath sé (.i. rith sé)[59] an méid a bhí ina chorp, agus iad leis chuig an mháthair. Nuair a tháinig an cailín thart ansin fágadh ar an ghasúr gurbh é a thug leis iad.

Bhí go maith, agus ní rabh go holc, tháinig an máistir é fhéin a fhad leis an mháthair ansin –

“Bhail tím,” a deir sé, “de réir is mar atá cuma ar do ghasúr,” a deir sé, “beidh gasúr gasta agat.”

“Ó an créatúr,” a deir an mháthair, “níl mórán gaisteacht go fóill ann.”

“Bhail anois,” a deir sé, “bhéarfaidh mise lá agus bliain dó le gadaíocht a fhoghlaim, agus mur ngoididh sé achan seort dá n-iarrfaidh[60] mise ansin air, crochfaidh mise eisean má sháraíonn sé air an ghadaíocht a dhéanamh. Má ghoideann sé é,” a deir sé, “rud ar bith a ghoidfeas sé ní iarrfaidh mé go brách air é.”

Bhail, b'fhíor é, théigh fá dtaobh don mháthair agus ní rabh sí sásta, agus bhí sí buartha.

“Fuist,” a deir an gasúr, “ní fiú biorán a leithéid sin.”

Ar maidin lá arna mhárach d'imigh sé leis féachailt an bhfaigheadh sé duine ar bith a d'fhoghlaimneochadh gadaíocht dó. Casadh beirt fhear air, agus d'fhiafraigh na fir de cá rabh sé ag gabháil. D'inis an gasúr dófa.

“Bhail is maith mar a tharlaigh,” arsa fear den phéire. “Sin an *trade* atá againne fríd an

[59] Nóta eagarthóireachta an bhailitheora.
[60] Ls.: a n-iarrfaidh mise annsin.

tír."  Ar ndóiche tháinig an-lúcháir ar an ghasúr gur casadh daoiní air a d'fhoghlaimneochadh[61] é, agus d'imigh leofa.

Bhí siad ag tarraingt ar theach an oíche sin fá choinne mála óir agus mála airgid a bhí istigh ann a ghoid.  Chuaigh siad chun an toighe, agus bhí brot sneachta ann.  Dúirt siad leis an ghasúr eisean a dhul isteach ar an simléir[62], agus rópa a thabhairt leis, bhí siad eolach ar an teach, agus nuair a rachadh sé isteach é an rópa a chur ar mhála an óir a chéaduair, agus nuair a bheadh achan seort réidh aige é an rópa a tharraingt, agus go dtabharfadh siadsan[63] amach é.  Nuair a rachadh an rópa isteach ar ais é a chur ar mhála an airgid, agus nuair a bheadh achan seort réidh aige é an rópa a chrathadh agus go dtabharfadh siadsan amach é, agus go gcuirfeadh siad isteach an rópa fána choinne fhéin ar ais.

B'fhíor é.  Chuaigh an gasúr isteach agus rinn sé mar a hiarradh air, ach nuair a bhí an dá mhála amuigh, dá mbeadh an gasúr istigh ó shin ní thiocfadh an rópa isteach fána choinne.  Bhí an gasúr bocht istigh, agus ní rabh a fhios aige caidé an rud a dhéanfadh sé.  Bhí sé ag cuartú thart, agus ag cuartú thart, agus caidé rud a marbhadh an lá sin ach bológ.  Is cosúil nár cuireadh an craiceann i dtaiscidh, agus bhí an craiceann i dtaobh an toighe, agus bhí dhá adhairc greamaithe don chraiceann a rabh gearrfhad iontu.  Spréigh sé craiceann na bolóige ar an urlár, agus luigh sé fhéin istigh ann ansin, agus chas sé an craiceann fá dtaobh de.  Thúsaigh sé a ghreadadh[64] fríd an teach, agus thiocfadh adharc ar phota, agus thiocfadh adharc ar thubán, agus thiocfadh adharc ar rud inteacht eile ach bhí an tormán a bhí ann mór.  Mhothaigh bean an toighe é, agus dúirt sí leis an fhear go rabh rud inteacht fríd an teach.  D'éirigh sé, agus nuair a d'fhoscail sé an doras, agus a chonaic sé caidé a bhí fríd an teach ba bheag nár thit sé as a sheasamh.

"Tá an diabhal istigh sa teach!" arsa seisean le bean an toighe.

"Arú, a chlaitseach shalach!" a deir sí, "foscail an doras, agus b'fhéidir go rachadh sé amach," a deir sí, "cá bith rud é."

D'imigh sé, agus d'fhoscail sé doras na cisteanaí de shíneadh reatha[65], agus níorbh fhada a bhí ar ndóiche go dtug an rud a bhí istigh a aghaidh ar an doras, agus fuair sé fhéin agus an craiceann amach.

---

61 Ls.: In áit 'd'fhoghlaimeodh' an Chaighdeáin.  **"foghlaim, ...***(Var:* **~(n)igh,** ..."(Ó Dónaill, 1977, 559).
62 Ls.: similéir.
63 Ls.: seisean.
64 Ls.: a' ghreadú.
65 Ls.: 'e aoin a' reatha.  Deir Dinneen (1927, 1031), "Síneadh reatha, a hurried effort, a swoop or a rush."  Deir Quiggin (1906, 101 & 102), "/hi:n′ ə r′ɑh ə/."

Nuair a fuair sé amach, chorn an craiceann agus chuir faoina ascaill é. Lean sé lorg na ndiúlach ins an tsneachta, agus ní theachaigh siad i bhfad uilig go léir go dteachaigh siad isteach i gcoill, agus shuigh siad síos ansin i gcionn na coilleadh agus iad ag cuntas an airgid. Nuair a tháinig seisean fá ghiota dófa mhothaigh sé an callán agus d'aithin sé gurbh iad a bhí ann, agus spréigh sé a chraiceann, agus chuir air ar ais é, agus bhuail achan túslog in airde aige.

"*Begora*!" a deir fear acu leis an fhear eile, "is fada ar shiúl sinn, ach tá muid gaibhte sa deireadh."

Níor fhan siad le mála is níor fhan siad le dadaí eile, ach d'imigh siad an méid[66] a bhí istigh ina gcorp. Ní theachaigh an gasúr ní b'fhaide ach rug ar a chuid málaí agus chuir ceann acu ar mhullach an chinn eile, agus d'imigh an méid a bhí ina chorp. Chuaigh sé abhaile chuig (n)a mháthair leis an ór is leis an tsaibhreas, agus nuair a chualaigh an fear a dtearn sé an fastó[67] leis fán ghaisciúlacht a rinn sé, lig sé cead a chinn dó, agus dar leis go rabh a cheird maith go leor aige. Chaith sé fhéin agus a mháthair a saol go neamhbhuartha ar an ór is ar an airgead, agus bhí cuid de ina ndiaidh nuair a fuair siad bás, ach ní thig liomsa a rá ón lá sin go dtí an lá inné cé a fuair é nó caidé a d'éirigh dó.

(Nóta. Léigh mé an chuid seo den scéal do Anna Nic an Luain, Cruach Thoibrid, na Cruacha, agus dúirt sí go dtearn a dearthár dearmad. Tá críochnú an scéil mar a bhí sé aicise ag tosú ar chúl an leathanaigh seo:- S. Ó hEochaidh)[68].

Ní thearn sé ach a chuid málaí a thógáil, agus a aghaidh a thabhairt ar an bhaile.

Nuair a bhí an lá agus an bhliain istigh aige tháinig an máistir chuige agus d'fhiafraigh sé de an rabh an cheird a chuir sé roimhis foghlaimnithe aige. Níor dhúirt an gasúr cé acu a bhí nó nach rabh.

"Bhail," a deir sé, "mur ngoididh tú an gearrán atá sa stábla agamsa anocht," a deir sé, "crochfaidh mé thú ar maidin amárach."

Théigh fá dtaobh den mháthair ansin, agus bhí sí corr buartha, ach d'iarr sé uirthi gan a bheith buartha, nach rabh a fhios caidé mar a thiocfadh. Teacht na hoíche chruinnigh sé air a chuid bratóg, a bhí sé a chaitheamh le blianta roimhe sin, agus ní rabh an baile mór

[66] Ls.: d'imthigh siad an mhéid.
[67] Ls.: an fhastodh.
[68] Nóta eagarthóireachta an bhailitheora.

i bhfad uaidh. D'imigh sé chun an bhaile mhóir, agus thug sé leis trí nó ceathair de bhuidéil uisce b[h]eatha. Tháinig sé ionsar an stábla nuair a bhí sé anonn tamall san oíche, agus bhí cró muice ag tóin an stábla a rabh cráin mhuice istigh ann, an áit a rabh banbháin le bheith aici. Bhí ochtar fear istigh sa stábla sin ag coimheád an bheathaigh. Nuair a chuaigh sé isteach chuig an mhuic thúsaigh an mhuc a ghnúsachtáil, agus nuair a chualaigh siadsan í –

"Bíodh geall," a deir fear acu leis an fhear eile, "go mbeidh banbháin ag an mhuic anocht, agus b'fhearr a coimheád go maith. Gabh amach," a deir sé le fear acu, "agus amharc caidé mar atá sí."

Chuaigh sé amach agus fuair sé duine istigh ag an mhuic, agus bhí sé beo agus sin a rabh ann. Thug leis isteach é, agus bhí tinidh acu sa stábla lena gcoinneáil te, agus shín siad suas a chois na tineadh é, agus bhí siad ag tabhairt aire dó comh maith agus a tháinig leo. Go deireanach nocht bratóg aníos as bratóig dá chuid.

"Ólta atá sé," a deir sé, "amharc an buidéal ag teacht aníos as a phóca."

Tharraing sé an buidéal aníos amach as a phóca, agus leis an scéal fhada a dhéanamh gairid, bhí fear thall agus fear abhus acu ina luí ólta agus gan iad ábalta bogadh. Nuair a fuair seisean ina luí iad phreab sé ina sheasamh agus scaoil an gearrán, agus thug amach a chlaíomh agus léim a mharcaíocht air. Dúirt an máistir leis dá mbeadh sé ábalta an gearrán a ghoid uaidh nach n-iarrfadh sé níos mó air.

Ar maidin lá arna mhárach d'éirigh an máistir agus chuaigh sé amach chun an stábla. Fuair sé iomlán na b[h]fear ina luí ina gcodladh ann, agus gan beathach ar bith ann. Tháinig sé, agus ní rabh i bhfad aige le theacht uilig go dtáinig sé chuig (n)a mháthair.

"Bhail tím," a deir sé, "tá gasúr gasta ar bhealach a bheith agat."

"Ó!" a deir sí, "níl mórán aoise ag an duine ghránda go fóill le bheith gasta ar dhóigh ar bith."

"Bhail mur ngoididh sé an dá bheathach a bheas agamsa ag treabhadh sa chuibhreann amárach," a deir sé, "beathaigh a bhfuil beirt ag siúl leo," a deir sé, "crochfaidh mise roimh an mheán lae é."

Bhail bhí sin dona go leor fosta. Bhí an mháthair gearrbhuartha ansin fosta.

"Glac d'am ort, a mháthair," a deir sé, "b'fhéidir nach sáróchadh sin orm ach oiread."

D'imigh sé a fhad le brocach coinín, agus thóg sé leis dhá choinín. Chuaigh sé a fhad le cúl an chlaí an áit a rabh an bheirt ag treabhadh, agus bhris sé cos ceann de na coiníní

agus scaoil sé isteach sa pháirc é.
"*Gora*," a deir fear den bheirt a bhí ag treabhadh, "an bhfeiceann tú an coinín?"
"Imigh," a deir sé sin, "agus beir air."
Lean sé an coinín, agus d'fhág sé páirc amháin agus chuaigh sé isteach i bpáirc eile, agus bhí sé mar sin ó pháirc go páirc agus é ina dhiaidh. Nuair a fuair sé é sin ar shiúl giota maith bhris sé cos an choinín eile, agus lig sé isteach chun na páirce é, agus lean an darna fear é sin. Chuaigh sé sin amach as an pháirc mar a rinn an ceann eile, agus d'imigh sé leis, agus go deireanach chuaigh an bheirt a fhad ar aghaidh agus nach rabh ceachtar acu le feiceáil. Nuair a fuair seisean ar shiúl iad tháinig sé an méid a bhí ina chorp, agus níor fhan sé leis na beathaigh a scaoileadh ar chor ar bith ach ghearr sé an méid a thiocfadh leis, agus thug sé léim de mharcaíocht ar chionn acu, agus d'imigh sé an méid a bhí ina chorp agus an dá bheathach go dtáinig sé ar theann chos in airde a fhad lena mháthair. Nuair a phill an bheirt ní rabh aon seort le fáil acu, agus b'éigean dófa a dhul abhaile.
"Bhail tím," a deir sé, "tá gasúr cliste agat."
"Ó! an créatúr," a deir sí, "níl mórán aoise aige go fóill le mórán céille a bheith aige."
"Bhail mur[69] ngoididh sé an bhraillín a bhfuil mise agus mo bhean ár luí uirthi anocht," a deir sé, "crochfaidh mise ar maidin amárach é."
Théigh fán mháthair agus bhí sí an-scanraithe, nó shíl sí gur sin rud amháin nach mb'fhéidir a dhéanamh.
"Glac d'am a mháthair," a deir sé, "b'fhéidir nach sáróchadh orm sin a dhéanamh ach oiread."
Teacht na hoíche d'éirigh sé ina sheasamh agus d'imigh leis, agus ní rabh i bhfad aige le dhul chun na roilige. Chuaigh sé isteach chun na roilige, agus bhreathnaigh sé uaigh nach rabh i bhfad ó cuireadh duine inti, agus chuaigh sé agus d'fhoscail sé an uaigh. Thug leis an rud a bhí curtha san uaigh agus chuir ar a dhroim é. Bhí a fhios aige cén áit a rabh an bodach agus a bhean ina luí, agus d'fhag sé ina sheasamh suas ansin é ag coimheád isteach ar an fhuinneoig.
"Bhail tá sé ag an fhuinneoig anois," a deir sí, "agus é ag coimheád isteach."
Bhí gunna réidh aige-san ar an tábla, agus ní thearn sé faic ach breith ar an ghunna, agus an méid a bhí ann a chur fríd an chorp taobh amuigh den fhuinneoig.

69 Ls.: mar.

“Bhail anois,” a deir sí, “tá tú fhéin agus an gasúr ag gabháil a fhad is atá, agus tá sé marbh anois, agus crochfar thú mar mhaithe leis.”
“Ní c[h]rochfar,” a deir seisean, “rachaidh mé amach anois agus cuirfidh me i bpoll é, agus ní bheidh a fhios ag duine ar bith cén áit a dteachaigh sé.”
Amach leis agus thóg an rud a bhí amuigh agus chuir ar a dhroim é, agus d'imigh in áit inteacht a bhfaigheadh sé poll a gcuirfeadh sé é.
Nuair a fuair an gasúr giota ar shiúl é tháinig sé isteach –
“Maise,” a deir sé leis a bhean a bhí istigh, “tá mé ag éisteacht leis ariamh,” a deir sé, “nach bhfuil sé ceart duine ar bith a chur gan rud inteacht a chasadh air.  Fan,” a deir sé, “go gcuiridh mé an bhraillín air.”
Lig sise an bhraillín leis, agus thóg sé suas í, agus amach leis agus an bhraillín leis, agus bhain an baile amach.  Chuaigh an fear, agus chuir sé an rud a bhí leis fhéin i bpoll, agus tháinig ar ais agus chuaigh a luí.
Nuair a bhí sé tamall ina luí –
“Caidé an seort athraithe a chuir tú ar an leabaidh?” a deir sé.
“Caidé an cineál athraithe a chuirfinn uirthi,” arsa an bhean, “ar ndóiche,” a deir sí, “thug tú leat an bhraillín go gcastá ar an chorp í.”
“Bhail tím,” a deir seisean, “má tá an bhraillín ar shiúl níl seisean i bpoll go fóill.”
B'fhíor é.  Ar maidin lá arna mhárach tháinig sé ar ais ionsar a mháthair, agus thug an bhraillín daoithe.  Ní rabh i bhfad go dtáinig an máistir, agus d'fhiafraigh an rabh an bhraillín aige ar luigh sé aréir uirthi.
“Sin an bhraillín,” a deir an gasúr, “ar luigh tú aréir uirthi.”
“Bhail anois,” a deir sé, “sílim nach dtiocfadh liom rud ar bith a dhéanamh ní b'fhearr. Tá muid a fhad anois agus a thig linn a dhul, agus sílim nach dtiocfadh linn rud ar bith a dhéanamh ní b'fhearr nó cleamhnas a dhéanamh.  Bhéarfaidh mise mo níon le pósadh duit.”
“Bhail tá mé an-sásta,” arsa an mháthair.
Rinneadh an cleamhnas, agus pósadh an lánúin cupla lá ina dhiaidh sin, agus bhí oiread óir agus airgid acu agus nár lig aon chaill orthu ón lá sin go dtí an lá inniu.

Scéal 6. <u>An fear a bhí ina chlairíneach bliain is fiche</u>

Bhí fear ann i bhfad ó shin agus bhí triúr níonach aige. Bhí beirt acu an-dóighiúil agus ní rabh an tríú bean ach go measartha. Rinn sé amach go ndíbearfadh sé ar shiúl ón teach ar fad í, nó go rabh sí ag déanamh dochar mór don bhunadh eile. Dhíbir sé ar shiúl í agus ní rabh aici ach imeacht béal a cinn.

D'imigh sí léithi, agus nuair a bhí sé ag éirí mall uirthi tráthnóna bhí sí ag taobh coilleadh, agus chuaigh sí isteach sa choill, agus ní rabh sí i bhfad istigh sa choill go bhfaca sí solas beag. Tharraing sí ar an tsolas, agus nuair a chuaigh sí a fhad leis an áit a rabh sé, bhí cró beag toighe ann agus ní rabh istigh ann ach seanduine beag.

D'fhiafraigh sé díthe caidé brí a siúil nó cá fhád a shiúil sí, agus d'inis sí dó caidé mar a bhí.

"Bhail tá mise anseo," a deir sé, "agus gan agam ach mé fhéin, agus más é do thoil é," a deir sé, "thig leat fanacht agam."

Bhí sí marbh tursach, ar scor ar bith, agus rinn sí amach go bhfanóchadh sí aige. Ach nuair a bhí sí bliain nó níos mó, nó cá bith fad a bhí sé ag an tseanduine, caidé a bhí aici ach mac óg. Ba ghairid i ndiaidh an mac a bheith ann go dtí go bhfuair an seanduine bás. Ní rabh aici ansin ach í fhéin agus an páiste. Bhí sí ansin ag iarraidh a bheith ag seiftiú léithi, agus nuair a tháinig an t-am ar cheart don pháiste siúl, ní rabh cuma air go siúlfadh sé ar chor ar bith.

D'oibir sí léithi, agus níor shiúil sé aon choiscéim go dtí go rabh sé seacht mbliana. Bhí sé ag éirí ina dhiúlach láidir san am sin. Dúirt sí gur chóir go n-éireochadh sé feasta, nach rabh sise ábalta seasamh leis ní b'fhaide.

"Níl gar ann," arsa seisean, "ní choróchaidh mise tamall eile."

Chruinnigh sise léithi achan seort dó comh maith agus a tháinig léithi go dtí go rabh sé seacht mbliana eile. Bhí sé ceithre bliana déag ansin, agus bhí sé ina dhiúlach láidir san am.

"Ba chóir go mbeitheá ábalta éirí feasta," a deir sí, "nó níl mise ábalta do choinneáil ag gabháil níos faide."

"Ní choróchaidh mé tamallt eile," a deir sé, "ach oiread."

Ní rabh aici ach a bheith ag seiftiú dó go rabh sé seacht mbliana eile, agus bhí sé bliain agus fiche ansin.

"Bhail ba chóir," a deir sí, "go mbeitheá ábalta éirí amach as sin feasta," a deir sí, "níl mise ábalta do choinneáil ag gabháil níos faide."

"Bhail caithfidh mé," a deir sé, "fiacháil leis feasta."

D'éirigh sé ina sheasamh, agus an chéad léim a thug sé bhí an ceann leis amach den teach.

"Bhail, tí an t-ádh sinn!" a deir sí, "i ndiaidh a dtearn mise duit nuair is seo an rud atá déanta agat anois, mo chró toighe a bheith leagtha agat."

"Fuist a mháthair," a deir sé, "ní bheidh mise i bhfad ag cur deis air." Chuaigh sé amach chun na coilleadh agus thosaigh sé a tharraingt na gcrann amach as an talamh, agus ní rabh i bhfad go rabh ceann ar an teach i bhfad ní b'fhearr nó bhí a chéaduair air. D'fhan sé tamall eile ansin, agus dúirt sé go síleann sé[70] nach bhfanóchadh sé ní b'fhaide go n-imíodh sé a shaothrú daoithe.

D'imigh sé leis aon lá amháin, agus ní theachaigh sé i bhfad uilig go dtáinig sé a fhad le teach an áit a rabh bodach mór. Bhí buachaill de dhíobháil ar an bhodach agus d'fhastaigh sé an buachaill. Bhí seachtar eile buachall aige lena chois. Bhí sé aige ar feadh tamaill, agus badh é an deireadh a bhí air nach rabh oiread bidh aige agus a choinneochadh ag gabháil é. Chuaigh sé a fhad le cailligh a bhíodh ag déanamh fios dó aon lá amháin, agus d'inis sé daoithe fán chineál duine a fuair sé.

"Ó bhail," a deir sí, "thig leat a chur ar shiúl ceart go leor. Abair leis amárach," a deir sí, "mur ndéanaidh sé oiread oibre leis an tseachtar eile buachall atá agat," a deir sí, "go gcaithfidh sé imeacht siocair é a bheith ábalta oiread a ithe leis an tseachtar."

B'fhíor é. Dúirt sé ar maidin lá arna mhárach, dúirt sé go ndéanfadh sé oiread oibre leis an tseachtar eile go mbeadh an oíche ann.

Cuireadh i gcionn bualadh arbhair an t-iomlán acu. Bhí dhá chruaich arbhair ann, agus d'iarr sé an dá cheann a chur isteach ins an scioball, ceann in achan chionn, agus dúirt sé mur[71] mbeadh a chruach fhéin buailte aige-san comh luath leofasan, go gcaithfeadh sé a dhul chun siúil. Sheasaigh sé ag coimheád orthu ag struipeáil cruach an arbhair, agus struipeáil seisean an ceann eile, agus sheas sé ansin ag coimheád orthu go rabh an chruach chóir a bheith istigh acu. Bheir seisean ansin ar chruaich an arbhair agus ní thearn sé daoithe ach aon uchtán amháin. Tháinig sé go doras an sciobaill agus í leis in aon uchtán amháin, agus shiab sé na cásaí as an doras agus shiab sé isteach í, agus

[70] Aimsir láithreach stairiúil.
[71] Ls.: mar.

shocraigh isteach i gcionn an sciobaill í. Bhí na súistí fairsing go leor. Ba le súistí uilig a bhuailtí an t-arbhair uilig an uair sin, agus thosaigh siad a phiocadh na súistí, agus d'fhág siad an súiste a ba mheasa a bhí ann aige-san.

Nuair a chonaic sé an súiste –

"Caidé an seort cipín é seo?" a deir sé.

"Sin é do shúiste," a deir fear acu.

"Bhail níl mórán maith sa chipín sin," a deir sé. Chuaigh sé amach agus bhreathnaigh sé gearrchrann maith, agus tharraing sé amach as an talamh é agus ghearr sé suas é. Chonaic sé ceann eile nach rabh comh láidir leis agus tharraing sé é, agus chuir sé deis air agus rinn sé buailtín de. Chuaigh sé isteach, agus bhí an tseachtar eile ag bualadh agus ag bualadh go tiugh. Sheasaigh sé tamall maith ag coimheád orthu, ní rabh deifre ar bith air. Go deireanach thosaigh sé ag bualadh, agus sa deireadh ní rabh aon duine den tseachtar le feiceáil aige nach rabh cumhdaithe[72] istigh sa chothán.

Nuair a tháinig scairt in am dinnéara orthu ní thearn sé faic ach an súiste a thabhairt thart i mullach a chinn agus chaith sé suas ar an chothán é. D'amharc siad amuigh go bhfeicfeadh siad caidé a bhí ag coinneáil an bhunaidh eile, agus nuair a chuaigh siad amach bhí an tseachtar plúchta istigh faoin chothán aige. Ní thiocfadh a chur ar shiúl ansin. Bhí sé ábalta i bhfad níos mó a dhéanamh nó na buachaillí eile. Chuaigh sé ionsar an chailligh ansin ar ais agus d'inis sé daoithe[73] caidé mar a bhí.

"Bhail," a deir sise, "dá mbeitheása ábalta seachtar eile buachall a fháil anois," a deir sí, "agus nuair a gheobhas tú réidh iad, cuir siar iad chun na coilleadh udaí thiar fá choinne lódaí adhmaid, agus cuir an seanbheathach nach bhfuil úsáid ar bith ann leis-sean, agus abair leis mur rabh oiread adhmaid leis ag pilleadh dó agus a bheas leis an tseachtar eile, go gcaithfidh sé imeacht."

"Ba chóir nach mbeadh sé ábalta sin a dhéanamh ar scor ar bith, nó ní bheidh an seanbheathach sin ábalta an carr folamh a iomchar."

Bhí go maith, d'imigh sé agus fuair sé seachtar eile buachall, agus ghléas sé suas iad, agus chuir amach iad chun na coilleadh fá choinne an adhmaid, agus dúirt sé leis-sean mur[74] dtugadh sé isteach oiread leis an tseachtar eile go gcaithfeadh sé a dhul chun siúil. D'imigh siad uilig agus b'eisean an fear deireanach a cuireadh ar shiúl leis an

---

[72] Ls.: cumhdaigh.

[73] Ls.: daobhtha.

[74] Ls.: mar.

tseanbheathach.  Ní rabh sé i bhfad uilig ar shiúl gur chas fear acu air agus lód adhmaid leis.
"Nach mór an deifre atá ortsa," a deir sé leis an fhear sin.
"Bhail," a deir an fear sin, "mise an chéad fhear a d'imigh agus creidim gur mé an chéad fhear a chaithfeas a theacht ar ais."
"Ní bheidh mórán de bharr agat gan a bheith romhamsa," a deir sé.  Rug sé greim muineáil air agus chaith sé amach sa díg é, agus chuir sé an beathach agus an carr amach ina mhullach.
Le scéal fada a dhéanamh gairid, nuair a bhí sé ag gabháil isteach chun na coilleadh casadh an tseisear eile dó ag teacht amach agus na lódaí leofa, agus rinn sé an rud céanna leofa uilig.  Tháinig sé ansin agus lód adhmaid leis ar an tseanbheathach, agus ní rabh fear ar bith eile ag teacht ar chor ar bith.  Nuair a chuathar a dh'amharc fá dtaobh daofa bhí an tseachtar acu marbh amuigh ins na díogacha agus na beathaigh caite sa mhullach orthu.  Bhí níos mó déanta aige ansin nó a bhí ag an tseachtar.  Chuaigh seisean chuig an chailligh ar ais.
"Ó bhail tím," a deir sí, "scriosfaidh sé thú.  Abair leis amárach," a deir sí, "go bhfuil do mháthair in Ifreann leis an fhad seo de dh'am, agus go gcaithfidh sé a dhul agus a tabhairt chugat go bhfeicfidh tú caidé mar atá sí ag seasamh amach."
Ar maidin lá arna mhárach dúirt sé leis an diúlach go rabh a mháthair in Ifreann leis an fhad seo de dh'am, agus go gcaithfeadh sé a tabhairt chuige go bhfeicfeadh sé caidé mar a bhí sí ag seasamh amach.
"Caidé an dóigh a mbeinnse ábalta do mháthair a aithne," a deir sé, "nach bhfacaigh ariamh í," a deir sé, "agus creidim go bhfuil níos mó nó sin ann, agus caidé mar a bheinnse ábalta a piocadh amach astu?"
"Bhail, sé an marc atá uirthi," a deir sé, "tá bearad dearg uirthi."
Ní thearn sé faic ach a shúiste a chur ar a ghualainn agus d'imigh leis.  Chuaigh sé ar aghaidh giota maith, agus fá dheireadh chas fear dó.  D'fhiafraigh sé de cá rabh sé ag gabháil, agus d'inis sé dó.
"Bhail, a dhuine bhoicht," a deir sé, "tá eagla orm go bhfuil do sháith romhat, ach an méid cuidithe a thig liomsa a thabhairt duit dhéanfaidh[75] mé é.  Gabh go dtí a leithéid seo de dh'áit, agus tosaigh a bhualadh le do shúiste go bhfeicfidh tú an ligfear isteach

[75] Ls.: dheánfá'.

thú."

B'fhíor é.  Rinn sé an rud a hiarradh air, agus chuaigh sé a fhad leis an áit, agus bhuail sé trí nó ceathair de bhuillí garbha ar an doras agus fosclaíodh an doras dó, agus ligeadh isteach ansin go hIfreann é.  Nuair a chuaigh sé isteach ansin, ní rabh aon seanbhean istigh ann a rabh bearad dearg uirthi.  Ní rabh sé ábalta máthair an diúlaigh a phiocadh amach as ansin, agus ní thearn sé ach tosú orthu, agus ghread sé thall is abhus, agus níor stad sé gur ghread sé an t-iomlán amach as Ifreann, agus gur chuir sé an t-iomlán abhaile chuig an mháistir.

"Gabh amach anseo anois," a deir sé, "agus pioc amach astu seo í," a deir sé.  "Tá an chuma amháin orthu seo uilig," a deir sé, "agus níl mise ábalta níos mó a dhéanamh leofa."

Nuair a chonaic an máistir caidé a bhí leis –

"Ó a gheall ar an ádh leat!" a deir sé, "gabh agus fág iad sin ins an áit a bhfuair tú iad," a deir sé, "agus fágfaidh mé a bhfuil amuigh is istigh fán bhaile agam agat."

D'imigh sé leis agus ghread sé leis iad gur chuir sin isteach san áit chéanna iad.  Nuair a phill sé ar ais bhí an bodach agus iomlán a rabh ag leanúint dó ar shiúl amach as an áit ar fad.  D'imigh seisean amach chun na coilleadh agus thug sé isteach a mháthair go háit an bhodaigh.

Bhí achan seort ansin roimpi, teach breá agus go leor le hithe is le hól.  Chuaigh an bheirt a chónaí ann, agus bhí saol breá sona sásta acu ina mbodaigh iad fhéin go lá a mbáis.

Scéal 7. <u>An fear a d'ith croí an éin</u>

Bhí fear ann fada ó shin, agus is fada ó bhí, agus bhí dhá ghasúr aige. Tháinig bliain amháin cosúil léithi seo, agus ní bhfuair siad aon fhód mónadh. Bhí coill comhgarach agus chuireadh sé an dá ghasúr isteach chun na coilleadh achan lá a chruinniú brosnaí a chuirfeadh sé ar an tinidh.

Maidin amháin ag gabháil isteach chun na coilleadh daofa d'éirigh éan. Jack a bhí ar f[h]ear acu agus Pat ar an fhear eile –

"Leanfaimid an t-éan," a deir Jack le Pat, "go mbeiridh muid air."

Bhí go maith, lean an bheirt an t-éan, agus bhí sé ó thom go tom agus ó thom go tom, ach d'imigh sé agus ní bhfuair siad greim ar bith air. An oíche sin, tháinig siad abhaile agus ní rabh brosna ar bith leofa. Thosaigh an t-athair agus bhuail sé an-rud go brách orthu.

Ar maidin lá arna mhárach, chuir sé ar shiúl iad teacht an lae, agus d'iarr sé orthu gan pilleadh mur mbeadh brosna leofa a chuirfeadh siad ar an tinidh.

D'imigh an bheirt, agus ag gabháil isteach chun na coilleadh daofa d'éirigh an t-éan rompu fosta.

"*Begora*," a deir Jack, "tá sé anseo inniu fosta."

"Bhail ba chóir," a deir Pat, "go bhfuair tú do shaith aréir agus gan a dhul á leanúint inniu aríst."

"Leanfaidh mé é inniu fosta," a deir Jack.

Lean sé an lá sin é fosta, agus chuaigh Pat a chuidiú leis, agus lean siad an lá sin fosta ina dhiaidh, agus d'imigh sé orthu. Tháinig siad tráthnóna agus gan dadaí leofa. Ach cá bith mar a buaileadh iad an chéad lá, buaileadh a sheacht n-oiread orthu an oíche sin. Cuireadh a luí iad an oíche sin, agus cuireadh ar s[h]iúl iad an tríú lá, agus ag gabháil isteach chun na coilleadh dófa bhí an t-éan ansin ar ais.

"Tá sé anseo inniu ar ais," a deir Jack.

"Bhail ba chóir," a deir Pat, a deir sé, "go bhfuair tú do sháith le cupla lá, agus gan é a leanúint inniu."

"Leanfaidh mé cinnte é inniu fosta," a deir Jack.

Lean sé an lá sin é, agus níor lig sé i bhfad é go dtí go bhfuair sé greim air. Níor fhan sé le brosna ar bith, ach tháinig sé abhaile agus an t-éan leis. Nuair a chonaic an t-athair an

t-éan, deir sé –

"Bhail bhuail mé le cupla oíche thú," a deir sé, "agus bhuail mé san éagóir sibh," a deir sé. "Dá bhfeicfinn fhéin é," a deir sé, "chaithfinn seachtain ina dhiaidh nó go dtí go mbeirinn air."

Chuir siad an t-éan an oíche sin faoi bhéal bascáide, agus rug an t-éan, rug sé uibh, agus caidé a bhí ach an uibh uilig cumhdaithe le priontáil. Nuair a chonaic Jack seo –

"Imeochaidh mé," a deir sé, "agus an t-éan liom go bhfeicfidh mé an bhfaighidh mé duine ar bith a bhéarfas dadaí domh air."

"Imeochaidh mise," arsa Pat, "agus beidh an uibh liom."

D'imigh an bheirt, agus an t-éan ina phóca le Jack, agus an uibh le Pat ina dhorn.

Chuaigh siad giota maith, agus casadh fear daofa ag teacht an bealach mór ag marcaíocht.

"Caidé atá leat?" a deir sé le Jack.

"Tá éan ar rug mé sa choill air aréir," a deir sé, "agus tá mé ag imeacht," a deir sé "go bhfeicfidh mé an bhfaighidh mé duine ar bith a bhéarfas dadaí domh air."

"Cuir aníos chugam é," a deir sé, "go bhfeicfidh mé é."

Chuir.

"Caidé atá tú a dh'iarraidh air?" a deir sé.

"Ó!" a deir Jack, "tiocfaidh mé le cá bith a bhéarfas tú domh."

"Bhéarfaidh mé cúig phunta duit air," a deir sé.

"Tá neart ansin," a deir Jack.

"Seo," a deir Pat, "uibh a rug sé."

"Cuir aníos í," a deir sé, "go bhfeicfidh mé í."

Chuir.

"Caidé atá tú a dh'iarraidh ar an uibh?" a deir sé le Pat.

"Ó, cá bith a bhéarfas tú domh," a deir Pat.

Thug sé cúig scillingne do Phat ar an uibh.

"Bhail tá mise i mo chónaí ina leithéid seo de dh'áit anois," a deir sé, "agus gabhaigí sibhse a fhad leis an teach anois, agus abraigí leis an chailín atá agam an t-éan a mharbhadh, agus a chroí agus a chrua-ae a bheith bruite aici domhsa," a deir sé, "nuair a thiocfas mé abhaile."

D'imigh an bheirt leofa agus chuaigh siad a fhad leis an teach, agus d'inis siad don

chailín caidé a hiarradh uirthi. Mharbh an cailín an t-éan, agus chuir sí síos ar *p*h*an* bheag an croí agus na crua-ae á rósadh. Bhí lá fuar ann agus bhí duine acu ina shuí ar achan taobh den tinidh, agus bhí siad ag coimheád uirthi ag athrú an rud a bhí ar an *p*h*an*.

“Ní stopfainnse mórán,” a deir Jack, “an giota beag sin a ithe.”

“Maise má itheann tusa an giota sin,” a deir Pat, “íosfaidh mise an giota eile. Fuair mise oiread dá shaothar leat fhéin.”

D'ith Jack a ghiota beag fhéin, agus d'ith Pat an chuid eile. Nuair a tháinig an cailín thart ní rabh aon dath le feiceáil ar an *p*h*an*.

“Caidé a d'éirigh don rud a bhí ar an *p*h*an*?” a deir sí.

“D'ith mise an giota beag a ba chomhgaraí domh fhéin,” a deir Jack.

“Agus d'ith mise an giota eile,” a deir Pat.

“Bhail, bígí ar shiúl anois,” a deir sí, “comh tiugh agus a thiocfas libh, agus caithfidh mise mé fhéin a bheith ar shiúl fosta, nó nuair a thiocfas sé muirfidh sé sinn ár dtriúr.”

D'imigh na créatúir, agus leis an scanradh caidé a rinn siad ach a dhul ar seachrán. In áit[76] a dhul an bealach ceart badh é an rud a d'imigh siad leofa, agus d'imigh siad leofa, agus ní rabh dul acu dadaí a aithne. Teacht na hoíche chas teach dófa agus chuaigh siad isteach agus d'iarr siad lóistín. Fuair siad sin. Cuireadh a luí iad ar leabaidh, agus lá arna mhárach sular imigh siad chuaigh bean an toighe a chóiriú na leabtha, agus thit sparán amach as faoi na háite a rabh siad ina luí a bhí lán óir. Choinnigh sí an oíche sin iad. Nuair a chuaigh sí a chóiriú na leabtha lá arna mhárach thit an rud céanna amach as, agus choinnigh sí iad an oíche sin. An tríú lá nuair a chuaigh sí a chóiriú na leabtha thit sparán amach as faoin áit a rabh siad ina luí agus é lán óir.

“Bhail,” arsa Jack, badh é a ba sine acu, “ní fhanóchaidh muid anseo níos faide, nó leoga tá ár n-athair ár gcuartú, agus caithfimid imeacht inniu féachailt an dtiocfadh linn a dhul chun an bhaile.” D'imigh an bheirt leofa, agus diabhal i bhfad go dtáinig ocras orthu. Bhí neart airgid leofa ar ndóiche i ndiaidh an t-éan agus an uibh a dhiol. Tháinig siad a fhad le siopa a bhí ann sa deireadh.

“Nach bhfuil sé dona go leor againn airgead a bheith linn,” a deir Jack, “agus ocras a bheith orainn. Rachaidh sinn isteach anseo,” a deir sé, “go bhfaighidh sinn rud inteacht a bhainfeas an t-ocras dínn.”

---

[76] Ls.: an áit.

Chuaigh siad isteach agus cheannaigh siad builín aráin, agus thosaigh siad a dh'ithe an aráin rompu. Dheamhan i bhfad a bhí siad ag ithe an aráin gur chuir sé tart orthu, agus chuaigh siad gur shuigh siad a chois srutháin. Thosaigh siad a thomú an aráin síos ins an tsruthán agus á ithe. Níorbh fhada a bhí siad ansin nuair a tháinig faoileog thart, agus bhí caint ag achan seort an uair udaí. Scairt sí leofa an dtabharfadh siad aon ghreim de sin díse. Dúirt siad go dtabharfadh, í a theacht agus go ndéanfadh siad comhar léithi. Nuair a bhí a sáith den arán ite ag an f[h]aoileoig agus a sáith ite acu fhéin –
"Tá sibh ina leithéid seo de dh'áit," a deir sí, "le trí hoíche."
"Tá," a deir Jack.
"Bhail, an bhfuil a fhios agaibh," a deir sí, "caidé a d'fhág sibh i bhur ndiaidh ann?"
"Níl a fhios," arsa Jack.
"Bhail d'fhág sibh trí sparán óir i mur ndiaidh," a deir sí, "a bhí faoi mur gcionn le trí hoíche."
"Ní féidir sin!" a deir Jack.
"Tá siúd fíor," a deir sí. "Tusa a d'ith croí an éin," a deir sí le Jack, "agus níl aon m[h]aidin a n-éireochaidh tú go brách nach mbeidh sparán óir faoi do chionn. Tusa a d'ith na crua-ae," a deir sí le Pat, "agus pósfar tú ar níon Rí na Fraince. Imigí libh anois," a deir sí, "agus ná gabhaigí a chóir baile ar bith feasta," a deir sí, "agus gabhaigí chun na scoile ina leithéid seo de dh'áit," a deir sí, "agus ní bheidh moill oraibh sin a dhéanamh anois nuair atá tréan airgid agaibh, go dtí go rabh oiread léinn agaibh agus a thig libh a fháil," a deir sí, "agus nuair a bheas sin agaibh ní bheidh moill ar bith oraibh tarraingt ar níon Rí na Fraince."
B'fhior é. D'imigh an bheirt agus chuaigh siad chun na scoile ins an áit ar hiarradh orthu é, agus d'fhan siad ar an scoil go rabh siad ina mbuachaillí. D'imigh an bheirt anonn ansin agus pósadh Pat ar níon Rí na Fraince.
Bhí go maith, agus ní rabh go holc, chaith Jack bliain acu ansin, agus nuair a bhí an bhliain caite, rinn sé amach go dtiocfadh sé abhaile go bhfeicfeadh sé caidé a d'éirigh dá athair agus dá mháthair, nó caidé mar a bhí siad ag cur isteach.
D'fhág sé thall, agus ar a bhealach tháinig an oíche air. Chuaigh sé isteach i mbaile mhór a bhí ann, agus chuaigh sé isteach i dteach agus d'iarr sé lóistín. Ní rabh istigh ann ach cailín óg, agus thug sí an lóistín dó. Ach cá bith mar a bhí, bhuail sé fhéin agus an cailín suas le chéile. Bhí máthair an chailín ar shiúl ag cuartaíocht ag níon eile dá

cuid a bhí pósta. Bhuail sé fhéin agus an cailín suas le chéile, agus bhí an bheirt pósta ar a chéile sula dtáinig a máthair.

"Bhail," a deir a máthair, ag teacht daoithe, "caidé mar a chuir tú isteach an t-am ó pósadh tú?"

"Caidé mar a chuirfinn isteach é," a deir sí, "ach mar a chuirinn i gcónaí."

"An dtearn tú seort ar bith féasta," a deir sí, "don fhear seo a fuair tú?" a deir sí.

"Ní dhearn leoga," a deir sí.

"Ó maise," a deir sí, "is olc ab fhiú fear thú más mar sin atá. Ba dona thú nach dtearn rud inteacht réidh thaire sin dó."

Thosaigh an mháthair í fhéin ansin, agus rinn sí réidh féasta don fhear, agus thug sí dó é, agus i gcead don chuideachta, sula rabh an féasta i bhfad caite aige, d'éirigh sé tinn agus badh é an chéad chnap a chuir sé amach croí an éin. Ní rabh ann ach go rabh an croí amuigh aige gur thóg sise é, agus gur ith sí é. Dhíbir an bheirt ar shiúl amach ón teach ansin ar fad é. D'imigh an duine bocht leis ansin, agus é tógtha i gceart, agus ní rabh a fhios aige cé acu a rachadh sé abhaile nó caidé a dhéanfadh sé. Bhí sé istigh sa bhaile mhór agus bhí déan den fharraige ag teacht isteach mar atá thuas anseo i nDún na nGall, agus d'imigh sé amach a chois na farraige agus bhí bád ann, agus chuaigh sé isteach chun an bháid. D'imigh an bád léithi amach chun na farraige, agus nuair a bhí sí tamall maith amuigh chuaigh an bád i dtír ar oileán a bhí ann. Chuaigh sé isteach ar an oileán, agus bhí áit an-deas istigh ar an oileán, agus é cumhdaithe le crainn úllaí agus blátha de gach uile chineál a ba deise ná a chéile. Chuir sé a lámh suas agus tharraing sé anuas úlla, agus thosaigh sé dá ithe.

Ní rabh an t-úlla bomaite ite aige gur fhás dhá adharc air a rabh seacht slata ar fad in achan chionn acu. Ní rabh [sé] ábalta a dhul síos agus ní rabh sé ábalta a dhul suas ansin. Ní rabh a fhios aige ansin caidé a dhéanfadh sé. Ní rabh sé ábalta siúl ansin, ach ba chuma, shroichigh[77] sé a fhad le crann eile. Bhí an t-ocras ag teacht air ar scor ar bith, agus chuaigh sé a tharraingt anuas na n-úll agus dá n-ithe, agus ní rabh siad sin ite aige bomaite ar bith gur thit a dá adharc síos go talamh de, agus ní rabh faic air ansin ach oiread agus mar a bhí sé a chéaduair. D'ith sé a sháith úllaí den chrann sin. Chuir na húllaí tart air, agus chrom sé i bpoll ann a dh'ól uisce, agus nuair a bhí deoch an uisce ólta aige, caidé a d'éirigh dó ach gur thiontaigh sé ina asal. Bhail, bhí dóigh mhaith

[77] Ls.: shroichidh.

ansin air ag piocadh leis fríd an choill, agus chaith sé ann níos mó nó bliain.
Lá amháin bhí a sháith go maith ite aige, agus chonaic sé poll, agus tharraing sé air agus d'ól sé deoch. Níor luaithe a bhí an t-uisce ólta aige gur thiontaigh sé ina Jack mar a bhí a chéaduair. Smaoitigh sé ansin caidé an dóigh a mbainfeadh sé sásamh as an bhean a d'ith an croí. Chuaigh sé a fhad leis an chrann a rabh na húllaí air a chuir na hadharca air, agus bhain sé ualach acu an méid a bhí sé ábalta a thabhairt leis. Chuaigh sé a fhad leis an tobar a rinn an t-asal de, agus thóg sé buidéal den uisce. Tharraing sé ar an áit ar fhág sé an bád ansin go bhfeicfeadh sé an rabh an bád ann ar fad, agus bhí an bád ansin ar fad. Chuaigh sé isteach chun an bháid, agus amach ar an fharraige leis an bhád, agus níor stad sé gur fhág sé san áit chéanna a bhfuair sé é.
Bhí féasóg air ansin a bhí síos go bhásta a bhríste, agus an-droch-chuma[78] air, agus an-drochéadach air. Tháinig sé os coinne an toighe a rabh sise ann, agus chuir sé stainnín beag suas, macasamhail mar a bheadh ag fear a bheadh ag gabháil a dhíol úll. Chuir sí a ceann amach thuas ar f[h]uinneoig –
"Caith aníos luach pingne de na húllaí sin chugam," a deir sí.
Thóg sé ceann acu agus chaith sé suas chuici é[79], agus cheap sí an t-úll agus chuaigh sí á ithe. Ní rabh an t-úll ite bomaite amháin aici gur fhás dhá adharc uirthi amach dhá shlat[80] ar gach aon taobh den fhuinneoig. Bhí sí ansin, agus ní bhfaigheadh sí a ceann isteach agus ní bhfaigheadh sí dadaí eile déanta leis. Nuair a chonaic seisean caidé mar a bhí, ghlan leis é fhéin agus a stainnín. Chuaigh sé isteach i dteach ann, agus cheannaigh sé culaith éadaigh agus bhain sé an fhéasóg de. B'éigean cruinniú ansin, agus an balla a leagan go bhfuair sise an ceann isteach, agus bhí sí istigh ansin thuas ar an lafta, agus ní rabh siad ábalta a tabhairt anuas, agus ní rabh siad ábalta dadaí a dhéanamh léithi.
Chuir sé air a chulaith úr éadaigh ansin, agus tháinig sé thart in ainm a bheith ina dhochtúir. Tháinig sé isteach sa teach an áit a rabh sí, agus dúirt sé go gcualaigh sé gur tharlaigh rud mór fán teach seo le tamall. hInsíodh dó.
"Ó!" a deir sé, "nach gcaithfidh sé go dtig a leigheas."
Húradh leis nach dtáinig, go rabh dochtúirí go leor aici, agus nach rabh misneach ag duine ar bith acu leigheas a dhéanamh daoithe.

---

78 Ls.: an-droch chumadh.
79 Ls.: iad.
80 Ls.: dhá shlait.

"Bhail leigheasfaidh mise daoibh[81] í," a deir sé, "ná bíodh eagla oraibh. Gearrfaidh mise na hadharca sin daoithe," a deir sé. Ghearr sé ceann acu agus bhí sé comh trom agus go dtáinig sé anuas fríd an lafta. Tháinig an ceann eile an bealach céanna.
"Bhail anois," a deir sé, "níl gar ann go fóill," a deir sé, "bhéarfaidh siad a bás go fóill," a deir sé, "tá rútaí na n-adharc thíos ina goile." Rinn sé réidh purgóid a thug sé daoithe, agus i gcead don chuideachta badh é an chéad chnap a chuir sí amach croí an éin. Ní rabh sé i bhfad amuigh gur thóg Jack é, agus gur ith sé é.
Thug sé leis an buidéal ansin a rinn an t-asal de agus thug sé braon den bhuidéal di.
"Ól seo anois," a deir sé, "a shocarfas do ghoile i ndiaidh tiontú a bheith air."
Ní rabh sé ach ólta aici nuair a thiontaigh sí ina hasal, agus d'fhág sé thuas ar an lafta í, agus nuair a tháinig sé anuas –
"Anois," a deir sé, "ná gabhadh aon duine agaibh suas," a deir sé, "go dtí a leithéid seo de dh'am, agus ná bíodh eagla ar bith oraibh ná beidh biseach uirthi.[82]"
An chéad duine a chuaigh suas fuair sé an t-asal thuas ar an lafta, agus níor chualaigh mise caidé a rinneadh leis an asal, nó caidé a rinneadh ní ba mhó. Ach tháinig Jack abhaile, agus fuair sé a mháthair críon caite roimhis, agus chaith sé an chuid eile dá am aici go dtí go bhfuair sé bás.

[81] Ls.: díbh.
[82] Ls.: na beidh biseach uirthí.

Scéal 8. Slasham Ceallachán

Bhail, bhí fear ann fada ó shin, agus is fada ó bhí, agus badh é an t-ainm a thugadh siad air Slasham Ceallachán. Ní rabh bliain ar bith nach mbíodh páiste ag (n)a bhean, agus chuireadh sé an chéad duine a tíodh sé ag gabháil an bealach leis an pháiste go toigh an phobail. Bhí ceann ann go deireanach, agus ba ghairid go bhfacaigh fear an toighe fear cruaidh gasta ag gabháil an bealach mór. Chuaigh sé amach roimh an fhear, agus d'fhiafraigh sé de an rachadh sé go toigh an phobail leis an pháiste. Dúirt sé go rachadh cinnte.

Bhí go maith, d'imigh sé leis an phaiste, agus nuair a tháinig sé ar ais, deir sé le Slasham –

"Bhail," a deir sé, "dá gcruinneochthá suas oiread agus a chuirfeadh culaith mhaith éadaigh ort, d'fhágfainnse dóigh mhaith le do shaol ort. Mise an bás," a deir sé, "agus faigh[83] thusa culaith mhaith éadaigh, agus imigh i do dhochtúir. Taiseánfaidh mise mé fhéin duit," a deir sé, "agus duine ar bith a bhfeicfidh tú mise ag (n)a chionn," a deir sé, "abair nach bhfuil leigheas air, ach duine ar bith a bhfeicfidh tú ag (n)a chosa mé, abair nach bhfuil moill ar bith an duine sin a leigheas."

B'fhíor é. Chruinnigh sé suas oiread agus go bhfuair sé culaith mhaith éadaigh, agus ghléas sé é fhéin suas, agus d'imigh sé ina dhochtúir. Ní rabh áit ar bith a rabh sé ag gabháil nach rabh an bás ag cosa an duine sin, agus bhí sé dá leigheas uilig as éadán. D'éirigh iomrá amach sa deireadh fán dochtúir mhaith seo a bhí in Éirinn, agus ní rabh áit ar bith fríd an tsaol nach rabhthar á thabhairt.

Bhí go maith, bhí fear an-saibhir fána tíortha thall, níl a fhios agamsa anois c'ainm a bhí ar an áit, agus is cosúil go gcualaigh sé iomrá ar an dochtúir a bhí in Éirinn, agus cuireadh scéala fána choinne agus tugadh anonn é. Nuair a tugadh anonn é bhí an bás ina shuí ag cionn an duine sin. Bhí an-chnap go brách le fáil ag duine ar bith a leigheasfadh é, agus ní rabh a fhios aige caidé an dóigh ab fhearr leis an chnap a shaothrú. Smaoitigh sé nach rabh dóigh ar bith ní b'fhearr nó an fear a bhí tinn a thiontú sa leabaidh. Thiontaigh, agus ní thiocfadh leis an bhás luach na leathphigne a dhéanamh de, agus leigheas sé é.

Bhí go maith, ag teacht anall dó tháinig an bás chuige –

83 Ls.: fá.

"Bhail shíl mé," a deir sé, "gur chuir mise dóigh mhaith ort le beatha mhaith a shaothrú, agus ba chóir go ndéanfá an rud a d'iarr mé ort, agus anois nuair nach dtearn tú sin caithfidh tú fhéin a dhul liom in áit an fhir a leigheas tú."
"Bhail maith go leor," a deir Slasham, a deir sé, "má ligeann tú domh a dhul abhaile."
"Bhail ligfidh," a deir sé.
"Siúil leat liom," a deir sé leis an bhás. Tháinig, agus chuaigh sé a luí go bhfaigheadh sé bás. "Bhéarfaidh tú faill domh," a deir sé, "paidir agus Áivé Máiria a rá."
"Ó bhéarfaidh cinnte," a deir an bás.
"Bhail, má bheir," a deir seisean, "tá sé comh maith agat a bheith ag imeacht nó sin rud amháin nach n-abraim fad is bheas grian ar an aer."
Ní rabh ag an bhás ach bogadh leis ansin. Bhí Slasham ar shiúl ansin agus bhí sé ag leigheas leis ba chuma cén taobh a rachadh sé, agus ní rabh duine ar bith ag fáil bháis. Bíodh an bás ag (n)a gcionn nó ag (n)a gcosa, ní rabh sé ag déanamh lá difir dósan. Bhí sé ag teacht abhaile oíche amháin go han-mhall agus mhothaigh sé an sliopar sa díogaidh, agus chuaigh sé anonn agus d'amharc sé caidé rud a bhí ann, agus caidé a bhí ann ach fear agus é ionann is a bheith báite sa díogaidh. Thóg sé amach as an díogaidh é, agus bhí sé ag fáil bháis ansin, agus d'iarr sé air a gheall ar Dhia é paidir agus Áivé Máiria a rá dó sula bhfaigheadh sé bás. Níor smaoitigh sé ariamh caidé mar a bhí, agus dúirt sé paidir agus Áivé Máiria, agus nuair a bhí an phaidir ráite aige, phreab an bás ina sheasamh, agus arsa seisean –
"Is fada ar shiúl thú," a deir sé, "ach tá tú agam sa deireadh."
"Bhail tá cinnte," arsa Slasham, "ach bhéarfaidh tú am domh go bhfaighidh mé bás sa bhaile."
"Bhéarfaidh cinnte," arsa seisean.
"Bhail seo fhéin leat," a deir Slasham.
Tháinig an bheirt abhaile agus chuaigh sé a luí go bhfaigheadh sé bás. Bhí fuinneog ar chúl an "*room*," agus bhí crann úll taobh amuigh den fhuinneoig.
"Níor mhaith liom bás a fháil," a deir sé, "go bhfaighinn greim as an úlla dhearg sin atá crochta anuas as an chrann sin atá ar chúl an toighe. An dtéightheá amach," a deir sé, "agus é a thabhairt isteach chugam."
Chuaigh an bás amach go dtugadh sé isteach an t-úll, agus ghreamaigh a lámh don úll agus ghreamaigh an t-úll don chrann, agus bhí sé na cianta agus na blianta greamaithe

don chrann.

Chualaigh mé fosta caidé an dóigh ansin a bhfuair sé réitithe den chrann, ach tá sé a fhad anois agus go bhfuil dearmad déanta agam de.

Scéal 9. An fear a lig air go rabh sé marbh

Bhail, nuair a bhí mise ag éirí suas i mo ghasúr, bhí mé go measeartha drabhlásach fosta, agus níor stad mé gur imigh mé go hAlbain. Bhí mé ag siúl thart in Albain ar feadh trí seachtainí, agus ní tháinig liom obair ar bith a fháil. Ní rabh mórán airgid liom ach oiread, agus tráthnóna amháin nuair a thug mé a cuid fhéin do bhean an toighe ní rabh aon phingin liom ach aon phingin amháin rua, sin a rabh fágtha agam.
D'éirigh mé amach chun na sráide, agus a shiúl thart agus a dh'amharc isteach ar f[h]uinneogaí,[84] agus caidé a chonaic mé istigh i bhfuinneoig ach fideog *tin*, agus é scríofa uirthi nach rabh uirthi ach pingin. Bhí mé i m'fhear mhaith fideoige ins an am sin. Chuaigh mé isteach agus cheannaigh mé an fhideog. Nuair a tháinig mé amach sheas mé ar thaobh na sráide agus thosaigh mé a sheinm. Thosaigh lucht an bhaile mhóir agus achan duine a chruinniú fá dtaobh díom. Chaitheadh fear scilling chugam, agus chaitheadh fear sé pingne chugam, agus chaitheadh fear pingin chugam. D'fhan mé liom go rabh sé i ndiaidh na hoíche, agus nuair a stad mé bhí lán mo phóca de dh'airgead liom. Rinn mé amach nach rabh maith domh fanacht ann ní b'fhaide, agus thug mé m'aghaidh ar an bhaile.
Tháinig mé chuig an bhád, agus dhíol mé páighe an bháid, agus thosaigh mé a dh'ól ar an bhealach anall ar an bhád, agus nuair a tháinig mé isteach i nDoire ní rabh agam ach sé pingne. Ní rabh mé ábalta a dhul ar an traen ansin, agus ní rabh mé ábalta dadaí a dhéanamh, agus ní rabh ann ach a dhul i gcionn an bhealaigh a shiúl. Shiúil mé liom, agus ní rabh mé i bhfad aníos uilig gur chas fear domh a bhí ag marcaíocht.
"Tím, a dhiúlaigh," a deir sé, "go bhfuil tusa i ndiaidh a theacht giota."
"Tá mé i ndiaidh a theacht as Albain," arsa mise.
"Caidé an locht a bhí agat ar an áit?" arsa seisean.
"Ní rabh locht ar bith," arsa mise, "ach fuair diabhal caillí a bhí ansiúd bás," arsa mise, "agus ní rabh aon oíche ó cuireadh í nach rabh sí istigh in mo mhullach sa leabaidh, agus rinn mise amach nach bhfanóchainn aici mórán ní b'fhaide."
"Ó a dhuine bhoicht," a deir sé, "caidé an fáth a bhfanóchthá. Tá stócach de dhíobháil ormsa," a deir sé, "agus b'fhéidir go ndéanfá fastó liomsa anois."
"Dhéanfaidh cinnte," arsa mise, "is fearr liom sin i bhfad nó a bheith ag gabháil

[84] Ls.: agus shiúl thart agus a dh'amharc isteach ar fuinneogaí.

abhaile.”
Rinn mé an fastó[85] leis.
“Bhail anois,” a deir sé, “caithfidh mise a dhul a fhad lena leithéid seo de theach[86] ar mo bhealach abhaile, agus gabh thusa ar aghaidh a fhad leis an teach, agus fan ansin go dtéighidh mise abhaile.”
Dúirt mé fhéin go ndéanfainn sin agus rinn. Tháinig sé abhaile ar ball, agus d'iarr sé mo shuipéar a thabhairt domh fhéin. Ar maidin lá arna mhárach bhí an lá ag cur, ach níor fhiafraigh sé mórán domh caidé a bhí mé ábalta a dhéanamh, ach d'fhiafraigh sé domh an mbeinn ábalta treabhadh, agus dúirt mé go mbeinn ábalta seort a dhéanamh.
“Ó bhail,” a deir sé, “tá tú óg go leor le foghlaim i gcás ar bith.”
Bhí an lá, lá arna mhárach ag báistí agus ag stealladh, agus ní thiocfadh dadaí a dhéanamh.
“Bhail anois,” a deir sé, “tá agamsa le dhul chun an cheárta le beathach atá ansin,” a deir sé, “agus bí thusa ag bogadaigh thart go dtigidh mé, agus rud ar bith a iarrfas bean an toighe ort go dtigidh mise, ná déan aon dath de.”
“Maith go leor,” arsa mise, “sin an rud is fursa domhsa a dhéanamh.”
Ní rabh seisean i bhfad ar shiúl gur iarr a bhean orm a dhul amach agus bacóg m[h]óna a thabhairt isteach.
“Cha dtugam,” arsa mise, “nó diabhal fód. Gabh fhéin amach agus tabhair isteach í!”
Tamall ina dhiaidh sin d'iarr sí orm canna uisce a thabhairt isteach.
“Cha dtugam,” arsa mise, “nó diabhal deor!”
Bean mhór gharbh a bhí inti, agus bhí mé ag glacadh cineál eagla roimpi, eagla go mbuailfeadh sí mé le gléas inteacht. Chuaigh mé amach agus chuaigh mé a shiúl thart, agus sa deireadh bhog mé liom an bealach mór. Bhí áithe ar thaobh an bhealaigh mhóir a mbíthí ag déanamh bricí inti. Ní rabh sé i bhfad ó bhí sí ar obair agus bhí tinidh bhreá inti, agus shuigh mé fhéin i gcúl na hátha do mo théadh fhéin.[87] Ní rabh mé i bhfad uilig ann nuair seo amach an bealach mór í –
“*Begora*,” dar liom fhéin, “sé an rud atá tú i mo dhiaidh,” agus chuaigh mé i bhfolach comh maith agus a tháinig liom. Tháinig sí a fhad leis an áithe, agus níorbh fhada a bhí sí ansin go dtí go dtáinig pílí mór fir agus thosaigh an bheirt a chomhrá fá chúl na hátha.

---
85 Ls.: an fhastodh.
86 Ls.: ' theach.
87 Ls.: 'mo theigheadh fhéin.

Ach nuair a bhí siad ag fágáil a chéile ar scor ar bith d'fhiafraigh sí de cén áit a mbeadh sé ag treabhadh amárach.
"Beidh mé ina leithéid seo de dh'áit," arsa seisean.
"Caidé an seort beathaigh a beas leat?" arsa sise.
"Beidh beathach dubh," a deir sé, "agus beathach bán liom."
"Bhail má thig liom ar dhóigh ar bith é," a deir sí, "ní ligfidh mé an lá amárach thart," a deir sí, "go dtéighidh mé amach le féasta chugat. Níl aon am le fada nach rabh rún agam féasta a thabhairt duit, agus ní bhfuair mé faill a dhéanamh ariamh."
"Maith go leor," arsa seisean. D'imigh sé leis, agus d'imigh sise abhaile. Smaoitigh mé go gcaithfeadh sé go dtáinig an máistir roimhe seo, agus tharraing mé ar an teach, ach ar eagla nach dtáinig, bhí scioball féir i gcúl an toighe a rabh lód féir i ndiaidh a chur isteach ann, agus chuaigh mé isteach agus suas i mullach lód an fhéir. Ach tháinig an máistir, agus ba ghairid gur seo isteach é fhéin agus an cailín, agus thosaigh an bheirt a mhioghar fríd an fhéar. Bhí mé fhéin thuas i mullach an fhéir ag amharc anuas orthu, agus siúd anuas sa mhullach ar an bheirt mé.
"Dínaigh ó!" arsa an máistir, "nár shíl mé gur imigh tú nuair nach rabh tú le feiceáil ó tháinig mé ar ais."
"Níor imigh," arsa mise, "bhí mé ag bogadaigh thart agus chuaigh mé suas anseo, agus caidé a rinn mé ach titim i mo chodladh."
"Ó is cuma," a deir sé, "is fearr liom rud ar bith nó thú imeacht."
Bhí moll mór beathach aige, agus bhí muid amach is isteach fá na bóithigh. Bhí beathach an-mhaith amháin acu –
"Bhail t'eagla orm," a deir sé, "gur sin beathach breá agus go gcaillfidh mé é. Tá sé ag éagaoin leis an fhad seo de dh'am."
"Maise ní bheadh moill ar bith an beathach sin a leigheas," arsa mise.
"An síleann tú sin?" a deir sé.
"Sílim," arsa mise.
"Caidé an dóigh," a deir sé, "a leigheasfá é?"
"Níl dóigh ar bith air ach neart teasa a chur air,"[88] arsa mise, "agus a oibriú go maith nuair a bheadh an teas air," arsa mise.
Lá arna mhárach, bhí lá breá ann, agus bhí muid ag gabháil a threabhadh. Thosaigh mé

[88] Ls.: "... neart teas a chur air."

fhéin a dh'iarraidh air siúd agus seo a chur ar an bheathach, agus sa deireadh d'iarr mé air braillín a thabhairt amach a chuirfeadh sé os cionn an iomláin. Thug sé amach a bhraillín chugam, agus chuir mé fhéin ar an bheathach í, agus cheangail mé suas go maith í. Thug mé liom beathach dubh eile a bhí ann, agus chuaigh muid amach agus thosaigh an treabhadh againn ár mbeirt.

Caidé a bhí ach an t-óganach a bhí ag caint léithise an lá roimhe, ach ag treabhadh i bpáirc ar an taobh eile den chlaí agus beathach bán aige. Thosaigh mé fhéin a threabhadh agus bhí sé aníos agus síos liom agus bhí sé breá sásta liom, agus dúirt sé go ndéanfainn bulaí gnoithe. Ní rabh mórán déanta agam fhéin go rabh mé ag biseadh go maith. Ach leath bealaigh eadar an t-am a dteachaigh muid amach agus am dinnéara, siúd amach an bealach mór ise agus an-bhascáid mhór léithi. Nuair a chonaic sí an fear a rabh an beathach dubh agus an beathach bán aige, d'fhoscail sí an geafta, agus siúd isteach léithi.

"Cá bhfuil tú ag gabháil ansin?" a deir seisean.

"Ó tá," a deir sí, "bhí eagla orm go mbeadh ocras ar an ghasúr seo nach bhfuil i bhfad ag obair, agus dar liom," a deir sí, "go mb'fhearr domh greim dinnéara a thabhairt amach chuige."

"Bhail ceart go leor," a deir seisean, "ní rabh dadaí cearr leis sin. Fág ansin na beathaigh," a deir sé liom fhéin, "agus gabh aníos anseo go n-ithidh tú greim."

Tháinig mé fhéin aníos agus thosaigh muid a dh'ithe. Bhí dornán aráin taobh thiar den chlaí. Níor ith muid leath a rabh ann.

"B'fhearr duit a dhul siar," a deir sí, "agus iarraidh ar an fhear thiar a theacht aniar go n-itheadh sé greim. Ní fhacaigh mise mé fhéin aon duine ariamh ag ithe nach nglacfainn fhéin ocras dá mbeadh sé gan a bheith orm ar chor ar bith."

"Gabh siar, a ghasúir," a deir sé, "agus abair leis a theacht aniar."

"Diabhal siar a théim-sa!" arsa mise, "mur bhfaighidh mé cupla uibh." Bhí lán bascáide d'uibheacha ann –

"Thug leat do sháith acu," a deir seisean, "agus ná spáráil iad." Chuir mé mo lámh síos ins an bhascáid agus thug mé liom dhó nó trí uibheacha. Ní rabh mé i bhfad siar uilig gur fhág mé síos ceann acu. Ní dheachaigh mé i bhfad gur fhág mé síos ceann eile, agus d'fhág mé an ceann deireanach acu síos ar mhullach an chlaí.[89] Chuaigh mé siar agus

[89] Ls.: ar mhullaigh an chlaidhe.

thosaigh mé a chomhrá leis an fhear a bhí thiar, ach má chuaigh fhéin níor iarr mé air a theacht aniar. Threabhaigh sé cupla éalóidh[90] agus mé síos is aníos leis.
"Arú," a deir sise, "ní thabharfaidh sé aird ar bith ar an ghasúr sin, agus is fearr duit fhéin a dhul agus iarraidh air a theacht aniar."
"Gabh fhéin siar," a deir seisean, "agus abair leis a theacht aniar."
Bhí go maith, seo anoir é fhéin sa deireadh, agus ní tháinig sé i bhfad uilig gur chrom sé.
"Cá bhfuil sé seo ag teacht?" arsa an fear a bhí ag treabhadh.
"Bhail, níl a fhios agam," arsa mise, "cá bhfuil sé ag gabháil, ach tháinig mise anoir go n-insínn duitse é, agus bhí leisc orm a inse duit i ndiaidh a theacht anoir. Mhothaigh sé iomrá inteacht go rabh tusa agus a bhean fá chúl na hátha inné, agus dúirt sé liomsa nach dtiocfadh an oíche a choíche go dtí go marbhaíodh sé thusa ar scor ar bith, agus sin an t-ábhar a bhfuil sé ag caitheamh na gcloch ort lena gcaitheamh ort."
Ach chonaic sé an fear ag cromadh ar ais, agus ag cromadh ar mhullach an chlaí –
"Níl mise ag gabháil a fhanacht leis," a deir sé, "is fearr domhsa teicheadh," a deir sé.
D'fhág sé na beathaigh ina seasamh, agus d'imigh sé an méid a bhí istigh ina chorp.
"Cá bhfuil sé sin ag gabháil?" a deir mo mháistir fhéin nuair a bhí sé ag teacht anoir.
"Tá bó leatsa in abar ina leithéid seo de dh'áit," a deir mé[91], "agus dúirt sé mur ndéanadh sé deifre go mbeadh sí caillte."
"Ní féidir sin!" a deir sé, agus ar shiúl leis an méid a bhí ina chorp i ndiaidh an fhir a d'imigh.
Tháinig sise chugamsa ansin –
"Caidé atá ag teacht orthu sin?" a deir sí.
"Bhail, níl a fhios agamsa," arsa mé fhéin, "ach chualaigh an máistir go rabh tú fhéin agus an fear sin siar fá chúl na hátha inné, agus dúirt sé liomsa cá bith áit a rachadh sé go dtarraingeochadh sé as a chéile é sula bpilleadh sé, agus dúirt sé go ndéanfadh sé an rud céanna leatsa nuair a phillfeadh sé."
"Ní dhéanfaidh," arsa sise, "nó teichfidh mise, agus ní bheidh mé le fáil aige."
Nuair a chuaigh an fear ar amharc na mbó ní rabh dadaí cearr leofa, agus dar léis fhéin –
"Nach deas an t-amadán atáthar a dhéanamh domhsa," agus phill sé ar ais an méid a bhí ina chorp. Nuair a chonaic sise é ag pilleadh ag reathaidh, d'imigh sise ar shiúl an méid

[90] Ls.: cupla ealoigh.
[91] Ls.: adeir sé.

a bhí ina corp.
"Caidé atá ag teacht uirthi sin," a deir sé, "atá ag imeacht mar sin."
"Níl a fhios agam," arsa mé fhéin, "caidé atá ag teacht uirthi, ach mhothaigh sí iomrá inteacht agus ní mise a d'inis daoithe é leoga, go rabh tusa agus an cailín fá bhóitheach an fhéir aréir, agus dúirt sí liomsa nuair a rachadh sí abhaile nach bhfágfadh sí deor ins an chailín."
"Má mharbhann sí an cailín maith atá agamsa," a deir sé, "muirfidh mise ise, agus leoga ní ligfidh mise daoithe." Ar shiúl leis an méid a bhí ina chorp.
Dar liom fhéin ina dhiaidh sin go mbeadh sé doiligh an t-am a chur suas leofa, agus scaoil mé na beathaigh amach as an tseisrigh, agus tháinig mé ar aghaidh chun an bhaile ar chionn de na beathaigh. Maith agus mar a bhí mé ag siúl tháinig an oíche ar ais orm fosta. Shiúil mé tamall fada i ndiaidh na hoíche agus níor casadh teach ar bith domh. Ach chas teach beag go deireanach domh agus chuaigh mé isteach. Ní rabh istigh ach bean a bhí ina suí a chois na tineadh. Bhí leabaidh sa choirnéal agus cúirtíní anuas go talamh uirthi.
"Bhail, ní fearr liom nó a bhfaca mé ariamh," a deir sí, "go bhfaca mé thú ag teacht isteach."
"Caidé atá cearr leat a bhean mhodhúil?" arsa mise.
"Tá," a deir sí, "tá an fear[92] atá anseo agam marbh, agus ba doiligh liom imeacht agus an teach a fhágáil," a deir sí, "le scéala a thabhairt do dhuine ar bith, agus ní rabh a fhios agam caidé a dhéanfainn. Beidh mé buíoch a choíche dhuit má fhanann tú istigh go dtigidh mé ar ais."
"Ó fanóchaidh mise istigh cinnte," arsa mise. "Ní fhacaigh mé dochar ar bith ariamh fanacht istigh ag duine marbh. An mbeidh tú i bhfad amuigh?"
"Beidh mé gearrthamall," a deir sí, "nó níl teach[93] ar bith comhgarach agam."
D'imigh sí. Ní rabh sí i bhfad ar shiúl go dtí go bhfacaigh mé fhéin na cúirtíní á gcur i leataobh ar an leabaidh, agus chlis mé suas cinnte. Shíl mé go rabh an fear a bhí sa leabaidh ag gabháil a theacht ar ais, agus scanraigh mé rud beag –
"Anois ná scanraigh a ghasúir," a deir sé, "níl mise marbh go fóill, ach tá gadaí mná anseo agam," a deir sé, "agus tá mé ag smaoitiú go bhfuil sí buailte le fir eile," a deir sé, "le fada ariamh, agus ní rabh a fhios agam caidé an dóigh a dtiocfadh liom a fháil

[92] Ls.: an bhean.
[93] Ls.: ní níl teach.

amach, nó cé a mbeadh sí buailte leis. Rinn mé amach nach rabh dóigh ar bith ab fhearr nó ligean orm fhéin go rabh mé marbh," a deir sé. "Beidh a fhios agam anois cé a bheas léithi nuair a thiocfas sí. Tá ocras orm," a deir sé, "agus gabh síos agus tabhair aníos babhal bainne a gheobhas tú ina leithéid seo de dh'áit agus léab de arán min choirce, agus tabhair aníos chugam é go dtí go n-ithidh mé é. B'fhéidir," a deir sé, "nach ndéanfadh sé dochar ar bith duit fhéin an rud céanna a thabhairt leat."

"Maise ní dhéanfadh," arsa mise.

Chuaigh mé síos agus thug mé aníos babhal bainne chuige agus léab d'arán min choirce, agus thug mé fhéin an rud céanna liom, agus thosaigh muid gur ith muid sin.

D'fhág mé fhéin na soithigh i dtaiscidh ansin.

"Gabh síos ar ais anois," a deir sé, "agus beir chugamsa an tuairgnín atá crochta ina leithéid seo de dh'áit."

Nuair a chualaigh mé fhéin iomrá ar an tuairgnín scanraigh mé fosta, agus d'aithin seisean go maith gur scanraigh mé –

"Ó ná bíodh eagla ar bith ort," arsa seisean, "beir chugam aníos an tuairgnín agus ní bhainfidh mé duit, ná bíodh eagla ort."

Chuaigh mé síos go fadálach agus thug mé aníos an tuairgnín, agus bíodh a fhios agat gur fhan mé fad mo láimhe amach uaidh nuair a shín mé chuige é. Thug sé an tuairgnín isteach chun na leabtha agus dhruid sé isteach an cúirtín ar ais.

"Ná lig dadaí ort," a deir sé, "fá a bhfaca tú anocht, agus ná bíodh eagla ar bith ort romhamsa."

Bhí sí gearrthamall maith amuigh i gcás ar bith sula dtáinig sí, agus tháinig sí sa deireadh agus pílí mór fir léithi. An duine gránda, nuair a tháinig sé aníos an t-urlár cén áit ar shuigh sé ach taobh amuigh de cholbha na leabtha. Shuigh mé fhéin ins an choirnéal ar an taobh eile. Níorbh fhada a bhí gur fhoscail sé siar é fhéin agus gur tharraing sé amach buidéal mór uisce b[h]eatha. D'iarr sé gloine ansin. Fuair sé an gloine agus líon sé é agus d'ól sé é, agus líon sé ceann eile daoithese agus d'ól sí é.

"B'fhéidir a ghasúir," a deir sé, "go n-ólfása braon beag anois," a deir sé.

"Níl stopadh ar bith orm," arsa mise.

Chuir sé braon beag ar thóin an ghloine agus thug sé domh fhéin é, agus fágadh an buidéal i dtaiscidh.

"B'fhéidir, a ghasúir," a deir sise, "go bhfuil ocras ortsa, agus níl aon ghreim aráin

déanta, agus caithfidh mé giota aráin a dhéanamh."

"Níl caill ar bith orm," arsa mise.

Chuir sí síos an *pan* ansin go ndéanadh sí réidh toirtín aráin domh fhéin, agus bhí sí anonn is anall ar chladach na tineadh, agus níor fhan sé le seort ar bith gur tharraing sé isteach ar a ghlúin í. Nuair a chonaic mé fhéin seo bhí mé ag coinneáil súil air go bhfeicfinn caidé mar a bheadh. Leis sin fhéin chuir fear na leabtha thart an cúirtín agus chuir sé amach a lámh, agus bhuail sé leis an tuairgnín é siar i mbun na cluaise, agus chuir sé síos fríd an urlár é.

"Bhail," dar liom fhéin, "cá bith mar a bhí an áit a d'fhág mise, tá seo rud inteacht níos measa." Thug mé léim ar mo bhonnaí, agus rug mé ar mo bhagaiste agus chuaigh mé amach ar an doras. Tháinig mise abhaile, agus níl a fhios agam caidé an dóigh ar shocraigh siad na gnoithe, nó caide an dóigh a chuir siad an fear a bhí marbh, ach d'fhág mise teach callánach acu ar scor ar bith.

Scéal 10. Cormac Mac Rí an Eala

Bhí Rí ann fada ó shin, agus bhí níon amháin aige, agus bhí an cailín seo le fáil le pósadh ag fear ar bith a mhuirfeadh trí fathaigh a bhí sa Domhan Thoir. Bhí buachaill sa tír seo, agus smaoitigh sé go n-imeochadh sé fhéin go bhféachfadh sé lena marbhadh. Badh é an t-ainm a bhí air Cormac Mac Rí an Eala. D'éirigh sé go luath ar maidin agus chuir sé a chulaith chatha agus a chruach chomhraic air, léinidh den tsíoda shleamhain mhín, ar a chorp sínte seanghlacán, hata crua mhíne, crua bháine, crua mhóine, an iomata dearg ór bhuí, gu[r]b é a bhí scríofa, gu[r]b é a bhí scríofa i gcaisleán an chreidimh, meangán an chogaidh, mac mhá na maoile, mac an Rí leis an Deirg, fear scaoilte ngall bhailibh, scian ina láimh chlí, agus a chlaíomh síos siar leis.
D'imigh leis. Níor stad sé go rabh sé ag an Chrochaire Tharnochta.
"Dar fia, dar fóir, dar fírinne do bheatha!" a deir sé, "a Chormaic, buail buille sa tsealán," a deir sé, "agus lig anuas mé."
"Dar fóir, dar fia!" arsa Cormac, "ní mé a chuir suas tú agus ní mé a bhainfeas anuas thú."
Níorbh fhada a bhí go bhfacaigh sé an fathach ag tarraingt air, a rabh an domhan mór le feiceáil eadar a dhá chois, agus gan aon dath le feiceáil os cionn mhullach a chinn bhí sé comh hard sin. Casadh an bheirt ar a chéile.
"Cé acu is fearr leat greimeannaí cruaidhe coraíochta," a deir sé, "nó sceana cruaidhe glasa in easnacha a chéile?"
"Is fearr liom," a deir Cormac, "greimeannaí cruaidhe coraíochta. Siad a chleacht mé i mbaile bheag is i mbaile mhór,[94] agus i mbaile m'athara agus mo mháthara fhéin."
Rug an bheirt ar a chéile, agus mhair an cor go rabh an neóin bheag agus deireadh an lae ann, na gearráin bhána ag gabháil ar scáth na gcopóg, agus ins an am sin thug Cormac thart é agus chuir sé go húll a mheill i dtalamh é.
"A ghaiscígh óig amaidigh," a deir sé, "[ná marbh mise] agus bhéarfaidh mé an tseantua bheárach atá sa bhaile, nár fhág ariamh fuíoll buille, agat."
"Is liom fhéin sin, a bheathaigh shalaigh," a deir Cormac, "ó do lá-sa amach."
Tharraing sé an chlaíomh air agus chaith sé an ceann den fhathach. Shiúil sé leis ansin, agus tháinig sé bealach an Chrochaire Tharnocht.

---

94 Ls.: i mbaile bheag 's a mbaile mhór.

“Dar fírinne, do bheatha do shláinte,” a deir sé, “a Chormaic Mhic Rí an Eala, buail buille sa tsealán agus lig anuas mé.”
“Dar fia, dar fóir!” arsa Cormac, “ní mé a chuir suas thú agus ní mé a bhainfeas anuas thú.”
Shiúil sé leis ariamh go dtáinig sé go teach an Rí agus an ceann leis, agus chaith sé amuigh i gcúl an toighe é, agus níor fhág sé aon phláta ar an dreisiúr nó aon scláta ar an teach nár bhris sé uilig le mhéad an tormáin[95] agus a rinn sé. Tháinig sé isteach ansin, agus labhair sé leis an Rí.
“Tá trian do níne bainte agam inniu,” a deir sé.
“Tá cinnte,” a deir an Rí.
D'éirigh sé ar maidin lá arna mhárach, agus chuir sé a chulaith chatha agus a chruach chomhraic air, agus d'imigh leis mar a rinn sé an lá cheana, agus ní dhearn sé stad mara nó mórchónaí go dteachaigh sé a fhad leis an Chrochaire Tharnocht.
“Dar fia, dar fóir, dar Mac Rí an Eala,” a deir sé, “buail buille sa tsealán agus lig anuas mé!”
“Dar fia, dar fóir!” arsa Cormac, “ní mé a chuir suas tú agus ní mé a ligfeas anuas thú.”
D'imigh leis, agus ní dhearn stad mara nó mórchónaí go dteachaigh sé chun an Domhain Thoir. Ba g[h]airid go bhfacaigh sé an fathach a rabh an domhan mór le feiceáil eadar a dhá chois ag tarraingt air, agus gan aon dath le feiceáil os cionn mhullach a chinn bhí sé comh hard sin.
“Cé acu is fearr leat,” arsa an fathach, “greimeannaí caola cruaidhe coraíochta, nó sceana cruaidhe glasa in easnacha a chéile?”
“Is fearr liom greimeannaí caola cruaidhe coraíochta,” arsa Cormac. “Siad a chleacht mé i mbaile bheag is i mbaile mhór,[96] agus i mbaile m'athara agus mo mháthara fhéin ariamh.”
Bheir an bheirt ar a chéile agus thosaigh an cor. Mhair an cor go rabh an neóin bheag agus deireadh an lae ann, agus na gearráin bhána ag gabháil ar scáth na gcopóg. Bheir Cormac air agus chuir sé go húll a mheill sa talamh é.
“A ghaiscígh óig amaidigh,” a deir sé, “ná marbh mise agus bhéarfaidh mé an t-each caol dubh atá sa bhaile duit.”
“Liom fhéin sin a bheathaigh shalaigh,” a deir Cormac, “ó do lá-sa amach.” Tharraing

[95] Ls.: le mhéad an tormán.
[96] Ls.: i mbaile bheag is a mbaile mhór.

sé a chlaíomh ar an fhathach agus chaith an ceann de.
D'imigh sé leis ansin go dteachaigh sé a fhad leis an Chrochaire Tharnocht.
“Dar fóir, dar fia!” a deir sé, “a Chormaic, Mac Rí an Eala, buail buille sa tsealán agus lig anuas mé!”
“Dar fóir, dar fia!” a deir Cormac, “ní mé a chuir suas thú, agus ní mé a bhéarfas anuas thú,” agus shiúil leis go dtáinig sé a fhad le teach an Rí.  Chaith sé an ceann amuigh i gcúl an toighe, agus níor fhág sé aon scláta ar an teach nó aon phláta ar an dreisiúr nár chraith sé.  Tháinig sé isteach ionsar an Rí.
“Tá dhá dtrian do níne bainte agam inniu,” a deir sé.
“Tá cinnte,” a deir an Rí.
D'éirigh sé an tríú lá agus chuir sé air a chulaith chomhraic agus a chruach chatha, léinidh den tsíoda s[h]leamhain mhín, ar a chorp sínte seanghlacán, hata crua mhíne, crua bháine, crua mhóine, an iomata dearg ór bhuí, gu[r]b é a bhí scríofa i gcaisleán an chreidimh, meangán an chogaidh, mac m[h]á na maoile, mac an Rí leis an Deirg, fear scaoilte ngall bhailibh, scian ina láimh chlí, agus a chlaíomh síos siar leis.
D'imigh leis agus ní thearn sé stad mara nó mórchónaí go dteachaigh sé a fhad leis an Chrochaire T[h]arnocht.
“Dar fóir, dar fírinne do shláinte, a Chormaic, a Mhac Rí an Eala,” a deir sé, “buail buille sa tsealán agus lig anuas mé.”
“Dar fóir, dar fia!” a deir Cormac, “ní mé a chuir suas thú, agus ní mé a bhainfeas anuas thú.”  Shiúil leis, agus ní thearn sé stad mara nó mórchónaí go rabh sé sa Domhan Thoir. Ní theachaigh sé i bhfad go bhfacaigh sé fathach ag tarraingt air a rabh an domhan mór le feiceáil eadar a dhá chois, agus gan aon dath le feiceáil os cionn mhullach a chinn bhí sé comh hard sin.  Casadh an bheirt acu ar a chéile.
“Cé acu is fearr leat,” a deir an fathach, “greimeannaí caola cruaidhe coraíochta, nó sceana glasa in easnacha a chéile?”
“Is fearr liom,” a deir Cormac, “greimeannaí caola cruaidhe coraíochta.  Siad a chleacht mé i mbaile bheag is i mbaile m[h]ór,[97] agus i mbaile m'athara agus mo mháthara fhéin ariamh.”
Rug an bheirt ar a chéile, agus mhair an cor go rabh an neóin bheag agus deireadh an lae ann, agus na gearráin bhána ag gabháil ar scáth na gcopóg, agus leis sin fhéin, chuir

[97] Ls.: i mbaile bheag 'sa' mbaile mór.

Cormac go húll a mheill i dtalamh é.

"A ghaiscígh óig amaidigh," a deir sé, "ná marbh mise, agus bhéarfaidh mé a bhfuil amuigh is istigh fán bhaile agam duit."

"Liom fhéin sin, a bheathaigh shalaigh ó do lá-sa amach." Tharraing a chlaíomh air agus chaith an ceann de, agus shiúil leis. Chuaigh sé chuig an Chrochaire Tharnocht ansin.

"Dar fóir, dar fírinne do shláinte, a Chormaic Mhic Rí an Eala," a deir an Crochaire, "buail buille sa tsealán agus lig anuas mé."

Dar le Cormac bocht ó tharla go rabh ag éirí leis comh maith agus a bhí go ndéanfadh sé truaighe den Chrochaire, agus bhuail sé buille sa tsealán agus lig sé anuas an fathach. Ní thearn an fathach faic ach bheir sé ar Chormac agus chuir sé suas ins an tsealán é, agus rug greim ar chloigeann an fhathaigh, agus chaith ar a ghualainn é agus d'imigh leis. Chuaigh sé go teach an Rí agus chaith an ceann ag taobh an toighe é, agus níor fhág sé aon phláta ar an dreisiúr nó aon scláta ar an teach[98] nár chraith sé. Tháinig sé isteach ansin ionsar an Rí.

"Tá do níon bainte agam inniu," a deir sé lena hathair.

Bhí sí geallta do fhear ar bith a thiocfadh agus cloigeann an tríú fathaigh leis. Ní rabh aon dath le rá ag an Rí ansin ach b'éigean dó a rá go rabh. Ar thoradh moille ina dhiaidh sin pósadh é fhéin agus níon an Rí. Rinn an Rí amach ansin go gcuirfeadh sé a fhad ar shiúl amach uaidh é agus nach bhfeicfeadh sé aon amharc go brách air. Bhí coill aige ar bhruach na farraige, agus rinn sé teach ins an choill don Chrochaire, agus chuir sé ar shiúl chun na coilleadh é a gheall air gan aon amharc a fheiceáil a choíche air.

Bliain agus an t-am sin dúirt deartháir Chormaic –

"Bliain agus an t-am seo a d'imigh mo dheartháir Cormac," a deir sé, "agus ní bhfuair mé scolb nó scéala fá dtaobh de ó shin, agus ní chaithfidh mé dhá oíche in aon teach go bhfeicfidh mé fá dtaobh de."

D'imigh sé leis, agus nuair a bhí sé ag tarraingt ar an áit a rabh an Crochaire Tarnocht d'amharc sé suas, agus chonaic sé an rud a bhí thuas ins an chrann. Thosaigh sé a dh'amharc air, agus níor aithin sé aon *b*h*it* de, ach smaoitigh sé sa deireadh go mb'fhéidir gurbh é Cormac a bhí ann.

"Ar b'fhéidir a rá gur tú Cormac?" arsa seisean.

---

[98] Ls.: níor fhág sé a'n phláta ar a' teach nó a'n scláta ar an dreisiúr.

"Is mé cinnte," arsa Cormac.
"Caidé a bheir thuas ansin?" arsa an deartháir.
D'inis Cormac[99] dó caidé mar a bhí. Thug an deartháir anuas é agus thug leis chun an bhaile é, agus ní rabh duine ar bith ábalta a aithne bhí sé comh meaite sin.
Bhí go maith, tamall ina dhiaidh sin rinn sé amach go n-imeochadh sé go bhfeicfeadh sé caidé mar a bhí níon an Rí agus an Crochaire ag déanamh amach. Badh é an obair a bhíodh ar an Chrochaire ar shiúl ag seilg achan lá, agus nuair a chuaigh Cormac chun an toighe dheamhan *bit* de nach rabh ar shiúl. Chaith sé an lá ansin ag bean an Chrochaire. Ní rabh a fhios ag an bheirt caidé an dóigh a bhfaigheadh siad an Crochaire a mharbhadh go bhfaigheadh siad chuig (n)a chéile ar ais, ach smaoitigh sise go mbeadh sí ag piocadh amach as, go bhfaigheadh sí amach gach uile sheort fá dtaobh de, go bhfaigheadh siad deireadh a chur leis.
Dúirt sí tráthnóna le Cormac go mb'fhearr dó a bheith ar shiúl –
"Nó má thig sé isteach, agus tú anseo," a deir sí, "muirfidh sé thú."
D'imigh sé leis ansin, agus tháinig an oíche air sa choillidh, agus smaoitigh sé nach mbeadh sé ag gabháil abhaile. Tharraing sé amach sponc is tinidh chneasta agus las sé tinidh ag bun crainn. Nuair a bhí sé tamall ina shuí ag bun an crainn bhí ocras ag teacht air. Bhí mórán beathach de gach uile chineál ag gabháil thart ann, agus bhuail sé buille ar chionn acu agus chaith sé anuas é agus rós sé ar an tinidh é, agus nuair a bhí sé ag ithe an bheathaigh caidé a tháinig thart ach Cú Glas na Coilleadh Léithe.
"An dtabharfadh tú crúisgín cráisgín, cuid ar leith as coimhlint domhsa?" arsa an cú.
"Ní bhfaighidh tú ceachtar acu," arsa Cormac, "ach suigh anseo agus dhéanfaimid comhar."
Shuigh an cú síos agus d'ith siad a sáith, agus chaith an bheirt an oíche ag comhrá. Bhí caint ag na beathaigh uilig an uair sin. Ar maidin ansin nuair a bhí an cú ag imeacht –
"Anois," a deir sí, "má bhíonn tú i ngéibheann ar bith a choíche níl agat ach scairtigh ormsa, agus beidh mé agat ar an bhomaite, agus bhéarfaidh mé tárthail ort."
Chuaigh sé a fhad le bean an Chrochaire an lá sin fosta, agus bhí an Crochaire ar shiúl mar a bhí sé an chéad lá. B'éigean dó imeacht ar ais tráthnóna. Chuaigh sé a fhad leis an áit ar chaith sé an oíche roimhe sin, agus bhí mórán éanlaithe[100] ag gabháil thart, agus bhuail sé buille ar chionn acu agus leag sé anuas é. Chuir sé ar an tinidh é ansin gur rós

[99] Ls.: an deárthair.
[100] Ls.: éanlaith.

sé é.  Nuair a bhí sé á rósadh cén beathach a tháinig thart os a chionn ach Seabhach Ghleann Dá Mhaoilín.
"An dtabharfaidh tú crúisgín cráisgín, cuid ar leith as coimhlint domhsa?" arsa seisean.
"Ní thabharfaidh mé ceachtar acu duit," arsa Cormac, "ach dhéanfaidh mé comhar leat."
Tháinig an seabhac anuas agus d'ith an bheirt an beathach, agus chaith siad an oíche ag comhrá.  Ar maidin nuair a bhí an seabhac ag imeacht –
"Má bhíonn tú i ngéibheann ar bith a choíche," arsa seisean, "scairt ormsa, agus ní bheidh mise i bhfad go dtugaidh mé tártháil ort."
Tharraing sé ar bhean an Chrochaire an lá sin ar ais, agus chaith aici go rabh an tráthnóna ann.
An oíche sin ag teacht abhaile don Chrochaire labhair sise leis –
"Tá tú ar shiúl leat achan lá," a deir sí, "agus tá mé ag smaoitiú ar fad go muirfear thú. Imíonn tusa a fhad leis an taobh eile den choillidh, agus ó fhágfas tú amach m'amharcsa níl a fhios agam caidé a éireochas duit."
"Ná bíodh eagla ar bith ort go muirfear mise," arsa an Crochaire.  "Níl m'anam fhéin ar iomchar liomsa ar chor ar bith."
"Arú druid do bhéal!" arsa sise, "nach bhfuil a fhios agat nach rabh duine ar bith amhlaidh ariamh."
"Bhail tá siúd fíor," arsa an Crochaire.
"Cén áit a mbeadh sé?" a deir sí.
"Tá sé sa tseanchrann bhéarnach sin," a deir sé,[101] "os coinne an toighe amach, agus an méid a tháinig ar an tsaol ariamh ní bheadh siad ábalta an crann a leagan," a deir sé, "go bhfaighthí an tua a bhí ag mo dhearthair sa Domhan Thoir, ní thiocfadh an crann a leagan.  Dá mba rud is go leagthaí é," a deir sé, "rud nach ndéantar, d'éireochadh gearria amach as an chrann, agus ní thearnadh rud ar bith ar an tsaol ariamh a bhéarfadh air ach Cú Glas na Coilleadh Léithe, agus dá bhfaighthí greim ar an ghearria d'imeochadh lach amach as an g[h]earria, agus ní bhéarfadh rud ar bith ar an lach ach Seabhach Ghleann Dá Mhaoilín.  Dá mbeirthí ar an lach ansin d'imeochadh uibh amach as an lach, agus rachadh sí go tóin na farraige, agus ní tháinig sé ariamh ar an tsaol aon bheathach a bhéarfadh aníos í, (Dearmad)[102] agus dá dtugthaí aníos an uibh," a deir sé, "ní mhuirfear ansin mé go dtí go mbuailtear an uibh isteach ins an bhall odhráin atá faoi mo chích

[101] Ls.: sí.
[102] Nóta eagarthóireachta an bhailitheora a thugann le fios go bhfuil cuid den scéal in easnamh anseo.

dheis. Ní mhuirfear mise a choíche go ndéantar sin," a deir sé, "agus sin rud nach ndéantar go brách."

Ach bhí go maith, nuair a tháinig Cormac an lá sin bhí na seoda seo[103] uilig fána choinne. D'imigh Cormac agus thug sé a aghaidh ar an Domhan Thoir fá choinne na tuaighe. Chuaigh sé a mharcaíocht ar an each chaol dhonn a bhí ag an fhathach, agus ní rabh sé i bhfad ag teacht anoir. Go hámhar dó fhéin cén áit a rabh an fathach an lá sin, ach ins an taobh ab fhaide ar shiúl den choill.

Thosaigh sé ar an chrann, agus níor bhuail sé dhá bhuille air gur leag sé é, agus nuair a thit an crann phreab an gearria. Scairt seisean ar Chú Glas na Coilleadh Léithe a theacht anois go rabh gnoithe aige léithi. Ní rabh an focal as a bhéal go dtáinig an cú. Níor thug sí ach trí léim gur rug sí ar an ghearria, agus nuair a rug sí ar an ghearria phreab an lach amach as an ghearria, agus scairt sé ar an tseabhac a theacht anois go rabh gnoithe aige leis. B'fhior é. Ní rabh an focal as a bhéal go rabh an lach gaibhte ag an tseabhac. Nuair a rug sé ar an lach[104], d'imigh uibh aisti go tóin na farraige, agus scairt sé ar an fhaoileog a theacht anois go rabh gnoithe aige léithi. Ní rabh an focal as a bhéal go dtáinig an fhaoileog, agus go rabh an uibh léithi aníos ó thóin na farraige.

Bhí go maith, agus ní rabh go holc, bhí an fathach ag tarraingt air ins an am sin, agus bhí sé fá bheagan slataí dó nuair a rug sé ar an uibh, agus bhuail sé isteach sa bhall a bhí faoina chíc é, agus thit an Crochaire marbh. Faoin tseachtain[105] ina dhiaidh sin pósadh Cormac agus níon an Rí, agus tá siad ina gcónaí sa choillidh ón lá sin go dtí an lá inniu.

---

[103] Ls.: na seóide seo.
[104] Ls.: an t-seabhac.
[105] Ls.: faoi'n seachtmhaine.

Scéal 11. An Gharbhóg Mhór

Bhí Rí ann i bhfad ó shin, agus bhí sé pósta ar bhanríon ghalánta. Fuar an créatúr bás leis an chéad duine clainne, páiste giorsaí. Ní tháinig leis an ríocht a bheith am ar bith gan bhanríon agus ba ghairid gur phós sé arís. Cailín mór garbh a bhí ins an dara mnaoi, nach bhfuair aon ainm ariamh ach an G[h]arbhóg Mhór.

Bhí go maith, agus ní rabh go holc, bhí beirt níonach agus mac aige léithi seo. Nuair a thosaigh siad a dh'éirí mór bhí siad an-gharbh gan scéimh cosúil lena máthair, ach bhí an leasníon an-dóighiúil cumtha, agus ní rabh aon lá dá rabh ag teacht nach rabh sí ag éirí ina lán súl.

Katenswee ab ainm don níon a ba sine de chuid na banríona seo, agus níl a fhios agam c'ainm a thugadh siad ar an bhean ab óige, siúd agus gur chualaigh mé é ach tá dearmad déanta agam de anois. Mary Anne ab ainm don leasníon.

Bhí éad mór ar an leasmháthair le Mary Anne. Bhí sí ag déanamh nuair a thiocfadh ins na giorsachaí, nach mbeadh meas ar bith ar na níonacha s'aici fhéin, agus go mbeadh ráchairt mhór ar Mhary Anne. Bhí seo ag cur an-imní uirthi, agus ní rabh néal de chodladh na hoíche le fáil aici, ach ag smaoitiú caidé mar a chuirfeadh sí deireadh le Mary Anne bocht. Bhí an Rí é fhéin an-mhór léithi, agus bhí a fhios ag an leasmháthair nach rabh maith daoithe iarraidh air a cur ón teach, ní hé amháin a cur chun báis.

Bhí mná críonna thall is abhus san am sin a dtugadh siad cailleachaí cearc orthu. Bhí na mná seo lán pisreog, agus dhéanfadh siad achan seort a ba mheasa ná a chéile ar bhriseadh airgid. Bhí bean acu seo ins an chomharsantacht ag an bhanríon, agus lá amháin nuair a fuair sí an Rí amuigh ag seilg, d'imigh sí chuici go bhfeicfeadh sí caidé an dóigh a bhfaigheadh sí réitithe le Mary Anne. D'inis sí do Chailleach na gCearc caidé mar a bhí.

“Bhail,” arsa Cailleach na gCearc, “ní bheidh moill ar bith ort sin a dhéanamh. Nuair a thiocfas an Rí abhaile tráthnóna, lig thusa ort fhéin a bheith an-tinn, agus nuair a fhiafróchas sé duit an measann tú an bhfuil rud ar bith ar an tsaol a leigheasfadh thú, abair thusa leis nach bhfuil ach aon rud amháin, agus gur doiligh sin a fháil, agus nach bhfaigheann duine ar bith é ach Mary Anne, agus gurb é an rud é buidéal de íocshláinte atá ina leithéid seo de thobar ins an Domhan Thoir. Cuirfidh seisean chun siúil í fá choinne na híocshláinte, agus bíodh geall nach fiú mórán í nuair a phillfeas sí.”

Bhí go maith, tháinig an bhanríon abhaile agus an scéal seo léithi, agus nuair a tháinig an Rí abhaile tráthnóna bhí sí ina luí agus í leis an bhás má b'fhíor. D'inis sí dó caidé mar a bhí, agus nach rabh rud ar bith ar an tsaol a leigheasfadh í mur[106] bhfaigheadh sí buidéal den íocshláinte a bhí ina leithéid seo de thobar ins an Domhan Thoir, agus nach dtáinig le duine ar bith sin a fháil ach Mary Anne.

"Ó bhail," arsa an Rí, "más mar sin atá, caithfidh sí a dhul chun siúil. Tá an créatúr óg lag le dhul a fhad de bhealach, ach má thig liom tusa a shábháil, dá gcailltí go deo í caithfidh sí féacháil leis an íocshláinte seo a thabhairt chugat."

D'inis sé do Mhary Anne caidé mar a bhí, agus go gcaithfeadh sí a dhul chun an Domhain Thoir fá choinne na híocshláinte. Bhí Mary Anne bocht umhal sásta, agus í i gcónaí ligthe le rud ar bith a d'iarrfadh a hathair uirthi a dhéanamh, agus dúirt sí go rachadh agus fáilte.

Ar maidin lá arna mhárach ghléas sí uirthi, agus an créatúr, ní rabh mórán fána corp uirthi uilig ach seál beag a bhí casta aniar is siar thairsti. D'imigh sí léithi agus gan fios aici cé dtabharfadh sí a haghaidh, ach í ag guí Dé go gcuirfeadh Sé ar an bhealach cheart í. Shiúil sí léithi mar sin, agus níorbh fhada gur chas seanbhó mhór daoithe a bhí ina seasamh ar thaobh an bhealaigh mhóir.

"A rún mo chroí," a deir an tseanbhó léithi, "an mbeadh faill agat mo bhlíon? Níor blíodh mé leis an fhad seo de dh'am, agus tá mé i gcruth bléascadh!"

"Beidh am go leor agam," a deir Mary Anne, "nó ins an tsiúl a bhfuil mé ann creidim nach bhféadaim deifre ar bith a bheith orm."

Chaith sí daoithe an seanseál beag agus bhligh sí an bhó.

"Suigh síos ansin anois," a deir an bhó, "agus déan do scríste, agus inis domh caidé an siúl a bhfuil tú ann."

Shuigh, agus d'inis Mary Anne daoithe caidé mar a bhí, agus caidé brí a siúil –

"Bhail tím," arsa an tseanbhó, "b'fhéidir go bhfuil do sháith os do choinne. Dearc istigh in mo chluais, agus amharc an bhfaightheá seort ar bith ann," arsa an bhó. Dhearc agus caidé a fuair sí ach cíor.

"Cíor siar do cheann leis an chíor sin anois," arsa an bhó, "agus nuair a dhéanfas tú sin, cuir in do phóca í nó b'fhéidir go mbeadh sí úsaideach agat sula bpillidh tú."

D'fhág an tseanbhó slán agus beannacht aici ansin agus d'imigh sí léithi. Níorbh fhada

---

106 Ls.: mar.

ar aghaidh a chuaigh sí gur chas seanghearrán daoithe, a bhí ar téad agus an talamh dubh thart fá dtaobh de, agus gan greim le hithe aige. Bhí an créatúr chóir a bheith stiúctha leis an ocras. Labhair an seangearrán léithi –

"An mbeadh faill agat m'athrú," a deir sé, "a chréatúir bhig a ba deise a chonaic mé ag gabháil an bealach leis na blianta?"

"Dhéanfaidh mé faill de," arsa sise, "nó creidim nach bhféadaim deifre mhór ar bith a bheith orm ins an áit a bhfuil mé ag gabháil."

Tharraing sí an bacán, agus chuir sí an seanghearrán in áit a rabh féar maith.

"Suigh anseo anois," a deir sé, "agus déan do scríste go n-insí tú domhsa cá bhfuil do thriall."

Shuigh, agus d'inis sí dó ó thús go deireadh caidé mar a bhí.

"Bhail tím," a deir sé, "is fearr liom thú ag gabháil sa tsiúl sin nó mé fhéin, ach tá súil agam go n-éireochaidh leat. Cuir do lámh isteach anseo in[107] mo chluais go bhfeicfidh tú an bhfuil rud ar bith ann."

Rinn sí sin, agus caidé a bhí amach léithi ach an fáinne a ba deise a chonaic aon duine ariamh –

"Cuir do mhéar ins an fháinne sin anois," a deir sé. Chuir. Fáinne óir a bhí ann, agus bhéarfadh sé solas i ndorchadas.

Shiúil sí léithi ansin, agus níorbh fhada gur chas triúr léithi agus iad ag bualadh arbhair.

"An mbeadh faill agat toirtín aráin a dhéanamh dúinn?" arsa fear acu. "Níor ith ceachtar againn ár dtriúr aon ghreim leis an fhad seo de dh'am."

"Beidh leoga," a deir Mary Anne, "dhéanfaidh mise faill de, nó ins an tsiúl a bhfuil ann bhéarfaidh mé ar mo dheifre, agus dhéanfaidh mé dhá thoirtín má tá siad de dhíth oraibh."

Chuaigh sí i gcionn an aráin, agus d'fhan sí ansin go rabh sé bruite agus gur ith siad a sáith.

"Tá drochéadach ort," arsa fear acu léithi, nuair a bhí an t-arán ite aige.

"Tá," arsa sise, "ach ní rabh ní ab fhearr[108] agam le cur orm nuair a bhí mé ag fágáil an bhaile."

"Bhail seo siosúr," a deir sé, "agus gearr giota de do chuid éadaigh."

Bheir sí ar an tsiosúr, agus ghearr sí giota amach as a cuid éadaigh, agus i bhfaiteadh na

[107] Ls.: ann mo chluais.
[108] Ls.: ní b'fheárr.

súl bhí culaith den tsíoda shleamhain uirthi a ba deise a chonaic duine ar bith ariamh ar amharc a shúl. D'fhág sí slán agus beannacht ag na fir ansin agus d'imigh sí léithi.
Bhí sí ag siúl léithi ansin go rabh an neoin bheag agus deireadh an lae ag teacht, agus na caiple bána ag gabháil ar scáth na gcupóg.
Chonaic sí solas beag i bhfad uaithi agus i ndeas daoithe, agus tharraing sí ar [an] tsolas. Nuair a tháinig sí ionsar an bhothóig a bhí ann thuas ar thaobh an cnoic, chuaigh sí isteach, agus bhí bean istigh ina suí thuas ins an chlúid agus í ag svíomh[109] ar thuirne bheag. Chuir an bhean fáilte roimpi, agus d'iarr uirthi tarraingt ar an tinidh. Rinn sí sin, ach comh luath is a chuaigh sí suas ina haice chuaigh an bhean a chaoineadh, agus a bhriseadh a croí ag caoineadh.
“Caidé is ciall duit a dhul a chaoineadh,” a deir Mary Anne, “le linn mise a theacht isteach?”
“Tá maise,” a deir sí, “smaoitigh mé go bhfuil tú an-chosúil le mo dheirfiúr a bhí pósta ina leithéid seo de dh'áit.”
Thosaigh an comhrá acu ansin, agus cé a bhí pósta ag an Rí a chéaduair ach deirfiúr bhean an tuirne bhig. D'fhan sí ansin go maidin, agus ar ndóiche bhí dóigh mhaith uirthi ag (n)a haint. D'inis Mary Anne daoithe fáth a siúil, agus iomlán an scéil ó thús go deireadh.
“Bhail, ní bheidh tú i bhfad uilig ag gabháil an fad sin, siúd agus go mb'fhéidir go bhfaightheá cruatan ar an bhealach. Tá casán achrannach go leor ann. Tiocfaidh loch mhór in do bhealach,” a deir sí, “agus caithfidh tú a dhul trasna na loiche, ach seo ceirtlín shnátha[110] dhuit,” a deir an t-aint, “agus bí á caitheamh seo romhat, agus á tochartadh, agus beidh droichead leat go dtí go bhfaigidh tú trasna.”
Bhí go maith, agus ní rabh go holc, thug Mary Anne léithi an cheirtlín agus chuaigh sí chun siúil. Rinn sí mar a d'iarr an t-aint uirthi, agus ba ghairid ar chor ar bith a bhí sí amuigh go dtáinig sí ar ais go teach an aint agus buidéal na híocshláinte léithi. Chaith sí an oíche sin aici, agus ar maidin lá arna mhárach d'fhág sí slán agus beannacht aici, agus tharraing sí ar an bhaile.
Bhí go breá, bhain sí an baile amach, ach cé bith mar a bhí sí le dóighiúlacht sular imigh sí, bhí sí seacht n-uaire ní ba dheise ar philleadh daoithe. Na rudai seo a casadh uirthi ar an bhealach ar chuidigh sí leo, rinn siad seacht n-uaire ní ba dheise í nó a bhí sí ag

[109] Ls.: agus í a' svíomhadh,
[110] Ls.: ceirtlín shnáth.

imeacht daoithe, agus nuair a shiúil sí isteach chun an chaisleáin ionsar a leasmháthair, an Gharbhóg Mhór, is beag nár thit sí as a seasamh. Rinn sí amach go rabh lúcháir mhór uirthi roimpi féin agus an íocshláinte ach in áit mar a bhí sin, tífeadh sí marbh i mbolgam uisce í. Rinn sí amach go rachadh sí ionsar Chailleach na gCearc ar ais. Bhí an chailleach ag éirí tursach daoithe, agus b'fhearr léithi gan aon amharc a fheiceáil uirthi.

D'inis sí don chailligh go dtáinig Mary Anne ar ais agus an íocshláinte léithi, agus dá dhóighiúlacht a rabh sí ag imeacht daoithe go rabh sí seacht n-uaire ní ba dhóighiúla agus ní ba dheise anois, agus nach rabh a fhios aici caidé a dhéanfadh sí léithi.

"Bhail," arsa an chailleach, "ó tharla gur mar sin atá, inseochaidh mise duit anois caidé a dhéanfas tú. Cuir thusa ar shiúl Katenswee anois, agus b'fhéidir go dtiocfadh an t-athrú céanna uirthi, agus comh dóiche lena athrú[111] go dtiocfaidh sí abhaile ina cailín dhóighiúil."

Tháinig an G[h]arbhóg Mhór abhaile, agus dúirt sí le Katenswee go gcaithfeadh sí a dhul chun siúil ar maidin lá arna mhárach. Níor chuir sí ise ar shiúl ar leathchois. Chuir sí achan seort léithi dá rabh de dhíobháil uirthi, agus culaith shíoda ó bhun go barr. Shiúil sí léithi, agus nuair a bhí sí giota maith ó bhaile casadh an bhó chéanna daoithe a casadh do Mhary Anne, agus í ina seasamh ar fhód an bhealaigh mhóir. D'fhiafraigh an bhó daoithe an mbeadh faill aici a blíon.

"Níl faill agam dadaí den tseort a dhéanamh!" arsa sise. "Tá turas fada romham, agus níl faill agam am ar bith a chur amú."

"Ní fearrde duit sin go mór," arsa an bhó.

Shiúil sí léithi ansin, agus ní dheachaigh sí i bhfad gur chas an seanghearrán daoithe. D'fhiafraigh sé daoithe an mbeadh faill aici a athrú, nár hathraíodh é leis an fhad seo de dh'am, agus nach rabh greim féir aige le hithe.

"Níl faill ar bith agam," arsa sise, "a bheith ag athrú seanbheathaigh cosúil leatsa. Tá mé ag imeacht chun an Domhain Thoir fá dhéin íocshláinte do mo mháthair, agus ní thig liom moill ar bith a dhéanamh."

"Ní fearrde duit sin go rómhór," arsa an beathach. Thug sé iarraidh cic uirthi, agus hobair nach n-imeochadh sí air.

Shiúil sí léithi ansin go dtáinig sí ionsar an bhunadh a bhí ag baint an arbhair.

[111] Ls.: comh dóiche le n-athrughadh.

D'fhiafraigh siadsan daoithe an mbeadh faill aici toirtín aráin a dhéanamh daofa, nach bhfuair siad aon ghreim le hithe leis an fhad seo de dh'am, agus go rabh siad caillte leis an ocras.

“Níl faill agam moill ar bith a dhéanamh,” arsa sise, “caithfidh mé a dhul chun an Domhain Thoir agus beidh mo chuid ama gann go leor agam fhéin.”

“Ní fearrde duit sin go rómhór,” arsa siadsan.

D'imigh sí léithi agus ba ghairid go dtáinig an oíche uirthi. Bhí barraíocht deifre uirthi le dhul isteach i dteach ar bith, agus ghread sí léithi fríd an dorchadas. Chuaigh sí isteach i gcoillidh, agus ní rabh ann ach é go bhfuair sí amach aisti. Rinneadh píosaí beaga den chulaith shíoda, agus milleadh agus strócadh í fhéin, agus nuair a chonaic sí solas an lae bhí sí tursach go leor den tsiúl. D'éirigh léithi an Domhan Thoir a bhaint amach le hobair mhór, agus fuair sí an tobar, agus thóg sí an íocshláinte agus tharraing ar ais ar an bhaile, agus an buidéal léithi.

Bhí go maith, lá arna mhárach d'imigh an Rí amach a sheilg mar ba ghnách leis. Thug sí léithi Mary Anne nuair a fuair sí an Rí ar shiúl, agus d'iarr sí uirthi gan í dadaí dá bhfeicfeadh sí ise a dhéanamh a inse do aon duine a deachaigh tonn bhaiste ariamh air. D'imigh sí ansin, agus níor fhág sí aon bheathach eallaigh fán chaisleán nár ghearr sí na ruible díofa uilig go léir. Tráthnóna nuair a bhí an Rí ar an bhealach abhaile ní rabh ceann ar bith den eallach a rabhthar a chastáil air nach rabh an ruball gearrtha aici, agus an sruth fola amach aisti. Chuir seo iontas mór ar an Rí, agus comh luath is a tháinig sé chun an toighe d'fhiafraigh sé caidé a bhí cearr.

“Sin anois,” a deir an Gharbhóg Mhór, “obair Mhary Anne.”

Níor lig seisean air go gcualaigh sé í. Bhí sé an-mhór leis an ghiorsaigh, agus ní chreidfeadh sé go ndéanfadh sí a leithéid. D'imigh sé a sheilg lá arna mhárach arís. Nuair a fuair an G[h]arbhóg Mhór ar shiúl é, ní rabh sí ina cónaí. Ba mhaith léithi ar dhóigh inteacht deireadh a fháil le Mary Anne. Chuaigh sí amach, agus níor fhág sí aon sop féir fán áit nár dhóigh sí uilig, agus an t-arbhar lena chois, agus níor fhág sí greim fodair fán áit le tabhairt don eallach.

Tráthnóna nuair a tháinig an Rí abhaile chonaic sé caidé mar a bhí, ach níor lig sé dadaí air fhéin, siúd is gur fhág an Gharbhóg ar Mhary Anne gurbh í a rinn an millteanas uilig. D'imigh an Rí amach an tríú lá. Thug sise léithi éan beag coiligh nuair a fuair sí ar shiúl é, agus mharbh sí é. Bhí páiste gasúir aici fhéin nach rabh rómhór nó ró-aosta, agus

thug sí léithi an gasúr agus chuir sí a luí sa chliabhán é. Chuimil sí an fhuil thart fána mhuineál, agus thart fána bhéal, agus thart achan áit fána chionn, agus d'fhág sí mar sin[112] é go bhfeicfeadh an Rí é nuair a thiocfadh sé abhaile tráthnóna. Bhí a fhios aici gu[r]b é an chéad rud a dhéanfadh an Rí nuair a thiocfadh sé, iarraidh a thabhairt ar an ghasúr go bpógfadh sé é.

Bhí go maith, tháinig an Rí abhaile teacht na hoíche, agus níor shuigh sé is níor sheas sé go dtug sé iarraidh ar an ghasúr a bhí sa chliabhán go dtugadh sé póg dó. Ach nuair a thóg sé an páiste aniar bhí sé uilig cumhdaithe le fuil. Scairt sé ar an Gharbhóg Mhór –

"Caidé a tháinig ar mo ghasúr ó d'imigh mé inniu?" arsa seisean.

"Sin anois," a deir sise, "obair Mhary Anne. Tá an páiste chóir a bheith marbh aici cá bith bail a thug sí air nuair a fuair sí mise amuigh."

Scairt an Rí ar Mhary Anne ansin –

"Bhail ba doiligh liom labhairt leat fá rud ar bith dá dtearn tú ariamh," arsa seisean léithi, "ach anois nuair a thug tú iarraidh mharfa ar do dheartháir beag fhéin, caithfidh mé rud inteacht a dhéanamh leat. Caithfidh mé," a deir sé, "na súile a phiocadh amach asat."

"Ná pioc," arsa Mary Anne, "go dtugaidh tú isteach chun na coilleadh mé."

D'imigh sé léithi ansin chun na coilleadh, agus phioc sé na súile aisti.

"Chuir suas i gcrann mé anois," a deir sí, "agus beidh mé ag ithe na n-úll a fhad is gheobhas mé sroicheadh orthu, agus nuair a beas a bhfuil fá dtaobh díom acu ite, b'fhéidir go dtiocfadh duine inteacht mo bhealach a chuideochadh liom."

Rinn a hathair mar a d'iarr sí air, agus bhí oiread úll ar a sroicheachtáil agus a choinneochadh ag ithe í fada go leor. Bhí sí ansin fada go leor, agus ní rabh dúil C[h]ríostaí ag teacht an bealach. Sa deireadh oíche amháin mhothaigh sí an callán istigh sa choillidh, agus ba ghairid go dtáinig beirt fhear go bun an chrainn ins an áit a rabh sí. Caidé a bhí iontu ach dhá pheidléir, agus shuigh siad síos ag bun an chrainn agus thosaigh siad a chuntas an tsoláthair airgid a bhí leofa. Bhí an oíche ghearrdhorcha, agus bhí solas ag soilsiú anuas as an chrann orthu, agus ní rabh a fhios acu ón aer anuas cén áit a rabh sé ag teacht as. D'amharc fear acu suas chun aeir os a chionn, agus chonaic sé an toirt sa chrann.

"Tá bean," a deir sé, "thuas ins an chrann."

---

[112] Ls.: sí.

“Amaidí!” a deir an fear eile, “caidé a bheadh duine ar bith a dhéanamh thuas ansin fán am seo de dh'oíche?”

Chuir siad caint suas uirthi, agus labhair sí leofa. Chuaigh fear acu in airde sa chrann ansin go dtug sé anuas í. D'fhiafraigh siad daoithe caidé a d'fhág thuas ins an chrann í agus d'inis sí a scéal dófa ó thús go deireadh. Bhí siad an-bhuartha ansin.

“Maise,” arsa fear acu leis an fhear eile, “tá buidéal beag íocshláinte istigh in mo mhálasa, agus b'fhéidir dá mbeadh deor de istigh ins na súile aici, b'fhéidir go leigheasfadh sé í.”

Cuimlíodh an íocshláinte uirthi agus níor fhág sé faic uirthi, ach má bhí dadaí ann bhí sí ní ba dóighiúla nó a bhí sí ariamh. Thug siad leofa abhaile í ansin, agus badh é an deireadh a bhí uirthi gur pósadh í fhéin agus fear de na peidléirí. Dheamhan greim daoithe fhéin agus don dá pheidléir nár imigh anonn go Sasain amach as an tír ar fad. Bhí siad thall ansin cupla bliain agus iad ag déanamh gnoithe an-mhaith, agus rugadh mac óg do Mhary Anne, agus ní ligfeadh sí an tonn bhaiste a chur air ar chor ar bith. D'fhan siad thall ansin go rabh an páiste seacht mbliana de dh'aois. Smaoitigh Mary Anne sa deireadh go dtiocfadh sí abhaile go bhfeicfeadh sí an rabh a hathair beo.

D'fhág siad thall agus tháinig siad anall, agus níor stad siad go dtáinig siad ionsar an áit a rabh cúirt agus caisleán a hathara. Bhí an t-iomlán beo agus iad i gceart air. Bhí an t-an-lúcháir ar Mhary Anne a hathair a fheiceáil, agus bhí seisean mar an gcéanna léithi. Bhí oiread lúcháire air agus go dtearn sé féasta mór daoithe, agus go dtug sé cuireadh do na daoiní uilig thart ins an chomharsantacht a theacht chuici. Cibé nach bhfuair cuireadh, fuair Cailleach na gCearc cuireadh, agus sin an bhean a rabh an lúcháir ar an Gharbhóg Mhór roimpi.

Bhí go maith, agus cha rabh go holc nuair a d'ith siad agus a d'ól siad a sáith, shuigh siad thart agus thosaigh an ceol agus an scéalaíocht acu, mar ba ghnách san am sin. Ní rabh duine ar bith i láthair nach gcaithfeadh rud inteacht a dhéanamh le cuidiú leis an ghreann. Fuair Mary Anne modh strainséara agus níor hiarradh uirthi a dhath a dhéanamh go rabh achan duine eile réidh. hIarradh uirthi scéal a inse ansin –

“Bhail,” a deir sí, “ní mhaith liom a bheith corr ach níl maith ar bith ionam ag inse scéil, ach más é mur dtoil é inseochaidh mé scéal beag do mo pháiste fhéin, nach dteachaigh an tonn bhaiste air ariamh, agus tig libh éisteacht leis.”

“Maith go leor,” arsa siadsan uilig as béal a chéile. Shíl siad gur faiteach a bhí sí agus

gurbh é sin an t-ábhar a rabh sí ag inse an scéal don pháiste. Thosaigh sí ansin, agus d'inis sí fán lá a ghearr an Gharbhóg Mhór an ruball den eallach, agus an lá a dhóigh sí an féar,[113] agus fán dóigh ar mharbh sí an t-éan coiligh gur chuimil sí a chuid fola thart uilig ar an pháiste gasúir a bhí ina luí sa chliabhán, agus ní rabh cuid ar bith de seo a rabh sí ag inse nach n-abraíodh sí nach rabh sí dá inse seo do dhuine ar bith ach dá leanbh fhéin nach dteachaigh an tonn bhaiste air ariamh. D'inis sí léithi an scéal mar sin ó thús go deireadh, agus fán dóigh ar cuireadh chun na coilleadh í fhéin agus ar piocadh na súile aisti, agus achan seort dar éirigh daoithe gur phill sí ar ais. Bhí mórán mór daoiní i láthair nach rabh a fhios acu a dhath fá seo, ach bhí a fhios ag a hathair go maith caidé a bhí ina cionn le achan fhocal dá rabh sí a rá. D'fhan sé gur scab lucht na coirme, agus ansin thug sé leis a chuid fear gur chruinnigh siad a dtiocfadh leofa a fháil de bhrosna. Thug sé tinidh don iomlán ansin, agus thug sé leis an Gharbhóg Mór, Katenswee, agus chuir sé Cailleach na gCearc ar mhullach an iomláin gur bruitheadh agus gur dódh iad istigh sa tinidh. Thug sé leis Mary Anne agus an peidléir, agus rinn sé Rí de-san agus banríon daoithese, agus bhí dóigh mhaith ar an iomlán acu le chéile go lá a mbáis.

[113] Ls.: a dhóigh sí an fhéar.

Scéal 12. An Luchóg 7 an Bheachóg

Bhí stócach ann fada ó shin, agus ní rabh aige ach é fhéin agus a mháthair. Rinn sé cuid mhór mine coirce bliain ann, agus d'fhág sé na málaí í istigh ins an chlúid. Bhí sé cineál amaideach ar scor ar bith, agus rinn sé amach go dtáinig dearnadaí sa mhin. Thug sé leis amach an mhin go mullach aird lá gaoithe móire, agus thoisigh sé a thógáil in airde go n-imíodh na dearnadaí aisti, agus thosaigh an mhin a dh'imeacht, agus badh é an deireadh a bhí air gur imigh achan ghráinín den mhin.

D'imigh sé leis suas chun an chnoic a bhí os cionn an toighe, agus chuaigh sé isteach in ailt mhór a bhí ann. Bhí leac mhór suas ins an ailt. Bhuail sé buille ar an leic –

“Cuirigí amach mo chuid mine anseo!” a deir sé.

Tháinig bean amach ansin, agus labhair sí leis –

“Níl aon ghráinín de do chuid mine anseo,” a deir sí, “ach cuirfidh mé béasa ort,” a deir sí, “a mbeidh do sháith mine le do shaol agat. Seo bró bheag, agus níl aon uair dá gcasfaidh tú[114] í nach bhfaighidh tú do sháith mine. Seo rópa dhuit fosta,” a deir sí, “agus b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach agat in am inteacht fosta, agus bata buí agus ní bheadh a fhios agat caidé an fheidhm a bhí ann.”

Thug an stócach buíochas daoithe agus phill sé ar ais chun an bhaile. Bhí tréan mine aige ansin in am ar bith a smaoiteochadh sé gráinín a dhéanamh. Bhí trí ba acu fosta, agus nuair a tháinig an t-am de bhliain ar cheart an cíos a dhíol, dúirt a mháthair leis go gcaithfeadh sé ceann de na ba a thabhairt amach chun aonaigh go bhfaigheadh sé traidhfil airgid a dhíolfadh an cíos.

Bhí go maith, agus cha rabh go holc, nuair a tháinig lá an aonaigh thug sé leis an bhó ab fhearr de na trí cinn a bhí sa bhóitheach agus d'imigh sé leis. Nuair[115] a bhí sé ag tarraingt isteach ar chionn an bhaile mhóir, chas fear dó agus é ag fidiléireacht, agus luchóg agus beachóg aige agus an bheirt ag damhsa an méid[116] a bhí ina gcorp. Sheas sé ar ndóiche a dhéanamh iontais do na beathaigh a bhí ag damhsa, agus níorbh fhada gur shiúil an fidiléir chuige.

“Tá tú ag gabháil a dhíol na bó!” arsa seisean leis an stócach.

“Tá,” arsa an stócach, “sin an rud a thug chun aonaigh mé!”

[114] Ls.: aon uair a gcasfaidh tú.

[115] Ls.: Bhí a bhí.

[116] Ls.: ag damhsa an mhéid.

“Cé mhéad atá tú a dh'iarraidh uirthi?”

“Cúig phunta,” arsa an stócach.

“Bhail níl cúig phunta ar bith agamsa,” arsa an fidiléir,[117] “ach caidé mar a bheadh sé dá ndéanaimist malairt? Bhéarfaidh mise duit an luchóg ar an bhó. Tí tú fhéin caidé a thig léithi a dhéanamh, agus ná bíodh eagla ar bith ort go mbeidh meath na malairte ort.”

“Maith go leor,” arsa an stócach, “tá mé sásta.”

Rinn siad an mhalairt, agus thug an gasúr leis an luchóg, agus tharraing sé ar ais ar an bhaile. Chonaic a mháthair ag teacht ar ais é, agus bhí sí amuigh ar an tsráid ina aircis go bhfeicfeadh sí cé mhéad a fuair sé.

“Dhíol tú an bhó,” a deir sí leis, nuair a tháinig sé fá fhad cainte daoithe.

“Char dhíol,” arsa seisean, “ach rinn mé malairt.”

“Tí Dia sinn,” a deir sí, “caidé an seort malairte a rinn tú?”

“Ó!” arsa seisean, “fan go bhfeicfidh tú an beathach deas a fuair mé.” Chuaigh sé isteach chun an toighe, agus d'fhoscail sé an bocsa, agus lig sé an luchóg amach ar an urlár. Comh luath is a fuair sise an chos scaoilte d'imigh sí isteach i bpoll, agus ní fhacaigh siad aon amharc uirthi ó sin amach. Bhí gearrfhearg ar an mháthair leis nár dhíol an cíos, ach ní rabh maith a bheith ag caint.

Bhí go maith, agus cha rabh go holc, mí ón lá sin, dúirt a mháthair leis go gcaithfeadh sé ceann eile den eallach a thabhairt amach chun aonaigh go ndíoladh sé an cíos, agus gan é a theacht chuicise ar ais mur ndíoladh sé é. D'imigh seisean chun aonaigh leis an bhó. Chas an fidiléir dó san áit chéanna agus é ag fidiléireacht an méid a bhí ina chorp, agus an bheachóg ag stealladh ag damhsa. Nuair a tháinig sé fá fhad cainte don fhidiléir d'fhiafraigh sé de cé mhéad a bhí sé a dh'iarraidh ar an bhó seo inniu.

“Cúig phunta,” arsa an stócach.

“Bhail, níl cúig phunta ar bith agamsa,” arsa an fidiléir, “ach tá beachóg anseo agam agus dhéanfaidh mé malairt leat.”

“Ní thiocfadh liom malairt ar bith a dhéanamh inniu,” arsa an stócach. “Caithfidh mé luach na bó a fháil go ndíolaidh mé an cíos nó, mur bhfaighidh, féadaim gan pilleadh ar an bhaile.”

“Ná bí amaideach!” a deir an fidiléir, “b'fhéidir go dtiocfadh an lá ort go mb'fhearr duit an bheacóg amach as an tsaol nó luach na bó.”

---

117 Ls.: an stócach.

“Bhail más mar sin atá,” arsa an stócach, “tá mé sásta.” Rinn siad an mhalairt, agus tháinig sé abhaile agus an bheachóg leis.
D'fhiafraigh a mháthair de ar dhíol sé an cíos.
“Níor dhíol,” a deir sé, “fan go bhfeicfidh tú an beathach a fuair mé de mhalairt ar an bhó.”
Chuir sé a lámh ina phóca, agus thug sé aníos an bocsa a rabh an bheacóg ann, agus comh luath is a thóg sé an clár de, d'imigh an bheachóg ar eiteoig. Rinn a mháthair an dubhrud ag scamhláil air, [de] chionn is[118] nár dhíol sé an cíos.
Nuair a tháinig lá an aonaigh mí ina dhiaidh sin dúirt an mháthair leis go gcaithfeadh sé an bhó dheireanach a thabhairt leis chun aonaigh agus an cíos a dhíol. D'imigh sé leis. Nuair a bhí sé ag gabháil isteach i gcionn an bhaile chas an fidiléir dó san áit chéanna.
“An bhfuil tú i d'fhidiléir?” arsa seisean leis an stócach.
“Níl,” arsa an stócach, “agus ní fearr liom a bheith.”
“Bhail beir ar an fhidil seo,” a deir sé, “go dtí go bhfeicfidh tú.”
Rug an stócach ar an fhidil, agus comh luath agus a bheir, bhí sé ar fhidiléir comh maith agus a chualaigh aon duine ariamh.
“Cé mhéad atá tú a dh'iarraidh ar an bhó seo inniu?” arsa an fidiléir.
“Cúig phunta,” arsa an stócach.
“Bhail, níl cúig phunta ar bith agamsa,” arsa an fidiléir, “ach bhéarfaidh mé duit an fhidil seo de mhalairt uirthi, agus dhéanfaidh tú ceithre chúig phunta agus níos mó ar ball uirthi.”
“Tá mé sásta,” arsa an stócach.
Rinn siad an mhalairt, agus tháinig an stócach abhaile agus an fhidil leis. Comh luath is a tháinig sé abhaile, d'fhiafraigh a mháthair de ar dhíol sé an cíos.
“Níor dhíol,” a deir sé, “nó ní bhfuair mé aon phingin airgid a dhíolfadh an cíos domh, ach fan go bhfeicfidh tú caidé atá liom.” Shuigh sé síos sa chlúid agus thoisigh sé a dh'fhidiléireacht. Tháinig an luchóg agus an bheachóg, agus thoisigh an damhsa. Bhí sé ina fhidiléir comh maith agus a chualaigh an mháthair ariamh, agus bhí oiread bróid uirthi as go dtearn sí dearmad den chíos.
Bhí níon Rí ina cónaí in áit inteacht comhgarach, agus cé bith seort galair a bhí uirthi, rinn dochtúirí an domhain a ndícheall agus sháraigh sé ar fhear ar bith acu. Chuaigh a

118 Ls.: chionnus.

hathair ionsar dhraoi, agus dúirt an draoi leis nach rabh rud ar bith ar an tsaol a leigheasfadh í mur dtigeadh fear an bealach a bhainfeadh trí gháire aisti. Chuir an Rí amach scéala ansin, fear ar bith a bheadh ábalta seo a dhéanamh, go bhfaigheadh sé an cailín le pósadh agus an choróin s'aige-san. Bhí siad ag teacht anoir agus aniar, agus achan bhealach, agus iad ag déanamh achan seort a ba ghreannmhaire ná a chéile, ach ní rabh maith ann. Smaoitigh an stócach dá dtéadh sé fhéin agus an fhidil, go mb'fhéidir nuair a tífeadh sí an luchóg agus an bheachóg ag damhsa, go mb'fhéidir go mbainfeadh sé gáire aisti, agus go mbeadh seans aige fhéin uirthi. D'inis sé seo dá mháthair.

"Arú a thaiscidh!" a deir a mháthair leis, "nach amaideach an rud duitse a bheith ag dréim go ndéanfaidh tú an rud a s[h]áraigh ar a rabh de dhochtúirí maithe ar an domhan a dhéanamh."

"B'fhéidir go mb'fhearr mé fhéin nó fear ar bith acu," arsa seisean. "Tá gléas agam nach rabh acu."

"Bhail, má shíleann tú go ndéanfaidh tú maith," arsa an mháthair, "imigh leat."

"Ní thig leis ach sárú orm, mar a rinn sé ar an chuid eile," arsa seisean, agus d'imigh sé leis.

Bhí go breá, chuaigh sé chun an chaisleáin agus sheas sé os coinne an toighe. Tharraing sé air an fhidil agus bhuail sé a sheinm, agus siúd chuige an luchóg agus an bheachóg, agus bhuail an damhsa acu. Ní rabh aon duine fán chaisleán nach rabh uilig amuigh sa deireadh ag coimheád ar an phéire, agus ag aor orthu. Bhí níon an Rí thuas ina *room*, ar aghaidh an chaisleáin, agus chonaic sí na daoiní ag cruinniú, agus mhothaigh sí an gleo agus an callán, agus ní rabh a fhios aici caidé a bhí cearr[119]. D'fhoscail sí an fhuinneog, agus nuair a sháith sí amach a ceann[120] chonaic sí an fidiléir agus an dá ógánach ag strócadh ag damhsa aige, agus leis sin fhéin d'fhoscail sí a béal agus lig sí[121] racht amháin gáire a chluinfí sa Domhan Thoir. Reath sí (rith sí)[122] anuas an staighre, agus ar a bealach rinn sí racht mór eile, ach leis an scéal fhada a dhéanamh gairid, nuair a tháinig sí amach agus sheas sí comhgarach daofa, hobair go bhfuair sí bás leis na gáirí. Bhí an scaifte uilig thart ansin, agus bhí oiread iontais agus uafáis ar chuid acu sin agus gur bheag nach bhfuair siad[123] bás.

---

[119] Ls.: chearr.
[120] Ls.: a cheann.
[121] Ls.: leig sé.
[122] Nóta eagarthóireachta an bhailitheora.
[123] Ls.: sé.

Tháinig an Rí é fhéin ionsar an fhidiléir.
"Tá do níon bainte agam inniu," arsa seisean leis an Rí.
"Tá cinnte," a deir an Rí, "tá rud déanta agat a sháraigh ar dhochtúirí an domhain a dhéanamh. Bí ag teacht liom isteach chun an c[h]aisleáin anois go bhfaighidh tú greim le hithe, agus go gcluinidh sinn tuilleadh de do chuid ceoil."
Chuaigh an stócach isteach chun an c[h]aisleáin leis an Rí, agus gléasadh bord mór bidh agus dí dó, agus nuair a bhí a sháith ite ólta aige bheir sé ar an fhidil, agus sheinn sé daofa, go rabh siad comh lag leis na gáirí[124] agus nach rabh ann ach é go rabh siad ábalta bogadh. Ar dheireadh na cuirme rinneadh lá pósta daofa, agus socraíodh achan seort ag baint leis an bhainis.
Sula dtáinig an fidiléir thart, bhí scaifte mór saighdiúr ag an Rí ag coimheád a níne, agus bhí fear de na saighdiúirí é fhéin ag caint le níon an Rí (ag suirí léithi)[125] fosta, agus bhí éad mór air nuair a chualaigh sé go rabh sí le pósadh ar an f[h]idiléir.
Ach bhí go maith, pósadh an lánúin ar scor ar bith, agus an oíche a pósadh iad, chuaigh an saighdiúir seo a bhí mór le níon an Rí ionsar an fhidiléir, agus dúirt sé leis go dtabharfadh sé croc óir dó dá mbeadh sé gan luí aici an chéad oíche, nó labhairt nó aon ghreim a ithe. Bhí an fidiléir bocht saontach agus gheall sé seo a dhéanamh. Shuigh an duine bocht sa choirnéal i rith na hoíche, agus ní rabh gar labhairt leis nó iarraidh air aon ghreim a ithe nó seort ar bith, nó a dhul a luí nuair a tháinig an t-am ach oiread. Ní rabh maith a bheith leis ar aon dóigh.
Ar maidin lá arna mhárach tháinig an Rí a fhad leis an níon, agus d'fhiafraigh sé di caidé mar a bhí an fear ina sásamh.
"Go han-mheasartha," a deir sí, "tá sé ina shuí ansin ó tháinig an oíche, agus ní tháinig sé de mo chóir-sa[126] ar dhóigh nó ar dhóigh eile."
"Bhail triail oíche eile é," arsa an Rí.
Tháinig an saighdiúir chuige-san ar maidin lá arna mhárach agus croc óir leis, agus dúirt go dtabharfadh sé croc eile dó dá ndéanadh sé an rud céanna a rinn sé an oíche roimhe. Rinn agus chuir sé an oíche isteach ar an dóigh chéanna. Ar maidin lá arna mhárach tháinig an Rí chuicise, agus d'fhiafraigh sé daoithe caidé mar a t[h]aitin a fear léithi aréir.

[124] Ls.: leis na gáiridhe.
[125] Nóta eagarthóireachta an bhailitheora.
[126] Ls.: 'mo chomhair-sa.

“Níl olc nó mairg ins an fhear udaí,” a deir sí, “chuir sé isteach an oíche ar an dóigh chéanna ar chuir sé isteach an oíche roimhe.”
“Bhail, caithfidh tú a thriail oíche eile,” arsa an Rí, “agus beidh scéal eile air mur[127] rabh sé in do shásamh anocht.”
Tháinig an saighdiúir chuige-san an lá seo aríst, agus dúirt leis go dtabharfadh sé croc eile óir dó dá dtugadh sé an boc céanna daoithese a thug sé na hoícheannaí eile.  Bhí an duine bocht bog, agus rinn sé an cleas céanna.
Tháinig an Rí chuicise an tríú maidin, agus d'fhiafraigh sé di caidé mar a bhí, agus dúirt sí leis gur chuir sé an oíche sin isteach ar an dóigh cheannann chéanna ar chuir sé isteach na rudaí eile.
“Bhail beidh a shliocht[128] air,” arsa an Rí, “is gairid go gcuiridh mise deireadh leis.”
Chuaigh sé amach agus d'iarr sé ar bheirt de na saighdiúirí breith air, agus a chaitheamh isteach chuig na beathaigh allta a bhí sa phunta i gcúl an chaisleáin.
Chaith.  Ar ndóiche, ní rabh sé istigh i gceart go rabh na beathaigh allta ag gabháil a strócadh as a chéile.  D'iarr seisean ar an rópa tosú agus an t-iomlán acu a cheangal dá chéile.  Níor luaithe na focla ráite aige nó bhí an t-iomlán cruinnithe[129] le chéile mar a bheadh punann luachra ag (n)a rópa.  Bhí caint ag achan seort san am sin, agus d'iarr na beathaigh air cead an bhealaigh a t[h]abhairt daofa agus nach mbainfeadh siad dó níos mó.  Rinn sé truaighe daofa agus scaoil sé iad, agus ó sin amach bhí siad ina gcionn an-mhaith dósan.  Bhíthear ag caitheamh isteach tréan bidh chucu achan lá agus rannadh siad i gcónaí leis-sean, agus bhí dóigh an-mhaith air.
Shíl achan duine, ar ndóiche go rabh seisean stiallta stróctha as a chéile ag na beathaigh allta, agus shíl níon an Rí nach bhfeicfeadh sí aon amharc go brách air.  Bhí an saighdiúir ag caint léithise i rith an ama, agus caidé an donas a rinn an bheirt ach pósadh.  An oíche a pósadh iad, comh luath is a chuaigh siad a luí, tháinig an bheachóg agus chuaigh sí suas ina shróin, agus chuaigh an luchóg suas ina thóin, agus chuaigh sé ar mire glan.  Tháinig an Rí chuici ar maidin.
“Bhail,” a deir sé, “caidé mar a shásaigh an fear úr thú aréir?”
“Ó tá,” arsa sise, “bhí fear múinte macánta agam nuair a bhí an fidiléir agam, ach tá fear mire agam anois má bhí ceann ariamh ag aon bhean.”

127 Ls.: mur'.
128 Ls.: 'shliocht.
129 Ls.: cruinn.

“Bhail, triail oíche eile é,” arsa an Rí.
An darna hoíche a chuaigh siad a luí tháinig an bheachóg agus an luchóg agus rinn siad an cleas céanna. Chuaigh seisean ar mire glan an oíche sin thaire más bhí sé an chéad oíche. Ar maidin lá arna mhárach tháinig an Rí ar ais.
“Bhail,” a deir sé léithise, “caidé mar a chuir tú isteach an oíche aréir?”
“Ó tá!” arsa sise, “dá olcas dá rabh an chéad oíche, bhí sé seacht n-uaire ní ba mheasa aréir, agus níl a fhios agam caidé atá mé ag gabháil a dhéanamh leis, má tá sé ag gabháil ag leanstan mar atá sé.”
“Bhail bain oíche eile as,” arsa an Rí, “go bhfeicfidh tú caidé mar a éireochas leat.”
An tríú hoíche nuair a chuaigh an péire a luí, tháinig an luchóg agus an bheachóg agus rinn siad an cleas céanna a rinn siad an dá oíche roimhe sin. Má bhí rud ar bith ann, bhí sé i bhfad ní ba mheasa an oíche sin ná bhí sé an dá oíche eile. Tháinig a hathair chuici ar maidin, agus chuir tuairisc caidé mar a chuir sí isteach an oíche.
“Níos measa i bhfad nó a bhí sé an chéad dá oíche,” arsa sise, “agus ní chaithfidh mise oíche eile ina chuideachta ar an dóigh a bhfuil sé ag iompar amach.”
D'imigh an Rí amach, agus d'iarr sé ar bheirt eile de na saighdiúirí breith thíos is thuas ar an fhear seo, agus a chaitheamh isteach ionsar na beathaigh allta. Chaith siad isteach é. Ní rabh ann ach go rabh sé istigh go rabh sé stróctha[130] ina phíosaí ag na beathaigh allta. Nuair a bhí siad dá chaitheamh isteach chonaic siad an fear eile ina sheasamh sa doras ag coimheád amach. Chuaigh siad isteach, agus d'inis siad don Rí an chéad fhear a chaith siad isteach, go rabh sé beo beitheach ar fad.
“Tá sin iontach,” arsa an Rí, “é a bheith ansin ar fad.” Chuaigh sé fhéin amach.
“An bhfuil tú anseo ar fad?” a deir sé leis an fhear a bhí istigh.
“Tá mise anseo,” a deir sé, “ar fad.”
Thug an Rí leis amach é, agus chuaigh sé a luí ag (n)a bhean an oíche sin go modhúil macánta mar ba chóir dó. D'fhág an Rí an caisleán a rabh sé fhéin ina chónaí ann aige, agus tá sé ina chónaí go láidir ansin ón lá sin go dtí an lá inniu.

[130] Ls.: stróca.

Scéal 13. <u>Scéal an *Bhig Man*</u>

Bhí buachaill ann fada ó shin, agus pósadh é. Bhí an buachaill mar a bheadh sé ar an bhaile seo, agus a bhean ina cónaí[131] ar bhaile eile os a choinne, agus bhí abhainn mheasartha mhór eadar an dá bhaile. Théadh an buachaill abhaile chuicise achan Oíche Shathairn, agus nuair a thigeadh sé go bruach na habhna bhíodh sé comh haigeantach agus nach ndéanadh sé ach a léim a ghearradh ionsar an bhruach thall. Dé Luain nuair a bhíodh sé ag teacht anall ar ais chaitheadh sé an abhainn a shiúl i gcónaí.

Bhí fear ar an bhaile a dtugadh siad an *Big Man* air, agus bhíodh sé ag amharc ar an bhuachaill anonn agus anall, agus rinn sé an-iontas don dóigh a rabh an buachaill ag obair, agus smaoitigh sé aon lá amháin go rachadh sé chun cainte leis go bhfaigheadh sé amach caidé an t-ábhar a rabh sé ábalta léim na habhna a thabhairt Oíche Shathairn ar a dhul anonn dó, agus go gcaitheadh sé an abhainn a shiúl ar maidin Dé Luain ag teacht anall dó.

"Tá maise," a deir an buachaill, "inseochaidh mé sin duit. Is le mhéad is bíos d'ocras orm is siocair leis sin uilig. Tá seanduine ansiúd," a deir sé, "agus ní bhíonn dhá phréata ite agam go dtéid sé a altú a chodach, agus bí leisc orm fhéin a bheith ag ithe ansin nuair a stadas an seanduine."

"Bhail leigheasfaidh mise sin," a deir an *Big Man*, "agus nuair a bheas mise réidh leis gheobhaidh tú do sháith le hithe. Cuirfidh mise éadach duine bhoicht orm Oíche Shathairn," a deir sé, "agus rachaidh mé anonn."

Bhí go maith, nuair a tháinig Oíche Shathairn ghléas an *Big Man* air agus d'imigh sé anonn go toigh an tseanduine. Bhí bratógaí an fhear siúil[132] air, agus d'fhiafraigh sé don tseanduine an bhfaigheadh sé dídean an toighe go maidin, agus ar ndóiche cá bith cruas a bhí ar dhóigheannaí eile ar an tseanduine, níor chuir sé suas ariamh dó lóistín oíche a thabhairt do dhuine ar bith a thiocfadh an bealach. Dúirt sé go bhfaigheadh sé lóistín agus fáilte.

Shuigh siad ansin agus bhuail an comhrá acu, agus ba ghairid go rabh pota mór préataí bruite. hIarradh ar an fhear bhocht suí isteach mar dhuine chucu. Rinn sé sin, agus ní rabh dhá phréata an duine ite acu go dteachaigh an seanduine a altú a chodach. Ach in áit éirí, badh é an rud a theann an *Big Man* isteach leis an bhascáid –

131 Ls.: 'na gcomhnaidhe.
132 Ls.: bratogaí an fhear siubhail.

“Ithigí sibhse libh,” a deir sé, “tá an óige agaibh, agus ní bhíonn an goile ag na seandaoiní!”
D'ith siad leo ansin gur ith siad a sáith amach, agus nuair a tháinig an t-am chuaigh deireadh a luí. Rinneadh sráideog sa choirnéal don fhear bhocht. Bhí seanduine agus an chailleach ina luí sa chlúdaigh fosta. Níorbh fhada a bhí siad fá chónaí gur dúirt an seanduine leis an chailligh go gcaithfeadh sí éirí agus rud inteacht a dhéanamh réidh dó.
“Caidé,” a deir sise, “mar dhéanfas mé dadaí réidh duit, agus é sin ina luí sa choirnéal?”
“Níl faic dhe mhoill ort,” a deir sé, “déan toirtín beag agus bruith faoin ghríosaigh é.”
D'éirigh an chailleach bhocht agus rinn sí an toirtín agus chuir sí isteach sa ghríosaigh é. Nuair a bhí sin déanta aici tharraing an *Big Man* srann mhór, agus d'éirigh sé aniar ar a leathuille –
“An bhfuil an lá ann, a bhean udaí?” a deir sé.
“Níl maise leoga, baol air,” a deir sí, “gnoithe beag domh fhéin a thug mise i mo shuí.”
“S'iomaí gnoithe beag a bheir[133] ár suí uilig againn,” a deir sé. D'éirigh sé aniar giota eile agus shuigh sé a chois na tineadh, agus rug ar an mhaide bhriste gur tharraing sé amach an ghríosach.
“Títear domh,” a deir sé, “go bhfuil an oíche anocht diabhalta fuar! Ach creidim nuair a théid daoiní anonn in aois agus a théid an fhuil a fhuaradh gur mar sin a bheas siad. Caithfidh mé mo ghoradh a dhéanamh anois,” a deir sé, “ó tharla i mo shuí mé.”
Bhí sé anonn is anall[134] leis an mhaide bhriste sa ghríosaigh i rith an ama a rabh sé ag caint léithise, agus chuaigh sé a dh'inse daoithe, má b'fhíor caidé mar a d'éirigh dó fhéin –
“Bhí mise i mo chónaí go te,” a deir sé, “aon am amháin in mo shaol, agus thóg mé clann mhór mhac. Nuair a bhí mé ag gabháil anonn in aois dar liom go gcuirfinn roinn ins an ghiota beag talaimh a bhí agam, agus rann mé ar an tseachtar é. Bhí cuid de ar ndóiche nach rabh comh maith le chéile,” a deir sé, agus é ag taiseáint daoithese leis an mhaide fríd an luaith an áit a rabh an rud maith agus an drochrud. “ Bhí innilt thuas ina bharr,” a deir sé, “agus bhí an caorán ina bhun, agus talamh curaíochta in áit inteacht eile.” Ach bhí sé anonn agus anall fríd go dtearn sé giotaí beaga den toirtín a bhí istigh sa ghríosaigh.
“Níor shásaigh an roinn a rinn mé iad,” a deir sé, “agus chuaigh siad fhéin a throid fá

133 Ls.: a bíos.
134 Ls.: anonn 'sa anall.

dtaobh de.  Thoisigh mise ansin," a deir sé, "agus rinn mé comh mion le tobaca iomlán a dtearn mé, agus d'imigh mé ansin agus d'fhág mé an t-iomlán acu ansin, agus cead acu fhéin a raeghe bail a chur air."

Nuair a mheas sé go rabh an toirtín amú aige bhain sé an tsráideog amach ar ais, agus níor luaithe a bhí sé sínte siar inti nó thoisigh an tsrannfach aige.  Chuaigh an chailleach isteach ar ais ionsar an tseanduine.

"An bhfeiceann tú anois," a deir sí, "caidé a rinn sé.  D'inis mé duit gur mar sin a bheadh."

"Bhail, is cuma caidé a rinn sé," a deir an seanduine, "ní bheidh mise beo ar maidin mur bhfaighidh mé rud inteacht le hithe."

"Is trua Mhuire!" a deir sise, "nár ith tú do sháith nuair a bhí sé réidh."

"Éirigh anois," a deir sé, "agus déan pota beag bracháin, agus cinnte ní mhillfidh sé sin."

D'éirigh sí agus chóirigh sí suas an tinidh agus chroch sí an pota beag go dtearn sí an brachán.  Nuair a bhí an brachán déanta aici d'fhág sí an pota thíos ag bun an dorais go bhfuaraíodh sé go gasta.  Leis sin fhéin chaith an *Big Man* síos an t-éadach de féin, agus d'éirigh sé aniar sa tsráideoig –

"An bhfuil an lá ann?" a deir sé.

"Níl nó baol air," arsa sise, "gnoithe beag domh fhéin a thug i mo shuí mise."

"S'iomaí gnoithe beag a bheir ár suí uilig sinn," arsa seisean.  Phreab sé amach as an tsráideoig, agus síos chun dorais leis, agus cén áit a dtearn sé a uisce ach isteach i bpota an bhracháin.  Tháinig sé aníos ansin agus chaith sé é fhéin isteach sa tsráideoig, agus bhí sé ina chnap codlata ar an bhomaite.

"An bhfeiceann tú anois," a deir an chailleach leis an tseanduine, "caidé atá déanta aige?"

"Bhail is cuma," a deir an seanduine, "ní bheidh mise beo ar maidin leis an ocras.  Dá n-éireochthá anois, agus a dhul amach agus braon bainne a bhleán ón bhó, choinneochadh sé beo mé go maidin."

D'éirigh an chailleach agus chuaigh sí amach, agus nuair a fuair an *Big Man* amuigh í, d'éirigh sé fhéin agus chuir sé air a chuid éadaigh.  Bhí gamhain óg ceangailte thíos i gcúl an dorais.  Scaoil sé an gamhain agus streachail sé leis aníos é gur fhág sé istigh sa tsráideoig é, agus chóirigh sé suas na héadaigh sa mhullach air.  Chuaigh sé amach chun

an bhóithigh ansin, agus d'fhiafraigh sé den chailligh an rabh an braon sin blite aici. Dúirt sí go rabh, agus shín sí an soitheach chuige gur ól sé cibé a bhí ann. Tháinig sé isteach ansin ach in áit tarraingt ar an tsráideoig chuaigh sé isteach i gcúl an dorais, agus sheasaigh sé ann go bhfeicfeadh sé an plé eadar an seanduine agus an chailligh. Nuair a tháinig an chailleach isteach bhain sí an leabaidh amach.

"An bhfuil an bainne leat?" arsa an seanduine.

"Níl," a deir sise, "nár ól tú é."

"Níor ól mé leoga é," a deir seisean, "ach an fear a d'ól é, ní ólfaidh sé aon deor lena shaol arís!" D'éirigh an seanduine agus chuartaigh sé go bhfuair sé an tuairgnín síos fá chionn an toighe. Tharraing sé ar an tsráideoig ansin gur tharraing sé a theann bhuille anuas sa mhullach uirthi –

"Ná marbh do ghamhain," a deir an fear a bhí i gcúl an dorais. "Níl aird agamsa ar laofheoil," a deir sé. Ar shiúl amach ar an doras leis ansin, agus chuaigh abhaile. Fuair an buachaill a sháith le hithe ina dhiaidh sin, agus ní rabh moill ar léim na habhna a thabhairt anonn agus anall. Ba ghairid ina dhiaidh sin go bhfuair an seanduine bás, agus thit an fear óg isteach san áit, agus bhí dóigh mhaith orthu ansin go lá a mbáis.

Scéal 14. Na trí chomhairle

Bhí fear i mBealach na gCreach fada ó shin, é fhéin agus a bhean agus gasúr beag. D'éirigh sé lom sa tsaol, agus d'imigh sé go Meiriceá. Bhí sé bliain agus fiche i Meiriceá, agus ní tháinig scéala nó scríb uaidh ar feadh an fad sin. Ní rabh léann ar bith aige nó ag mórán ach oiread leis san am sin, agus creidim dálta go leor, creidim go rabh náire air iarraidh ar dhuine ar bith litir a scríobh dó. Ag obair ag *farmer* mór a bhí sé i rith an ama, agus ar feadh an fad sin níor thóg sé aon phingin ariamh dá thuarastal. D'éirigh sé tursach thall sa deireadh, agus smaoitigh sé aon lá amháin gur chóir dó ruaig a thabhairt ar an bhaile go bhfeicfeadh sé caidé mar a bhí a bhean agus a pháiste. D'inis sé don mháistir caidé a bhí sé ag gabháil a dhéanamh, agus bhí seisean sásta go leor.
"Anois," arsa an máistir, "tá tú agamsa anseo le bliain agus fiche i do bhuachaill mhaith leoga, agus níor thóg tú aon phingin de do thuarastal ar feadh an ama sin. Tá tú ag imeacht anois, agus inis domhsa cé acu is fearr leat do t[h]uarastal in ór nó trí c[h]omhairle mhaithe?"
Smaoitigh an fear bocht go rabh bealach fada roimhe agus go mb'fhéidir gur mhaith an rud cupla chomhairle mhaith. Dúirt sé leis an mháistir go ndéanfadh sé raeghe ar na comhairlí, ach go gcaithfeadh sé oiread a thabhairt dó agus a dhíolfadh a bhealach go hÉirinn.
"Maith go leor," arsa an máistir, "bhéarfaidh mise sin duit leoga agus fáilte."
Thug sé dó an briseadh beag airgid, agus ansin, agus na comhairlí. Rinn bean an fhir uasail toirtín aráin dó, agus d'iarr siad air gan an toirtín a bhriseadh go sroicheadh sé an baile, nó nach mbeadh gar dó glacadh leis na comhairlí dá mbriseadh sé í. Thug an fear uasal na comhairlí dó ansin –
"Anois," a deir sé leis, "sí an chéad chomhairle a bhéarfas mise duit; cé bith áit a choíche a mbeidh tú ag gabháil, cam díreach an ród sé an bealach mór an aicearra. An darna comhairle; ná stop a choíche i dteach a mbeidh cailín óg pósta ar sheanduine ann, agus an tríú comhairle; smaoitigh ort fhéin i dtólamh agus ná déan a dhath tobann a choíche gan do phíopa a tharraingt ort, agus toit a chaitheamh. D'fhág sé slán agus beannacht acu ansin agus tharraing sé ar an bhaile. Tháinig sé i dtír in Éirinn i ndiaidh seal fada a chaitheamh ar an bhád, agus ní rabh athrú de ghléas[135] ann san am sin ach an

135 Ls.: ní rabh athrughadh ' ghléas.

choisíocht. Shiúil sé leis agus ba ghairid uilig a bhí sé ag siúl gur casadh *tramp* air. Thit an bheirt chun comhrá le chéile, agus siocair an bheirt a bheith ag gabháil aon bhealach amháin bhí siad ina gcuideachta bhreá ag a chéile, agus ní rabh cor nó camadh sa bhealach nach rabh a fhios ag an *tramp*. Bhí go breá, níorbh fhada go dtáinig siad ionsar áit a rabh casán ag imeacht ón bhealach mhór.
“Tá aicearra bhreá an bealach seo,” arsa an *tramp*, “agus is fearr dúinn an bealach gairid a ghlacadh.”
“Coinneochaidh mé an bealach díreach,” arsa fear Bhealach na gCreach, “dá mba i ndán is nach bhfaighinn aon lóistín go maidin.”
D'imigh an *tramp* leis an aicearra, agus s[h]iúil an fear eile leis an bealach mór. Bhí sé ag gabháil leis ariamh ariamh go dteachaigh sé isteach i gcluais b[h]aile mhóir a bhí ann. Bhí teach beag ar thaobh na sráide, agus dar leis fhéin go rachadh sé isteach, agus go mb'fhéidir go bhfaigheadh sé lóistín ann go maidin. Chuaigh sé isteach, agus cé a fuair sé istigh roimhis ach an *tramp*. Ní rabh istigh ach seanduine agus cailín óg ina chuideachta. D'iarr seisean dídean na hoíche fosta, agus fuair sé sin agus fáilte. Bhí cuma an-bhrónach ar an *tramp* bhocht, agus dar leis an fhear eile go gcaithfeadh sé go dtáinig rud inteacht air. Thit an bheirt chun comhrá le chéile arís.
“Títear domh,” a deir fear Bhealach na gCreach leis, “go bhfuil cuma an-bhrónach ort. An dtáinig dadaí ort ó d'fhág mise thú?”
“Dá ndéanainn do chomhairle-sa,” a deir sé, “ní bheadh cuma bhrónach orm. Ba ghairid ar chor ar bith a chuaigh mé i ndiaidh tusa a fhágáil go dtáinig robairí orm, agus bhain siad díom na pingneacha beaga airgid a bhí agam, agus d'fhág siad fuar folamh mé.”
“Tá sin dona go leor,” arsa an fear eile, “an dtig leat a inse domh,” arsa seisean, “an í an cailín óg seo bean an tseanduine?”
“Sí cinnte,” arsa an *tramp*.
“Bhail más í,” arsa an fear eile, “tá mise fada go leor anseo.” D'imigh sé amach agus chuaigh sé isteach i gcruaich fhéir a bhí i gcoirnéal an gharraí. Ba ghairid an t-am uilig a bhí sé istigh go dtáinig buachaill óg isteach, gur sheasaigh sé ag cionn eile na cruaiche. Faoin tamaill bhig tháinig bean an tseanduine amach, agus thoisigh an comhrá eadar í fhéin agus an boc a tháinig chun na cruaiche. Rinn siad suas eatarthu go dtabharfadh siad nimh don tseanduine an oíche sin, agus go bhfágfadh siad ar an *tramp*

gurbh é a mharbh an seanduine. Dúirt an fear óg go rabh sé fhéin sásta.
Bhí go maith, an oíche chéanna sin thug sise an nimh don tseanduine, agus ar ndóiche bhí sé marbh ar maidin. D'éirigh an gháir amach ansin, agus rugas ar an *tramp* bhocht, agus fágadh air gurbh é a chuir deireadh leis, agus tugadh ar shiúl chun an phríosúin é ar an bhomaite go dtigeadh lá an dlí. Ghread fear Bhealach na gCreach leis abhaile ar a luas a bhfacaigh sé ball bán ar an lá. Shiúil sé leis agus cá bith fad a bhí sé ar an bhealach, bhain sé an baile amach eadar an dá sholas tráthnóna amháin. Bhí a bhean amuigh ag blí na bó, agus buachaill mór aici nuair a tháinig sé thart le doras an bhóithigh. Shíl sé gur fear eile a bhí aici, agus tháinig sé fríd a dhul isteach agus an ghraeip a chur fríd, ach san am chéanna smaoitigh sé ar an chomhairle a thug fear Mheiriceá dó, agus tharraing sé amach a phíopa, agus chuaigh sé isteach chun an toighe gur dhearg sé é. Chaith sé leis ansin ar feadh tamaill é, agus ba ghairid an t-am uilig gur imigh an fhearg. Nuair a bhí an bhó blite ag bean an toighe, tháinig sí fhéin agus an stócach isteach. Bhí an strainséir istigh rompu, agus ar ndóiche bhí sé a fhad ar shiúl as baile agus nár aithin a bhean fhéin é. Chuir sí fáilte roimhis mar[136] a dhéanfadh sí le strainséir ar bith, agus ar ndóiche ní rabh an mac ach ina pháiste ag imeacht dó agus ní rabh cuimhne ar bith aige air. D'fhiafraigh sí de an rabh ocras air, agus dúirt sé [go] rabh a sháith.
"Maise," a deir sí, "dhéanfainn braon tae duit dá mbeadh aon g[h]reim aráin agam, ach má fhanann tú," a deir sí, "ní bheidh plaic i bhfad ag bruith ar an tinidh bhreá sin."
"Ó! is cuma duit fán arán," arsa seisean, "tá toirtín aráin liom fhéin."
Thoisigh an bhean ar an tae, agus nuair a bhi sise ag gléas achan seort chuir seisean tuairisc ar an stócach cérbh ainm é agus siúd, agus seo. D'inis an stócach dó gurbh é mac fhear an toighe a bhí anseo é a d'imigh go Meiriceá tá corradh agus fiche bliain ó shin, agus nach bhfuair sé fhéin nó a mháthair scríb an pheanna uaidh ó shin.
"Bhail tím," arsa an fear, "is mór an gar go dtearn mé comhairle mo mháisteara. Creidim go mbeidh iontas ort cluinstean gur mise d'athair." Is beag nár thit bean an toighe as a seasamh nuair a chualaigh sí seo. Chaith sí uaithi an tae, agus mar[137] a deireadh na seandaoine ins na scéalta, 'fhliuc sí le deora é, agus thriomaigh sí le póga é,' agus bhí an pléisiúr agus an lúcháir a bhí ann mór go leor.
Ach nuair a bhí sin uilig thart, agus an tae déanta ag bean an toighe thug seisean daoithe

[136] Ls.: mur.
[137] Ibid.

an toirtín, agus bhris sí ina dhá cuid í, agus nuair a bhris d'fholaigh sí an tábla le giníacha buí óir. Bhí a sheacht n-oiread lúcháire ann ansin. Bhí tuarastal na bliana agus fiche istigh sa toirtín, agus bhí a sáith acu a fhad is a bheadh siad beo.

Bhí go breá, bhí siad ina gcónaí ansin agus dóigh bhreá orthu. Bhí beagán léann ag an mhac agus gheibheadh sé páipéar anois is arís, agus léadh sé an nuaíocht dá athair. Caidé a chonaic sé ann ach go rabh cás an *tramp* seo a chuir deireadh leis an tseanduine ag teacht ar aghaidh a leithéid seo de lá. Bhí a fhios ag an athair mar nach rabh duine ar bith ábalta an fhianaise s'aicise a bhréagnú, bhí a fhios aige go gcrochfaí é mur dtéadh sé fhéin chun boinn agus fiacháil le rud inteacht a dhéanamh.

Dheamhan greim de nár imigh leis, agus níor stad sé ariamh go rabh sé ins an áit a rabh an chúirt le bheith. Bhí an cás ag gabháil ar aghaidh nuair a chuaigh sé i láthair, agus d'éist sé go cúramach le achan fhocal den fhianaise a thug sise.

"Anois," arsa an breitheamh, nuair a bhí sé[138] ag gabháil a thabhairt a bhreithiúnais, "má tá duine ar bith i láthair a bhfuil eolas ar bith aige fán chás seo, bheinn an-bhuíoch dá dtigeadh sé i láthair anois."

"Tá cinnte," arsa fear Bhealach na gCreach, "ba mhaith liomsa cead a fháil cupla focal a rá sula dtugaidh tú breithiúnas báis ar an fhear bhocht seo."

"Tá mé i ndiaidh an cead sin a thabhairt duit," arsa an breitheamh.

Thoisigh sé ansin agus d'inis sé an scéal uilig go fírinneach mar a d'inis mise duitse é, fán dóigh a rabh sé fhéin i gcruaich an f[h]éir, agus fán bhoc óg a tháinig agus a sheasaigh ag an chionn eile den chruaich, agus an dóigh a dtáinig sise amach chuige go dtearn an bheirt suas go dtabharfadh siad nimh don tseanduine go bpóstaí an bheirt.

Thug an breitheamh buíochas mór dó, agus in áit an *tramp* a chrochadh, sé an rud a d'órdaigh sé breith uirthise agus ar an fhear óg, agus an bheirt a chrochadh. Chuaigh seisean abhaile ionsar a bhean fhéin agus a mhac ansin, agus chaith siad an chuid eile dá saol go neamhbhuartha. Is fada iad uilig marbh, nó ní rabh aon teach i mBealach na gCreach le trí scór bliain.

[138] Ls.: sí.

Scéal 15. <u>Ó hÉigeartaigh ⁊ an peidléir</u>

Bhí seanduine ina chónaí taobh amuigh de na Gleanntaí sa tseanam. Ní rabh aige ach seanbhó bheag amháin, agus b'éigean don duine bhocht a tabhairt amach chun aonaigh agus a díol. Cheannaigh fear as an taobh soir de Leitir Ceanainn í, agus faoin seachtain[139] ina dhiaidh fuair sé scéala go rabh an bhó ag éagaoin, agus go rabh sí le cantáil ar a leithéid seo de lá i Leitir Ceanainn. Ní rabh ag an duine bhocht ach imeacht go réitíodh sé an bhó.

D'imigh sé leis. Shiúil sé leis, agus nuair a bhí sé ag gabháil soir taobh amuigh de Bhaile na Finne chas buachaill cruaidh gasta air. Bheannaigh siad dá chéile agus shiúil an bheirt leo.

"Ní aithním thú," arsa an buachaill. "An bhfuil dochar fiafraigh cé thú fhéin nó cá shloinne thú?"

"Níl leoga," a deir an seanduine, "hÉigeartaigh[140] mise. Cé shloinne thusa?" a deir an seanduine.

"De Chlainn Mhic Loinsigh mise," a deir an buachaill.

Shiúil an bheirt leo giota fada eile, agus níorbh fhada gur labhair an buachaill leis arís.

"An bhfuil dochar fiafraigh," a deir an buachaill, "caidé brí do shiúil an bealach seo inniu?" a deir sé.

"Níl leoga," a deir an seanduine, ag inse dó caidé mar a bhí. "An bhfuil dochar fiafraigh," a deir sé, "caidé an siúl a bhfuil tusa ag gabháil ann?"

"Níl faic," a deir seisean, "chaill mé bearach," a deir sé, "a leithéid seo de dh'am, agus tá an tír cuartaithe agam dá hiarraidh, agus tá mé ag smaoitiú gu[r]b é an rud a goideadh í, agus tá mé ar shiúl anois go bhfeicfidh mé an bhfaighidh mé amach dadaí fá dtaobh di."

"Tím," a deir an seanduine," agus shiúil an bheirt leofa. Bhí siad soir go maith nuair a bhí an oíche ag teacht.

"Níl eolas ar bith agamsa níos faide soir nó seo ar an bhealach seo," a deir an seanduine, "agus mur bhfuil eolas ar bith agatsa air caithfimid a dhul a chuartú lóistín."

"Níl mórán eolais agamsa mé fhéin ar an bhealach," a deir an buachaill, "ach teach

[139] Ls.: faoi 'n seachtmhaine 'na dhiaidh.

[140] Faightear idir 'h-Éigcheartaigh' agus 'Éigcheartaigh' sa scéal seo. Cuirtear in eagar mar 'hÉigeartaigh' é síos tríd an scéal.

amháin atá romhainn go fóill," a deir sé. "Bhí mise ag iarraidh mná ann anuraidh," a deir sé, "agus níl eolas ar bith agamsa ach sin."
"An bhfuair tú?" a deir hÉigeartaigh.
"Ní bhfuair," a deir an buachaill.
"Tá sin iontach," arsa hÉigeartaigh, "ach b'fhéidir dá mbeimist ann, b'fhéidir go bhfaighimist lóistín ann."
Shiúil siad leo, agus bhí sé iontach mall nuair a bhí siad fá ghiota den teach. Bhí an teach thíos faoin bhealach mhór, agus casán maith síos chuige. Shiúil siad leofa síos agus bhí bóitheach ar thaobh an chasáin, agus bhí eallaigh thart fán bhóitheach. Sa gheimhreadh a bhí ann agus thoisigh sé a chur cioth sneachta –
"Rachaidh sinn ár mbeirt isteach chun an bhóithigh ar foscadh," a deir hÉigeartaigh.
"Is fearr dúinn sin," arsa an buachaill.
Chuaigh siad isteach, agus ba ghairid uilig a bhí siad istigh gur seo aníos cailín as an teach a cheangal an eallaigh –
"Beidh muid náirithe a bheith istigh anseo nuair a thiocfas sí seo a cheangal an eallaigh. Is fearr dúinn a dhul i bhfolach ins an cnap cotháin sin i gcionn an bhóithigh." Bhí cnap mór cotháin caite i gcionn an bhóithigh. Chuaigh siad i bhfolach sa chotháin, agus chuaigh sí a cheangal an eallaigh nuair a tháinig sí isteach. Ní rabh an t-eallach ceangailte aici go dtáinig ógánach máistir scoile a bhí ar an bhaile, agus chuidigh sé léithi an t-eallach a cheangal. Bhí comhrá fada acu, agus bhí an bheirt a bhí sa chothán ag éisteacht leis an iomlán –
"Tiocfaidh mé anocht," a deir seisean, "má ligeann tú isteach mé," a deir sé leis an chailín.
"Ligfidh cinnte," a deir an cailín.
Bhí go breá, rinn siad a ngnoithe, agus nuair a fuair siad achan seort déanta d'imigh achan duine a bhealach fhéin. Chuaigh an bheirt a bhí sa chothán isteach chun an toighe, agus d'iarr siad lóistín agus fuair. Ní rabh i bhfad gur iarr an seanduine ar a níon, éirí agus pota den fheoil a bhí ansin a chur síos. Rinn sí sin, agus fuair siad an-suipeár. Nuair a bhí an t-am acu a dhul a luí, bhí dhá leabaidh sa chisteanaigh agus cuireadh an dá strainséir ar chionn acu, agus luigh an tseanlánúin ar an chionn eile, agus chuaigh an bhean óg síos chun an *room*.
"Is dona an mhaise duit é," a deir hÉigeartaigh, "nach dtéid síos chun an *room* chuig an

chailín óg."
"Ó! bí i do thost," a deir seisean, "caidé an fáth a ndéanfainn sin."
"Níl moill ar bith ort," arsa hÉigeartaigh, "i ndiaidh an ruda[141] a chualaigh tú. Éireochaidh mise agus fosclóchaidh mé an doras," a deir sé, "agus gabh thusa amach agus gabh chun na fuinneoige, agus déan mar a chuala tú, agus sílfidh sise gu[r]b é an fear a bhí ag caint léithi sa bhóitheach a bheas ann, agus ligfidh sí isteach thú."
Chuir sé an amaidí ar Mhac Loinsigh ar scor ar bith, agus d'éirigh sé agus d'fhoscail sé an doras agus lig sé amach é. Bhuail sé ag an fhuinneoig, agus d'éirigh sí agus lig sí isteach é. Ní rabh sé i bhfad istigh gur thoisigh an comhrá acu, agus caithfidh sé go rabh seisean ag labhairt go measartha ard –
"Labhair go socair," a deir sise, "tá dhá strainséirí ins an chisteanaigh."
"Caidé rud iad?" a deir seisean.
"Bhail, níl a fhios agam caidé rud an seanduine beag atá ann," arsa sise, "ach fear breá an fear óg," a deir sí. "Bhí sé anseo oíche amháin tá seal ó shin," a deir sí, "do mo iarraidh-sa[142] le pósadh."
"Ná nár ghlac tú é," a deir seisean.
"Níor ghlac mé aon ghreim de," a deir sí, "agus rinneadh traidhfil costais anseo, agus bhí mé lena ghlacadh ach chuir an seanduine atá anseo síos is suas an rud. Tamall ina dhiaidh sin rinn sé amach go dtiocfadh sé ina chuid fhéin," a deir sí, "agus chuir sé cupla fear chuige agus ghoid siad bearach uaidh, agus is beag a shíleas sé gur ith sé giota de fheoil a bhearaigh fhéin lena shuipeár anocht."
Ach ba g[h]airid ina dhiaidh seo go dtáinig an buille chun na fuinneoige.
"Caidé rud siúd?" a deir sise.
"Ó níl ann ach scuimhearannaí atá i mo dhiaidh-sa," a deir sé. "An bhfuil a dhath sa p[h]ota atá faoin leabaidh?" arsa seisean.
"Bhail is annamh a bí sé folamh," arsa sise.
Chuaigh sé amach agus fuair sé an pota, agus d'fhoscail sé an fhuinneog, agus bhuail sé a rabh ann isteach eadar an dá shúil ar an fhear a bhí amuigh. D'imigh sé sin, agus creidim nach sásta a bhí sé. (Ach nuair a bhí an comhrá déanta aige-san leis an chailín ar scor ar bith).[143]

---

141 Ls.: indiaidh an rud.
142 Ls.: á mo iarraidh-sa.
143 Nóta eagarthóireachta an bhailitheora.

Eadar an dá am tháinig ar an tseanduine éirí lena mhún chun dorais. Bhí an teach dorcha agus nuair a bhí sé ag teacht ar ais chuaigh sé cineál ar seachrán, agus cén áit a dteachaigh sé ach isteach chun na leabtha ionsar hÉigeartaigh.
Nuair a bhí a chomhrá déanta ag Mac Loingsigh d'fhág sé ise, agus tháinig sé ar ais chun dorais agus isteach. Nuair a chuaigh sé ar ais san áit a rabh sé, bhí beirt ins an leabaidh, agus dar leis fhéin –
"Tá mé contráilte," agus siúd isteach chuig an chailligh é –
"Bhail d'éirigh go maith liomsa anocht," a deir sé, "fuair mé amach fán bhearach agus fá dheireadh."
"Caidé?" a deir an chailleach.
"Fuair mé amach," a deir sé, "cé a ghoid an bearach agus deireadh."
Mhuscail an chailleach ansin, agus d'éirigh an rud fríd an teach a bhí damanta. D'éirigh an t-iomlán ansin, agus d'éirigh an callán.
"Bhail," arsa hÉigeartaigh, "an bhfuil a fhios agaibh caidé mar atá sé," a deir sé, "tá sé olc go leor eisean a bheith sa *room* ag an chailín, ach tá sé i bhfad níos measa má scabtar scéal ghoid an bhearaigh. Cuirfidh sé amach as an áit sibh," a deir sé, "má leanann sé sibh fán bhearach, agus sílim-sa nach dtiocfadh libh rud ar bith a dhéanamh ní b'fhearr nó an bheirt acu a fháil pósta, agus socróchaidh sin an t-achrann eadar an t-iomlán agaibh."
Rinn siad a chomhairle agus pósadh an lánúin. D'fhan hÉigeartaigh gur chaith siad an bhainis. D'imigh sé ansin an méid a bhí ina chorp go réitíodh sé an tseanbhó bheag. Ní rabh sé an-ghasta agus tháinig an oíche ar ais air. Chas teach maith sclátaí dó, agus chuaigh sé isteach gur iarr sé lóistín. Bhí bean an toighe istigh agus í ag bogadh páiste a bhí i gcliabhán a chois na teineadh –
"Bhail," a deir sise, "tá m'fhear ar shiúl i Leitir Ceanainn, agus ní thug mise lóistín do aon duine ariamh nuair nach rabh sé istigh."
Rinn sé amach ar scor ar bith nach bhfágfadh sé thart fán teach go bhfeicfeadh sé an dtiocfadh fear an toighe. D'imigh sé leis thart cúl an toighe, agus ní dheachaigh sé i bhfad gur chas staighre leis amuigh ar a chionn amuigh den teach, agus chuaigh sé suas, agus isteach ar lafta a bhí ann gur luigh sé os cionn thineadh na cisteanaí. Bhí áit bhreá the aige. Bhí poll cránra ann agus bhí sé ag coimheád anuas air, agus tháinig leis an bhean a bhí istigh a fheiceáil fríd an pholl. Ní rabh sé i bhfad go dtáinig pílí mór fir

isteach. Tharraing sé amach buidéal uisce bheatha as a phóca agus d'ól siad slug as an bhuidéal, agus nuair a bhí siad réidh leis cén áit ar chaith sé an buidéal ach síos go cionn an chliabháin. Bhí pota thíos i gcionn an toighe, agus caidé a bhí sa phota ach gé bruite, agus thug sí aníos an pota gur ith siad a sáith den ghé. Ach cé bith mar a chuir siad isteach an t-am ina dhiaidh sin, níor mhothaigh siad go dtáinig fear an toighe chun dorais. Tháinig sé comh tiugh ar an óganach a bhí istigh agus nach bhfuair sé faill a dhul amach. Bhí leabaidh i gcionn an toighe, agus chuaigh sé siar i bhfolach faoin leabaidh.

Nuair a mhothaigh hÉigeartaigh an marcach ag teacht chuaigh sé thart, agus chuaigh sé chun cainte leis nuair a bhí sé ag cur isteach an bheathaigh –

"Caidé an seort thú," a deir sé, "nó caidé a bheir anseo thú fán am seo de dh'oíche?"

"Bhail tháinig mé a dh'iarraidh lóistín," a deir sé, "ar do bhean, agus dúirt sí nach rabh sí ag tabhairt lóistín do dhuine ar bith nuair nach rabh tusa istigh."

"Bhail, a dhuine bhoicht," a deir sé, "má tá tú amuigh ó tháinig an oíche, tá tú fleaite," a deir sé, "agus gheobhaidh tú lóistín cinnte. Bí istigh anseo," a deir sé.

Tháinig an bheirt isteach, agus rinn sí réidh rud inteacht agus d'ith siad é, agus shuigh an bheirt a chomhrá ansin. D'fhiafraigh sé do hÉigeartaigh cé has a dtáinig sé, agus d'inis sé dó.

"Bhail is minic ariamh a chualaigh mé," a deir sé, "go rabh daoine thart siar fá na Gleanntaí ansin a rabh mórán seanchais agus comhrá acu, agus ba chóir go n-inseochthá seanscéal," a deir sé.

"Dá mbínnse sa bhaile," a deir hÉigeartaigh, "thiocfadh liom scéalta go leor a inse duit," a deir sé, "ach thiocfadh liom rud a dhéanamh sa bhaile nach dtiocfadh liom a dhéanamh anseo. Tá leabhar agamsa sa bhaile," a deir sé, "thiocfadh liom rud ar bith a inse duit a ba mhian liom."

"Dar fírinne!" a deir fear an toighe, "tá leabharthaí go leor anseo má tá maith ar bith duit iontu."

D'imigh sé agus tháinig sé ar ais agus uchtán leabharthaí leis. Mo dhálta fhéin, ní rabh léann ar bith ag an chréatúr sin, ach bheir sé ar chionn de na leabharthaí, agus thoisigh an léitheoireacht aige.

"Seo leabhar," a deir sé, "atá gearrc[h]omhgarach go maith ag an chionn s'agam fhéin," a deir sé.

Chaith sé tamallt eile ag amharc ar an leabhar –
"Cuir síos do lámh," a deir sé, "i gcoirnéal an chliabháin agus tarraing aníos buidéal uisce bheatha atá ann."
"Ó níl dadaí de sin ar scor ar bith," a deir sé, "ní rabh aon deor uisce bheatha istigh faoi bhallaí an toighe seo ó baisteadh an leanbh atá sa chliabhán."
"Bhail, ní rachaidh mise níos faide le mo chuid fios mur bhfaighidh tú an buidéal sa chliabhán."
Chuir sé a lámh síos i gcoirnéal an chliabháin agus fuair sé pílí de bhuidéal uisce b[h]eatha ina sheasamh i gcoirnéal an chliabháin. Dar leis fhéin –
"Seanduine maith atá ionat." D'ól an bheirt braon as an bhuidéal. "An dtiocfadh leat," a deir sé, "dadaí eile a dhéanamh?"
"Ó!" a deir sé, "ní thiocfadh liom mórán ar bith a dhéanamh." Chaith sé tamallt eile ag amharc ar an leabhar ar scor ar bith –
"Gabh síos," a deir sé, "agus tabhair aníos an pota sin i gcionn an toighe go n-ithimid greim den ghé atá ann," a deir sé.
"Bhail sin rud eile nach rabh dadaí de fá seo ó baisteadh an leanbh," a deir sé.
"Ó bhail, níl maith in mo chuid fios-sa," a deir hÉigeartaigh, "mur bhfaighidh tusa siúd ins an phota."
Chuaigh sé síos agus bhain sé an clár den phota, agus fuair sé an gé, agus thug sé aníos é gur ith an bheirt a sáith[144] den ghé.
"An dtiocfadh leat," a deir sé, "dadaí eile a dhéanamh?"
"Ní thiocfadh liom mórán ar bith níos mó a dhéanamh," a deir sé. Chaith sé tamallt eile ar scor ar bith ag amharc fríd an leabhar –
"Ó bhail, ní thig liom dadaí a dhéanamh feasta ach b'fhéidir rud ab fhearr gan déanamh."
"Caidé sin?" a deir fear an toighe.
"Tá maise," a deir sé, "tá an drochrud ag coinneáil fá do theach," a deir sé, "leis an f[h]ad seo de dh'am, agus tá sé istigh anocht fosta, agus thiocfadh liomsa a dhíbirt anois," a deir sé, "má tá tusa i do shaighdiúir mhaith."
"Tá," a deir sé, "comh maith agus a sheasaigh i dhá mbróig ariamh."
"Bhail má tá," a deir sé, "cuir le hobair thú fhéin, agus cuirfidh mise amach é."

[144] Ls.: a sháith.

Amach leis-sean, agus sheasaigh sé i leataoibh an dorais. D'éirigh hÉigeartaigh ina sheasamh agus thug sé órdú don fhear a bhí faoin leabaidh a bheith amuigh. Amach leis an fhear a bhí faoin leabaidh an méid a bhí ina chorp, ach in áit a dhul a dhéanamh saighdiúireacht ar bith, sé an rud a thit an fear a bhí amuigh ina chnap i laige.

P[h]reabaigh an bhean amach.

"Do c[h]roí agus do chrua-ae!" a deir sí, "caidé atá déanta agat? Tá m'fhear marbh agat," a deir sí.

"Níl sé marbh go fóill," a deir hÉigeartaigh, "ná bíodh eagla ar bith ort go bhfuil," a deir sé. "Nuair a thiocfas sé chuige fhéin anois," a deir sé, "inseochaidh mise deireadh dó fán dóigh ar chuir tú isteach an oíche."

"Bhaill a gheall ar an Rí!" a deir sí, "cá bith a chaithfeas tú a fháil bhéarfaidh mé duit é ach gan tú trácht ar rud ar bith dá dteachaigh thart."

"Má bheir tú cúig phunta dom," a deir hÉigeartaigh, a deir sé, "ní rachaidh an rud níos faide."

Thug sí na cúig phunta dó, agus chuaigh siad araon amach agus thug siad isteach fear an toighe, agus ní rabh i bhfad uilig go dtáinig sé chuige fhéin. Chaith sé an oíche ansin, agus d'imigh sé ar maidin lá arna mhárach. Ní rabh i bhfad uilig aige le dhul san am sin, agus nuair a *land*áil sé i Leitir Ceanainn bhí a sheanbhó bheag ansin agus í ag gabháil dá cantáil. Thiomáin leis anoir go socair suaimhneach í, agus lá arna mhárach caidé a bhí ach aonach i mBaile na Finne. Dhíol sé an tseanbhó ar ais ar chúig phunta. Tharraing sé ar an bhaile ansin agus chaith sé fhéin agus a sheanbhean a shaol go maith go bhfuair siad bás.

Scéal 16. An deartháir bocht 7 an deartháir saibhir

Bhail, bhí beirt dheartháracha ann i bhfad ó shin, agus is fada ó bhí. Bhí fear acu an-saibhir. Ní rabh aon dath ag cur bhuartha air fhéin nó ar a bhean. Bhí triúr nó ceathrar[145] buachaillí acu agus dóigh an-mhaith orthu. Bhí an fear eile agus baicle mhór pháistí aige, agus gan dóigh rómhaith air.

Oíche amháin sa Gheimhreadh, tháinig peidléir isteach ionsar an fhear bhocht, agus d'iarr sé lóistín. Dúirt fear an toighe go dtabharfadh sé lóistín dó cinnte ach nach rabh dóigh rómhaith air le lóistín a thabhairt do d[h]uine ar bith, ach gur dhoiligh leis a chur amach. Bhí sneachta ann.

"Ó!" a deir an fear eile, a deir sé, "an áit a bhfuil tusa ag caitheamh do shaoil is doiligh a rá go sáróchaidh sé ormsa oíche amháin a bhaint as."

"Bhail tá sin fíor," arsa fear an toighe.

Chaith an peidléir uaidh a chuid bagáiste ar scor ar bith, agus shuigh sé, agus nuair a bhí sé tamallt ina shuí –

"Nach millteannach an fear thusa i do shuí anseo," a deir sé, "mar atá tú, nó tím," a deir sé, "nach bhfuil gléas rómhór beo ort, agus an rud atá ag do dheartháir thuas ansin nach dtéid agus úsáid a bhaint as."

"Bhail ní dhearn mé dadaí de sin," a deir sé, "in am ar bith."

"Maise is dona thú," a deir sé, "nach gcuidíonn leat fhéin." Chuaigh an peidléir amach suas os cionn an toighe, an áit a rabh páirc a rabh ocht nó naoi bológaí móra[146] inti. Thug sé anuas ceann de na bológaí agus mharbh sé í. Chuaigh buachaillí an fhir eile ar maidin lá arna mhárach a dh'amharc i ndiaidh na mbológ agus a chur deis ar achan seort. Bhí siad bológ gann. Chuartaigh siad thart achan áit ach ní rabh dul a fáil in áit ar bith. Bhí cailleach sa teach –

"Bhail, an bhfuil a fhios," arsa an chailleach, "caidé mar atá sé, níor imigh an bhológ ariamh," a deir sí, "goideadh í, agus cá bith teach a rabhthar ag bruith na bolóige aréir ann," a deir sí, "níl aon ghreim sneachta inniu air."

D'éirigh siad amach a dh'amharc uathu, agus ní rabh teach ar bith san áit nach rabh sneachta air ach teach an dearthára, agus ní greim ar bith sneachta air.

"Ó bhail," a deir sé, "ní fheicim teach ar bith gan sneachta ach teach mo dhearthára,

[145] Ls.: cheathrar.
[146] Ls.: naoi bhológaí móra.

agus sílim, cé bith mar atá sé, nár bhain sé don bholóig."
"Bhail," a deir an chailleach, a deir sí, "níl moill ar bith sin a dhéanamh amach go fóill. Rachaidh mise isteach sa chófra sin atá ansin, agus gabh thusa síos go toigh[147] do dhearthára agus iarr áit don chófra, agus gheobhaidh tú an áit don chófra ar ndóiche, agus fágfaidh na buachaillí thíos é, agus ná bíodh eagla ar bith ort ná beidh scéal na bolóige agamsa roimhe mhaidin."

D'imigh sé síos chuig (n)a dhearthair agus d'iarr sé áit don chófra. Dúirt sé go rabh páirtí inteacht le theacht chun an toighe agus go rabh an cófra sa chasán. Dúirt an fear thíos ar ndóiche go rabh neart fairsingní[148] ansin aige.

D'imigh an peidléir lena ghnoithe fhéin ar maidin ar scor ar bith. Thug siad síos an cófra tráthnóna, agus tháinig an peidléir ar ais.

"Cé has a dtáinig an cófra sin?" a deir sé. "Shíl mé nach rabh sé ansin nuair a d'imigh mé."

"Cófra le fear an toighe sin thuas," a deir sé, "a chuir sé anuas ansin as an chasán. Is cosúil go bhfuil cruinniú de sheort inteacht le bheith aige anocht," a deir sé.

"Níl a fhios agam," a deir an fear eile, "caidé atá istigh ann?"

"Ó tá an glas air," a deir fear an toighe.

"Níl aon ghlas air nach bhfuil mise ábalta a fhoscailt,[149] ná bíodh eagla ort," a deir an peidléir. Bhí dórnán eochracha leis, agus ní rabh sé i bhfad uilig go léir gur bhain sé an glas den chófra. Nuair a bhain sé an clár den chófra bhí an chailleach ina suí istigh ins an choirnéal aige agus cnáimh mór feola aici dá ithe. Níor dhúirt sé caidé a bhí ins an chófra ach bheir sé greim ar an chnáimh agus sháith sé síos i sceadaman na caillí é. Chuir sé an glas ar an chófra ar ais ansin.

Ar maidin lá arna mhárach chuaigh na buachaillí síos fá choinne an chófra agus thug siad leofa é, agus nuair a tháinig siad chun an toighe agus an chófra leofa, agus baineadh an clár de bhí an chailleach tachtaithe. Bhí dhá oíche faire ar an chailligh ansin a bhí corr. Bhí an peidléir ag teacht achan oíche nuair a bhíodh an lá istigh aige. Tháinig sé an oíche i ndiaidh an chailleach a chur –

"Bhí dóigh an-mhaith orainn le cupla oíche," a deir sé, "ba mhaith an éadáil cupla oíche eile acu siúd."

[147] Ls.: 'toigh.
[148] Ls.: farrsaingní.
[149] Ls.: ábalta a fhoscal.

“Bhail creidim,” a deir fear an toighe, “go bhfuil tú réidh leis sin.”
“Ní bheadh a fhios agat,” a deir sé, “cé acu atá nó nach bhfuil.”
Ní rabh an roilig i bhfad ar shiúl uilig ins an áit ar cuireadh í. Ní dhearn an peidléir faic ach a dhul amach ar an doras, agus ar shiúl chun na roilige gur thóg sé an chailleach ar ais. Thug sé leis í agus d'fhág sé istigh i gcró muice a bhí ann í, agus ar maidin nuair a chuaigh siad isteach chun an chró a chur deis ar na muca, bhí sí istigh sa chró ar ais.
D'éirigh an-gháir ar ndóiche fán chailligh ar ais ansin. Dúirt an peidléir go rabh a fhios aige-san go maith caidé a bhí cearr léithi. Dúirt sé dá gcuireadh siad a sáith dá cuid fhéin léithi nach dtiocfadh sí ar ais.
“Bhail, más mar sin atá,” arsa fear an toighe, “caithfidh mise a sáith dá cuid fhéin léithi ná bíodh eagla ort.”
Cá bith a caitheadh an chéad dá oíche, caitheadh dhá oiread an dá oíche eile léithi. Ach cuireadh ar ais í, agus nuair a cuireadh d'imigh an peidléir agus thóg sé ar ais í. Thug sé leis ansin í, agus bhí an-stór aige a bhí lán mine agus achan seort, agus d'imigh sé agus d'fhoscail sé an doras, agus d'fhág sé ina seasamh suas í le bairille na mine. Chuaigh siad fá choinne mine ar maidin, agus fuair siad ansin an mhaidin sin í.
“Anois,” arsa an peidléir, arsa seisean, “nach bhfeiceann tú gu[r]b é an rud nár caitheadh a sáith dá cuid fhéin léithi, nuair atá sí ar ais ag mála na mine inniu!”
Ach cá bith a caitheadh léithi na hoícheannaí roimhe sin, caitheadh a sheacht n-oiread léithi dhá oíche eile. Cuireadh ar ais í ansin.
“Bhail anois,” a deir an peidléir, a deir sé, d'fhan sé an lá sin agus níor chorraigh sé, “tiocfaidh sí ar ais anois,” a deir sé, “fosta.”
“Ó ní féidir a rá,” a deir fear an toighe, “go dtiocfaidh sí feasta.”
“Tiocfaidh,” a deir sé, “agus mur bhfaighidh sibh fear lena coimheád ins an roilig anocht tiocfaidh sí ar ais.”
“Agus cé a dhéanfas sin?” a deir sé.
“Dhéanfaidh mise é,” a deir an peidléir, a deir sé. “Má bheir tú cúig phunta domhsa, ní fheicfidh tú aon amharc go brách uirthi, agus bairille mhór na mine istigh sa stór agat a fhágáil thíos ag do dhearthair atá ag fáil bháis leis an ocras. Ní fheicfidh tú aon amharc uirthi go brách má ní tú sin.”
“Dhéanfaidh mé sin agus oiread eile,” a deir sé, “dá n-iarrtá orm é.”
Thug sé na cúig phunta don pheidléir, agus fágadh thíos bairille na mine ag an deartháir.

Thug an peidléir na cúig phunta don deartháir in áit é fhéin á gcoinneáilt, agus ar maidin lá arna mhárach d'fhág sé slán agus beannacht ag an deartháir agus d'imigh sé leis, agus ní fhachaigh sé aon amharc air ón lá sin go dtí an lá inniu.

Scéal 17. <u>Jack agus Níon Rí an Domhain Thoir</u>

Bhail, bhí Rí in Éirinn aon am amháin, agus is fada ó bhí sé ann. Bhí triúr mac aige. Billy a bhí ar fhear acu, agus John a bhí ar an fhear eile, agus Jack a bhí ar an fhear óg. Nuair a d'éirigh siad suas ina mbuachaillí, bhí an bheirt a ba sine acu ina ndaoiní an-mhóra agus ina ndaoiní an-ghalánta, ach ní rabh súil Jack ariamh ar ghalántas, ach bhí sé ar shiúl ag slathaíocht leis agus ag obair.

Rinn siad amach aon am amháin nach stadfadh siad go mbeadh siad thall ag Rí na Sasan go bhfeicfeadh siad caidé an cineál gléas suí a bhí air. Mhothaigh Jack iad ag caint air agus nuair a bhí siad ag gléas le himeacht rinn sé amach go mbeadh sé fhéin leofa. Rinn siadsan amach nach mbeadh nó go náireochadh sé iad, an cineál sothaí duine a bhí ann. Nuair a bhí siad ag imeacht ar scor ar bith lean Jack iad, agus nuair a bhí siad giota maith ar shiúl, d'amharc fear acu ina dhiaidh.

"*Begora*," a deir sé, "tá sé ár ndiaidh."

"Caidé a dhéanfas muid leis?" arsa an fear eile.

Bhí siad ag gabháil thart ag áit a rabh muileann.

"Ceanglóchaidh muid de chloch de chuid an mhuilinn é," a deir sé, "agus fágfaimid ansin é."

Rinn, agus d'imthigh. Nuair a chuaigh siad giota maith eile, d'amharc fear acu ina dhiaidh, agus bhí Jack ag teacht agus an chloch leis.

"Tá sé ag teacht ar ais," arsa fear acu.

"Tá," arsa an fear eile, "agus dá ndéanaimist an ceart leis agus a cheangal de bheirt," a deir sé, "ní bheadh sé ábalta coradh."

Bhail caidé a bhí ach iad ag gabháil thart san am ag muileann eile den tseort chéanna –

"Is maith mar a tharlaigh," arsa an fear eile, a deir sé, "tá muid in am go leor go fóill," a deir sé, "cuirfimid ceann eile anseo air," a deir sé.

Chuir. Cheangail siad den bheirt[150] ansin é.

D'imigh siad leo ansin, agus nuair a bhí siad chóir a bheith ag tarraingt ar an bhád, d'amharc fear acu ar an bhealach ina dhiaidh agus caidé a tí sé ach Jack ag teacht agus an bheirt leis.

"Caidé a dhéanfaimid anois leis?" a deir fear acu, "tá sé ag teacht agus an bheirt leis."

[150] Ls.: Cheangail siad do'n bheirt.

“Tá,” a deir an fear eile, “caithfimid é fhéin agus ceann acu amach san fharraige.”
Bhain siad de ceann acu, agus bheir siad air fhéin agus ar an cheann eile, agus chaith siad amach san fharraige é. Chuaigh an bheirt ar an bhád, agus nuair a bhí siad ag *land*áil isteach thall, thóg Jack a cheann aníos as tóin an bháid agus an chloch leis.
“Ní dhearn sibh móran stad uilig orm,” a deir sé.
Bhail maith go leor, thug siad leo ansin é, nó rinn siad amach go rabh sé comh maith acu sin a dhéanamh leis agus culaith éadaigh a cheannacht dó agus a rá gur buachaill fastoidh a bhí ann a bhí leo. Rinn siad sin, agus níor stad siad ansin go dtí go rabh siad ag Rí na Sasan. D'fhiafraigh an fear sin díofa caidé rud iad nó cá fhad a tháinig siad, agus dúirt siad leis gurbh iad clann Rí na hÉireann iad, agus gur seo buachaill fastoidh a bhí leofa. Bhí oiread lúcháire ansin roimh an bhuachaill agus a bhí rompu fhéin.
Bhí go breá, chaith siad cupla lá ansin ag gabháil thart, agus bhí mac mór ag éirí suas ag Rí na Sasan, agus lá amháin thoisigh sé fhéin agus Billy a dhiospóireacht, agus bhuail Billy buille air agus chnag sé é. Shuigh cúirt ar an bhomaite fán rud a bhí déanta ag an fhear sin, agus cuireadh chun an phriosúin é[151] lá agus bliain.
Nuair a chonaic John caidé mar a bhí, rinn sé amach nach rachadh sé abhaile go bhfeicfeadh sé caidé an cineál suíocháin a bhí ar Rí na Spáinne. D'imigh sé, agus Jack leis, agus níor stad sé go dteachaigh sé chun na Spáinne. D'fhiafraigh an fear sin de cá fhad a tháinig sé nó cé hé fhéin,[152] agus d'inis sé dó gurbh eisean Mac Rí na hÉireann agus gur seo buachaill fastoidh a bhí leis. Bhí lúcháir mhór rompu ansin, agus bhí oiread lúcháire roimh an bhuachaill agus a bhí roimhe fhéin.
Chaith siad seal fada ansin, agus bhí mac mór ag Rí na Spáinne, agus chuaigh sé fhéin agus John lá amháin a dhiospóireacht, agus bhuail sé buille ar an fhear thall agus chnag sé é. Shuigh cúirt ar an fhear sin fosta, agus fuair sé lá agus bliain de phríosúntacht.
D'fhan Jack ansin ag timireacht leis agus ag obair leis. Ní rabh sé lá ar bith ina chónaí agus ní rabh duine ar bith fán teach a rabh meas ag bean Rí na Spáinne air ach é. Nuair a bhí sé tamallt ann thigeadh sí chuige gach uile lá go ndéanadh sí comhrá fada leis, ach tharlaigh sé go deireanach go rabh sí seachtain nach dtáinig sí ar chor ar bith. Tháinig sí go deireanach aon lá amháin.
“Bhail shíl mé,” a deir Jack, a deir sé, “go rabh rud inteacht contráilte. Níor ghnách leat a bheith an fad sin gan a theacht a chomhrá liom.”

151 Ls.: í.
152 Ls: cé é fhéin.

"Maise bhí," a deir sí, "traidhfil beag. Bhí duine clainne agamsa ó shin," a deir sí.
"Ó bhail, is maith sin," a deir Jack, a deir sé.
"Ó caidé an mhaith atá ann?" a deir sí, "goideadh uaim é," a deir sí.
"An bhfuil sin fíor?" a deir Jack.
"Tá cinnte," a deir sí.
"Bhail," a deir Jack, a deir sé, "ní chodlóchaidh mise dhá oíche in aon teach amháin," a deir sé, "nó ní íosfaidh mé dhá thráth bidh den aon tábla go bhfaighidh mé amach cé a ghoid é."
"Ó leoga," a deir sí, "creidim nach bhfaighinn tú a choíche é."
D'imigh Jack, agus d'imigh leis. De réir[153] mar a bhí sé ag gabháil chun tosaigh bhí sé ag cur tuairisceacha dá bhfaigheadh sé amach dadaí fá dtaobh de.[154] Ní rabh sé ag fáil dadaí amach ar scor ar bith. Tráthnóna amháin go deireanach chuaigh sé a fhad le seanduine a bhí ag gabháil an bealach mór agus ualach maidí leis.
"Má tá i bhfad agat leis sin a thabhairt," a deir sé, "a dhuine mhodhúil, t'eagla orm go sáróchaidh sé ort."
"Tá giota maith maise," a deir an seanduine, a deir sé.
"Bhail," a deir sé, "bain díot é, agus bhéarfaidh mise giota é."
Bhain an seanduine de an t-ualach agus chuir Jack air é, agus níor lig sé de é go dteachaigh sé go binn theach an tseanduine.
"Anois," a deir an seanduine, "ní rachaidh tú tharamsa go maidin."
"Bhail," a deir Jack, a deir sé, "is beag a d'iarrfadh orm é." Stop sé ag an tseanduine go maidin agus d'inis sé brí a shiúil dó.
"Bhail tím," a deir an seanduine, a deir sé, "an méid cuidithe a thig liomsa a thabhairt duit dhéanfaidh mé é, agus níl i bhfad agat le dhul uilig anois go bhfaighidh tú amach fá dtaobh de. Tá an páiste sin anois ag bean[155] Rí an Domhain Thoir, agus níl sin i bhfad uilig go léir ó seo," a deir sé. "Tá sí fhéin ina codladh anois," a deir sé, "dá mbítheá ann, agus ní mhusclóchaidh sí ar feadh an fhad seo de dh'am." Agus bhí dáta fada ann.
"Gléasfaidh mise amárach thú," a deir sé, "agus ní bheidh sé i bhfad go rabh tú ansin."
An maidin lá arna mhárach nuair a d'éirigh siad ghléas sé suas Jack, agus bhí claíomh mhaith aige agus thug sé dó an chlaíomh.

153 Ls.: Dá réir.
154 Ls.: a' cur tuairisceacha a bhfuighead sé amach dadaidh á thá dtaobh de. Deir Hughes (1994, 635), "**5.16** Maidir leis an **ainmneach iolra** i gCúige Uladh ... (d) Is minic an foirceann *-eacha(í)* in úsáid."
155 Ls.: nighean.

"Anois," a deir sé, " ní bhfaighidh tú trioblóid ar bith ach nuair a rachas tú a fhad leis an chaisleán," a deir sé, "tá balla thart fá dtaobh de," a deir sé, "agus tá geafta air, agus tá *bulldog*[156] taobh istigh don gheafta atá ag coimheád na háite agus má gheibh tú thaire an *b*h*ulldo*i*g*," a deir sé, "ní bheidh moill ort ó sin amach. Má gheibh tú thaire an *b*h*ulldo*i*g*," a deir sé, "nuair a rachas tú isteach, tá naoi *room* agus fiche romhat sula bhfaighidh tú a fhad leis an áit a bhfuil sise ina luí. Níl *room* ar bith a bhfuil ann nach bhfuil cailín ina suí ag an doras ann, agus fiafróchaidh gach uile cheann acu duit, 'an mise atá de dhíobháil ort?' Ná lig thusa dadaí ort fá dtaobh daofa."

B'fhíor é. D'imigh sé leis, agus nuair a chuaigh sé a fhad leis an gheafta, agus bhí an *b*h*ulldog* ansin mar a dúirt an seanduine. D'ionsaigh sé fhéin agus an *b*h*ulldog* a chéile, agus nuair a bhí sé siar tráthnóna ní rabh ag Jack a teicheadh, agus má theich sé fhéin níor imigh sé sábháilte. Tháinig sé ar ais an oíche sin a fhad leis an tseanduine, agus bhí sé uilig stróctha millte.

"Tím," a deir an seanduine, "d'éirigh do shiúl go holc leat."

"D'éirigh leoga," a deir Jack.

"Glac d'am," a deir an seanduine, "agus leigheasfaidh mise thú." Thug sé leis buidéal íocshláinte agus cleite, agus thoisigh sé agus chumail sé suas é an uile[157] áit a rabh Jack loite, agus ba ghairid go rabh Jack comh maith agus a bhí sé a chéaduair.

Ar maidin lá arna mhárach, bhí sé ag imeacht ar ais, agus nuair a chuaigh sé a fhad leis an gheafta agus d'fhoscail sé é, bhí an *b*h*ulldog* ansin an lá sin fosta. Thug sé fhéin agus an *b*h*ulldog* aghaidh ar a chéile. I dtrátha an ama chéanna nó b'fhéidir níos luaithe, b'éigean dó teicheadh an lá sin, agus bhí sé comh holc agus a bhí sé an chéad lá, agus tháinig sé ar ais ionsar an tseanduine.

"Tím," a deir an seanduine, "tá ag éirí go holc leat."

"Níl sé ach go measartha," a deir Jack.

Ghléas sé suas an oíche sin ar ais é, agus ar maidin lá arna mhárach bhí sé comh maith agus a bhí ariamh.

"Bhail," a deir sé, "caithfidh sé nach bhfuil tú ag baint feidhm as mo chlaímh ar an dóigh cheart. Tá rud inteacht in mo chlaímh-sa nach bhfuil tú ábalta a bhaint aisti."

Ghléas sé suas an chlaíomh agus thug sé dó í. D'imigh sé leis an lá sin ar ais, agus nuair

---

[156] Is focal baininscneach é an focal Béarla '*bulldog*' mar a fhaightear sa scéal seo é, ie. 'an *b*h*ulldog*' agus 'thaire an *b*h*ulldo*i*g*.'

[157] Ls.: eile.

a chuaigh sé taobh istigh den gheafta bhí an *bhulldog* ansin roimhis, agus thug an bheirt a n-aghaidh ar a chéile.  Bhí sé ag gabháil daoithe an lá sin gur chaith sé an ceann daoithe.  Chuaigh sé isteach ansin, agus b'fhíor é, nuair a chuaigh sé isteach, bhí na cailíní ann ina seasamh ag na dorsa mar a dúirt an seanduine.  Níor lig Jack air dadaí fá dtaobh daofa, ach shiúil sé leis go dtáinig sé a fhad leis an áit a rabh sise ina luí, agus bhí páiste ina luí taobh thiar daoithe sa leabaidh.  Bhí *room* an-ghalánta ann, agus má tógadh ina shlathaigh fhéin é bhí léann maith aige ar scor ar bith.  Chonaic sé buidéal in airde ann, agus bhí sé priontáilte air dá mbeadh dhá mhíle fear ag ól as i rith lae, go mbeadh oiread ann tráthnóna agus a bheadh ar maidin.  Dar leis féin –

"Bhéarfaidh mé liom an buideál."  D'amharc sé thart agus chonaic sé fhéin an toirtín, agus bhí sé scríofa ar an toirtín dá mbeadh dhá mhíle fear á ithe i rith an lae go mbeadh oiread ann tráthnóna agus a bhí ar maidin.  Dar leis féin –

"Bhéarfaidh mé sin liom fosta."  D'amharc sé thart, agus chonaic sé fáinne óir den chineál seo a chuireas na mná ar chaol a láimhe, agus dar leis fhéin –

"Bhéarfaidh mé sin liom fosta."

Thug.  Rug sé ar an pháiste ansin agus chuir faoina ascaill é, agus níor stad go dtáinig sé ar ais ionsar an tseanduine.

Bhí lúcháir mhór ar an tseanduine nuair a tháinig sé ar ais agus an páiste leis.  Stop sé tamallt ag an tseanduine.  Rinn sé athrú comhairle go mb'fhéidir go mb'fhearr dó gan a bheith gaibhte a dtabhairt leis[158] na rudaí a thug sé as an teach –

"Seo fáinne óir a thug mé liom," a deir sé leis an tseanduine, "agus fúigfidh mé[159] agatsa é, agus má thig sí a choíche an bealach dá éileamh, ní bheidh agat ach é a thabhairt daoithe."

"Maith go leor," arsa an seanduine.

Thug sé dó é ansin, ach nuair a thug, caidé a rinn an *locket* a bhí air ach titim de, agus chónaigh[160] sé ina phóca.  Ach níor stad sé go rabh sé ag bean Rí na Spáinne agus an páiste leis.  Ní rabh a oiread lúcháire roimhe aon duine ariamh agus bhí roimhe Jack an lá sin.

Chaith sé seal fada eile ansin, agus bhíodh achan duine fán teach sin, agus ní rabh duine ar bith nach rabh a scéal éifeachtach fhéin aige.  Lá amháin bhí baicle mhór acu

---

[158] Ls.: gan a bheith guite a tabhairt leis na rudaí.

[159] "**fúig** = FÁG," (Ó Dónaill, 1977, 590), "**Fúigim**, a *var.* form of **fágaim** ...," (Dinneen, 1927, 496)

[160] Ls.: chomhnaidhe.

cruinnithe ann agus bhí achan duine acu ag inse a chuid éifeaicht fhéin, agus achan seort ab iontaí a chonaic sé –

“Bhail c[h]onaic mise,” a deir Jack, “rudaí i bhfad níos éifeachtaí nó an rud a bhfuil ceachtar agaibh ag caint air. Tá buidéal agamsa,” a deir Jack, “agus tá sé níos iontaí nó ceachtar acu.”

hIarradh air a thabhairt chun cinn, agus thug. Bhí sé le feiceáil acu fhéin ansin caidé na tréithe a bhí sa bhuideál. Dar le Rí na Spáinne gur mhaith an éadáil aige fhéin an buidéal.

“Caidé atá tú a dh'iarraidh air?” a deir sé, “agus coinneochaidh mise an buidéal uait.”

“Níl mé ag iarraidh dadaí air,” a deir Jack, “ach má ligeann tú mo dheartháir amach as an phríosún bhéarfaidh mé duit gan dadaí é.”

“Bhail ligfidh cinnte,” a deir sé.

“Anois,” a deir Jack, “má tá mé ag gabháil á thabhairt duit fhéin,” a deir sé, “tá mé ag gabháil á chur de dh'fhiachaí ort, má thig an bhean ar léithi é a choíche an bealach, agus í á chuartú, go gcaithfidh tú a thabhairt di.”

“Ó bhail, d[h]éanfaidh[161] mé sin cinnte,” a deir sé.

Ligeadh an buachaill amach as an phríosún ansin, agus nuair a bhí a gcuairt déanta acu tháinig siad ar ais go Sasain. D'fhan siad tamallt eile ansin. Bhíodh macasamhailt an chineáil chéanna thall cruinnithe ansin, agus gach uile dhuine acu ag inse a chuid éifeaicht fhéin.

Dúirt Jack go bhfacaigh seisean rud ní ba éifeachtaí, agus go rabh rud ní ba éifeachtaí aige fhéin nó an rud a rabh siad ag caint air.

“Tá toirtín beag aráin anseo agamsa,” a deir sé, “agus tá sé i bhfad níos éifeachtaí nó an rud a bhfuil sibh ag caint air.”

“Tabhair chun cinn é,” arsa siadsan. Thug. Chonaic siad ansin caidé an bhrí a bhí ins an toirtín.

Dar le Rí na Sasan –

“Dá dtigeadh cogadh ormsa a choíche nó a leithéid sin, ba mhaith an éadáil an toirtín seo agam.”

D'fhiafraigh sé de caidé a bheadh sé a dh'iarraidh agus go dtabharfadh seisean dó é.

“Ní iarrfaidh mé dadaí,” arsa Jack, arsa seisean, “má ligeann tú mo dheartháir amach as

[161] Úsáidtear an séimhiú anseo ar bhonn leanúnachais in úsáid fhoirm na haimsire fáistinigh den bhriathar 'déan' sna scéalta.

an phríosún."
"Dhéanfaidh mise sin," arsa an Rí.
"Bhail sula dtugaidh mé duit é," a deir sé, "tá mé á chur de dh'fhiachaí ort, má thig an bhean ar léithi é a choíche an bealach go dtabharfaidh tú daoithe é."
"Bhail dhéanfaidh mé sin fosta," a deir sé.
Ligeadh an deartháir amach as an phríosún ansin, agus nuair a bhí a gcuairt déanta acu rinn an triúr amach go dtiocfadh siad go hÉirinn ar ais. Chuaigh an bheirt ghalánta seo a chaint le chéile ar an bhealach caidé mar a bhí, agus rinn siad amach dá gcuirthí fearg ar bith a choíche ar Jack, agus é a dhul a chaint fán dóigh ar chuir siad isteach a fhad is bhí siad ag cuartaíocht go mbeadh siad náiríste a choíche. Dúirt fear acu leis an fhear eile caidé a dhéanfadh siad leis.
"Muirfimid é," a deir fear acu, "agus ní thiontóchaidh dadaí suas a choíche ansin de thairbhe a chuid comhrá."
"Bhail ná marbhaigí mise," a deir Jack, a deir sé, "agus imeochaidh mé liom agus ní phillfidh mé ar bhaile nó ar áit a choíche. Insígí sibhse gur imigh mé liom agus nach bhfuil a fhios agaibh dadaí fá dtaobh domh."
Bhail b'fhíor é. D'imigh Jack leis, agus tháinig an bheirt eile chun an bhaile, agus ní rabh Jack leofa, agus lig siad orthu nach bhfacaigh siad aon amharc air ó d'imigh sé.
Bhí go maith ansin, nuair a mhuscail bean Rí an Domhain Thoir, bhí an páiste ar shiúl. D'imigh sí a chuartú an pháiste agus an níon a ba sine aici léithi. Tháinig sí bealach an tseanduine, agus d'fhiafraigh sí den tseanduine ar mhothaigh sé[162] duine ar bith ag gabháil thart agus an páiste leis. Dúirt sé gur mhothaigh.
"Chuaigh fear thart anseo, agus an páiste leis," a deir sé, "agus seo an rud a d'fhág sé agamsa, agus d'fhág sé de dh'fhiachaí ormsa [d]á dtigtheá thart a choíche é a thabhairt duit."
"An bhfuil barúil ar bith agat," a deir sí, "cén áit a dteachaigh sé i ndiaidh seo a fhágáil?"
"Bhail d'fhág sé seo," a deir an seanduine "le tarraingt ar Rí na Spáinne."
"Tím," a deir sí, agus d'imigh sí léithi agus níor stad sí go rabh sí ag Rí na Spáinne. D'fhiafraigh sí den Rí ar mhothaigh sé an dteachaigh a leithéid de dhuine[163] thart.
"Chonaic," arsa Rí na Spáinne, "mé a leithéid ag gabháil thart cinnte. Seo rud a d'fhág

[162] Ls.: sí.
[163] Ls.: a leithéid 'e dhuine.

sé anseo," a deir sé, "agus chuir sé de dh'fhiachaí ormsa [d]á dtigtheá thart a choíche agus thú á chuartú, é a thabhairt duit."

"Bhail," a deir sí, "tá sin de dhíth orm fosta. Cá dteachaigh siad i ndiaidh seo a fhágáil?" a deir sí.

"Bhail d'fhág siad mise," arsa an Rí, "ar scór tarraingt ar Rí na Sasan."

D'imigh sí ansin agus níor stad sí go rabh sí ag Rí na Sasan, agus d'fhiafraigh sí ansin an dtáinig a leithéid de dhuine thart anseo agus dúirt sé[164] go dtáinig.

"Seo rud anseo a d'fhág sé ina dhiaidh," a deir sé, "agus d'fhág sé de dh'fhiachaí ormsa [d]á dtigtheá a choíche an bealach a bheith cinnte agus a thabhairt duit."

"Bhail tím," a deir sí, "tá sin de dhíth orm fosta. An bhfuil tuairim ar bith agat," a deir sí, "cá dteachaigh sé i ndiaidh seo a fhágáil?"

"Bhail d'fhág sé seo," a deir an Rí, "ar scór a dhul go hÉirinn."

D'fhág sí é sin ag tarraingt go hÉirinn agus, nuair a tháinig sí i dtír abhus, tharraing sí ar chúirt Rí na hÉireann. Dúirt sí ansin má bhí duine ar bith le fáil a ghoid a páiste, go dtabharfadh sise a níon a bhí léithi dó le pósadh. Dúirt fear de na diúlaigh ghalánta seo gurbh eisean a ghoid é.

"Bhail," a deir sí, "an bhfuil rud ar bith agat le taisbeáint,[165] sa dóigh a mbeadh a fhios agamsa gur tú a ghoid é?"

"Ó níl dadaí," a deir sé.

"Bhail ní tusa an fear a ghoid é," a deir sí.

Dúirt an fear eile gurbh é fhéin a ghoid é. D'iarr sí an rud céanna air sin, agus ní rabh a dhath aige-san le taisbeáint ach oiread le go dtiocfadh léithi déanamh amach gurbh é a ghoid é. Ach bhí siad ag teacht as achan chearn ar scor ar bith, achan duine acu ag déanamh gurbh é fhéin a gheobhadh níon Rí an Domhain Thoir le pósadh. Ní rabh fear ar bith ag teacht a bhí ábalta a fáil ar scor ar bith. Cé bith áit sa tír a rabh Jack, chualaigh sé fhéin iomrá air seo, agus dar leis go mb'fhéidir dá dtigeadh sé fhéin chun cinn go ndéanfadh sé an obair. Tháinig Jack, agus nuair a chonacthas Jack ag teacht bhí cruinniú mór daoiní i láthair, agus achan duine ag fiacháil an dtiocfadh leis fhéin a fáil. Bhí siad ag gáirí[166] ar an chineál duine a bhí ina Jack, agus ag magadh go bhfaigheadh breallán cosúil leis-sean níon Rí an Domhain Thoir. D'iarr sise cead an chasáin a

---

164 Ls.: sí.

165 Ls.: a bhfuil rud ar bith ag le teisbeaint.

166 Ls.: a' gáiridhe "**gáirí. 2:** *var. vn. of* GÁIR." (Ó Dónaill, 1977, 604).

thabhairt dó go mb'fhéidir gurbh é seo an duine ceart. Tháinig Jack, agus d'fhiafraigh sise de an rabh dadaí aige le taisbeáint a chruthóchadh gu[r]b é a thug leis an páiste.

“Níl dadaí,” a deir Jack, “ach sin.” Chuir sé a lámh ina phóca agus tharraing sé aníos an *locket*. “Anois,” a deir sé, “mur bhfuil sin ag géillstean duit níl dadaí eile agamsa.”

“Tá cinnte,” a deir sise, “agus tusa m'fhearsa.”

Pósadh Jack agus níon an Rí. D'imigh sí agus Jack léithi, agus níor stad siad go dteachaigh siad chun an Domhain Thoir, agus tá siad ina gcónaí go maith thoir ansin ón lá sin go dtí an lá inniu.

Scéal 18. Mac an Rí 7 an cailín nach dtearn obair ar bith ariamh

Bhail, bhí mac Rí ann i bhfad ó shin, agus is fada ó bhí, agus ní rabh sé ábalta bean ar bith a fháil a bhí ábalta an obair a dhéanamh a chuirfeadh a mháthair roimpi nuair a bhéarfadh sé leis í. Bhí sé ar shiúl leis ar fad, agus is iomaí ceann a chuir sí chun báis sula ligeadh sí ar shiúl iad.

Bhí sé lá amháin ag gabháil thart ag teach ann, agus mhothaigh sé an-chaoineadh istigh sa teach. Bhí cóiste leis agus trí nó ceathair de bheathaigh a tharraingt. Stop sé an cóiste agus chuaigh sé isteach. Bhí cailín sa teach, agus ní rabh ann ach í fhéin agus a máthair, agus ní thearn an cailín rud ar bith ariamh ar hiarradh uirthi, ba chuma caidé an rud é. An lá seo d'iarr an mháthair uirthi rud inteacht a dhéanamh, agus ní thearn sí greim de, agus nuair nach dtearn thúsaigh an mháthair uirthi, agus bhuail sí an-léabáil go brách uirthi. Phreab seisean den chóiste agus chuaigh sé isteach agus d'fhiafraigh sé caidé rud a bhí cearr anseo.

"Bhail tá," a deir an bhean, "sin giorsach agus b'éigean domh tosú uirthi inniu, agus a sáith[167] a bhualadh uirthi, nó bhí eagla orm nach stadfadh sí a dh'obair go dtí go marbhadh sí í fhéin."

"Bhail tím," a deir sé. Smaoitigh sé go bhféadfadh sí an obair a bhí ag a m[h]áthair le déanamh a dhéanamh. "An ligfidh tú liomsa í?" a deir sé.

"Ligfidh cinnte," a deir sí, "nó ní fhúigfidh sí seo a choíche go marbhaí sí í fhéin."

Chuir sé an ghiorsach isteach sa chóiste, agus tháinig abhaile an oíche seo agus í leis. Ar maidin lá arna mhárach bhí teach folamh thíos faoin teach, agus thug máthair an Rí óig leis síos an ghiorsach, agus chuaigh sí isteach chun an toighe, agus bhí ceann an toighe uilig go léir lán de olainn. Dúirt sí léithi mur mbeadh seo uilig cardáilte aici nuair a thiocfadh sise anuas a leithéid seo de dh'am tráthnóna, go gcuirfeadh sise chun báis ar maidin lá arna mhárach í.

An ghiorsach bhocht nach dtearn aon dath ariamh agus nach ndéanfadh dadaí a d'iarrfaí uirthi, bhí sí in áit chruaidh. Bhí sí anseo an lá seo, agus bhí sí ag caoineadh comh mór agus a bhí sí an lá roimhe sin ar scor ar bith. Bhí sí ag smaoitiú go gcuirfí chun báis í ar a leithéid seo de dh'am nuair nach rabh sí ábalta a dhath a dhéanamh. Níorbh fhada a bhí sí istigh sa teach uilig gur fosclaíodh isteach an doras. Tháinig bean isteach agus

167 Ls.: a sháith.

bhí dhá láimh uirthi a bhí comh ramhar le corp duine.
"Caidé an trioblóid atá ortsa?" a deir sí leis an g[h]iorsaigh.
"Ó tá trioblóid go leor orm," a deir sise, ag inse daoithe caidé mar a bhí.
"Bhail má bheir tú do bhainis domhsa," a deir sí, "réiteochaidh mé a bhfuil romhat inniu ar scor ar bith."
"Bhail ba bheag an rud domh sin a dhéanamh," arsa an ghiorsach, "más rud is go mbeidh a leithéid agam."
Thoisigh an bhean a tháinig isteach a chardáil agus thoisigh sí a chardáil, agus ní rabh sí i bhfad uilig ag cardáil gur thoisigh an cnap a dh'éirí beag. I bhfad i bhfad sula rabh am ag an tseanbhean a theacht anuas, bhí deireadh déanta ag bean na lámh mór agus bhí sí ar shiúl.
Tháinig sí sa deireadh, agus nuair a chonaic sí caidé a bhí déanta –
"Bhail," a deir sí, "chonaic mé cailíní go leor níos measa nó thú." Thug léithi suas chun an toighe í an oíche sin agus thug sí dóigh mhaith daoithe.
Ar maidin lá arna mhárach –
"Bhail," a deir sí, "ní rabh maith siúd a chardáil inné gan rud inteacht a dhéanamh inniu leis." Thug léithi síos í agus dúirt léithi mur mbeadh deireadh snímhte[168] aici nuair a thiocfadh sí anuas ar a leithéid seo de dh'am inniu, go gcuirfeadh sí chun báis ar maidin lá arna mhárach í. Bhí sí an lá sin comh holc agus a bhí sí a chéaduair, ach níorbh fhada uilig gur fosclaíodh isteach an doras. Tháinig bean isteach, agus bhí dhá chois ar an bhean seo a bhí comh mór le corp duine uilig.
"Caidé an trioblóid atá ort?" a deir sí leis an ghiorsaigh.
"Ó trioblóid go leor!" a deir an ghiorsach, ag inse daoithe caidé mar a bhí ó thús go deireadh.
"Bhail má bheir tú do bhainis domhsa," a deir sí, "b'fhéidir go réiteochainn duit inniu."
"Bhail ba bheag an rud domh sin a dhéanamh," a deir an ghiorsach, "dá bhfaighinn fhéin í."
Thoisigh sí sin a shníomh agus thoisigh sí a shníomh, agus ní rabh sí i bhfad uilig ag sníomh gur thoisigh an cnap a dh'éirí beag, agus roimhe leath an ama a rabh am ag máthair an Rí a theacht anuas, bhí deireadh snímhte[169] aici. D'imigh sí léithi ansin.
Tháinig sise an t-am a dúirt sí, agus d'amharc sí thart agus bhí sí breá sásta –

[168] Ls.: snaoimhte.
[169] Ls.: Ibid.

“Bhail tím,” a deir sí, “chonaic mé giorsachaí ag obair agam nach rabh leath comh maith leat.” Thug léithi an oíche sin í, agus thug gléas maith daoithe.

Ar maidin lá arna mhárach –

“Bhail ní rabh gar siúd a s[h]níomh inné,” a deir sí, “gan rud inteacht a dhéanamh leis inniu.” Thug léithi síos í ansin. “Bhail mur rabh a bhfuil de shnáth ansin fighte agat, agus é ina éadach agat nuair a thiocfas mise anuas anocht, cuirfidh mise chun báis thú ar maidin amárach.”

Bhí sin lán comh holc uirthi agus bhí sí i gcónaí, agus bhí sise comh buartha agus a bhí ariamh. Ach is cuma, ní rabh sí i bhfad uilig ann nuair a fosclaíodh isteach an doras. Tháinig bean isteach, agus bhí sé corr go brách síoraí an chloigeann a bhí uirthi. D'fhiafraigh sí seo caidé an trioblóid a bhí uirthi an lá seo.

“Ó tá mo sháith de bhuaireamh orm inniu,” arsa an ghiorsach ag inse daoithe caidé mar a bhí.

“Ó bhail,” a deir sí, “má bheir tú do bhainis domhsa ní fiú bearán sin. Réiteochaidh mise duit inniu.” Thoisigh sí ansin ar an tsnáth, agus ba ghairid an t-am uilig a bhí sí ag fí[170] go rabh gréasáin bháinín déanta aici a rabh míle ar fad in achan chionn acu. I bhfad sula rabh am aicise a dhul síos, bhí sí ar shiúl agus deireadh déanta.

Nuair a tháinig an t-am aicise a dhul síos, chuaigh sí agus d'amharc sí thart fá dtaobh daoithe –

“Bhail tím,” a deir sí, “bhí cailíní ag obair agamsa nach rabh leath comh maith leat.”

D'iarr an bhean a bhí ag an ghiorsaigh ag fí[171] an éadaigh –

“Abair léithise,” a deir sí, “nuair a thiocfas sí chugat anocht, abair léithi go bhfuil a mac bainte anocht agat.”

B'fhíor é nuair a chuaigh sí síos agus d'amharc sí thart, dúirt sí nach bhfacaigh sí aon oibrí giorsaí ariamh a bhí comh maith léithi.

“Bhail tím,” a deir an ghiorsach, “tá do mhac bainte agam inniu.”

“Tá cinnte,” a deir sise.

Bhí go maith, agus ní rabh go holc. In am inteacht faoin dá lá nó thrí ina dhiaidh sin chuaigh an ghiorsach suas agus pósadh í fhéin agus an Rí óg. Oíche na bainise ansin bhí lucht na bainise ina suí thart. Níorbh fhada uilig gur fosclaíodh isteach an doras, agus tháinig bean na lámh mór isteach. Níor aithin duine ar bith í, agus chuaigh an Rí é

[170] Ls.: a fighe.
[171] Ibid.

fhéin fad léithi, agus d'fhiafraigh sé daoithe –
“Caidé an cineál duine thusa,” a deir sé, “nó caidé an cineál cuma atá ar chor ar bith ort?”
“Ó bhail,” a deir sí, “nuair a bhí mise óg bhí mé i mo chailín dhóighiúil, agus choinnigh mo mháthair ag cardáil mé,” a deir sí, “gur at mé suas agus go bhfuil mé ins an chruth a bhfeiceann tú anois mé.”
“Bhail más mar sin atá,” a deir sé, “ní ligfidh mé do mo bhean aon dath a chardáil an dá lá a bheas sí beo.”
Tamall ina dhiaidh sin tháinig bean na gcos mór isteach. Níor aithin duine ar bith ise ach oiread. Chuaigh mac an Rí é fhéin chuici, agus d'fhiafraigh sé daoithe caidé an seort duine í nó caidé an chuma duine í ar chor ar bith.
“Ó bhail tá,” a deir sí, “nuair a bhí mise óg bhí mé ar chailín comh breá óg agus a gheobhthá in áit ar bith, agus choinnigh mo mháthair ag sníomh mé gur éirigh mó dhá chois comh mór agus a tí tú iad anois.”
“Bhail más mar sin atá,” arsa an fear óg, “ní ligfidh mise do mo bhean aon dath a shníomh an dá lá de shaol a bheas aici.”
Ba ghairid ina dhiaidh sin go dtáinig bean[172] an chinn mhóir isteach. Níor aithin duine ar bith í seo ach oiread, ach chuaigh seisean chuici, agus d'fhiafraigh sé daoithe caidé an seort duine í nó caidé an seort cuma a bhí uirthi ar scor ar bith.
“Bhail nuair a bhí mise óg,” a deir sí, “bhí mé i mo chailín bhreá dhóighiúil, ach coinníodh i mo shuí síos ar sheol mé gur at mo cheann suas, agus go bhfuil an chuma orm a bhfeiceann tú anois mé.”
“Bhail más mar sin atá,” a deir seisean, “ní rachaidh mo bhean isteach ina seol nó i ndadaí den tseort an dá lá a bheas sí beo.”
D'fhan an triúr ag an bhainis go rabh sí thart ansin, agus bhí am breá acu. Nuair a bhí deireadh thart agus chuaigh na daoine ag scabadh, d'iarr an Rí óg agus a bhean ar an triúr seo fanacht acu, agus nach ligfeadh siad aon chaill orthu a fhad agus a bheadh siad beo. D'fhan agus bhí saol neamhbhuartha acu uilig go léir i gcionn a chéile go bhfuair siad bás.

[172] Ls.: fear.

Scéal 19. <u>An Gobán Saor</u>

Chualaigh muid an seanbhunadh a rá go minic gur in áit inteacht thuas i gConnachta a bhí an Gobán Saor ina chónaí. Saor cloiche agus adhmaid a bhí ann, agus chualaigh muid go minic gur de Chlainn Uí Dhuibhir é. Níl aon áit ar fud na tíre go dtí an lá inniu a bhfuil siad, nach bhfuil siad dea-lámhach, agus níl seort ar bith i ndéanamh toighe nach dtig leofa a dhéanamh. Tá siad siar anseo fá na Gleanntaí againn fhéin, agus iad uilig ina saoir agus ina gcearpantóirí. Tá siad suas fá Dhroim an Róin agus thart fríd pharáiste Inbhir uilig agus iad ina saoir, agus níor chualaigh mé trácht ar mhuirín ar bith acu ariamh nach rabh saor nó cearpantóir inti. Thug siad uilig an dúchas ón Ghobán tSaoir.

Bhí an Gobán ina an-saor, mar a dúirt mé, agus chuaigh a chliú ar fud an domhain uilig. Chualaigh Rí na Sasan fá dtaobh de, agus bhí caisleán mór le déanamh aige fhéin, agus smaoitigh sé go gcuirfeadh sé fána choinne go ndéanadh sé an caisleán dó. Bhí mac ag an Ghobán a bhí chóir a bheith comh maith leis fhéin, agus ní rabh sé comh críonna leis an athair, agus bhíodh sé leis thall is abhus nuair a bhíodh sé ag déanamh na dtoithe móra seo. Fuair sé cuireadh ó Rí na Sasan a dhul anonn go dtógadh sé an cáisleán dó. Bhí airgead mór aige le fáil as an chaisleán a dhéanamh, ach chaithfeadh an caisleán a bheith ar dhóigh nach mbeadh aon cheann eile ar an tsaol cosúil leis. Bhí a fhios ag an Ghobán nach mbeadh moill ar bith air sin a dhéanamh. Ghléas an bheirt orthu agus d'imigh siad ag tarraingt ar B[h]aile Átha Cliath, an áit a bhfaigheadh siad bád a bhéarfadh go Sasanaigh iad. Bhí an turas an-fhada, agus ní rabh ann ach an siúl ar fad ins an am sin. D'imigh siad leofa, agus nuair a bhí siad giota maith ó bhaile stad an fear óg a chaint leis an tseanduine, agus ba léar leis go rabh an bealach an-f[h]ada.

"Nár chóir," arsa an Gobán leis an fhear óg, "go ngiorróchthá an bealach do sheanduine cosúil liomsa?"

"An bealach a ghiorrú!" arsa an mac, "caidé an dóigh a dtiocfadh liomsa an bealach a ghiorrú duit? Ar ndóiche tá sé comh gairid agatsa agus atá sé agam fhéin."

"Ó bhail más mar sin atá," arsa an t-athair, "tá sé comh maith againn pilleadh ar ais abhaile."

Phill an bheirt, agus nuair a chonaic bean an Ghobáin iad ag teacht, reath sí amach ina n-aircis le hiontas, agus d'fhiafraigh sí den mhac caidé a thug orthu pilleadh.

"Inseochaidh mise sin duit," arsa an mac, "nuair a d'éirigh sinn tursach ag siúl d'iarr m'athair ormsa an bealach a ghiorrú dó, agus ní tháinig liomsa smaoitiú ar dhóigh ar bith a dtáinig liom sin a dhéanamh mur gcuirinn ar mo mhuin é, agus bhí sé róthrom agam leis sin a dhéanamh."

"Ó ba dona thú nár smaoitigh ar dhóigh eile," arsa sise, "agus an siúl fada sin a shábháil duit fhéin."

"Caidé mar a dhéanfainn é?" arsa an mac.

"Ó tá," arsa sise, "ní rabh tú gan seanscéalta go leor, agus [d]á dtoiseochthá agus scéal Oisín i ndiaidh na Féinne a inse do d'athair, bheitheá istigh thuas i mBaile Átha Cliath sula mbeadh sé insíste agat, agus ghiorróchthá an bealach mar sin."

"Bhail níor smaoitigh mé ariamh air sin," arsa an mac.

Bhí go maith, ar maidin lá arna mhárach d'imigh an bheirt ar ais, agus shiúil siad leo, agus nuair a bhí siad i dtrátha an fad céanna, d'iarr an t-athair air an bealach a ghiorrú dó, agus thoisigh an mac ar scéal Oisín i ndiaidh na Féinne, agus bhí an bheirt istigh thuas ag an bhád i mBaile Átha Cliath sula rabh an scéal críochnaithe aige. Níor mhothaigh an Gobán an bealach ar an dóigh sin.

Chuaigh siad i gcionn an chaisleáin, agus ba ghairid ar chor ar bith a bhí siad ag gabháil dó go rabh sé déanta acu, ach rud beag inteacht a bhí le cur ar a chionn nach rabh ar c[h]aisleán ar bith eile ar an tsaol ach é fhéin. Nuair a bhí sé an fad seo ar aghaidh aige, tháinig an Rí chun cainte leis aon lá amháin, agus dúirt sé gur bhreá agus gur dheas an teach a bhí déanta aige.

"Is breá," arsa an Gobán, "ach mur bhfaighidh mé gléas atá sa bhaile in Éirinn agam ní bheidh mé ábalta díon a chur ann go brách."

"Ó bhail," arsa an Rí, "ní bheidh moill orainn sin a fháil. Cuirfidh mise mo mhac fhéin fána choinne ar maidin amárach."

"Ní bheadh do mhac ábalta a thabhairt chugam," arsa an Gobán, "agus caithfidh mise mo mhac fhéin a chur leis fosta."

"C'ainm a bheir tú ar an ghléas seo atá de dh'fheidhm ort?" arsa an Rí.

"Tá," arsa an Gobán, "sé an t-ainm a bheir muid air, cor in aghaidh an c[h]aim, agus cam in aghaidh an choir. Níl ag mo mhac ach inse do mo bhean go bhfuil sé istigh sa chófra mhór atá sa *room*."

Bhí go breá, ar maidin lá arna mhárach scaoileadh an bheirt chun siúil, agus cá bith fad

a bhí siad ar an bhealach, creidim nach rabh aon deifre mhór orthu, bhain siad teach an Ghobáin amach in Éirinn. Ní nach ionadh, bhí an-iontas ar bhean an Ghobáin nuair a chonaic sí a mac fhéin, agus mac Rí na Sasan ag teacht, agus gan an Gobán leofa. Bhí a fhios aici ina croí go rabh rud inteacht cearr. Nuair a thug sí faill daofa greim a ithe agus a scríste a dhéanamh, d'fhiafraigh sí díofa caidé an siúl a rabh siad ann, agus gan an Gobán é fhéin leofa.

"Tá maise," arsa mac Rí na Sasan, "inseochaidh mé sin duit. Tá gléas inteacht ag d'fhear anseo atá de dhíth air anonn le díon a chur sa chaisleán atá déanta aige do m'athair, agus chuir sé sinne anall fána choinne."

"Ar inis sé daoibh[173] c'ainm é, nó caidé an seort a bhí ann?" arsa bean an Ghobáin.

"D'inis maise," arsa mac an Rí, "ach ní cuimhneach liomsa c'ainm a thug sé air. Beidh a fhios ag do mhac fhéin é."

"Tá maise," arsa an mac, "sé an t-ainm a thug sé air cor in aghaidh an chaim, agus cam in aghaidh an choir!"

"Ó bhail ní bheidh moill ar bith ormsa sin a fháil duit," arsa bean an Ghobáin. "Tá sé sa chófra thíos ins an *room*."

Chuaigh sí síos go bhfaigheadh sí é, agus chuaigh mac an Rí síos ina diaidh go gcuidíodh sé léithi an gléas seo a thógáil amach as an chófra, agus ba mhaith an mhaise daoithese é nuair a fuair sí crom isteach sa chófra é, bheir sí ar a dhá chois, agus chaith sí isteach sa chófra é –

"Seo anois," a deir sí, "luigh ansin go dtigidh m'fhearsa abhaile!"

Chuir sí scéala anonn ansin nach ligfí anonn mac an Rí go dtigeadh an Gobán slán abhaile. Ligeadh anall é ansin, agus ligeadh anonn mac an Rí, agus ón lá sin go lá a bháis ní dhearn an Gobán aon c[h]aisleán i Sasanaigh.

Bhí a fhios ag an Ghobán go maith go gcuirthí chun báis é fhéin agus a mhac nuair a bheadh an caisleán críochnaithe acu ar eagla go ndéanfadh siad ceann ar bith eile cosúil leis, agus nuair a chuir sé an teachtaireacht anall bhí a fhios ag an bhean go maith go rabhthar ag gabháil a gcur chun báis, agus badh é sin an fáth ar choinnigh sí mac an Rí abhus.

[173] Ls.: díbh.

Scéal 20. Bilí 7 an Tarbh

Bhail, bhí fear ann fada ó shin, agus is fada ó bhí, agus ní rabh aige ach gasúr beag amháin dhe mhuirín, go dtí go bhfuair a bhean bás. Bhí an fear óg, agus dálta mar a rinn go leor comh maith leis, ba ghairid gur pósadh ar ais é.

Bhí go maith, d'éirigh an gasúr suas, agus é in innimh a dhul amach go maith, rugadh gamhain ann, agus nuair a bhí an gamhain sa mhéid a rabh sé ábalta a chuid a ithe amuigh, ní dhéanfadh an gasúr dadaí ach ina shuí ag an ghamhain. Bhí an gamhain ag éirí mór agus bhí an gasúr ag éirí mór. Rinn an bhean amach go gcuirfeadh sí an gasúr ón ghamhain ar scor ar bith. Bhí sé ag éirí suas ionann is ina bhuachaill ins an am. Bhí an gamhain fosta comh mór agus a bheadh sé san am sin, agus bhí sé ina an-tarbh.

Chuaigh sise, an leasmháthair, ionsar chailleach phisreogach a bhí san áit go bhfaigheadh sí amach caidé an dóigh ab fhearr le cur eadar an stócach agus an tarbh, agus dúirt sí sin léithi nuair a rachadh sí abhaile í a dhul a luí agus ligean uirthi go rabh sí ag fáil bháis, agus nach rabh rud ar bith lena leigheas ach giota de chroí an tairbh.

Bhí caint ag achan seort ins an am, agus cá bith dóigh chualaigh an stócach go rabh an tarbh le marbhadh. Dúirt sé leis an tarbh aon lá amháin –

"Cluinim iad ag caint," a deir sé, "go bhfuil tusa le marbhadh, agus go bhfuil bean an toighe le héirí tinn agus nach bhfuil dadaí lena[174] leigheas ach giota de do chroí-sa."

"Bhail cá bith am a mbeidh mise le marbhadh," a deir an tarbh, "tar thusa le scéal chugamsa agus inis domh é ar scor ar bith."

Ach b'fhíor é, bhí siad ag gléas maidin amháin leis an tarbh a mharbhadh, agus nuair a chonaic an stócach go rabh, d'imigh sé an méid[175] a bhí ina chorp, agus d'inis sé dó caidé mar a bhí –

"Tá siad ag gléas le do mharbhadh inniu," a deir sé leis an tarbh.

"Bhail maith go leor," a deir an tarbh.

Chuaigh cupla fear amach fá choinne an tairbh, agus tháinig siad isteach agus an tarbh leofa. Tháinig sise amach, le mhéad is a bhí de lúcháir uirthi, go bhfeicfeadh sí an tarbh á mharbhadh. Ach nuair a thug siad iarraidh breith ar an tarbh, d'éirigh an tarbh chun airde, agus ar a theacht anuas dó, chuir sé a adharc fríd chorp na mná agus mharbh sé í.

[174] Ls.: le do léigheas.

[175] Ls.: d'imthigh sé an mhéid.

Bhí buaireamh mór fán teach sin, agus d'imigh an tarbh leis ansin.
“Tá sé comh maith agatsa a bheith liom fosta,” a deir sé leis an stócach. D'imigh an bheirt leo, an tarbh agus an buachaill. Bhí siad ag siúl agus ag siúl leo, i bhfad agus i bhfad, agus fá dheireadh mheas an tarbh go rabh ocras ag teacht ar an stócach.
“Tá sé comh maith againn suí anseo tamall, go n-ithimid greim,” arsa an tarbh.
“Níl caill ar bith ocrais ormsa go fóill,” a deir an stócach.
“Ó bhail,” arsa an tarbh, “nuair atá an suaimhneas againn anseo, tá sé comh maith againn suí agus greim a ithe.”
D'iarr sé ar an stócach a mhéar a chur ina chluais agus amharc an bhfaigheadh sé dadaí ann. Chuir, agus fuair sé éadach in adhairc an tairbh –
“Bhail spréigh sin ar an talamh anois,” a deir an tarbh, “go bhfeicfidh tú an dtiocfaidh dadaí chugat.”
Spréigh, agus ní rabh an t-éadach ar an talamh i gceart go rabh bia agus deoch agus achan rud a rabh de dhíobháil ar an stócach ar an éadach. Shuigh sé ansin agus d'ith sé a sháith. Nuair a bhí a sháith ite ólta aige ansin, chuir sé an t-éadach san áit chéanna a bhfuair sé é, agus d'imigh siad leofa.
“Bhail anois,” a deir sé, “ tá tarbh le bheith ina leithéid seo de dh'áit amárach,” a deir sé, “agus caithfidh mise a dhul go dtí go dtroididh mé an tarbh sin.”
“B'fhéidir go mb'fhearr duit gan a ghabháil,” a deir an buachaill leis.
“Níl gar ann,” a deir sé, “caithfidh mise siúd a dhéanamh.” Tharraing sé ar an áit a rabh an tarbh lá arna mhárach, agus thúsaigh an troid, agus thiar tráthnóna mharbh an tarbh a bhí leis an stócach an tarbh eile. Shiúil siad leofa ansin.
“Bhail,” arsa an tarbh, “tá tarbh eile le bheith ina leithéid seo de dh'áit amárach agus caithfidh mé a ghabháil ansin fosta go dtroididh mé an tarbh sin.”
B'fhíor é, rinn sé sin, agus thiar tráthnóna mharbh tarbh Bhilí é sin fosta.
“Bhail anois”, a deir sé, “caithfidh mé a ghabháil ina leithéid seo de dh'áit amárach an áit a bhfuil tarbh eile go dtroididh mé leis fosta,” a deir sé, “agus an tarbh seo a bhfuil muid ag gabháil a tharraingt air amárach, muirfidh sé mise.” Ach ní rabh Bilí sásta é tarraingt ar an tarbh sin ar scor ar bith.
“Ó bhail caithfidh mise,” a deir sé, “siúd a dhéanamh. Nuair a bheas mise marbh,” a deir sé, “feann thusa giota den chraiceann ó mhullach mo chinn[176] go barr mo rubaill

[176] Ls.: ó mhullaigh mo chinn.

agus déan beilt de," a deir sé, "agus a fhad is bheas an bheilt ort," a deir sé, "beidh tú comh láidir le míle fear."

B'fhíor é. Chuaigh sé a fhad leis an tarbh lá arna mhárach, agus thúsaigh an cath, agus siar tráthnóna marbhadh tarbh Bhilí. Bhí Bilí gearrbhuartha ansin nuair a chonaic sé an tarbh marbh. Rinn sé amach ar scor ar bith go ndéanfadh sé an rud a hiarradh air agus d'fheann sé giota den chraiceann ó mhullach a chinn go barr a rubaill. Theann sé thairis é agus rinn sé beilt de.

D'imigh sé leis ansin, agus ní dheachaigh sé i bhfad gur chas fear dó. D'fhiafraigh sé de cén áit a rabh sé ag gabháil.

"Tá mé ag imeacht a chuartú fastoidh," arsa an stócach.

"Bhail is maith mar a tharlaigh ar a chéile sinn," arsa an fear. "Tá mise ar lorg buachalla." Rinn siad an margadh –

"Bhail tá sé comh maith agam an fhírinne a inse duit," arsa an fear, "ní bhfuair mé aon bhuachaill leis an fhad seo de dh'am nár marbhadh uilig sula mbeadh siad lá agam."

"Ó bhail, b'fhéidir go rabh mórán de sin le déanamh acu fhéin," arsa Bilí. "Rachaidh mise leat ar scor ar bith, go bhfeicfidh mé caidé mar a éireochas liom. Caidé a bheas agam le déanamh?" arsa Bilí.

"Tá maise," a deir an máistir, "ní bheidh agat ach trí ba atá agam agus trí haisle, agus trí gabhair, a chur isteach chun na coilleadh agus a gcoimheád go dtigidh an oíche, agus a theacht abhaile tráthnóna agus iad a bheith leat."

"Níl do chuid oíbre trom," arsa Bilí.

Chuaigh sé abhaile leis an mháistir, agus ar maidin lá arna mhárach, d'imigh sé amach chun na coilleadh agus na trí ba, na trí haisle agus na trí gabhair leis. Níorbh fhada a bhí sé istigh sa choill go bhfacaigh sé fathach ag tarraingt air a rabh an domhan mór le feiceáilt eadar a dhá chois, agus gan dadaí le feiceáilt os cionn mhullach a chinn, bhí sé comh hard sin. Chuaigh sé fhéin agus Bilí chun láimhe le chéile agus níorbh fhada a sheasaigh sé do Bhilí gur tharraing sé faoina chosa é, agus gur mharbh sé an fathach.

Tráthnóna nuair a bhí an t-am na beathaigh a chur abhaile, tháinig sé agus na trí ba, na trí haisle, agus na trí gabhair leis ionsar an mháistir. Bhí iontas ar an mháistir nuair a chonaic sé Bilí ag pilleadh –

"Bhail tá lúcháir orm," a deir sé, "go dtáinig tú. Sin rud nach dtáinig aon bhuachaill ar ais chugamsa le mo chuid stoic leis an fhad seo de dh'am go dtí thú."

"Ó bhail," arsa Bilí, "nár dhúirt mé leat go mb'fhéidir go rabh mórán de sin le déanamh acu fhéin."

Bhí an máistir amuigh ag gabháil ó sholas dó agus ní rabh oíche ar bith nach n-éiríodh na trí fathaigh amach, agus nach ndéanadh siad trí gháire ag gabháil ó sholas dó.

"Níl a fhios agam caidé atá cearr," a deir sé, "níor mhothaigh mé aon gháire anocht ach beirt!"

"Níl a fhios agam," a deir Bilí, "ach d'fhéadfadh sé gur ina chodladh a bhí fear acu."

Chuaigh sé amach an darna lá agus an stoc leis, agus níorbh fhada a bhí go dtáinig fathach mór den chineál chéanna. Bheir an bheirt ar a chéile, agus níor sheasaigh sé i bhfad do Bhilí gur tharraing sé faoina chosa é. Tháinig abhaile tráthnóna agus a chuid stoic leis ar ais.

"Bhail tá mé ag dúil go n-éireochaidh leat," a deir an máistir, "nuair atá tú ag teacht anocht ar ais agus an stoc leat."

Chuaigh sé amach an oíche sin fosta.

"Bhail, tá rud inteacht cearr fán choill," a deir sé. "Níor mhothaigh mé anocht ach aon gháire amháin," a deir sé, "agus ba ghnách leis na fathaigh trí gháire a dhéanamh achan oíche go dtí cupla oíche."

"Nach bhfuil sin iontach!" a deir Bilí.

D'imigh sé leis amach an tríú lá, agus níorbh fhada a bhí sé amuigh ins an choill go bhfacaigh sé an fathach ag tarraingt air. Bheir an bheirt ar a chéile nuair a tháinig sé chuige, agus níor mhair sé sin aon dath ní b'fhaide nó an bheirt eile dó. Nuair a tháinig an t-am an stoc a thabhairt chun an bhaile, tháinig sé agus iad leis. D'imigh sé an ceathrú lá agus an mála leis agus an stoc, agus chuaigh sé isteach chun na coilleadh. Ní rabh eagla ar bith air an lá seo, agus shiúil sé leis isteach fríd an choill go bhfaca sé an áit a rabh an caisleán ag na fathaigh. D'fhoscail sé doras an chaisleáin agus chuaigh sé isteach, agus ní rabh áit ar bith a rabh sé ag gabháil nach rabh maoiseogaí óir agus maoiseogaí airgid fríd an chaisleán. Bhí éadaí crochta ann thall is abhus a chuirfeadh pléisiúr ort. Bhí scaifte beathaigh capall ann a chuirfeadh aoibhneas ort. Tháinig sé abhaile an oíche sin ar ais agus an stoc leis, agus bhí an-bhród ar an mháistir.

Bhí go maith, bhí níon ag an Rí[177] comhgarach don áit a rabh siad, agus lá arna mhárach bhí sé sa chinniúint aici go dtiocfadh anbheathach isteach ina leithéid seo de dh'áit, agus

[177] Ls.: bhí nighean ag nighean a' Rí.

chaithfeadh sí a bheith ar an tráigh go slugadh an t-anbheathach siar ina corp í, ach duine ar bith a bheadh ábalta a sábháil, bhí sí le fáil le pósadh aige, agus achan seort ab fhearr ná a chéile lena cois.

“Tá cruinniú mór le bheith ina leithéid seo de dh'áit amárach,” a deir an máistir, “níl a fhios agam an rachaidh tú ann?”

“Cá mbeinnse ag gabháil a fhad lena leithéid sin de chruinniú?” arsa Bilí.

“Bhail tá mise ag gabháil,” a deir an máistir, “[d]á dtéightheá liom.”

“Ní rachaidh mé ar chor ar bith,” a deir Bilí.

Ar maidin lá arna mhárach, thug Bilí leis a chuid stoic, agus d'imigh sé amach chun na coilleadh mar a rinn sé na laethe eile. Eadar an dá am d'athraigh sé a intinn agus smaoitigh sé gur cheart dó a dhul amach go bhfeicfeadh sé caidé a bheadh air. Nuair a chuaigh sé isteach chun na coilleadh, tharraing sé ar chaisleán na bhfathach, agus chuir sé air an chulaith éadaigh ab fhearr a bhí ann, agus chuir sé srian agus diallaid ar an bheathach capaill ab fhearr a bhí sa stábla, agus tharraing sé ar an tráigh.

Nuair a bhí sé ag tarraingt ar an áit a rabh an cruinniú, bhí an t-anbheathach ag teacht isteach. Bhí fear ansin leis an fhad seo de dh'am a bhí leis an bheathach seo a mharbhadh, ach nuair a chonaic sé ag teacht í scanraigh sé, agus sé an rud a theich sé thart ar chúl an scaifte. Bhí claíomh le Bilí a thug sé leis as caisleán na bhfathach, agus nuair a tháinig sé chun na trágha, léim sé anuas de dhroim an bheathaigh s'aige fhéin, agus tharraing sé an chlaíomh ar an anbheathach agus mharbh sé í in áit na mbonn.

“Bhail,” a deir an Rí, “cá bith fear é sin,” a deir sé, “tá mo níon bainte aige.”

Níor lig Bilí air fhéin cé acu a chualaigh sé é nó nár chualaigh, ach thug sé léim suas ar dhroim an bheathaigh agus as go brách leis. Nuair a bhí sé ag gabháil suas ar dhroim an bheathaigh, d'fhéach níon an Rí lena cheapadh, ach níor éirigh léithi ach greim a fháil ar a bhróig agus tharraing sí de í. D'imigh seisean mar a bheadh an Ghaoth Mhárta ar ais chun na coilleadh. D'fhag sé an beathach a bhí leis sa stábla agus d'athraigh sé an chulaith, agus nuair a tháinig an t-am tráthnóna, thug sé abhaile a chuid stoic ionsar an mháistir. Níor aithin duine ar bith ag an chruinniú é, agus níor aithin an máistir é ach oiread.

“Caidé mar a chuaigh an cruinniú inniu?” a deir Bilí, nuair a tháinig sé isteach.

“Ó tá,” a deir an máistir, “an fear a bhí ansin leis an anbheathach a mharbhadh, nuair a chonaic sé ag teacht í scanraigh sé, agus theich sé thart ar chúl an scaifte, agus leis sin

fhéin tháinig buachaill gala´nta ar dhroim capaill, agus thuirling sé as an diallaid agus ba ghairid uilig a mhair an t-anbheathach dó gur mharbh sé í. Tugadh iarraidh breith air ach fuair sé suas ins an diallaid ar ais agus ar shiúl, ach sciob níon an Rí ceann de na bróga de. Tá sí le fáil le pósadh anois ag fear ar bith a bhfóirfidh an bhróg dó.

Bhí go maith, níor lig Bilí aon dath air fhéin ariamh, agus bhí na fir uilig ag teacht agus ag féacháil na bróige air, ach ní rabh sí ag fóirstean do dhuine ar bith. Bhí siad ag gearradh na ladhar díofa fhéin, agus cuid ag baint na sál díofa fhéin, agus caidé nach rabh siad a dhéanamh ag dréim go bhfaigheadh siad orthu an bhróg ar dhóigh inteacht go bhfaigheadh siad níon an Rí le pósadh. Chaith Bilí seal fada ag an mháistir ansin, agus fá dheireadh smaoitigh sé gur cheart dó fhéin a dhul go bhfeicfeadh sé an bhfóirfeadh an bhróg dó fhéin. Chóirigh sé suas é fhéin go galánta lá amháin agus thug sé leis an beathach agus d'imigh sé ionsar níon an Rí. Nuair a chuaigh sé ina láthair, ní rabh aige ach an chos a shú leis an bhróig gur shleamhnaigh sí (an chos)[178] isteach siar inti.

“Tusa an fear a shábháil mise,” a deir níon an Rí, “agus nach fada a bhí tú gan a theacht m'éileamh. Ní phósfainn aon fhear go brách go dtigtheá.”

Gléasadh an bhainis ansin, agus mhair sí lá agus bliain. Nuair a bhí an bhainis caite acu pósadh Bilí agus níon an Rí. Badh é an gnás a bhí ann an uair sin an bhainis a dhéanamh roimh an phósadh. Thug an Rí an choróin do Bhilí ansin, agus eadar sin agus an saibhreas a bhí i gcaisleán na bhfathach, ór agus airgead, bhí dóigh mhaith ar Bhilí agus ar níon an Rí an dá lá de shaol a bhí acu.

[178] Nóta eagarthóireachta an bhailitheora.

Scéal 21. <u>Na Trí Chomhairle</u>

Bhí fear agus bean ann fada ó shin, agus bhí siad an-bhocht. Rinn an fear amach go mb'fhearr dó imeacht in áit inteacht agus a chuid a shaothrú. Bhí mac amháin acu. An bealach a chuaigh sé a dh'iarraidh saothraithe,[179] níor chualaigh mise trácht ar mhórán a dhul ann ariamh ach é fhéin, chuaigh sé suas go rabh sé thuas i gConnachta. D'oibir sé leis sé nó seacht de bhlianta[180] ag *farmer* thuas ansin.

Lá amháin smaoitigh sé go rabh an t-anás ina dhiaidh sa bhaile. Labhair sé leis an mháistir agus d'inis sé don mháistir caidé mar a bhí –

"Níor fhág mise mórán i mo dhiaidh sa bhaile, agus caithfidh mé a dhul abhaile go bhfeicfidh mé mo bhean agus mo mhac."

"Bhail níl airgead ar bith anseo le tabhairt duit," a deir an Connachtach, a deir sé.

"Ó bhail mur bhfuil fhéin," a deir sé, "caithfear déanamh gan é. Ní thig liomsa fanacht níos faide go dtéighidh mé abhaile. Tá mé ag gabháil abhaile amárach," a deir sé.

"Níl airgead ar bith agamsa," a deir an Connachtach, "ach bhéarfaidh mé trí chomhairle mhaithe duit sula n-imí tú."

"Ó bhail," arsa an fear eile, "b'fhéidir go bhfuil sin comh maith leis an airgead."

"Bhail sí an chéad chomhairle a bhéarfas mé duit," a deir sé, "cam díreach an ród, sé an bealach mór an aicearra. An darna comhairle atá mé a thabhairt duit," a deir sé, "ná stop i dteach ar bith go rabh tú sa bhaile a bhfuil cailín óg pósta ar sheanduine ann. Agus an tríú comhairle atá mé a thabhairt duit," a deir sé, "ná déan dadaí tobann a choíche go gcaithidh tú trí thoit den phíopa."

Shuigh bean an Chonnachtaigh go maidin agus rinn sí lón dó a bhéarfadh chun an bhaile é, toirtín den chineál a bhítear a dhéanamh roimhe seo a dtugadh siad "muc rua" air. Bhí mórán óir aige-san, ag an Chonnachtach, ach gur dúirt sé leis-sean nach rabh sé ag tabhairt dadaí dó. Chuir sise seacht scór giní isteach ins an mhuic ruaidh.

"Tabhair leat sin anois," a deir bean an Chonnachtaigh, "agus ná bris ar dhóigh ar bith é go dtéighidh tú abhaile. Cuir faoi d'ascaill go faichilleach é."

D'fhág sé slán agus beannacht acu, agus shiúil sé leis ag tarraingt ar an bhaile. Níorbh fhada a chuaigh sé uilig gur casadh peidléir air. Bhí giota mór aicearra ann trasna fríd pháirceanna a bhí ann. D'iarr an peidléir air a dhul an aicearra, ach smaoitigh seisean ar

[179] Ls.: a dh'iarraidh saothraidh.
[180] Ls.: de bhliadhna.

chomhairle an Chonnachtaigh, agus dúirt sé nach rachadh. D'imigh an peidléir leis an aicearra. Casadh[181] robairí ar an p[h]eidléir agus thug siad leathmharbhadh air, agus bhain siad de a chuid airgid, ach an fear a choinnigh an bealach mór ní tháinig dadaí air. Shiúil sé leis an lá sin, agus bhí an casán fada, agus fá dheireadh casadh teach lóistín air, agus nuair a chuaigh sé isteach ansin, caidé a bhí ann ach bean óg a bhí pósta ar sheanduine. Shíl sé a chéaduair gur níon den tseanduine ise. D'fhiafraigh sé an bhfaigheadh sé lóistín go maidin, agus dúirt siad leis go bhfaigheadh. D'fhiafraigh sé di an rabh sí pósta ar an tseanduine, agus dúirt sise leis go rabh, agus nuair a chualaigh sé sin smaoitigh sé ar an chomhairle a thug an Connachtach dó, agus chuaigh sé amach agus luigh sé i gcarnán cotháin a bhí amuigh sa scioball. Chumhdaigh sé é fhéin suas go maith ann. Níorbh fhada uilig a bhí sé ina luí sa chothán go dtáinig máistir scoile agus gur chaith sé é fhéin in imeall an chotháin.

Nuair a bhí an lánúin seo a rabh seisean ag gabháil a stopadh acu tamall maith ina luí, d'éirigh an bhean agus chuaigh sí amach chun an sciobaill a fhad le máistir na scoile. Thoisigh an bheirt a chomhrá agus a chomhrá agus bhí an fear a bhí sa chothán ag éisteacht leis an c[h]omhrá uilig. Dúirt máistir na scoile gur chóir an seanduine a mharbhadh anocht.

"Tá strainséir istigh ar scor ar bith anocht, agus tig linn a fhágáil ar an strainséir gurb é a mharbh é."

Chuaigh siadsan isteach agus mharbh siad an fear a bhí istigh, agus d'éirigh seisean eadar an dá am agus bhain sé an bheairic amach. D'inis sé caidé mar a bhí agus fuair sé an bheirt gaibhte. Shiúil sé leis ansin agus níor stop sé i dteach ar bith eile go dtáinig sé abhaile.

Bhí go maith, nuair a tháinig sé abhaile bhí lár na hoíche ann, agus achan duine ina luí. Tháinig sé chun na fuinneoige, agus bhí solas breá ar an choigilt. Chonaic sé an bhean ina luí i leabaidh na clúide agus an fear seo ina luí aici, mar a s[h]íl sé. Shíl sé gurbh é an rud a bhí sí pósta ar ais, agus chuaigh sé chun an dorais. Ní rabh air ach sciath shlatacha go dtéadh sé isteach go marbhadh sé an fear a bhí istigh. Smaoitigh sé ar chomhairle an Chonnachtaigh mar sin fhéin, agus tharraing sé air a phíopa agus líon sé é, agus chaith sé cupla toit.

Las sé caochán beag solais ansin, agus níorbh fhada uilig a bhí sé ina shuí i gcois na

[181] Ls.: Chasadh.

tineadh go bhfacaigh an mac s'aige fhéin é.
Dúirt sé lena mháthair –
"Bíodh geall," a deir sé, "gurb é sin an fear a d'imigh uainne atá ina shuí ag an tinidh."
Mhuscail sise, agus d'amharc sí amach agus chonaic sí gurbh é a fear fhéin a bhí ann, an fear a d'imigh seacht mbliana roimhe sin a shaothrú daofa. D'éirigh sí ansin go ndéanadh sí braon tae dó –
"Bhail níl aon seort istigh anseo a d'íosfá," a deir sí, "ach oiread leis an am a d'imigh tú."
"Maise, níl airgead ar bith liomsa ach oiread," a deir seisean, "ach muc rua a rinn bean an Chonnachtaigh domh an oíche sular imigh mé. Déan thusa an tae anois," a deir sé, "agus tá mo shaith aráin agam fhéin."
"Bhail is maith an éadáil sin fhéin," a deir sí, "san am i láthair." Thoisigh sí agus rinn sí an tae, agus chuaigh sí a ghearradh na muice ruaidhe, agus thoisigh an t-ór a thitim amach aisti, agus bhí siad á gearradh[182] gur bhain siad na seacht scór[183] giní amach as an mhuic ruaidh. Bhí lúcháir orthu ar ndóiche, agus lúcháir air-san gur ghlac sé na comhairlí a thug an Connachtach dó. Tá siad ina gcónaí go maith ón lá sin go dtí an lá inniu.

[182] Ls.: bhí siad a geárradh. (Léamh eile a d'fhéadfá a dhéanamh air seo: 'bhí siad ag gearradh').
[183] Ls.: scrór.

Scéal 22. Scéal Fhear na Cruite

Bhail, bhí fear thuas ansin ag Ailt Aodh Dubh (áit atá istigh ins na Cruacha Gorma)[184] agus tráthnóna amháin ceo, chuaigh sé suas a chois srutháin a bhí ann a chuartú na mbó. Ní rabh dul aige bó ar bith a fháil. Chonaic sé solas beag sa deireadh agus tharraing sé air, agus bhí teach beag ansin i mbruach an tsrutháin. Chuaigh sé isteach chun an toighe agus shuigh sé thíos ag an doras. Bhí seort *room* ann, agus chuireadh duine a cheann anuas ar dhoras an *room* in amannaí agus ligeadh sé corrgháire. Badh é an deireadh a bhí air gur thoisigh daoiní a theacht anuas ar dhoras an *room* go rabh an chisteanach bog lán.

D'fhiafraigh siad don fhear an rabh ceol aige. Dúirt an fear nach rabh. D'fhiafraigh siad de an rabh scéaltaí aige. Dúirt sé go rabh, agus t[h]oisigh sé agus d'inis sé moll mór scéaltaí don bhunadh a bhí sa teach. Chaith sé an oíche acu agus bhí oíche an-phléisiúrtha acu. Bhí siadsan ag inse scéaltaí fosta.

Bhí go breá, bhí siad ag gabháil leo mar sin go maidin, agus ar maidin d'fhiafraigh fear acu den chuid eile caidé a dhéanfadh siad don fhear seo ar shon chuideachta na hoíche agus ar shon na scéalta. Bhí an-chruit ar an fhear a bhí ag cuartú na mbó.

"Tá maise," a deir fear eile acu, "caidé a dhéanfaimist leis ach an chruit sin a b[h]aint de."

Bhain siad an chruit de, agus d'fhág sé an teach sin teacht an lae agus chuaigh sé amach agus fuair sé na ba, agus tháinig sé chun an bhaile ina fhear an-ghasta agus gan cruit ar bith air.

Bhí fear eile ar an bhaile ansin, agus nuair a chonaic sé caidé a d'éirigh don fhear seo, go dtáinig sé abhaile agus gan cruit ar bith air, smaoitigh sé go n-imeochadh sé fhéin. D'inis an fear eile dó fán tsruthán agus deireadh, agus chuaigh sé fhéin an bealach céanna tráthnóna ceo cupla oíche ina dhiaidh sin. Chonaic sé an solas ar bhruach an tsrutháin agus chuaigh sé isteach, agus shuigh sé taobh istigh den doras, agus thoisigh na daoiní a theacht anuas as an *room* mar a rinn siad an chéad oíche. D'fhiafraigh siad dó an rabh ceol aige. Dúirt sé nach rabh. D'fhiafraigh siad dó an rabh scéaltaí aige. Dúirt sé nach rabh scéaltaí ar bith aige-san. Shuigh sé leis ansin i rith na hoíche agus ní rabh ceol nó scéaltaí aige, agus níor mhór an comhrá a bhí acu fhéin ar chor ar bith.

---

[184] Nóta eagarthóireachta an bhailitheora.

D'fhiafraigh fear acu den fhear eile ar maidin caidé a bhéarfadh siad don fhear seo ar shon na hoíche a chaitheamh acu.

“Bhail ní cuideachta ar bith a bhí ann,” a deir fear acu leis an fhear eile. “Ní rabh ceol nó scéaltaí aige, agus sé an rud a dhéanfas muid leis an chruit a bhain muid de fhear na hoíche aréir a chur air ar mhullach an chinn atá air.”

Rinneadh sin ar an bhomaite, agus tháinig an fear sin abhaile agus é i bhfad ní ba mheasa nó a bhí sé ag imeacht dó.

Scéal 23. Cailleach an tSníomhacháin

Bhí bean ann i bhfad ó shin, agus bhí giorsach mhór ag éirí suas aici, a bhí cúig nó sé déag de bhliana. Ní thearn sí seort ar bith ariamh, agus ní rabh maith a iarraidh uirthi aon dath a dhéanamh. Lá amháin go deireanach bhuail a máthair oiread uirthi agus go dtearn sí amach go gcaithfeadh sí a dhul a dh'obair.

Nuair a bhí sí ag bualadh na giorsaí, bhí mac Rí ag gabháil an bealach mór, agus mhothaigh sé an caoineadh agus an callán a bhí aici[185] –

"Caidé," a deir sé lena máthair, "a rinn an ghiorsach seo ort?"

Bíonn an bheartaíocht i gcónaí ins na mná.

"Tá maise," a deir sí, "inseochaidh mé sin duit. Tá sí chóir a bheith marbh ag obair agus níl maith domh iarraidh uirthi stad."

"Is maith do scéal," arsa mac an Rí, "tá giorsach a dhíth ar mo mháthair, agus is maith léithi í a bheith ina hoibrí mhaith, agus seo macasamhailt a d'fhóirfeadh di. Bhéarfaidh mé liom í má bheir tú cead domh," arsa seisean.

"Bhéarfaidh agus fáilte," arsa a máthair, "ach bí faichilleach léithi agus ná lig daoithe í fhéin a mharbhadh ag obair."

"Ní heagal domh," arsa mac an Rí.

D'imigh sé agus an ghiorsach leis ar a chúlaibh. Dúirt sé lena máthair nuair a bhí sé ag imeacht léithi dá dtaitníodh sí lena mháthair go gcoinneochadh sé fhéin í agus go bpósfadh sé í.

Bhí go maith, agus ní rabh go holc, ar maidin lá arna mhárach thug an tseanbhean léithi an ghiorsach, agus mála mór olla agus péire cardaí léithi isteach ar lafta. Dúirt sí léithi go gcaithfeadh sí sin a bheith cardáilte aici tráthnóna. Bhí an ghiorsach ansin agus na cardaí agus an olann, agus siúd is gur iarr an chailleach uirthi sin a bheith cardáilte aici tráthnóna, ní rabh sí ábalta aon seort a dhéanamh leis. Bhí an ghiorsach ansin agus í ag caoineadh agus gan í ábalta dadaí a dhéanamh. Bhí sí mar a chonaic Dia í. Níorbh fhada go dtáinig bean chun dorais, agus thoisigh sí a theacht isteach, agus hobair nach bhfaigheadh sí isteach nó bhí lámh dá cuid comh mór le duine eile uilig.

D'fhiafraigh sí den ghiorsaigh –

"Caidé," a deir sí, "an buaireamh atá ort?"

185 Ls.: an callán a bhí aige.

“Tá,” a deir an ghiorsach, “d'fhág an chailleach atá anseo cnap olla agus cardaí anseo agam, agus níl mé ábalta a dhath a d[h]éanamh leis. Ní thearn mé ariamh é.”
“Ní fiú biorán sin,” a deir sí. “Ní bheidh mise i bhfad dá cardáil má bheir tú do bhainis domh.”
Thoisigh bean na láimhe móire a chardáil, agus níor mhair an olann uilig daoithe os cionn leathuaire. Nuair a bhí deireadh cardáilte aici, d'imigh sí. Nuair a tháinig an tseanchailleach eile fána coinne, bhí deireadh cardáilte go bláfar. Thug sí an-dóigh don ghiorsaigh an oíche sin.
Lá arna mhárach thug sí an ghiorsach léithi agus tuirne beag léithi. Dúirt sí léithi go gcaithfeadh sí a dheireadh sin a bheith sníofa tráthnóna aici. Bhí an ghiorsach ina suí ansin, agus ar ndóiche ní rabh sí ábalta dadaí a dhéanamh. Níorbh fhada go dtáinig bean chun dorais. Thoisigh sí a theacht isteach, agus hobair nach bhfaigheadh sí isteach bhí cos dá cuid comh mór sin.
“Caidé an buaireamh atá ort?” a deir sí leis an ghiorsaigh.
D'inis an ghiorsach di.
“Ní bheidh mise i bhfad dá shníomh sin má bheir tú do bhainis domh.”
“Bhéarfaidh cinnte,” a deir an ghiorsach.
Thoisigh bean na coise móire a shníomh, ach níor mhair an sníomhachán i bhfad. Nuair a bhí deireadh sníofa aici, d'imigh sí. Nuair a tháinig an chailleach, bhí deireadh sníofa amach ag an ghiorsaigh. Dúirt sí gur cheart an ghiorsach í, agus nár chas a leithéid in am ar bith daoithe. Thug sí an-dóigh don ghiorsaigh an oíche sin fosta.
Bhí go maith ansin, chuir sí an snáth ionsar fhíodóir, agus rinneadh an báinín. Nuair a bhí an báinín déanta ansin, thug sí an cailín léithi isteach ar an lafta ar ais, agus dúirt sí léithi go gcaithfeadh sí ball éadaigh de achan chineál a bheith déanta aici tráthnóna. Bhí an ghiorsach bhocht ina suí ansin ar ndóiche, agus gan í ábalta dadaí a dhéanamh. Ba ghairid go dtáinig an bhean chun dorais, agus thoisigh sí a theacht isteach. Hobair nach bhfaigheadh sí isteach le neart an ghaosáin a bhí uirthi.
“Caidé an buaireamh atá ort?” a deir sí leis an ghiorsaigh.
D'inis an ghiorsach di.
“Ní bheidh mise i bhfad dá dhéanamh sin,” a deir sí, “má bheir tú do bhainis domh.”
“Bhéarfaidh cinnte,” a deir an ghiorsach.
Thoisigh bean an ghaosáin mhóir a ghearradh agus a fhuáil, agus níor mhair sé i bhfad

go rabh ball de achan chineál éadaigh déanta aici. Nuair a bhí sin déanta aici d'imigh sí. Nuair a tháinig an chailleach, bhí deireadh amach déanta ag an ghiorsaigh.
"Bhail is ceart an ghiorsach thú," a deir an chailleach, "agus níor chas do leithéid domh in am ar bith. Tá mo mhac anois bainte agat."
Rinneadh lá pósta dófa ansin, agus pósadh an lánúin. Thug sise cuireadh do na mná. Anonn i ndiaidh na hoíche, tháinig an triúr acu isteach, agus ní rabh ann ach é go bhfuair siad isteach - bhí srón mhór ar bhean acu, cos mhór ar bhean eile, agus lámh mhór ar an bhean eile. Shuigh an triúr i gcoirnéal dófa fhéin nuair a tháinig siad isteach, agus chuir mac an Rí an-sonrú iontu. Chuaigh sé chucu, agus d'fhiafraigh sé de bhean na láimhe móire.
"Ar mhiste domh fiafraí duit," a deir sé, "caidé a tháinig ar do láimh?"
"Ní miste maise leoga," a deir sí, "choinnigh mo mháthair mise ag cardáil agus mé ró-óg, agus d'éirigh mo lámh comh mór sin."
"Tím," a deir sé. "Caidé a tháinig ortsa?" a deir sé le bean na coise móire.
"Tá maise," a deir sí sin, "choinnigh mo mháthair ag sníomh mé agus mé ró-óg gur éirigh mo chos comh mór agus a tí tú."
"Caidé a d'éirigh duitse?" a deir sé le bean na sróine móire.
"Tá maise," a deir sí sin, "choinnigh mo mháthair ag fuáil mé agus mé ró-óg gur thit brí mo choirp uilig anuas in mo ghaosán."
"Tá sin fíor uilig agaibh?" a deir sé.
"Tá leoga," arsa achan bhean.
"Bhail, más fíor sin," a deir sé, "ní iarrfaidh mise ar mo bhean aon dath a dhéanamh lena saol." Chaith an lánúin a saol go neamhbhuartha ina dhiaidh sin agus níor iarr sé uirthi a dhath oibre a dhéanamh a fhad is bhí sí beo.

Scéal 24. Jack agus an Taibhse

Bhail, bhí sin ann, agus is maith an tamallt ó bhí, bhí buachaill anseo, agus dálta go leor buachaillí Jack ab ainm dó. Bhí an t-am cruaidh, agus d'imigh an buachaill bocht ar lorg fastoidh. Nuair a bhí giota maith siúlta aige chas an-bhodach dó agus rinn sé fastó leis. Bhí teach an-mhaith ag an fhear a dtearn sé an fastó leis, ach bhí *room* thuas an staighre ann, agus ní thiocfadh le duine ar bith codladh ann, nó a dhul a chóir maith, olc nó go measartha ó thiocfadh an meán oíche ar scor ar bith, leis an tormán a bhíodh ann. Dúirt an fear seo le Jack dá mbeadh sé ábalta oíche a chaitheamh go maidin ann go dtabharfadh sé deich bpunta ar maidin dó, agus dá mbeadh sé ábalta fáil amach dó caidé a ba siocair leis an tormán, go dtabharfadh sé níon dá chuid le pósadh dó.

"Bhail," a deir Jack, "níl eagla ar bith ormsa nach mbím beo ar maidin[186] ins an *room* mur gcuiridh tusa duine ar bith do mo mharbhadh."[187]

"Ó!" a deir fear an toighe, "ná bíodh eagla ar bith ort fá sin. Ní dhéanfaidh mise aon seort ort, agus fágfaidh mé tinidh agus solas agat, agus cuirfidh mé gléas maith ort má bhíonn tú ábalta an oíche a chur isteach ann. Níl mise ábalta fear ar bith a fháil a chuirfeas isteach an oíche ann cá bith a thig orthu."

Chuaigh Jack isteach chun an *room*, agus bhí tinidh bhreá aige agus solas, agus ní rabh sé ag mothachtáil[188] aon seort go dtáinig an meán oíche. Thoisigh an tormán thuas ansin os a chionn ar an síleáil, agus stróc an tormán leis na cláraí, agus badh é an deireadh a bhí air gur polladh na cláraí, agus go dtáinig dhá chois duine anuas fríd an síleáil, agus ar thoradh moille tháinig an duine uilig anuas.

Tháinig fear anuas a rabh hata cruaidh air agus sheas sé i gcoirnéal den *room*. Dheamhan i bhfad ina dhiaidh go dtáinig fear eile anuas, agus sheas sé sa choirnéal eile. Ba ghairid ina dhiaidh sin go dtáinig an tríú fear anuas, agus sheas sé sa choirnéal os coinne Jack ar an taobh thall den tinidh. Tamall ina dhiaidh sin tháinig bál anuas, a bhí comh mór le *football.* Thoisigh an triúr a chiceáil an bháil fríd an teach. Bhí cuma ar bheirt acu go rabh siad ag gabháil a thabhairt drochbhail ar an tríú fear. Ní rabh Jack sásta de seo agus d'éirigh sé ina sheasamh –

---

186 Ls.: níl eagla ar bith orm-sa nach mbíom beo ar maidin. "**8.2 *Beith* ... T. gnáthláithreach:** 1 u. *bím*," (Hughes, 1994, 648).

187 Ls.: dá mo mharbhadh.

188 Ls.: a' móchtáil. "**mothachtáil,** *f* = MOTHÚ," (Ó Dónaill, 1977, 882). "Mothachtáil (móchtáil) ... *See* mothughadh," (Dinneen, 1927, 763).

“Caithfidh sibh cothrom na féinne a thabhairt don fhear seo,” a deir sé.
Thoisigh an ceathrar[189] a chiceáil ansin, agus d'oibir siad leofa go rabh teacht an lae ann. Stad siad ansin agus bhí siad ag gabháil a dh'imeacht –
“Bhail,” a deir Jack, a deir sé, agus níor labhair sé focal ar bith go dtí seo, “an dtiocfadh liomsa rud ar bith a dhéanamh,” a deir sé, “a stopfadh an tormán[190] ins an *room* seo?”
“Tiocfaidh leat,” a deir an fear a rabh an hata cruaidh air, agus níor labhair an bunadh eile, “má ní tú an rud a iarrfas mise ort. Anois,” a deir sé, ag leagan a mhéire ar fhear acu, “sin athair an fhir a bhfuil tusa ar fastó aige, agus seo a athair mór, an fear eile,” a deir sé, “agus mise a gharathair.” Bhí an-*trade* ag an bhodach, agus achan seort dá dtearnadh ariamh dá dhiol aige. “Tá an *trade* sin ag gabháil anseo ó bhí mise ann,” a deir sé, “agus mise an ceathrú glún. Ní thug duine ar bith againn,” a deir sé, “ó thoisigh an rud, a cheart fhéin do dhuine ar bith a rabh ag deileáil linn. Inis thusa sin anois don fhear a bhfuil tú ar fastó aige, agus abair leis má théann sé agus an ceart a dhéanamh le achan duine, tá na liostaí uilig aige le fáil istigh sa drár,” a deir sé, “agus má bheir sé leis thusa agus imeacht agus deireadh a cheartú,” a deir sé, “agus a chuid fhéin a thabhairt do achan duine, ní bheidh fiacha orainne a theacht anseo níos mó. Nuair a dhéanfas sé sin tar thusa isteach oíche eile chun an *room* anseo, agus má bhíonn an rud déanta ceart ní thiocfaidh duine ar bith i do chóir,” a deir sé, “agus mur rabh,” a deir sé, “tiocfaimid ar ais.”
Bhí go maith, nuair a tháinig an mhaidin d'inis Jack don mháistir caidé a chualaigh sé ó tháinig an oíche. Ní rabh gléas ar bith ag gabháil an uair sin ní ba ghaiste nó beathach a chur i gcarr. Chuir sé an beathach sa charr agus thug sé leis Jack agus d'imigh siad, agus achan duine ariamh a rabh siad ag deileáil leis ó thúsaigh siad ariamh ins an teach, cheartaigh sé iad go dtí an phingin dheireanach.
An oíche sin i ndiaidh iad a theacht abhaile, nuair a d'ith Jack greim, d'imigh sé isteach sa *room* seo ar ais. Ní tháinig aon duine dá chóir agus níor mhothaigh sé aon tormán ins an *room*. Faoin seal ina dhiaidh sin, thug an máistir a níon le pósadh do Jack, agus d'fhág sé a rabh amuigh agus istigh aige fhéin agus ag a níon. Bhí dóigh mhaith orthu ansin ón lá sin go dtí an lá a fuair siad bás.

[189] Ls.: Thoisigh an cheathrar.
[190] Ls.: a stopadh an tormán.

Scéal 25. <u>An Chinniúint</u>

Chualaigh muid na seandaoiní a rá fada ó shin nuair a thigeadh páistí ar an tsaol, go mbíodh sé sa chinniúint acu caidé an dóigh a mbíodh a saol le caitheamh acu, agus caidé an bás a bhí i ndán daofa.

Tháinig an páiste gasúir seo ar an tsaol go deireanach, agus bhí sé sa chinniúint aige go muirfeadh toirneach é nuair a bheadh sé bliain agus fiche. D'éirigh an gasúr suas agus chuaigh sé chun na scoile agus bhí sé ar an scoil go rabh sé ina an-scoláir. Nuair a bhí sé fá bheagán blianta don am a rabh an toirneach le theacht rinn a athair amach go ndéanfadh seisean áit dó nach dtiocfadh a m[h]arbhadh ann. Fuair sé fear agus ghearr sé áit amach as carraic[191] siar faoin talamh.

Bhí go maith, nuair a tháinig an t-am a rabh an toirneach le theacht, in áit a dhul isteach ins an áit a bhí déanta dó, sé an rud a bheir an buachaill ar leabhar agus d'imigh sé go mullach an chnoic[192] ab airde a chonaic sé. Tháinig an toirneach agus réab sí agus stróic sí an teach a bhí fána choinne, agus nuair a bhí an toirneach thart, tháinig an gasúr abhaile agus ní rabh aon seort air.

[191] "**carraig,** ... (*Var:* **carraic**), (Ó Dónaill, 1977, 193). Is cosúil go bhfaightear an dá fhuaimniú ar chonsan deiridh an fhocail áirithe seo i gcanúintí Thír Chonaill - féach mar shampla 1. Wagner, 1969, 142, Ceist 1082 = /kaʀig′/ (na Cruacha); 2. Wagner, 1959, 171, /kæʀik′/ (Teileann).

[192] Ls.: go mullaigh an chroic.

Scéal 26. An fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt Dé Sathairn ⁊ nach rabh maidin Dé Luain[193]

Bhail, bhí dhá shean-aint domhsa ina gcónaí anseo, agus bhí siad ag inse domh go minic gur chuimhneach leofa an t-am nuair a bhí siad fhéin agus go leor comh maith leofa ábalta a ghabháil trasna na habhna sin thíos ina léim. Bhí duine ins an tríú teach taobh thiar daofa anseo, buachaill óg, agus pósadh ar chailín é thoir thall ansin ar an taobh thall den abhainn ins na toithe is faide soir.

Badh é an gnás a bhí ann ins an am sin, ach tá sin ar shiúl anois, go rachadh an fear go mbeadh sé réidh leis an bhean a thabhairt chun an bhaile, go rachadh sé chuici Oíche Shathairn, agus go bhfanóchadh sé aici go maidin Dé Luain, nó go dtí cá bith am Dé Luain a bhfóirfeadh sé dó a theacht chun an bhaile. Bhail nuair a bhíodh sé ag gabháil anonn ag tarraingt ar an bhean, bhí sé ábalta an abhainn a léimint, agus nuair a bhíodh sé ag tarraingt ar an bhaile Dé Luain, chaitheadh sé an abhainn a shiúl.

Bhí duine comhgarach aige, agus sílim gurb é a bhí leis nuair a pósadh é, agus d'fhiafraigh sé dó lá amháin caidé ba réasún dó nach rabh sé ábalta léim na habhna a thabhairt ag teacht chun an bhaile dó agus nuair a bhíodh sé ag tarraingt uirthi go léimfeadh sé abhainn a bheadh uair eile comh leathan. D'inis sé caidé an réasún a bhí aige leis. Athair na mná nuair a théadh sé ann, agus chuirtí chun bidh iad, nach mbíodh ann ach go mbíodh an seanduine ina shuí ag an bhia go dtí go n-éiríodh sé agus go bhfágadh sé an bia, agus go nglacadh seisean náire, agus nach mbíodh aige[194] ach an bia a fhágail fosta.

“Bhail tabhair scéala domhsa,” arsa seisean, “nuair a bheas tú ag gabháil Oíche Shathairn seo chugainn, agus rachaidh mise mé fhéin in do chuideachta a fhad leis an teach.”

Chóirigh sé é fhéin suas, agus thug sé leis mála, agus rinn sé amach go sílfeadh siad gur bacach a bhí ann. Chuaigh sé isteach chun an toighe an áit a rabh athair na mná, agus d'iarr sé lóistín. Dúirt an seanduine nach bhfaigheadh sé lóistín ar chor ar bith, nach rabh sé ag coinneáil duine ar bith den tseort. Dúirt fear an mhála nach gcoróchadh seisean go maidin. Rinneadh seort sráideoige dó suas ag taobh na tineadh, agus chuaigh sé a luí, agus chuaigh an t-iomlán acu a luí comh maith leis. Anonn san oíche thosaigh

[193] Ls.: An fear a bhí ábalta léim na h-abhna a thabhairt maidin Dia Luain ⁊ nach rabh Dia Sathuirn.

[194] Ls.: agus na mbíodh aige.

an tsrannfach aige, agus é ina chodladh.
Nuair a mheas an seanduine go rabh sé ina chodladh go maith d'iarr sé ar an tseanbhean éirí agus toirtín a dhéanamh, agus a bhruith nó nach mbeadh seisean beo leis an ocras ar maidin. Dúirt sí leis gur chóra dó a chuid a dhéanamh nuair a bhí sé aige nó a bheith ag tabhairt trioblóide daoithese ag éirí anois a dhéanamh toirtín dó fán am seo de dh'oíche.
"Níl gar ann," a deir sé, "caithfidh tú éirí."
D'éirigh an créatúr agus rinn an toirtín, agus tharraing anall an ghríosach, agus spréigh an maide briste, agus chuir sí an toirtín ar an mhaide bhriste.
An fear a bhí ina luí, nuair a bhí an toirtín ar an mhaide bhriste –
"A Athair Shíoraí!" a deir sé, "tá an-bhuaireamh ormsa," a deir sé, "ó rannadh an baile s'againne, nó rinneadh claí síos ann agus claí suas agus claí achan bhealach." Agus rug sé ar an mhaide bhriste, agus tharraing sé ar an toirtín é agus rinn sé míle píosa de. Ní rabh ag an bhean ach a ghabháil a luí agus an toirtín stróctha fríd an ghríosaigh.
Bhí sin maith go leor, nuair a chóirigh sé suas é fhéin thosaigh a shrannfaigh ar ais, agus rinneadh amach go rabh sé ina chodladh cinnte. Dúirt an seanduine leis an bhean ar ais go gcaithfeadh sí éirí, agus an bhó a bhleán, bhí bó ann i ndiaidh breith, agus pandaí den bhainne a thabhairt dó, nó nach gcuirfeadh sé isteach an oíche.
"A Athair Shíoraí!" a deir sise, "is iomaí buaireamh a thug tú ariamh domh, agus tá tú ag tabhairt mo chuid fhéin anocht domh," a deir sí. "Ar ndóiche sháraigh seo an méid a chualaigh aon duine ariamh."
Ní rabh gar ann, chaithfeadh sí éirí, agus d'éirigh. Bhí gamhain óg ceangailte i gcoirnéal an toighe agus d'éirigh mo dhiúlach. Ní rabh aon snáithe leoga aige le cur air. D'éirigh mo dhiúlach agus rug sé ar an ghamhain agus cheangal sé a cheithre cosa dá chéile, agus shín ar an tsop a d'fhág sé fhéin é, agus bhí roimh an bhean agus pandaí an bhainne ag an doras.
"Ó maigh-o!" a deir sé, "tabhair domh an bainne," a deir sé, "agus ólfaidh mé anseo é nó bhféidir go musclóchadh an fear atá ina luí agus go bhfeicfeadh sé mé."
Rug mo dhiúlach ar phandaí an bhainne agus d'fhág thiar é. Chuaigh an bhean bhocht a fhad leis an tseanduine, agus d'fhiafraigh sé cén áit a rabh an bainne nó ar bhligh sí é.
"Nach bhfuil sé ólta agat!" a deir sí.
"Ó chan fhuil aon deor de ólta agam," a deir sé, "sé an t-ógánach atá sa choirnéal a bhfuil an bainne ólta aige, agus cuirfidh mise deireadh leis anois."

D'éirigh sé agus chuartaigh sé go bhfuair sé tuairgnín, agus tharraing sé an tuairgnín trasna i mullach na cloigne ar an ghamhain, agus lig an gamhain búirthe as.
"Arú a Athair Shíoraí!" a deir an tseanbhean a bhí ina luí, "caidé atá déanta anois aige?"
"Ó nach é[195] an fear atá sa tsop a lig an búirthe," arsa seisean.
"Ó chan é ar chor ar bith," a deir sí, "ach an gamhain a bhí i gcoirnéal an toighe ar tharraing tú an buille air."
Bhí deireadh caillte air ansin, agus bhí an t-ocras air i rith an ama. Nuair a d'éirigh sé ar maidin d'ith sé a sháith, agus fuair an fear óg a sháith le hithe ó sin amach, agus ar maidin Dé Luain nuair a bhíodh sé ag teacht abhaile bhéarfadh sé léim thaire abhainn a bheadh trí huaire comh leathan leis an chionn seo thíos.

[195] Ls.: nach h-é.

Scéal 27. Fear na Cruite

Bhail, bhí gasúr beag anseo sa chomharsain agam nuair a bhí mé fhéin i mo ghlas-stócach, agus bhí an-chruit go síoraí air. Ní rabh ann ach gasúr beag, agus chaithfeadh sé a ghabháil liom lá amháin [go dtí] an cnoc.[196] Bhí muid ag gabháil thart thuas thoir udaí, agus labhair seort inteacht istigh i mbinn a bhí ann, agus sé an rud a dúirt sé –
"Dé Luain is Dé Máirt."
"Dé Luain is Dé Máirt is Dé Ceadaoine," arsa an gasúr a bhí liomsa, agus leis sin fhéin d'imigh an chruit de, agus bhí sé comh díreach le aon fhear dá rabh ins an chontae.
Bhail, bhí gasúr eile thoir anseo giota soir ó dhroichead an Rithlinn, agus bhí cruit air, agus chualaigh sé iomrá ar an ghasúr a bhí abhus, agus an dóigh a bhfuair sé réitithe den chruit. Tháinig sé a fhad liom anseo, agus chaithfinn a ghabháil leis sa talamh chéanna ar baineadh an chruit den ghasúr eile. Nuair a bhí muid ag gabháil thart ins an talamh chéanna labhair an rud a bhí istigh sa bhinn –
"Dé Luain, Dé Máirt agus Dé Ceadaoine," arsa seisean.
"Dé Luain, Dé Máirt, Dé Ceadaoine," a deir an gasúr a bhí liomsa a rabh an chruit air, "agus Déardaoin," a deir sé.
Tháinig fear beag amach as an bhinn in áit na mbonn, agus an chruit a baineadh den ghasúr eile, cuireadh ar an ghasúr a bhí liom í. Bhí an dá chruit air ansin, agus bhí an dá chruit air go bhfuair sé bás. Is cosúil nár shásaigh sé an mhuintir a bhí istigh an Déardaoin a chur leis an rann, agus siúd an pháighe a thug siad don ghasúr bhocht a bhí liomsa.

[196] Ls.: chaithfead sé a ghabhail liom lá amháin a' croc.

Scéal 28. <u>An fear a dhíol fiche punta ar chorp</u>

Bhí mac d[h]uine uasail ann fada ó shin, agus mhothaigh sé iomrá ar níon Rí a bhí sa Domhain Thoir, agus rinn sé amach go n-imeochadh sé féachailt an dtiocfadh leis a fáil. Bhí go maith, d'imigh sé, agus shiúil sé leis, agus lá amháin chonaic sé an-chruinniú. Rinn sé amach go dtarraingfeadh sé[197] air. Bhí fear ansin, agus bhíthear dá chur agus ní rabh airgead ar bith ag (n)a bhunadh, agus bhí fear amháin ann agus ní ligfeadh sé a chur ar chor ar bith. D'fhiafraigh sé caidé a bhí cearr anseo ar chor ar bith, go gcaithfidh achan duine a chur.

"Tá fiche punta agamsa ar an chorp seo," a deir an fear a bhí ag greadadh ar an chomhraí, "agus ní ligfidh mé a chur inniu go bhfaighidh mé iad."

Bhí a chuid deartháracha ansin agus drochdhóigh orthu –

"Bhail níl airgead ar bith againne," a deir siad, "agus caidé atá muid ag gabháil a dhéanamh?"

"Ó bhail," a deir Mac an Duine Uasail, "cuirigí an corp ar scor ar bith agus díolfaidh mise na fiche punta."

D'íoc seisean na fiche punta agus cuireadh an fear, agus shiúil sé leis. Ní rabh eolas an bhealaigh aige go rómhaith chun an Domhain Thoir. Níor shiúil sé i bhfad uilig go rabh an oíche ag teacht, agus tháinig sé a fhad le cionn croisbhealaigh, agus bhí fear beag ina sheasamh ann, agus chuaigh siad chun comhrá agus d'fhiafraigh sé de caidé rud eisean. Dúirt sé gurb eisean an fear a dtugadh siad Clóca Dubh air.

"Cá bhfuil tú ag gabháil?" a deir Clóca Dubh leis.

"Tá mé ag gabháil chun an Domhain Thoir," a deir sé, "go bhfeicfidh mé fá níon an Rí."

"Bhail," a deir Clóca Dubh, "beidh mise leat má thig liom maith ar bith a dhéanamh duit, ach bíodh a fhios agat go bhfuil sé doiligh go maith níon an Rí a fháil. Féachfaimid leis i gcás ar bith," a deir sé, "agus fear ar bith a tífeas tú ar an bhealach a iarrfas mise ort a fhastó, bí cinnte agus fastaigh é."

Shiúil sé fhéin agus an Clóca Dubh leis ansin ag tarraingt ar an Domhan Thoir, agus níorbh fhada a chuaigh siad uilig go bhfacaigh siad fear agus é ag coimheád páirc ghearriacha, agus cos dá chuid ceanglaithe[198] thiar dá thóin. Sheasaigh sé ag coimheád ar an fhear agus é i ndiaidh na ngearriacha, agus ní rabh sé ag ligean ceann soir nó siar

---

[197] Ls.: go dtarranfhad sé.

[198] Ls.: ceangluighthe. "**ceanglaithe,** *var. pp. of* CEANGAIL," (Ó Dónaill, 1977, 203).

acu agus é ar an leathchois.
"Is mór an t-iontas," a deir seisean, "nach mbeadh an dá chois de dhíth ort ag coimheád na mbeathach sin."
"Ó bhail," a deir seisean, "dá mbeadh an dá chois liomsa bheinn i bhfad róghasta."
"Fastaigh an fear sin má thig leat é," a deir Clóca Dubh, "nó b'fhéidir go mbeadh sé de dhíth ort sula bpillidh tú ar ais."
"An ndéanfaidh tú fastó liomsa?" a deir sé le fear na ngearriacha.[199] "Caithfidh na beathaigh sin a bheith seadaithe agat feasta agus ní choróchaidh siad go bpillfidh tú."
"Cá bhfuil tú ag gabháil?" arsa seisean.
"Tá mé ag gabháil chun an Domhain Thoir," arsa Mac an Duine Uasal.
"Bhail dhéanfaidh mise fastó leat cinnte," arsa fear na leathchoise.
Shiúil an triúr leofa ansin ar ais, agus ní theachaigh siad an-fhada uilig go bhfuair siad suas le fear agus é ag briseadh cloch lena thóin, fear a bhí ansin a dtugadh siad Tóin Chruach air, agus bhí cos dá chuid sin ceangailte dá thóin fosta. Sheasaigh Mac an Duine Uasail ag coimheád air –
"Maigh-o!" a deir sé, "nár chóir go mbeitheá dona go leor agus an dá chois a bheith síos leat agus an dóigh atá ort ansin i do shuí ar do thóin ag briseadh cloch?"
"Ó ní dhéanfadh sin gnoithe ar bith," a deir sé, "tá mé in innimh go leor a bhriseadh mar atá mé, nó dá mbeadh an dá chois liomsa chuirfinn na clocha fríd an talamh," a deir sé, "agus ní fheicfí aon cheann acu go brách!"
"Fastaigh an fear sin fosta," a deir Clóca Dubh, "nó b'fhéidir go mbeadh sé de dhíth ort sula dtigidh tú ar ais."
D'fhastaigh sé an fear sin, agus shiúil an ceathrar[200] leofa ansin. Ní theachaigh siad i bhfad ar aghaidh uilig go bhfacaigh siad fear eile agus gunna aige. Súil M[h]aith ar Ghunna a bhí ar an fhear sin. Bhí sé seo ag marbhadh éanacha achan áit fríd an domhan, agus chuirfeadh sé an t-urchar isteach ar shúil dá gcuid agus amach ar an tsúil eile –
"Fastaigh an fear sin," a deir Clóca Dubh, "má thig leat é, nó b'fhéidir go mbeadh sé de dhíth ort."
D'fhastaigh sé an fear sin go dtigidh sé ar ais fosta. Shiúil siad leofa ansin agus ní theachaigh siad i bhfad eile uilig go bhfacaigh siad fear ina luí ar an talamh, agus níorbh

[199] Ls.: fear na ngearrfhiadh.
[200] L.s.: an cheathrar.

fhada gur éirigh sé agus go dteachaigh sé ag leagan coilleadh lena ghaosán, agus batáil chotháin ins an ghaosán eile dá chuid. D'amharc Mac an Duine Uasail air ar feadh tamaill.

“Is millteanach an duine thú,” a deir sé leis, “nár chóir go mbeadh dhá thaobh do ghaosáin de dhíth ort agus tú ag leagan coilleadh?”

“Bhail nach greannmhar thú ag caint!” a deir sé. “Dá mbeadh dhá thaobh mo ghaosáin liomsa,” a deir sé, “chuirfinn an t-adhmad a fhad agus nach bhfeicfí aon chipín de go brách.”

“Fastaigh an fear sin fosta,” a deir Clóca Dubh, “nó beidh sé de dhíth ort go cruaidh sula bpillidh tú.”

D'fhiafraigh Mac an Duine Uasail dó an ndéanfadh sé fastó, agus dúirt sé go ndéanfadh agus nach mbeadh seisean i bhfad ag leagan traidhfil coillte daofa, agus mur rabh siad ach ag gabháil chun an Domhain Thoir nach mbeadh siad i bhfad amuigh uilig.

Shiúil siad leofa ansin agus ní rabh sé i bhfad uilig go dtáinig siad ar fhear eile agus a chluas leagtha ar an talamh aige. Chuir Mac an Duine Uasail an-sonrú ansin, agus d'fhiafraigh sé den fhear sin caidé rud é nó caidé an seort oibre a bhí sé in innimh a dhéanamh.

Dúirt sé gurb eisean Cluas ar Éisteacht agus go rabh sé in innimh a bheith ag éisteacht leis na daoiní fríd an domhan uilig, agus go mothóchadh sé an féar ag fás.

“Fastaigh an fear sin fosta,” a deir Clóca Dubh, “nó b'fhéidir go mbeadh sé de dhíth ort fosta.”

Shiúil siad leofa ansin –

“Bhail sílim anois,” a deir Clóca Dubh, “go bhfuil chóir a bheith do shaith agat dá ndéanainn-se obair mheasartha ar bith duit. Tá buachaillí go leor agat má ní siad obair mhaith.”

Bhí go maith agus ní rabh go holc, shiúil siad leofa ansin go rabh siad ag teach an Rí. Bhí an caisleán sin glasáilte suas agus na geaftaí druidte uilig, agus barraí iarainn thart ar an teach uilig go léir, agus ní bhfaigheadh siad éisteacht ar bith ar chor ar bith nuair a bhain siad an áit amach. Bhí sé i ndiaidh na n-uaireannaí, agus ní bhfaigheadh duine ar bith isteach ann ar chor ar bith ar dhóigh nó ar dhóigh eile. Bhí mórán ag teacht a dh'iarraidh níon an Rí agus ní fhaigheadh siad isteach ach uaireannaí don lá, agus bhí an uair sin thart. Bhí an Rí é fhéin ag coimheád amach ar an fhuinneoig, agus dúirt Clóca

Dubh le Tóin Chruach gur chóir fáil isteach ar dhóigh inteacht. D'iarr sé air má bhí sé in innimh dadaí a dhéanamh é an bealach a réiteach. Ní dhearn sé sin faic ach a ghabháil ar gcúl, agus bhuail sé buille lena thóin ar gheaftaí an Rí, agus ní hé amháin na geaftaí a leagan ach leag sé mórán den obair chloiche, agus bhuail sé suas in aghaidh an chaisleáin iad, agus briseadh sclátaí agus achan seort. Bíodh geall nach rabh an Rí i bhfad ag coimheád amach ar an fhuinneoig é fhéin ansin. Dúirt sé go gcaithfeadh siad seo cead a fháil a theacht isteach, agus a mhór agus a mhaith a dhéanamh daofa nó go leagfadh siad deireadh a rabh fán teach.

Chuaigh isteach, an t-iomlán acu. Ní rabh gar dadaí eile a dhéanamh leofa. Dúirt siad go rabh greim le hithe de dhíth orthu, agus dúirt an Rí go bhfaigheadh siad sin ar ndóiche.

D'inis siad ansin caidé a bhí ag cur bhuartha orthu, go raibh a níon de dhíth ar Mhac an Duine Uasail seo.

"Bhail," a deir an Rí, "níl a fhios agam caidé na tréartha atá sé in innimh a dhéanamh," a deir sé, "nó cé acu a gheobhas sé í nó nach bhfaighidh,[201] ach beidh a fhios againn é."

Fuair sé a chuid go maith, agus a fhad is a bhíthear á dhéanamh réidh daofa, d'imigh an Rí a fhad lena chailleach phisreogach, agus d'fhiafraigh sé daoithe caidé an dóigh a gcuirfeadh sé Mac an Duine Uasail chun báis.

"Bhail tá cathaoir agatsa," a deir sí, "a bhfuil traidhfil de bheangláin nimhe ag teacht aníos fríthe, agus cuir ina shuí ar an chathaoir é, agus gheobhaidh tú marbh ansin é gan trioblóid ar bith, agus ní bheidh moill ar bith ort an chuid eile a chur fá shuaimhneas nuair a mhuirfeas tú eisean."

Bhí Cluas ar Éisteacht ag éisteacht le deireadh, agus nuair a chuaigh siad isteach shuigh Tóin Chruach ar an chathaoir, agus an méid biorannaí nimhe a bhí inti, chuir sé fríd an talamh iad ní hé amháin aon dath eile –

"Suigh ansin anois," a deir sé le Mac an Duine Uasail, "agus ní bheidh moill ort greim a ithe."

Ar ndóiche, nuair a tháinig an Rí ar ais bhí siad uilig comh beo agus a bhí siad ag imeacht dó, agus d'imigh sé ar ais ionsar an chailleach phisreogach, agus d'inis sé daoithe caidé mar a bhí.

"Bhail tím," a deir sí, "tá arm millteanach fán teach agat."

[201] Ls.: nach bhfuigh.

"Bhail tá," a deir an Rí, "ach tá cuma orthu go mbeidh sé doiligh fáil réitithe leofa. Tá siad ina ndaoiní contráilte."

"Bhail, tá níon duitse," a deir sí, "pósta ar oileán amuigh i lár na farraige, agus nuair a bheas tú ag gabháil a luí anocht tabhair litir dó, agus abair leis mur rabh an litir sin aige ar uair an mheán lae amárach go gcuirfidh tú chun báis é. Tá pisreogaí agamsa," a deir sí, "agus goidfidh mé an litir uaidh agus ní bheidh moill ort ar an dóigh sin fáil réitithe leis."

"Maith go leor," a deir an Rí, "b'fhéidir go bhfaighfí déanamh ar shiúl leis ar an dóigh sin."

Scríobh an Rí litir agus chuaigh sé síos chun an *room* i ndiaidh é a ghabháil a luí, agus thug sé dó an litir.

"Mur rabh an litir sin agat ar an deich a chlog le tabhairt domhsa," a deir sé, "cuirfidh mise chun báis thú."

Bhí Cluas ar Éisteacht[202] ag éisteacht le deireadh. Cá bith mar a bhí, tháinig an chailleach phisreogach, agus fuair sí an litir nuair a fuair sí Mac an Duine Uasail ina chodladh, ach nuair a bhí sí ag imeacht leis an litir mhothaigh Cluas ar Éisteacht agus Clóca Dubh í. D'imigh sí agus an litir léithi go dteachaigh sí chun na farraige.

"Foscail a fharraige," a deir sí, "agus lig anonn mise."

"Sea agus mise fosta," arsa Clóca Dubh, agus bhí sé le tóin na caillí.

Chuaigh seisean isteach ar an oileán a bhí i lár na farraige ins an áit a rabh sise pósta –

"Tháinig arm fá chaisleán an Rí," a deir sí, "agus tá cuma orthu go réabfaidh siad agus go leagfaidh siad deireadh, agus fág an litir sin thiar ar an dreisiúr nó, mur rabh sí ag Mac an Fhir Uasail, tá sé le cur chun báis amárach."

Bhí Clóca Dubh istigh ag éisteacht leofa i rith an ama, agus ní rabh siad a fheiceáil ar chor ar bith, agus thug leis an litir as an áit ar fhág sise í, agus chuaigh síos chun an *room* agus thug an litir do Mhac an Fhir Uasail.

"Tabhair aire mhaith do sin anois," a deir sé le Mac an Duine Uasail, "nó bheitheá crochta amárach ar uair an mheán lae ach gu[r]b é mise." Bhí néal maith codlaidh[203] aige-san san am sin ar scor ar bith, agus choinnigh sé an litir go maidin ina láimh ar eagla go dtiocfadh a dhath uirthi. Nuair a mhothaigh sé an Rí ag teacht chuir sé isteach faoina chionn í agus lig sé air fhéin go rabh sí ansin ó tháinig an oíche. Tháinig an Rí

[202] Ls.: Cluas le hÉisteacht.

[203] in áit 'codlata' an chaighdeáin. Ls.: Bhí néall maith codluigh.

isteach agus d'fhiafraigh sé de an rabh an litir inniu aige.
"Sé ceart a bheith," arsa seisean. Chuir a lámh isteach faoi na héadaigh agus thug dó an litir.
"Bhail tím," a deir sé, "is tú an fear a ba ghaiste a tháinig fán teach go fóill agam."
Chuaigh sé a fhad leis an chailleach phisreogach ansin ar ais. D'inis sé di caidé mar a bhí.
"Bhail tím," a deir an chailleach phisreogach, "bhéarfaidh siad trioblóid duit sula bhfaighidh tú díbríste amach ón teach iad. Tá tobar íocshláinte sa Domhan Thoir, agus níor bualadh mise ariamh ag gabháil ionsar an tobar sin. Cuir thusa geall leis go bhfaighidh sé do níon má tá sé fhéin nó teachtaire ar bith aige a rachas chun an Domhain Thoir, agus a bheas ar ais le buidéal na híocshláinte romhamsa."
Tháinig an Rí isteach chun an *room* ins an áit a rabh siad, agus d'fhiafraigh sé an rabh duine ar bith acu ábalta an teachtaireacht a bhí aige-san a rachtáil. Níor labhair duine ar bith acu ar feadh tamaill, ach fá dheireadh dúirt Mac an Duine Uasail go bhféachfadh siad leis. Tháinig an Rí ansin agus an chailleach phisreogach leis, agus fuair sé dhá bhuidéal daofa, agus dúirt leofa nach rabh dul anonn nó anall air, go gcaithfeadh an bheirt imeacht chun an Domhain Thoir fá choinne na híocshláinte. Sheas an bheirt ag an doras ansin agus d'imigh siad le chéile. Rinn an chailleach cú daoithe fhéin agus scaoileadh Cos ar Lugh amach ina cuideachta, ach má scaoileadh ní rabh cos ar bith ceangailte dá thóin ins an am sin. D'imigh siad mar sin, agus i ndiaidh ise a bheith ina cú, ní rabh sí ábalta cos ar bith a choinneáil leis-sean nó amharc ar bith ach oiread. Ní rabh an chailleach ach leath bealaigh ag gabháil soir nuair a bhí sé ag teacht anoir agus buidéal na híocshláinte leis.
"Maigh-o!" a deir an chailleach leis nuair a casadh ar a chéile iad, "nach tú atá amaideach," a deir sí, "ag déanamh a leithéid de rása do Mhac an Duine Uasail do do mharbhadh fhéin,[204] agus mise don Rí. Ní bheidh mórán iomrá orainne," a deir sí "nuair a bheas deireadh thart. Suigh agus déan do scríste," a deir sí, "a dhuine bhoicht tá tú marbh. Tá an geall bainte agatsa ar scor ar bith," a deir sí, "nó níl maith ar bith domhsa a bheith ag reathaidh feasta. Tá sé comh maith domhsa m'am a ghlacadh anois. Ní thiocfadh liom a bheith ar ais romhatsa anois."
Shuigh sé síos ansin go ndéanadh sé a scríste.

204 Ls.: 'do mharbhadh fhéin.

“Is fearr duit,” a deir an chailleach phisreogach, “do cheann a leagan in m'ucht agus néal a chodladh,” a deir sí. “Caithfidh tú a bheith tursach anois i ndiaidh an rása.”
Leag sé a cheann ina hucht, agus ba ghairid gur thit sé ina chodladh. Comh luath géar is fuair an chailleach ina chodladh é, chuir sí an biorán suain ina chionn. Thug sí léithi buidéal na híocshláinte agus d'fhág sí aige an buidéal folamh, agus d'imigh sí léithi ag tarraingt ar an chaisleán.
Bhí go maith, bhí Cluas ar Éisteacht ag éisteacht le deireadh, agus d'inis sé daofa go rabh an chailleach ag teannadh comhgarach agus an fear eile ina chodladh, agus go gcaithfeadh siad rud inteacht a dhéanamh nó go gcrocfaí Mac an Duine Uasail cinnte. D'inis sé do Shúil Mhaith ar Ghunna go rabh sé ina luí ina chodladh leath bealaigh eadar seo agus an Domhan Thoir, é ina luí ar mhullach cnoic agus an biorán suain ina chionn. Ach ní rabh gar ann bhí an chailleach ag tarraingt comhgarach agus buidéal léithi, agus ní dhearn Srón Mór ach batáil an chotháin a bhaint as a ghaosán, agus chuir sé séideog amháin ar an chailligh, agus chuir sé a sheacht n-fhad í taobh thoir de thobar na híocshláinte, agus chaith sé isteach i seanscrog aiteanaigh í a bhí thoir ansin, agus bhí sí uilig millte gearrtha.
Thug Súil Mhaith ar Ghunna leis a ghunna, agus bhí súil mhaith ar an ghunna ariamh aige, agus scaoil sé leis an bhuachaill, agus steall sé an biorán suain amach as an chluais aige, agus ar ndóiche phreab sé sin ina shuí. Nuair a dhearc sé fá dtaobh de, ní rabh aige ach an buidéal folamh, agus a fhad is a bhí an buidéal folamh fhéin aige ní rabh sé buailte. D'imigh sé leis chun an Domhain Thoir, agus líon sé buidéal na híocshláinte sa tobar, agus ní hé amháin an chailleach phisreogach a bheith comhgarach dó san am sin, bhí sí na céadta mílte ar an taobh thoir de. Tháinig seisean ar ais agus buidéal na híocshláinte leis, agus bhí níon an Rí bainte aige ansin. Tháinig an chailleach sa deireadh agus í briste bruite uilig, agus bhain sé mórán de dhá lá aisti a theacht ar ais. Pósadh an lánúin ansin, agus ní rabh iomrá ar bith ar an chailligh níos mó nó ní thug sé pingin ar bith le saothrú daoithe. Rinn sé amach nach rabh maith ar bith inti ar scor ar bith. Thug sé dhá bheathach capaill daofa, agus d'imigh siad agus dhá mhála óir agus dhá mhála airgid comh mór agus a bhí siad ábalta a iomchar leofa.
Dhíol Mac an Duine Uasail an tuarastal a bhí bainte ag Cluas ar Éisteacht, agus i bhfad níos mó agus dhíol sé iad uilig, agus rinn sé amach nuair a tháinig sé chun na háite ar casadh air Clóca Dubh go mbeadh an-chnap dhe dhíth air nó badh é ab fhearr a rinn

gnoithe dó –

"Tá mise ag gabháil d'fhágáil anois," a deir sé.

"Bhail caidé atá le fáil agat anois?" arsa Mac an Duine Uasail. "Creidim," a deir sé, "go bhfuil tuarastal mór dhe dhíth ortsa, agus níl moill ar bith ormsa airgead ar bith a iarrfas tú a thabhairt duit, nó tá an dubhrud liom de óir an Rí, agus ar ndóiche rinn tusa obair mhaith domh, agus gheobhaidh tú oiread agus atá de dhíth ort."

"Bhail níl dadaí ar chor ar bith le fáil agamsa," a deir Clóca Dubh. "Bhí mo pháighe-sa díolta sula dteachaigh mé leat ar chor ar bith. Mise an fear ar dhíol tú na fiche punta ar a shon an lá udaí a bhí tú ag gabháil thart, agus lig tú mo chur fá shuaimhneas, agus sin an t-ábhar a dtearn mé oiread duit, agus ní thiocfadh liom leath go leor a dhéanamh duit. Níl airgead ar bith de dhíth ormsa nó níl mé beo ar chor ar bith," a deir Clóca Dubh leis, "agus róbheag a bhí sé agam cuidiú leat nuair a lig tú mo chur fá shuaimhneas. Tá mise ag gabháil d'fhágáil anois, agus tá súil agam go mbeidh achan ádh is fearr ná a chéile ort fhéin agus ar do bhean óg. Tá mise ag imeacht díreach chun na bhflaithis anois, agus ní chuirfidh mé buaireamh ar bith ar aon duine beo nó marbh go brách."

D'fhág sé slán agus beannacht ag Mac an Duine Uasail, agus d'imigh sé leis agus ní fhacaigh sé aon amharc air ní ba mhó. Tháinig sé fhéin agus an bhean óg abhaile agus chaith siad saol fada, agus bhí a sáith agus fuíoll de achan seort acu ar airgead agus ar ór an Rí. Thóg siad muirín mhór ach níor mhothaigh mé anois le fada caidé mar a d'éirigh daofa.

Scéal 29. Buachaillí Ard an Rátha

Bhail, bhí triúr buachaillí thiar ansin in Ard an Rátha sa tseanam, agus ní rabh airgead ar bith acu, agus rinn an triúr amach go n-imeochadh siad go Meiriceá. Ní rabh carr nó dadaí ag gabháil an t-am sin agus shiúil siad leofa, agus bhain siad Srath an Urláir amach an chéad oíche. Chuaigh siad isteach ins an teach ab fhearr a bhí i Srath an Urláir, agus bhí maistir an toighe ansin agus cailín. Bhí cultacha maithe éadaigh orthu, agus d'fhiafraigh siad an dtiocfadh iadsan a choinneáil go maidin anseo. Dúirt siadsan go dtiocfadh cinnte, agus fuair siad an áit.

Bhí go maith, ar maidin tháinig fear acu anuas an staighre agus d'fhiafraigh sé caidé a bhí le híoc acu. Tháinig an bheirt eile i láthair, agus bhí gach aon duine acu ag iarraidh díol ar a shon fhéin má b'fhíor, agus thosaigh an dearbhú[205] acu, agus ní ligfeadh fear ar bith don fhear eile díol. Dúirt an chéad fhear a labhair gur dhoiligh an cása seo a shocrú, agus d'iarr sé dallóg a chur ar an chailín a bhí ag déanamh réidh daofa, agus cá bith fear a bhfaigheadh sí greim air nuair a bheadh an dallóg uirthi, gur sin an fear a dhíolfadh an dolaidh.

Bhí sin maith go leor, chuaigh an dallóg ar an chailín, agus bhuail sí ag reathaidh aniar is siar fríd an teach, fríd chathaoireacha agus achan seort. Shlíoc siadsan de réir fear is fear amach ar an doras comh socair is a tháinig leofa. D'éirigh bean an toighe anuas, agus mhothaigh sí an tormán ag an chailín fríd an teach, agus rug sí greim uirthi agus tharraing sí an dallóg amach dena héadan. D'fhiafraigh sí daoithe caidé a bhí uirthi ar chor ar bith, nó an rabh sí ina ciall ar chor ar bith inniu. Fuair an cailín greim uirthi sula bhfuair sí an dallóg a bhaint daoithe.

"Tusa," a deir sí, "a chaithfeas díol ar shon na hoíche."

Ní rabh a fhios ag an chailín cé a bhí ann, agus shíl sí gur fear acusan a bhí ann.

"B'fhearr duit stad den amaidí sin," arsa sise, "agus do ghnoithe a dhéanamh. Caidé atá tú ag smaoitiú air ar chor ar bith?" arsa sise[206].

Bhí an triúr ar shiúl ansin, agus bhí an cailín tútach go maith daoithe fhéin, agus ní inseochadh sí caidé a tháinig orthu go rabh siad giota maith ar shiúl. D'imigh siadsan leofa agus bhí siad ar an tSrath Bán an oíche sin. Ní rabh airgead ar bith ar fad acu, bhí siad ar an dóigh chéanna ar thoisigh siad. Chuaigh siad isteach sa teach ósta ab fhearr a

[205] Ls.: dearbhadh. Deir Ó Dónaill (1977, 383), "**dearbhadh,** *m* = DEARBHÚ."
[206] Ls.: caidé a bhfuil tú ag smaoitiú air ...?" arsa seisean.

bhí ar an tSrath Bán agus d'fhiafraigh siad an bhfaigheadh siad lóistín an oíche sin, agus dúirt siad leofa go bhfaigheadh. Tháinig an triúr anuas ar maidin, fear i ndiaidh an fhir eile, agus chuaigh siad isteach chun an tsoileáir. Bhí uisce beatha an-mhaith, ann agus d'iarr fear acu trí ghloine den stuif ab fhearr a bhí ann. Bhí an fear sin go han-mhaith daofa agus líon sé amach na trí ghloine daofa. Thoisigh siad a dh'ól an uisce bheatha agus a chaint agus a chomhrá, agus dúirt fear acu sa deireadh leis go gcreideann sé go rabh seisean gearreolach ar ghnoithe uisce b[h]eatha. Dúirt sé go rabh nó gurbh é an *trade* é a chleacht sé ariamh.

"Bhail," arsa fear acu, "bhainfinnse trí c[h]ineál uisce bheatha amach as an cheig sin agus sílidh tusa go bhfuil tú eolach air."

"Ó ní bhainfeá," a deir sé, "sin rud nach mbeitheá ábalta a dhéanamh."

"Ó bhainfinn," a deir sé, "agus chuirfinn punta dhe gheall leat go mbainfinn trí chineál uisce b[h]eatha amach as."

Dhírigh eatarthu fá na gnoithe, agus ar ndóiche lig fear Ard an Rátha air go rabh neart airgid aige, agus go rabh sé ag cur an phunta. D'fhiafraigh sé de ansin an rabh gimléad ar bith aige fán teach aige. Dúirt fear na tábhairne ar ndóiche go rabh. D'imigh sé agus fuair sé an gimléad agus rinn sé poll ar thaobh an cheig, agus d'iarr sé air a mhéar a chur air. Bhí sin maith go leor, rinn sé poll ar an taobh eile, agus d'iarr sé air a mhéar a chur air. Bhí an ceig an-mhór agus bhí a dhá sciathán spréite go maith air. Rinn sé poll eile i lár báire, agus d'iarr sé air a theangaidh a chur ar an pholl sin. Dúirt sé ansin go rabh gléas inteacht eile a dhíth air diomaite de sin sula dtigeadh an t-uisce beatha fríd. Shiúil sé fhéin agus an bheirt eile amach ar an doras agus d'fhág sé an fear[207] sin spréite ar an cheig.

Bhí go maith, shiúil siad leofa agus níor stad siad gur bhain siad Doire amach.

Nuair a d'imigh siadsan, tháinig bean fhir na tábhairne isteach agus fuair sí eisean spréite ar an cheig. Bhí a theangaidh dóite ag an uisce beatha agus é cineál bliotach, agus ní rabh sé ábalta a inse caidé a tháinig air, agus comh luath is a thóg sé a theangaidh den cheig d'imigh an t-uisce beatha fríd an teach. D'éirigh an strácáil ansin ag stopadh an cheig agus ní rabh iomrá ar bith ar bhuachaillí Ard an Rátha. Bhain siadsan Doire amach an lá sin.

Bhí lá aonaigh i nDoire an lá ina dhiaidh sin. Chuaigh siad isteach ins an teach ósta ab

---

[207] Ls.: an bheirt.

fhearr a bhí i nDoire. Dúirt siad le fear an toighe ósta go rabh siad ag tarraingt ar aonach Dhoire, agus d'fhiafraigh siad an bhfaigheadh siad lóistín aige. Dúirt sé sin go bhfaigheadh ar ndóiche, go rabh sé ag coinneáil daoiní ar scor ar bith. Choinnigh sé iad an oíche sin.

Ar maidin lá arna mhárach tháinig an fear a ba seanaimseartha acu anuas ionsar fhear an tsoileáir agus d'iarr sé trí ghloine den rud ab fhearr a bhí aige ar an fhear sin. Dúirt sé gur chun aonaigh a tháinig siad agus nach ndíolfadh siad dadaí go mbeadh a ngnoithe déanta, agus go n-itheadh siad a ndinnéir.

D'imigh an triúr amach fríd an aonach a dh'amharc uathu. Níorbh fhada uilig a bhí siad amuigh go bhfacaigh siad Albanach ag teacht a rabh cupla ál banbhán leis. Cheannaigh siad na banbháin uilig uaidh agus thug siad dó an méid a bhí sé a dh'iarraidh orthu. D'fhiafraigh sé díofa nuair a bhí sé ag cur a bheathaigh ar stábla caidé rud eisean.

“Nár chóir go n-aithneochthá mise,” a deir an fear a cheannaigh na banbháin go han-chonfadhach. “Nach bhfuil a fhios agat gur mise buachaill an tseansagairt atá anseo!”

“Ó bhail tá sin ceart go leor,” arsa an tAlbanach, agus d'imigh sé agus an beathach leis. Thosaigh siadsan a dhíol na mbanbhán comh luath is a d'imigh seisean, agus bhí siad an-daor ar aonach Dhoire an lá sin. Bhí siad i bhfad i bhfad ní ba daoire nó shíl an tAlbanach a bheadh siad. Ach nuair a bhí deireadh díolta acu siar go maith deireadh-lá, tháinig an tAlbanach ar ais go bhfaigheadh sé a luach.

Bhí long Mheiriceá ag imeacht an tráthnóna sin fosta, agus an fear a cheannaigh iad d'iarr sé ar an Albanach siúl leis ionsar an tsagart anois, agus go gcuirfeadh seisean gléas air a bhfaigheadh sé luach a chuid muc. Chuaigh sé leis a fhad le teach an tsagairt. D'iarr sé air seasamh taobh amuigh de theach an tsagairt go n-insíodh sé dó caidé a bhí le fáil aige. Isteach leis go toigh[208] an tsagairt, agus d'inis sé don tsagart go rabh fear ina dhiaidh ó mhaidin agus go gcaithfeadh sé nach rabh sé i gceart. D'fhiafraigh an sagart dó caidé an dóigh a rabh sé dá shonrú sin air.

“Tá maise,” a deir fear Ard an Rátha, “níl amach as a bhéal ar fad ach ag iarraidh luach muc, agus rinn mé amach go dtabharfainn chugaibhse é go ndéanadh sibh oifige dó.”

“Cuir isteach anseo é,” arsa an sagart, “go bhfeicfidh mé é.”

Chuaigh fear Ard an Rátha amach, agus d'iarr sé ar an Albanach a ghabháil isteach go bhfaigheadh sé luach a chuid muc. Ní rabh a fhios ag an fhear bocht sin caidé an cineál

---

208 Ls.: 'toigh.

dóigh a bheadh ag an tsagart sula ndíoladh sé luach na muc. D'iarr an sagart air a ghabháil ar a ghlúine comh luath agus a chuaigh sé isteach, agus chuir sé fhéin an ribín ar a mhuineál. Thosaigh an sagart agus lig sé roinn mhór urnaí os cionn an Albanaigh. Dúirt an sagart leis anois go bhféadfadh sé éirí agus a ghabháil abhaile.
Dúirt seisean go mb'fhearr leis luach a chuid muc a fháil i bhfad, agus nach bhfágfadh sé an teach go bhfaigheadh sé luach na muc. D'éirigh eadar an tAlbanach agus an sagart ansin, agus rinn sé amach go mb'fhearr dó luach na muc nó oifige an tsagairt. Rinn an sagart amach go rabh an tAlbanach go holc, agus rinn sé amach nach rabh sé maith aige a bheith ag troid le fear a bhí ar an dóigh. Chuir sé scéala fá choinne na bpéas.
Bhí go maith, nuair a fuair siadsan luach na mbanbhán, d'imigh siad agus tharraing siad ar an bhád, agus ar ndóiche bhí a sáith costais acu an uair sin agus ní rabh moill orthu a mbealach a dhíol. Tháinig na péas agus thug siad leofa an fear a dhíol na muca, agus bhí siad ag gabháil a chur chun an toighe móir[209]. Ach d'inis seisean a scéal, agus b'éigean oifigeach na bpéas a thabhairt chun talaimh. Bhí an cás i bhfad ní ba mheasa siocair gurbh é an sagart a chuir fána gcoinne. Bhí triúr buachaillí Ard an Rátha thall i Meiriceá glan ar shiúl ón iomlán sula rabh fianaiseachaí[210] agus achan seort réidh ag an Albanach fán dóigh ar dhíol sé na muca. Ní thiocfadh iadsan a thabhairt anall agus chualaigh mé go dtearn siad an-ghnoithe thall, agus níor mhothaigh mé iomrá ar bith ariamh cé acu a chuir siad luach a chuid muc ar ais ionsar an Albanach nó nár chuir.

[209] Ls.: 'un toigh' móir.
[210] Ls.: fiadhnaiseachaí.

Scéal 30. Aon a hairt ag an Aifreann

Chualaigh mé an seanbhunadh dá rá go minic, an cearrbhach a bhéarfadh leis an haon a hairt go toigh an phobail, agus a chuirfeadh faoina ghlúin dheas í nuair a bheadh an tSacraimint dá tógáil, go dtiocfadh leis an fhear sin carda ar bith sa phaca a bheith aige nuair a bheadh sé de dhíobháil air. Ba léar leis an tseanbhunadh fosta, duine ar bith a bheadh comh holc agus go dtabharfadh sé leis na cardaí go toigh an phobail ar scór sin a dhéanamh, go rabh sé ní ba mheasa nó an diabhal fhéin, agus go n-imeochadh drochrath air i ndiaidh a leithéid a dhéanamh.

# CAIBIDIL 4.

# SCÉAL AN FHIR MHÓIR NÓ AN SCÉAL *BHIG MAN* MAR A D'INIS ANNA NIC AN LUAIN É I 1936 AGUS I 1947

## 1. Réamhrá

Sa bhliain1936, bhailigh Liam Mac Meanman leagan de scéal an Fhir Mhóir, nó scéal an *Bhig Man*, ó Anna Nic an Luain, nuair a bhí sé i mbun a chuid oibre ar son an Choimisiúin. Sa bhliain 1947, agus é ag obair don Choimisiún fosta, bhailigh Seán Ó hEochaidh leagan eile den scéal uaithi. Sa chaibidil seo tugtar L1 ar an leagan den scéal a bailíodh i 1936 agus tugtar L2 ar an leagan a bailíodh i 1947. Is ábhar inspéise é go bhfaightear idir chosúlachtaí agus difríochtaí sna hinsintí difriúla. I measc na gcosúlachtaí sa dá leagan, faightear na carachtair chéanna, agus tarlaíonn na heachtraí céanna san ord céanna sa dá leagan gan móran athraithe eatarthu. I measc na ndifríochtaí a fhaightear idir an dá insint, tá miondifríochtaí nach gcuireann athrú mór ar an scéal, mar shampla lonnú na gcarachtar sa scéal. Ach tá eachtra amháin, ionsaí a dhéantar ar ar tseanbhean, a tharlaíonn in L1, nach bhfaightear in L2. Tá éagsúlacht eile eatarthu sna caíonna difriúla a gcríochnaíonn an scéalaí an scéal, agus faightear léargas i gcríochnú L2 nach bhfaightear in L1 ar an fhíric lárnach sa scéal, mar a fhaightear sna Cruacha é, nach gcónaíonn an lánúin phósta le chéile in aon teach amháin tar éis a bpósta.

Sa chaibidil seo, chomh maith le plé a dhéanamh ar na difríochtaí atá idir L1 agus L2, déantar comparáid idir gnéithe den scéal, mar a fhaightear iad sa dá leagan seo, agus mar a fhaightear i leaganacha a bailíodh ó scéalaithe eile sna Cruacha Gorma. Déantar plé fosta ar dhá ábhar inspéise faoi leith a fhaightear sa scéal. Ar an chéad dul síos pléitear fíric thuasluaite an scéil, nach gcónaíonn an lánúin óg le chéile tar éis a bpósta. An é gur gnás nó cleachtas é a bhíodh mar chuid d'eagras sóisialta na gCruach am éigin i stair an cheantair agus a bhfuil iarsma de fágtha sa scéal, nó an é gur seift scéalaíochta é a thugann comhthéacs d'aicsean an scéil. Déantar plé ansin ar an dóigh a bhfaightear iomlaoid chomhrá in insint an scéil nuair a léiríonn Anna Nic an Luain

comhbhá i leith charachtar na seanmhná.

Ag deireadh na caibidle, tugtar L1 mar aguisín gan athrú eagarthóireachta a chur i bhfeidhm ar litriú nó ar phoncaíocht na lámhscríbhinne. Chomh maith leis na difríochtaí a fhaightear in insint an scéil idir an dá leagan, L1 is L2, is ábhar inspéise é na difríochtaí a fhaightear idir cleachtais oibre na mbailitheoirí agus iad ag scríobh an scéil. Mar shampla, baineann Mac Meanmain úsáid as cló rómhánach sa lámhscríbhinn i gcomparáid le cló gaelach Uí Eochaidh.

2. Leaganacha den scéal a bailíodh sna Cruacha Gorma

Ar an chéad dul síos, agus sula ndírítear ar L1 agus L2, is fiú eolas a thabhairt ar scéal an Fhir Mhóir féin mar a bailíodh ó scéalaithe difriúla é. Ag tús sheachtóidí an chéid seo caite, bhailigh Séamas Ó Catháin leagan den scéal seo ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain faoin teideal *An Fear Mór*. Deir Ó Catháin (1985, 83):

> This story ... is known to me in three other versions from the Croaghs, two of them taken down from Anna Nic an Luain. The first of these was taken down by Liam Mac Meanman on 6.2.1936 ... and it is called "*Scéal an* B*h*ig Man" as is her second version, taken down by Seán Ó hEochaidh on 30.10.1947 ... "Big Man" rather than "*Fear Mór*" is preferred by the storyteller throughout these two tellings. The third Croaghs version, taken down by Liam Mac Meanman from Paidí Mac Aoidh on 14.4.1937 uses neither appellation but refers instead to a "*fear siúil*" ("a tramp") ....

Chomh maith leis na leaganacha a luann Séamas Ó Catháin, tá ceann eile − a chuirtear in eagar sa saothar seo − a bhailigh Seán Ó hEochaidh ó Phádraig Ó Giobúin faoin teideal *An fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt maidin Dé Sathairn ⁊ nach rabh Dé Luain*[211] ar an 11.2.1948 (CBÉ 1033: 301-305), agus a chiallaíonn gur bailíodh cúig leagan den scéal sna Cruacha san iomlán. Arís, amhail leagan Phaidí Mhic Aoidh, níl aon trácht ar an Fhear Mór nó ar an *B*h*ig Man* i leagan Phádraig Uí Ghiobúin den scéal ach deirtear gur "duine comhgarach" don fhear óg é (CBE 1033:

[211] Ls.: An fear a bhí ábalta léim na h-abhna a thabhairt maidin Dia Luain ⁊ nach rabh Dia Sathuirn.

301).

3. An scéal féin

I ngach leagan nó insint den scéal a bailíodh sna Cruacha Gorma, faightear an scéal idirnáisiúnta ATU 1544, *The man who gets a night's lodgings*. Tá fear óg pósta ar chailín a bhfuil cónaí uirthi i dteach a tuismitheoirí ar thaobh eile na habhann. Toisc nach gcónaíonn siad le chéile, téann seisean ar cuairt chuici i dteach na dtuismitheoirí gach Oíche Shathairn agus filleann sé abhaile maidin Dé Luain. Ar a bhealach chuici léimeann sé an abhainn ach ag filleadh dó bíonn sé chomh lag go mbíonn air siúl tríd an uisce. Cuireann fear na háite, an *Big Man*, mar a thugtar air in L1 agus L2, spéis sa scéal, agus nuair a chloiseann sé nach bhfaigheann an duine óg a sháith le hithe le linn na gcuairteanna seo, agus gur é sin cúis a laige, beartaíonn an *Big Man* an scéal a leigheas. Agus é i mbréagriocht duine bhoicht, faigheann sé lóistín leis an tseanlánúin agus i rith na hoíche milleann sé toirtín agus brachán an tseanfhir agus ólann sé a chuid bainne. Ansin i ngach ceann de leaganacha na gCruach den scéal, seachas leagan Phaidí Mhic Aoidh, faightear an scéal idirnáisiúnta ATU 1115, *Attempted murder with hatchet*. Déanann an seanfhear iarracht an Fear Mór a mharú le tuairgnín ach tá an Fear Mór tar éis gamhain óg a chur isteach ina áit féin sa tsráideog. Tá a cheacht foghlamtha ag an seanduine ag deireadh an scéil agus bíonn a sháith le hithe ag an fhear óg as sin amach.

4 Leaganacha den scéal a bailíodh ó Anna Nic an Luain

Go bunúsach is é an scéal céanna a bhailigh Liam Mac Meanman ó Anna Nic an Luain i 1936, L1, agus a bhailigh Seán Ó hEochaidh uaithi breis is deich mbliana níos déanaí i 1947, L2, cé go bhfuil idir mhiondifríochtaí agus difríochtaí atá níos tábhachtaí ná sin eatarthu. Déantar na difríochtaí seo a phlé de réir mar a tharlaíonn siad in insint an scéil, agus ní chuirtear athruithe eagarthóireachta i bhfeidhm, na hathruithe a shonraítear i gCaibilil 1, ar na sliochtanna a úsáidtear as L1 sa chaibidil seo.

An chéad mhiondifríocht a thagann chun cinn idir an dá insint is ea go n-athraíonn an scéalaí lonnú na gcarachtar sa dara leagan. In L1, tá cónaí ar an fhear óg agus ar an *Bhig Man* ar thaobh thall na habhann, agus bíonn ar an fhear óg teacht "'nall i

gcómhnuí" ar a bhealach chuig a bhean chéile, (CBÉ 171: 659). In L2, tá cónaí orthu "ar an bhaile seo" agus bíonn an fear óg in ann "léim a ghearradh ionsar an bhruach thall" ar a bhealach chuig a chailín Oíche Shathairn, rud nach féidir leis a dhéanamh ar a bhealach abhaile mar a thugtar sa scéal, "ag teacht anall ar ais chaitheadh sé an abhainn a shiúl i gcónaí,"(CBÉ 1032: 346). San athrú seo i lonnú áit chónaithe an fhir óig agus an *Bhig Man* ó thaobh amháin na habhann go dtí an taobh eile, feictear nach bhfuil an scéalaí, Anna Nic an Luain ag smaoineamh ar dhaoine áirithe áitiúla mar charachtair sa scéal, carachtair a mbeadh aithne aici féin nó ag an lucht éisteachta orthu. Is ábhar inspéise é mar sin go dtosaíonn an leagan den scéal a bailíodh ó Phádraig Uí Ghiobúin le cur síos ar a chuid ainteanna, agus ar a gcuntas siúd faoi mhuintir na háite a bheith in ann an abhainn a léim (CBÉ 1033:301). Lonnaíonn seiseann carachtar an fhir óig i dteach ar a thaobh féin den abhainn, teach a bhí cóngarach do theach na n-ainteanna.

Difríocht eile idir L1 agus L2 is ea an dóigh a mbaineann an scéalaí úsáid níos fairsinge as focail Bhéarla in L1 ná mar a dhéanann sí in L2. Baintear úsáid as na focail Bhéarla '*bride*' agus '*groom*' in L1 nuair a dhéantar trácht ar an lánúin óg, rud nach ndéantar in L2. Bhain bailitheoir L1, Liam Mac Meanman úsáid as cló rómhánach sna lámhscríbhinní nuair a scríobh sé síos an scéal seo. Mar chuid den chló rómhánach seo, cuireann sé ponc leis an litir *i* nuair nach mbíonn síneadh fada oiriúnach i litriú focail. Is léir mar sin gur '*bride*' agus nach 'bríde' atá i gceist in L1 toisc go bhfuil difríocht shoiléir idir an ponc a chuireann sé leis an litir *i* sna focail '*bride*' agus 'caillte' agus an síneadh fada a úsáideann sé nuair a scríobhann sé a leithéid "ní bhíonn," (CBÉ 171: 660). Faightear samplaí d'úsáid na bhfocal Béarla seo, '*bride*' agus '*groom*,' i scéalta a bailíodh ó scéalaithe eile sna Cruacha mar a leanas:
Baineann Pádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain úsáid as '*bride*' agus an uimhir iolra '*bride*annaí' sa scéal *Clann tSuibhne na miodóg*, (Ó Catháin, 1985, 38). Baineann Paidí Mac Aoidh úsáid as an fhocal Béarla '*groom*' ina leagan siúd de scéal an Fhir Mhóir faoin teideal *An fear nach dtiocfadh leis an abhann a léimint*, (CBÉ 335: 362). Baineann Seán Mac an Bhaird, deartháir Anna Nic an Luain úsáid as an fhocal '*groom*' fosta sna scéalta *Mac an duine shaibhir ⁊ níon an duine bhoicht*, (CBÉ 1032: 1-16), agus *An fear a dhíol dhá chéad punta ⁊ péire miotóg ar an chorp*,[212] (CBÉ 1032: 17-32),

[212] Ls.: An fear a dhíol cúig phunta ar an chorp.

dhá scéal a chuirtear in eagar sa saothar seo.

Tá éagsúlacht bheag idir na cuntais in L1 agus L2 ar na hullmhúcháin a dhéanann an Fear Mór sula dtéann sé go teach na seanlánúine. In L1, cuireann sé aghaidh dhubh agus péire máirtín air féin mar bhréagriocht, ach in L2 ní deir Anna Nic an Luain ach amháin go mbíonn "bratógaí an fhear siúil air," (CBÉ 1032: 347). Feictear comhtheagmhas anseo idir carachtar an Fhir Mhóir mar a fhaightear in L2, agus an cuntas thuasluaite i leagan Phaidí Mhic Aoidh nach ndéanann aon trácht ar Fhear Mór nó *Big Man* ach a deir "go dtáinig fear siúil thart lá amháin," (CBÉ 335: 362). I leagan Phádraig Uí Ghiobúin den scéal, ní hé carachtar an Fhir Mhóir nó an fhir shiúil a thagann i gcabhair ar an fhear óg, ach is "duine comhgarach aige, agus sílim gurbh é a bhí leis nuair a pósadh é" (CBÉ 1033: 301), a théann in éineacht leis an fhear óg go teach na mná óige, agus é cóirithe i mbréagriocht an bhacaigh.

Ní fhaigheann an Fear Mór an freagra céanna in L1 is a fhaigheann sé in L2 nuair a fhiafraíonn sé den seanduine an bhfaighidh sé lóistín na hoíche. In L1 deir an seanduine leis an *B*h*ig Man*, "ní choinnigheann sinn duine'r bith," (CBÉ 171: 660), ach is cuma leis an Fhear Mór, fanann sé ina ainneoin sin. Ní bhíonn fáilte roimh chompánach an fhir óig sa leagan den scéal a bailíodh ó Phádraig Ó Giobúin, ach arís fanann sé sa teach gan cead an tseanduine. In L2, faigheann an Fear Mór lóistín i dteach na seanlánúine gan stró. Cuirtear fáilte roimhe fiú. Cuirtear fáilte chomh maith roimh an Fhear Mór sa leagan den scéal a bailíodh ó Phádraig Eoghain Phádraig Mac an Luain, agus roimh an fhear siúil sa leagan a bailíodh ó Phaidí Mac Aoidh.

Bíonn ar an tseanbhean éirí trí huaire i lár na hoíche go réití sí bia don seanfhear. An chéad uair a éiríonn sí chun toirtín a dhéanamh dó, scriosann an Fear Mór an toirtín sa ghríosach leis na maidí briste agus é ag insint scéil ar an dóigh ar roinn sé a chuid talún idir a thriúr mac. In L1, scríobhann Liam Mac Meanman i bhfocail Bhéarla go ndearna an Fear Mór "*smish-smash*" den roinnt a bhí déanta aige nuair nach raibh na mic sásta leis (CBÉ 171: 661). Is ábhar inspéise é an chosúlacht idir an tróp seo agus an dóigh a léiríonn Pádraig Eoghan Phádraig Mac an Luain eachtra chéanna an scéil nuair a deir sé go ndearna an Fear Mór "smic smaic, smic smaic" de roinnt na talún (Ó

Catháin, 1986, 41). In L2, fágann Anna Nic an Luain an abairt onamataipéach Bhéarla "*smish-smash*" i leataobh agus baintear úsáid as íomhá eile nuair a deir an Fear Mór faoi roinnt na talún, "rinn me comh mion le tobaca iomlán a dtearn mé," (CBÉ 1032: 350). Ag insint dóibh faoin eachtra chéanna sa scéal, deir Pádraig Ó Giobúin go ndearnadh "míle píosaí" den toirtín (CBÉ 1033: 303), agus deir Paidí Mac Aoidh gur tharraing an fear siúil "cupla scór fríd a' toirtín ⁊ bhí 'n toirtín socair," (CBÉ 335: 362).

An dara huair a éiríonn an tseanbhean, déanann sí pota bracháin don seanfhear. Nuair a fhágann sí an pota ag doras an tí go bhfuaraí sé, milleann an Fear Mór é. Is é an t-aon difríocht a fhaightear idir dhá insint Anna Nic an Luain ar an eachtra seo go ndéanann an Fear Mór "a mhún isteach sa phota" in L1 (CBÉ 171: 662), agus in L2 deir sí "cén áit a dtearn sé a uisce ach isteach i bpota an bhracháin," (CBÉ 1032: 351). B'fhéidir nach bhfuil sa mhéid seo ach dhá bhealach leis an rud céanna a rá. Ach is féidir seasamh le tuairim eile fosta, gur cuntas níos maslaí ar an Fhear Mór a fhaightear in L1, agus go bhfuil gairbhe ag baint le carachtracht an Fhir Mhóir sa leagan seo tríd an focal 'mún' a úsáid in áit 'uisce.' Baintear úsáid as an fhocal 'mún' i leagan Phádraig Eoghain Phádraig Mhic an Luain den scéal, as an fhocal 'uisce' i leagan Phaidí Mhic Aoidh den scéal, agus ní dhéantar trácht ar bith ar an eachtra seo sa leagan den scéal a bailíodh ó Phádraig Ó Giobúin.

Cuirtear leis an tuairim seo faoi ghairbhe an Fhir Mhóir in L1 nuair a thugann Anna Nic an Luain cuntas ar an tríú huair a éiríonn an tseanbhean. Is san éagsúlacht idir an dá chuntas ar an eachtra seo a fhaightear an difríocht is mó idir an dá leagan a bailíodh uaithi. An uair seo sa scéal, téann an tseanbhean amach "ina léinidh" (CBÉ 171: 663) leis an bhó a bhleán go bhfaighe sí bainne don seanfhear. Níl a fhios ag an tseanbhean gurb é an Fear Mór a thagann amach ina diaidh agus a ólann an bainne. Ceapann sí gurb é an seanfhear féin a ólann an bainne, ní amháin sa leagan seo ach i ngach leagan den scéal. Ach in L1, tugtar le fios go ndéanann an Fear Mór ionsaí fisiciúil ar an tseanbhean. Déantar dhá thrácht ar an ionsaí seo mar a leanas (CBÉ 171: 663):

D'ól se'n bainne. Ce bith *rootal* [cló iodálach an eag.] eile a thug se do'n

cháilligh 'muigh, 'steach leis a cháilligh bhocht 7 cabhair aoiligh uirthi ...

"7 tá fhios ugut goide eile rinn se le chos a ól ar ndóighe" [a deir] sí.

Ní thugtar eolas níos cuimsithí ar an ionsaí agus níl aon trácht air i leagan ar bith eile den scéal ó na Cruacha, fiú in L2 a thug Anna Nic an Luain féin do Sheán Ó hEochaidh i 1947. Is léir, áfach, go bhfaightear cur síos ar charachtaracht an Fhir Mhóir atá níos brúidiúla in insint L1 an scéil ó Anna Nic an Luain ná mar a fhaightear i leagan ar bith eile.

Tá difríocht eile idir L1 agus L2 sa dóigh a dtugann Anna Nic an Luain glór don ghamhain a bhuailtear leis an tuairgnín in L1. Úsáidtear focail onamataipéacha chun fuaim an ghamhna a léiriú mar a leanas: "'Ba-wa!' a deir a gamhain nuair a buaileadh buille de'n tuairnin (sic) air," (CBÉ 171: 664). Ní chloisimid glór an ghamhna sa scéal mar a bailíodh ó Anna Nic an Luain i 1947 é nó i leagan ar bith eile den scéal a bailíodh sna Cruacha.

Ag deireadh an scéil bíonn a cheacht foghlamtha ag an seanfhear mar a luaitear thuas. Ach ag deireadh L2, tugann Anna Nic an Luain píosa eolais bhreise nach bhfuil in aon leagan eile den scéal mar a bailíodh sna Cruacha é, fiú sa leagan a bailíodh uaithi féin i 1936. Ní hé amháin go bhfaigheann an fear óg a sháith le hithe nuair a théann sé go teach mhuintir na mná óige as sin amach, ach glacann sé áit sa teach sin nuair a fhaigheann an seanfhear bás go luath tar éis chuairt an Fhir Mhóir. Deir an scéalaí, "ba ghairid ina dhiaidh sin go bhfuair an seanduine bás, agus thit an fear óg isteach san áit, agus bhí dóigh mhaith orthu ansin go lá a mbáis," (CBÉ 1032: 353).

5. An dóigh nach gcónaíonn an lánúin óg le chéile i ndiaidh a bpósta

Glactar leis mar fhíric i ngach leagan de scéal an Fhir Mhóir a bailíodh sna Cruacha − an dá leagan a fuarthas ó Anna Nic an Luain san áireamh − nach gcónaíonn an lánúin óg le chéile i ndiaidh a bpósta. Ina éagmais sin, ní bheadh cúis ag an fhear óg an abhainn a thrasnú agus é ag iarraidh a bheith i gcomhluadar na mná. Mar sin, is téama bunaidh sa scéal é a chiallaíonn go mbíonn ar an fhear óg an turas áirithe seo a dhéanamh. Ar ndóigh, is iad na bealaí éagsúla a thrasnaíonn an fear óg an abhainn a

spreagann fiosracht an Fhir Mhóir agus a chuireann tús le heachtraí an scéil.

Níor chleachtas fadtréimhseach é, de réir mar a fhaightear é sna leaganacha den scéal a bailíodh sna Cruacha. Ní fhanfadh lánúineacha scartha óna chéile ach go dtí go mbeadh coinníollacha ann a ligfeadh dóibh cónaí le chéile. Bheadh sé ar intinn ag an fhear óg go rachadh sé isteach i dteach na mná óige nuair a bhfaigheadh a hathair bás, mar a fhaightear in L2 (CBÉ1032: 353), nó go dtabharfadh sé a bhean chéile abhaile leis nuair a bheadh sé féin réidh, mar a fhaightear sa leagan den scéal a bailíodh ó Phádraig Ó Giobúin. Deir Ó Giobúin (CBÉ 1033: 301):

> Badh é an gnás a bhí ann ins an am sin, ach tá sin ar shiúl anois, go rachadh an fear go mbeadh sé réidh leis an bhean a thabhairt chun an bhaile, go rachadh sé chuici Oíche Shathairn, agus go bhfanóchadh sé aici go maidin Dé Luain, nó go dtí cá bith am Dé Luain a bhfóirfeadh sé dó a theacht chun an bhaile.

Nuair a deir Pádraig Ó Giobúin sa sliocht seo go bhfuil an gnás nach gcónaíodh lánúin phósta le chéile ar shiúl anois, tugann sé le fios gur gnás é a bhí á chleachtadh sna Cruacha go stairiúil, ach gur tháinig deireadh leis roimh aimsir an scéalaí agus bailiú an scéil seo. Más fíor gur cleachtas é a bhí ann sna Cruacha, is ábhar inspéise é gur caomhnaíodh an cleachtas beo i gcuimhne na ndaoine i scéal an Fhir Mhóir.

I roinnt leaganacha den scéal a bailíodh i nGaeltachtaí eile i dTír Chonaill, ní fhaightear trácht ar an ghnás nó ar an chleachtas nach gcónaíonn an lánúin óg le chéile. Uaireanta is fear óg atá ag cúirtéireacht i dteach na mná óige nach mbíonn ábalta an abhainn a léim ar a bhealach abhaile, mar a fhaightear i leagan den scéal a bailíodh i dTeileann (CBÉ 141: 741-752). I leagan eile den scéal a bailíodh i Loch Eiric (CBÉ 260: 458-463), is fear aimsire atá ag obair sa teach nach bhfaigheann a dhóthain le hithe go dtí go dtagann deartháir leis i gcabhair air.

I measc na leaganacha den scéal a bhfuil lánúin ann nach gcónaíonn le chéile, tá leagan a bailíodh i nDubh Choraidh (CBÉ: 119-124), a bhfuil táilliúir ann atá pósta ar bhean óg. Tá difríocht idir an leagan seo agus leaganacha na gCruach sa mhéid is go

mbíonn an táilliúir ag taisteal tríd an tír ag obair ó Luan go Sathairn, agus nach bhfilleann sé ar theach na mná óige go dtí Oíche Shathairn nuair a bhíonn obair na seachtaine críochnaithe aige. Sa leagan seo den scéal mar sin, ní chónaíonn sé lena mhuintir féin nuair nach mbíonn sé i dteach na mná óige.

I leagan den scéal a bailíodh i nGaoth Dobhair (CBÉ 540: 404-416), teastaíonn ón fhear óg go dtuga sé a bhean a abhaile leis, ach ní ligeann a hathair di imeacht leis, agus is é sin an fáth nach gcónaíonn siad le chéile. Cosúil leis an deireadh a fhaightear in L2, sa leagan seo téann an fear óg chun cónaí i dteach na mná óige nuair a fhaigheann an seanfhear bás. Léiríonn an leagan seo den scéal as Gaoth Dobhair go bhfaightear fíric an scéil, nach gcónaíonn an lánúin le chéile tar éis a bpósta, i gceantracha eile i dTír Chonaill seachas sna Cruacha.

Faightear an méid is mó eolais faoin ghnás mar a thugtar sa scéal é, nach gcónaíonn an lánúin óg le chéile, sa dá leagan den scéal a bailíodh ó Shéamus Mac Amhlaoigh. B'as na Saileasaí do Mhac Amhlaoigh, ceantar atá cóngarach do na Cruacha, agus deir sé go bhfuair sé an scéal ó na seandaoine i Mín a' Lineacháin, na Gleanntaí (CBÉ 1334: 533). Sa chéad leagan a bailíodh uaidh, agus a thug sé i nGaeilge, deir sé ag deireadh an scéil go dtugann an fear óg a bhean céile abhaile leis tar éis na Cásca (CBÉ 1185: 475). Tugann Mac Amhlaoigh míniú níos cuimsithí ar an ghné seo den scéal sa leagan a thug sé i mBéarla. Deir sé (CBÉ 1334: 533):

> He used to go to the father-in-law's house so often, but it was the old rule to go every Saturday night until he wud (sic) fetch the wife home. The rule was too, to not take the wife home until the week after Easter for good.

Taobh amuigh den scéal atá faoi phlé sa chaibidil anseo, luaitear an gnás céanna, nach gcónaíodh lánúin phósta in aon teach amháin tar éis a bpósta, mar chuid d'eagar sóisialta Oileán Thoraí. Bhí an gnás á chleachtadh go fóill sa dara leath den chéad seo caite i dToraigh ach difríocht thábhachtach a bheith i gceist: gur mhair sé ar feadh shaol pósta na ndaoine a bhí i gceist ar an oileán, i gcomparáid leis an chleachtas ghearrthréimhseach a fhaightear sa scéal. Ag scríobh dó faoin ghnás nó faoin chleachtas

seo i dToraigh deir Fox (1978, 158):

> At one time, I was told, at least half the married couples on the island would not be living with each other, but would be in their natal homes with parents or siblings. This was considered normal and is defended by various arguments. When, in 1963, I was trying to reconcile my census of households with my records of marriages, I found out that of fifty-one marriages, ten conformed to this pattern. Thus twenty married people were not living with their husbands or wives, but were still in their natal homes.

Ar Oileán Thoraí ba réiteach fadtréimhseach é seo ar oibleagáidí i leith a dteaghlach féin, go bhfanfadh an lánúin ina dtithe muintreacha tar éis a bpósta, “In one household of an elderly brother and sister, both were in fact married,” (Fox, 1978, 158). Déanann Ó Laoire forbairt ar an phointe seo nuair a deir sé (2002, 226):

> Go deimhin, deir Fox (1995 [1978], 186,187) gur dóigh leis gurbh é an cumann idir clanna, is é sin idir deirfiúracha agus deartháireacha ba phrionsabal lárnach d'eagar sóisialta an oileáin, agus gurbh é sin ba chúis, cuid mhaith, le lánúineacha áirithe bheith ag fanacht sa bhaile lena muintir, ainneoin iad a bheith pósta ... Sna téarmaí sin, tá an dá ghrá cothrom ó thaobh a ndéine agus a nirt.

Is léir ón difríocht shoiléir atá eatarthu nach ionann an gnás nó an cleachtas gearrthréimhseach a fhaightear i scéal an Fhir Mhóir, agus an socrú fadtréimhseach a luaitear mar chuid d'eagar sóisialta i dTóraigh. Ní féidir a rá mar sin, gur gnás é a cleachtaíodh mar chuid d'eagar sóisialta na gCruach agus áiteanna eile i dTír Chonaill, nach gcónaíodh lánúin le chéile i ndiaidh a bpósta, agus is féidir nach bhfuil i gceist san fhíric ach fo-phlota sa scéal, nó seift scéalaíochta, a chuirtear ann go mbeadh cúis ag an fhear óg an abhainn a thrasnú.

6. Iomlaoid chomhrá

Mar a luaitear thuas, tá idir mhiondhifríochtaí agus difríochtaí móra sna leaganacha den scéal a fuarthas ó Anna Nic an Luain. Is spéisiúil fosta, go bhfuil roinnt den scéal a bhí

aici i 1936 fágtha ar lár aici i 1947, agus go gcuireann sí deireadh níos iomláine leis an scéal sa dara leagan. Ach sa dá leagan den scéal, L1 agus L2, léiríonn sí comhbhá le carachtar na seanmhná, rud nach bhfaightear i gcónaí sna leaganacha a bailíodh ó scéalaithe eile. Sa dá leagan, glaonn Anna Nic an Luain "an chailleach bhocht" ar an tseanbhean nuair a bhíonn uirthi éirí san oíche agus bia a réiteach don seanfhear. Deir Gordan W. MacLennan gur cineál 'iomlaoid chomhrá' sa scéalaíocht é nuair a léiríonn an scéalaí mothúcháin phearsanta in insint an scéil, agus ag scríobh dó faoi úsáid na bhfocal 'bocht,' 'gránna' agus 'créatúr' i scéalta Annie Bhán Nic Grianna, deir MacLennan (1997, 21):

> The use of these words, even single words, is also a form of digression as they are not necessary for the story. Indeed there are many examples of similar stories by other storytellers where personal feeling of this kind is not revealed.

Léirítear an chomhbhá chéanna i leith na seanmhná i leagan den scéal a bailíodh ó Phádraig Ó Giobúin nuair a deir sé, "D'éirigh an créatúr agus rinn an tóirtín," (CBÉ 1033: 303), ach ní fhaightear an chomhbhá seo sa dá leagan eile a bailíodh ó Phaidí Mac Aoidh agus ó Phádraig Eoghan Phádraig Mac an Luain.

Aguisín

Tugtar mar aguisín anseo L1, an leagan de scéal an *B*h*ig Man* a bhailigh Liam Mac Meanman ó Anna Nic an Luain i 1936. Mar a luaitear thuas, bhain an bailitheoir úsáid as cló rómhánach sa lámhscríbhinn seo, agus mar sin faightear an litir *h* in úsáid mar shéimhiú sa leagan seo den scéal in áit an phoinc a fhaightear sa chló gaelach.

Ba ghnách le Liam Mac Meanman siombail cosúil le "**7**" a úsáid sa lámhscríbhinn in áit na n-abairtíní 'a deir,' 'a deir sé' agus 'a deir sí.' Tugtar na habairtíní seo idir lúibíní cearnógacha sa téacs thíos, agus cuirtear focail Bhéarla a fhaightear sa scéal i gcló iodálach.

Taobh amuigh den dá athrú seo, ní chuirtear aon athrú eagarthóireachta eile i bhfeidhm ar an téacs. Déantar seo go bhfeictear go soiléir an chaoi a scríobh Liam Mac

Meanman an scéal seo síos, agus gur féidir a cur i gcomparáid leis an chaoi a bhreac Seán Ó hEochaidh síos an scéal *An Luchóg ⁊ an Bheacóg*, a thugtar gan athruithe eagarthóireachta in Aguisín 2 den saothair seo, agus a bailíodh ón scéalaí céanna.

<u>Scéal a *Bhig Man*</u>

*Well* bhí lánúin óg ann i bhfad o shoin ⁊ pósadh iad. Bhí'n *bride* mar bhéad sí thíos ar an óin ⁊ a *groom* taobh thall. Nuair a thigead se 'nall i gcómhnuí ionnsar a *bhride* thigead se leim na h-óna ⁊ nuair a théidhead se 'nonn arais i gcómhnuí chaithead se'n óin a shiubhal.

Bhí fear thall ar a bhaile a rabh 'n "*Big Man*" air ⁊ chuir se an-sórrú ann. Fua se chaint leis a bhuachaill óg lá amháin ⁊ d'iarr se air goide'n t-adhbhar.

"Tá maise" [a deir sé] "An fad a bhíom thall" [a deir sé] "Bíom choir a bheith caillte o'n ocras. Tá seanduine ann" [a deir sé] "⁊ ní bhíonn dhá phréata ithte aige ná dadaidh ithte aige eirigheann se ag áltú a choda ⁊ caithfe muid uilig stad"

"*Oh well*" adeir a *big man* [a deir sé] "Léusfa mise sin"

Cóirigh e fhín ⁊ bhí'n buachaill teacht anall oiche seo Chóirigh e fhín san oiche ⁊ chuir aghaidh dubh ar fhín ⁊ thenaic anall – péire máirtín air ⁊ shuidhe sa choirneal – ní h-eadh, d'iaffruigh se do'n tseanduine

"An dtórfa tú loisdin damh?" [a deir sé]

"Ní thórfaidh maise" adeir a tseanduine "Ní choinnigheann sinn duine'r bith" [a deir sé]

"*Oh well* fannfa mise me fhín" [a deir sé] a cathú a mhála suas ins a choirneal ⁊ shuidhe se. Rinn siad réidh an t-suipear dhe préataí. Ní rabh dhá phréata ithte ag an tseanduine do dteacha se'g áltú a choda

"*Oh* 'nois" adeir a *Big Man* [a deir sé] "Bhunadh óg" [a deir sé] "Déanaigi sibhse mbur gcuid; níl a ngaile ag na seandaoini"

D'ith leófa go dtí gur ith a sáith ⁊ fuaidh deireadh fa chómhnuí. Níor bhfada bhí seanduine an toighe na luighe gur bhuail se uille ar a cháilligh

"Caithfe tú eirigh" [a deir sé] "⁊ rud eighinteacht a dhéanú réidh damhsa. Ní bhéidh me beó ar maidin leis an ocras."

"Goide thig liom a dheánú" [a deir sí] "⁊ a fear seo 'na luighe sa choirneal?"

“Caithfe tú rud eighinteacht a dheánú *well*” [a deir sé]
“Béidh – dean tuirtin beag” [a deir sé] “7 cur faoi'n ghriosaigh e; coinneochaidh se beó go maidin me”
D'eirigh'n chailleach bhocht 7 rinn sí'n tuirtin 7 chuir faoi'n ghriosaigh e 7 nuair abhí sin deánta aici d'eirigh'n fear a bhí sa choirneal suas ar a uille
“Bhfuil a lá ann a bhean-adai?” [a deir sé]
“*Oh* níl maise” [a deir] sí “Graihe beag damh fhín a thug mise mo shuidhe”
“*Oh*'s iomaidh buaidhreadh 'lig orainn” [a deir sé]
D'eirigh se 'níar sa choirneal
“Bhean-adai” [a deir sé] “Bhí triúr mac ugumsa” [a deir sé] “*Well* rinn me trí leith do'n tolamh a bhí ugum eattorru” [a deir sé] “Rinn me trí leith direach do”
A breith ar a mhaide-bhriste 7 tharrain se frid a teinidh na trí stróic
“*Well* ní dheánfad sin graihe dófa” [a deir sé] “B'eigean damh toiseach 7 *smish-smash* a dheánú do'n iomlán” [a deir sé] “Frid a chéile”
Luigh se siar arais ins a choirneal. Bhí'n tuirtin millte ar ndóighe frid a luaith. Fuaidh a chailleach isteach chuig an tseanduine
“Níl gair ann” [a deir sí] “ Ní thig aon-seórt a dheánú”
“*Oh* caithfe tú rud eighinteacht a dheánú” [a deir sé] “Ní bhéidh mise beó ar maidin. Gabh 'mach” [a deir sé] “Arais 7 fadaigh suas a teinidh” [a deir sé] “7 dean greinin beag brachan damh” [a deir sé].
Bhí pota beag ann. D'eirigh'n chailleach bhocht 7 rinn lán a phota bhig do bhrachan. Nuair a d'fhag sí thíos fa'n daras a bhfuarú e. Thóg a diulach abhí sa choirneal a chionn
“Bhfuil a lá ann, a bhean-adaí” [a deir sé]
“*Oh* níl leoga” [a deir] sí “Buaidhreadh beag do mo chuid fhín a thug mise mo shuidhe”
“*Oh* 's iomaidh buaidhreadh uilig orainn” [a deir sé]
D'eirigh síos 'un darais slán mar h-innstear e 7 rinn a mhún isteach sa phota.
Fuaidh sí a luighe arais
“'Nois” [a deir] sí “Nach bhfeiceann tú nach bhfuil gair ann”?
“*Oh well* caithfe tú rud eighinteacht a dheánú” [a deir sé] “Ní bhéidh mise beó ar maidin. Gabh 'mach “ [a deir sé] “7 bligh a bhó tá sí furust a bhleaghan” [a deir sé] “7 coinneochaidh'n bainne fhín beó go maidin me”

'Mach leis a cháilligh bhocht ina léinidh ag bleaghan na bó. Nuair a mheas a diulach abhí sa choirneal go rabh 'n bhó blighte aici seo 'mach − seo − d'eirigh se fhín 'na shuidhe; tharain air a chuid mairtin. Bhí gamhain óg ar chúl a darais thíos ins a choirneal. Tharrainidh aníos a gamhain ins a t-sraideag ⁊ amach leis.

“Bhfuil sí blighte ugut” [a deir sé]?

“Tá *trifle*” adeir a chailleach.

“Taighim e” [a deir sé] “*Well* tá an-ocras orm”

D'ól se'n bainne. Ce bith *rootal* eile a thug se do'n cháilligh 'muigh, 'steach leis a cháilligh bhocht ⁊ cabhair aoiligh uirthi ⁊ deir a tseanduine bhí sa choirneal

“Bhfuil se leat” [a deir sé]?

“Nach bhfuil se ólta ugut” [a deir] sí?

“*Oh* níl a chor a bith” [a deir sé] “'Sé'n boc ata sa choirneal a d'ól e” [a deir sé]

“⁊ tá fhios ugut goide eile rinn se le chos a ól ar ndóighe” [a deir] sí

Le sin

“Béidh geall” [a deir sé] “Nach mbíonn se níos fuide beó nuair a eireochaidh mise”

D'eirigh'n tseanduine; rug ar thuairnin abhí i dtaobh a toighe ⁊ buailidh buille ar a ghamhain do ach thanaic a fear abhí 'muigh isteach eadar a dá am, ⁊ bhí sé 'na sheasamh i gcúl a darais ins a darchadas

“Ba-wa”! adeir a gamhain nuair a buaileadh buille de'n tuairnin air.

“*Oh* dhuine bhocht” [a deir sé] “Na marbh do ghamhain; níl dúl i bhfeóil ugum” [a deir sé].

D'imigh'n *Big Man* ⁊ tá'n lánúin go maith o'n lá sin go dti'n lá 'niu.

# AGUISÍN 1.

# NÓTAÍ AR NA SCÉALTA

San aguisín seo tugtar an t-eolas a leanas maidir le gach scéal a cuireadh in eagar sa saothar seo:

(i) Tugtar ainmneacha na scéalta mar a fhaightear sa saothar seo iad. I gcás scéal 3, tá an t-ainm, *An fear a dhíol cúig phunnta ar an chorp*, athraithe go *An fear a dhíol dhá chéad punta ⁊ péire miotóg ar an chorp*, agus i gcás scéal 26, *An fear a bhí ábalta léim na h-abhna a thabhairt maidin Dia Luain ⁊ nach rabh Dia Sathuirn*, tá an t-ainm athraithe go *An fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt Dé Sathairn ⁊ nach rabh maidin Dé Luain*. Déantar na hathruithe sin go n-aontaí na scéalta agus a dteidil le chéile.

(ii) Déantar tagairt do Chnuasach Bhéaloideas Éireann i leith gach scéil. Tugtar uimhreacha imleabhar an Chnuasaigh agus uimhreacha na leathanach a bhfaightear na scéalta iontu. Chomh maith leis sin, tugtar ainm agus seoladh an scéalaí i ngach cás, an dáta ar bailíodh an scéal, agus cé uaidh a bhfuair sé nó sí an scéal, má tá an t-eolas sin ar fáil.

(iii) Tugtar uimhreacha tagartha ATU de na scéalta idirnáisiúnta sa chnuasach seo. Mar a luadh thuas, i Réamhfhocal an tsaothair seo, cláraíodh na scéalta idirnáisiúnta faoi uimhreacha tagartha ATU nuair a d'aithníodh Cláraitheoir An Choimisiúin, Seán Ó Suilleabháin, scéalta idirnáisiúnta i measc na scéalta eile a sheol na bailitheoirí isteach. Ba in inneacs sealadach[213] Chnuasach Bhéaloideas Éireann a cláraíodh na scéalta.

Chomh maith le huimhreacha tagartha a chur le teidil na scéalta san aguisín seo, tugtar cur síos orthu, agus baintear leas as Ó Súilleabháin (1970) ar an chéad dul síos, agus ansin as Ó Súilleabháin agus Christiansen (1967) i scríobh na nótaí béaloidis seo. Maidir le scéal 5 *An gasúr a chuaigh a dh'fhoghlaim gadaíochta* agus scéal 22 *Scéal fhear na cruite*, tugtar eolas breise a bhaineann leis na leaganacha áirithe de na scéalta a fhaightear sa saothar seo.

[213] Clár Interim na Lámhscríbhinní.

1. An madadh rua

CBÉ 992: 366-367. Bailithe i mí an Mheithimh, 1947 ó Sheán Mac Giolla Dhiarmada, Cruach Leaca a fuair an scéal ó na seandaoine 50 bliain roimhe sin.

ATU 1, *The theft of fish*: ligeann an sionnach air féin go bhfuil sé marbh agus goideann sé éisc.

2. Mac an duine shaibhir ⁊ níon an duine bhoicht

CBÉ 1032: 1-16. Bailithe i mí Iúil, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.

ATU 400, *The man on a quest for his lost wife*: déanann fear margadh go dtabharfaidh sé a mhac do strainséir. Cabhraíonn cailín leis an mhac an margadh a bhriseadh. Nuair a théann sé abhaile, leanann sí an fear. Cuireann sí chun suain é agus ansin imíonn sí. Faigheann sé cabhair ó dheartháracha a bhfuil buatasaí draíochta acu, agus filleann sé uirthi in am lena pósadh ar dhuine eile a stopadh.

3. An fear a dhíol dhá chéad punta ⁊ péire miotóg ar an chorp[214]

CBÉ 1032: 17-32. Bailithe i mí Iúil, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.

ATU 505, *The grateful dead*: íocann laoch an scéil fuascailt ar chorp. Tagann strainséir (an fear marbh) i gcabhair air i gcomhlíonadh tascanna.

4. Pat agus Jack

CBÉ 1032: 64-77. Bailithe i mí Iúil, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.

ATU 1000, *Labour contract (Anger bargain)*: Déanann fear agus a mháistir margadh nach gcuirfidh siad fearg ar a chéile. Cf. ATU 650, *Strong John*: Déanann an fear roinnt tascanna do mháistir atá ag iarraidh fáil réidh leis. ATU 1002, *Dissipation of the ogre's property*: Scaipeann sé beostoc an mháistir le fearg a chur air. Cf. ATU 1029, *The woman as cuckoo in the tree*: Maraíonn sé máthair an mháistir atá i gcrann agus í ag ligint uirthi féin gur cuach í.

[214] Ls.: An fear a dhíol cúig phunnta ar an chorp.

5. An gasúr a chuaigh a dh'fhoghlaim gadaíochta

CBÉ 1032: 78-90: Bailithe i mí Iúil, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.

ATU 1525, *The master thief*: tugtar bliain do stócach an ghadaíocht a fhoghlaim. Bíonn air a scil mar ghadaí a thaispeáint trí na rudaí seo a ghoid: ghearrán faoi gharda, dhá chapall ag treabhadh sa chuibhreann, agus bráillín ar leaba.

Cuireann Anna Nic an Luain deireadh leis an scéal seo a bhí dearmadta ag a deartháir, Seán Mac an Bhaird. Bhailigh Seán Ó hEochaidh leagan eile den scéal seo ó Mhicheál Mac an Luain (Mícheál Mhicí) ar an 6 Feabhra, 1948 faoin teideal *An gasúr a d'fhoghlaim gadaíocht*, agus sin é an leagan atá in Ní Dhíoraí, (1985, 82-87).

6. An fear a bhí ina chlairíneach bliain is fiche

CBÉ 1032: 103-113. Bailithe ar an 24 Iúil, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.

ATU 650, *Strong John*: éiríonn stócach láidir amach as an chlúid faoi dheireadh agus faigheann sé crann mar mhaide siúil. Déanann sé roinnt tascanna do mháistir atá ag iarraidh fáil réidh leis agus éalaíonn sé ó iarrachtaí a mharaithe.

7. An fear a d'ith croí an éin

CBÉ 1032: 114-128. Bailithe ar an 29 Iúil, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.

ATU 567, *The magic bird-heart*: tá croí éin ina seilbh ag beirt ógánach. Beidh ór ag an té a itheann an croí. Pósann bean an duine seo agus faigheann sise an croí. Istigh ar oileán fásann adharca ar dhuine, agus athraíonn sé ina asal tar éis dó úlla draíochta a ithe.

8. Slasham Ceallachán

CBÉ 1032: 129-133. Bailithe ar an 31 Iúil, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.

ATU 332, *Godfather death*: iarrann athair ar an Bhás a bheith mar athair báistí dá

pháiste.  Fásann cáil an athar mar dhochtúir.  An Bás ag bun na leapa.  Éiríonn leis an athair a bhás féin a sheachaint trí chead a fháil ón Bhás paidir a rá sula bhfaigheann sé bás.  Beartaíonn an athair gan an phaidir a rá.
Cf. ATU 330:  Faigheann sé cabhair ó abhaill draíochta.

9.  An fear a lig air go raibh sé marbh
CBÉ 1032: 134-150.  Bailithe ar an 1 Lúnasa, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair fadó roimhe sin.
ATU 1725: tugann bean bia dá leannán atá ag treabhadh sa ghort.  Faigheann a fear céile trí thimpist é.  Nuair a thugann an fear céile an bia i dtreo an leannáin, síleann seisean go bhfuil sé le cur chun báis agus éalaíonn sé.
Cf. ATU 1350, *The loving wife*: ligeann fear air féin go bhfuil sé marbh go mbearfaidh sé ar a bhean chéile agus a leannán ar oíche na faire.  Bíonn strainséir ann mar fhínné ar chách.  Cuirtear ruaig ar an leannán.

10.  Cormac Mac Rí an Eala
CBÉ 1032: 151-164.  Bailithe ar an 1 Lúnasa, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid.
ATU Cf. ATU 300, *The dragon slayer*: maraíonn an laoch fathaigh chun iníon Rí a shábháil.
Cf. ATU 302, *The ogre's (Devil's) heart in an egg*: le cabhair ón chailín, agus ó ainmhnithe agus ó éin, faigheann sé amach go bhfuil anam fathaigh in ubh i mbolg lachan.  Maraíonn sé an fathach agus pósann sé an cailín.

11.  An Gharbhóg Mhór
CBÉ 1032: 289-307.  Bailithe ar an 16 Deireadh Fómhair, 1947 ó Anna Nic an Luain, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna hathair 45 bliain roimhe sin.
ATU 510, *Cinderella*: is leagan de scéal *Cinderella* é a bhfuil iníon óg álainn ag an Rí agus éad ar an leasmháthair agus na leasdeirfiúracha nach bhfuil siadsan chomh hálainn léi.
Cf. ATU 403, *The black and white bride*: tagann áilleacht iníon an Rí as a ceanúlacht i leith ainmhithe.  Éiríonn na leasdeirfiúracha níos gránna fós as a mícheanúlacht i leith

ainmhithe. Déanann siad iarrachtaí fáil réidh leis an iníon ach éiríonn léi a sárú sa deireadh.

12. An luchóg 7 an bheachóg

CBÉ 1032: 331-344. Bailithe ar an 27 Deireadh Fómhair, 1947 ó Anna Nic an Luain, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna hathair 40 bliain roimhe sin.

ATU 559: díolann laoch an scéil a chuid bó ar rudaí draíochta agus baineann sé úsáid astu le hiníon Rí a bhaint trí ise a chur ag gáire. Cuireann sé míchompord ar leannán an chailín tríd an luchóg agus an bheachóg a chur ina leaba leis.

13. Scéal an *B*h*ig Man*

CBÉ 1032: 346-353. Bailithe ar an 30 Deireadh Fómhair, 1947 ó Anna Nic an Luain, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna hathair 40 bliain roimhe sin.

ATU 1544, *The man who gets a night's lodgings*: faigheann fear lóistín, agus i lár na hoíche milleann sé toirtín agus brachán a dhéantar do sheanfhear an tí agus ólann sé bainne an tseanfhir fosta.

ATU 1115, *Attempted murder with hatchet*: cuireann laoch an scéil rud ina áit féin sa leaba. Tagann fathach leis an laoch a mharú agus tugann an fathach buille don rud.

14. Na trí chomhairle

CBÉ 1032: 369-377. Bailithe ar an 2 Samhain, 1947 ó Mhícheál Mac an Luain (Mícheáil Mhicí), na Cruacha.

ATU 910B, *The servant's good counsels*: faigheann oibrí trí chomhairle in áit a thuarastail (ná stop i dteach a bhfuil seanfhear pósta ar chailín etc.). Baineann sé tairbhe astu.

15. Ó hÉigeartaigh 7 an peidléir

CBÉ 1032: 411-424. Bailithe ar an 8 Samhain, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna athair 50 bliain roimhe sin.

ATU 1361, *The flood*: cuireann stócach míchompord ar chéile iomaíochta a thagann go dtí fuinneog an chailín trí phota múin a chaitheamh anuas air.

ATU 1360B, *Flight of the woman and her lover from the stable*: feiceann strainséir

folaithe bean lena leannán nuair a bhíonn a fear céile as láthair. Scaoileann an strainséir an rún nuair a fhilleann an fear céile trí scéal a insint. Cuirtear ruaig ar an leannán.

16. An deartháir bocht ⁊ an deartháir saibhir

CBÉ 1032: 424-430. Bailithe ar an 10 Samhain, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
ATU 1536 A, *The woman in the chest*: cuireann an deartháir saibhir a mháthair i bhfolach i gcófra go bhfaighe sé amach cé hé an gadaí a chabhraíonn leis an deartháir bocht. Tachtar an mháthair ar chnámh. Nuair a fhágtar corp na seanmhná in áiteanna difriúla, ceapann an deartháir saibhir go bhfuil sí aiséirithe.

17. Jack agus níon Rí an Domhan Thoir

CBÉ 1032: 431-447. Bailithe ar an 11 Samhain, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
ATU 550, *The bird, the horse and the princess*: imíonn triúr mac an Rí ar thuras. Is é an duine is óige laoch an scéil. Bíonn teagmháil aige le banphrionsa agus éalaíonn sé ó fhealltacht na ndeartháireacha eile.

18. Mac an Rí ⁊ an cailín nach dtearn obair ar bith ariamh

CBÉ 1032: 448-456. Bailithe ar an 13 Samhain, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
ATU 501, *The three old woman helpers*: tugann seanmhná anchruthacha cabhair do chailín trí shníomh a dhéanamh di. Ag bainis an chailín insíonn siad a scéalta.

19. An Gobán Saor

CBÉ 1032: 471-476. Bailithe ar an 15 Samhain, 1947 ó Mhícheál Mac an Luain (Micí Mhícheáil), na Cruacha.
Cf. ATU 875, *The clever peasant girl*: scéal faoin Ghobán Saor agus a ghliceas.

20. Bilí ⁊ an tarbh

CBÉ 1033: 34-47. Bailithe ar an 10 Nollaig, 1947 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid a fuair an scéal ona athair fadó roimhe sin.

ATU 511: *One-eye, two-eyes, three-eyes*: faigheann an laoch cumhachtaí ó ainmhí cabhrach (tarbh). Maraítear an tarbh.
ATU 300, *The dragon slayer*: Nuair a fhostaitear é mar aoire bó, maraíonn an laoch fathaigh. Ansin, agus é i mbréagriocht, maraíonn sé ollphéist chun banphrionsa a tharrtháil. Pósann an laoch an banphrionsa.

21. Na trí chomhairle
CBÉ 1033: 48-53. Bailithe ar an 11 Nollaig, 1947 ó Mhícheál Mac an Luain (Mícheál Phádraig), Dubhchruach a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
ATU 910B, *The servant's good counsels*: faigheann oibrí trí chomhairle in áit a thuarastail (ná stop i dteach a bhfuil seanfhear pósta ar chailín etc.). Baineann sé tairbhe astu.

22. Scéal fhear na cruite
CBÉ 1033: 72-74. Bailithe ar an 13 Nollaig, 1947 ó Mhícheál Mac an Luain (Mícheál Phádraig), Dubhchruach a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
ATU 503, *The gifts of the little people*: cuireann cruiteachán líne le hamhráin na sióg agus baintear an chruit de. Milleann a chomrádaí an éifeacht agus faigheann sé cruit sa bhreis. "Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin."
Mar athrú ar an téama seo baintear an chruit den chéad chruiteachán ar son scéalta a insint, agus cuirtear an chruit sa bhreis ar an dara fear nuair nach mbíonn scéalta aige.

23. Cailleach an tsníomhacháin
CBÉ 1033: 201-206. Bailithe ar an 26 Eanáir, 1948 ó Anna Nic an Luain, Cruach Thoibrid a fuair an scéal óna hathair fadó roimhe sin.
ATU 501, *The three old woman helpers*: tugann seanmhná anchruthacha cabhair do chailín trí shníomh a dhéanamh di. Ag bainis an chailín insíonn siad a scéalta.

24. Jack agus an taibhse
CBÉ 1033: 238-242. Bailithe ar an 5 Feabhra, 1948 ó Mhícheál Mac an Luain (Micí Mhícheáil), Cruach Mhín an Fheannta a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
Cf. ATU 326, *The youth who wanted to learn what fear is*: caitheann an laoch oíche i

dteach siúil. Faigheann sé luach a chrógachta.

25. An chinniúint

CBÉ 1033: 256-257. Bailithe ar an 5 Feabhra, 1948 ó Sheán Mac an Bhaird, Cruach Thoibrid.

ATU 934, *The prince and the storm*: tá tairngreacht ann go maróidh tintreach an fear óg nuair a shroicheann sé bliain is fiche d'aois. Tógann a athair seomra faoi thalamh lena chaomhnú. Éalaíonn an mac ach scriostar an seomra.

26. An fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt Dé Sathairn ⁊ nach rabh maidin Dé Luain[215]

CBÉ 1033: 301-305. Bailithe ar an 11 Feabhra, 1948 ó Phádraig Ó Giobúin, An Deargchruach.

ATU 1544, *The man who gets a night's lodging*: Faigheann fear lóistín agus i lár na hoíche, milleann sé toirtín agus brachán a dhéantar do sheanfhear an tí agus ólann sé bainne an tseanfhir fosta.

ATU 1115, *Attempted murder with hatchet*: cuireann laoch an scéil rud ina áit féin sa leaba. Tagann fathach leis an laoch a mharú agus tugann an fathach buille don rud.

27. Fear na cruite

CBÉ 1033: 306-306a. Bailithe ar an 11 Feabhra 1948 ó Phádraig Ó Giobúin, An Deargchruach.

ATU 503, *The gifts of the little people*: cuireann cruiteachán líne le hamhráin na sióg agus baintear an chruit de. Milleann a chomrádaí an éifeacht agus faigheann sé cruit sa bhreis. “Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin.”

28. An fear a dhíol fiche punta ar chorp

CBÉ 1033: 458-473. Bailithe ar an 15 Márta, 1948 ó Mhícheál Mac an Luain (Mícheál Phádraig), Dubhchruach a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.

ATU 505, *The grateful dead*: íocann laoch an scéil fuascailt ar chorp. Tagann strainséir (an fear marbh) i gcabhair air.

---

[215] Ls.: An fear a bhí ábalta léim na h-abhna a thabhairt maidin Dia Luain ⁊ nach rabh Dia Sathuirn.

ATU 513, *Six go through the whole world*: tugann cuiditheoirí draíochta cabhair leis an laoch rás a rith go dtí tobar na híocshláinte sa Domhan Thoir go bpósfaidh sé iníon an Rí.

29. Buachaillí Árd an Ratha
CBÉ 1033: 474-481. Bailithe ar an 16 Márta, 1948 ó Mhícheál Mac an Luain (Mícheál Phádraig), Dubhchruach a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
Cf. ATU 1731, *The youth and the pretty shoes, how three rogues trick a tavern-keeper*: éalaíonn triúr rógairí as óstan gan íoc as lóistín na hoíche tar éis do gach duine acu a ligint air féin go n-íocfaidh sé an t-iomlán. Déantar cleasaíocht ar dhaoine go gcuireann siad a dteangacha agus a méara i bpoill le sceitheadh biotáilte a stopadh.

30. Aon a hairt ag an Aifreann
CBÉ 1101: 459. Bailithe ar an i mí Lúnasa, 1948 ó Anna Nic an Luain, Cruach Thoibrid a fuair an scéal ó na seandaoine fadó roimhe sin.
Cf. ATU 1613, *Playing cards are my calendar and prayerbook*: taispeánann fear a imríonn cártaí sa séipéal brí reiligiúnach na gcártaí.

# AGUISÍN 2.

# AN LUCHÓG ⁊ AN BHEACHÓG, LEAGAN NA LÁMHSCRÍBHINNE

Tugtar anseo leagan na lámhscríbhinní den scéal *An luchóg ⁊ an bheachóg* mar a scríobh an bailitheoir, Seán Ó hEochaidh, síos é. Mar a luadh sa Réamhfhocal thuas níl athruithe eagarthóireachta, na hathruithe atá sonraithe i gCaiblidil 1 agus i gCaibidil 2, curtha i bhfeidhm ar an bhunleagan seo den scéal ach amháin go léirítear ponc an tséimhithe leis an litir *h*. Rinne an bailitheoir an leagan seo den scéal a thaifeadadh ó Anna Nic an Luain ar an eideafón ar an 27 Deireadh Fómhair, 1947.

<u>An luchog ⁊ an bheachog</u>

Bhí stócach ann fad ó shoin, agus ní rabh aige ach é fhéin agus a mháthair. Rinn sé cuid mhór mine coirce bliadhain ann agus d'fhág sé na málaí í astoigh ins a' chlúid. Bhí sé cineál amaideach a' scor ar bith, agus rinn sé amach go dtáinic dearnadaí sa mhin. Thug sé leis amach a' mhin go mullach áird lá gaoithe móire, agus thoisigh sé a thógáil i n-áirde go n-imthigheadh na dearnadaí aistí, agus thosuigh an mhin a dh'imtheacht, agus ba [dh]é an deireadh a bhí air gur imthigh achan ghráinín de'n mhin.
D'imthigh sé leis suas 'na chroic a bhí ós cionn a' toighe, agus chuaidh sé isteach i n-állt mhór a bhí ann. Bhí leac mhór suas ins an állt. Bhuail sé buille ar a' leic – "Cuirigidh amach mo chuid mine annseo!" adeir sé.
Tháinic bean amach annsin, agus labhair sí leis –
"Níl a'n ghráinín de do chuid mine annseo," adeir sí, "ach cuirfidh mé béasa ort," adeir sí, a mbéidh do sháith mine le do shaoghal agat. Seo bró bheag, agus níl a'n uair a gcasfaidh tú í nach bhfuighidh tú do sháith mine. Seo rópa dhuit fosta," adeir sí, agus bfhéidir go mbéad sé úsáideach agat i n-am ínteacht fosta, agus bata buidhe agus ní bhéadh fhios agat caidé'n fhéidhim a bhí ann."
Thug an stócach buidheachas daoithe agus phill sé arais 'na bhaile. Bhí tréan mine aige

annsin i n-am ar bith a smaoiteochad sé gráinín a dheánamh.  Bhí trí ba acú fosta, agus nuair a tháinic a' t-am 'e bhliadhain ar cheart an cíos a dhíol, dubhairt a mhathair leis go gcaithfead sé ceann de na ba a thabhairt amach 'un aonaigh go bhfághad sé trifle airgid a dhíolfadh an cíos.

Bhí go maith agus chá rabh go h-olc, nuair a tháinic lá an aonaigh thug sé leis an bhó a bhfeárr de na trí cinn a bhí sa bhóitheach agus d'imthigh sé leis.  Bhí a bhí sé a' tarraingt isteach ar chionn a' bhaile mhóir, chas fear dó agus é a fidileóireacht, agus luchog agus beachog aige agus an bheirt a' damhsa an mhéid a bhí ina gcorp.  Sheas sé ar ndóiche a dheánamh íontais dó na beathadhaigh a bhí a' damhsa, agus níor bhfada gur shiubhail an fidileáir chuige –

"Tá tú a' gabhail a dhíol na bo!" arsa seisean leis an stócach.

"Tá," arsa'n stócach, "sin a' rud a thug 'un aonaigh mé!"

"Cé mhéad atá tú a dh'iarraidh uirthí?"

"Cúig phunnta," arsa'n stócach.

"Bhail níl cúig phunnta ar bith agam-sa," arsa'n stócach, "ach caidé mar bhéad sé dá ndeánaimist malairt?  Bhéarfaidh mise duit an luchog ar a' bhó.  Tcídh tú fhéin caidé a thig léithe a dheánamh, agus na bíodh eagla ar bith ort go mbéidh meath na malairte ort."

"Maith go leór," arsa'n stócach, "tá mé sásta.

Rinn siad a mhalairt, agus thug a' gasúr leis an luchoig, agus tharraing sé arais ar a' bhaile.  Chonnaic a mháthair a' teacht arais é agus bhí sí amuigh ar a' t-sráid in' aircis go bhfeicfead sí cé mhéad a fuair sé -

"Dhíol tú an bhó," adeir sí leis, nuair a tháinic sé fá fhad cainnte daoithe.

"Char dhíol," arsa seisean, "ach rinn mé malairt."

"Tcídh Dia sinn," adeir sí, "caidé'n seórt malairte a rinn tú?"

"Ó!" arsa seisean, "fan go bhfeicfidh tú an beáthadhach deas a fuair mé."  Chuaidh sé isteach 'un' toighe agus d'fhoscail sé an bocsa agus leig sé an luchog amach ar an urlár. Comh luath is fuair sise an chos scaoilte d'imthigh sí isteach i bpoll, agus ní fhacaidh siad a'n amharc uirthí ó sin amach."  Bhí geárr fhearg ar an mháthair leis nár dhíol a' cíos, ach ní rabh maith a bheith a' cainnt.

Bhí go maith agus chá rabh go h-olc, mí ó'n lá sin, dubhairt a mháthair leis go gcaithfead sé ceann eile de'n eallach a thabhairt amach 'un aonaigh go ndíolad sé an

cíos, agus gan é a theacht chuicí-se arais mur ndíolad sé é. D'imthigh seisean 'un aonaigh leis a' bhó. Chas an fidileáir dó 'san áit cheádna agus é a' fidileóireacht an méid a bhí ina chorp, agus an bheachog a' stealladh a' damhsa. Nuair a tháinic sé fá fhad cainnte do'n fhidileair d'fhiafruigh sé de cé mhéad a bhí sé a dh'iarraidh ar a' bhó seo indiú?

"Cúig phunnta," arsa'n stócach

"Bhail, níl cúig phunnta ar bith agam-sa" arsa'n fidileáir, "ach tá beachog annseo agam agus dheánfaidh mé malairt leat."

"Ní thiocfadh liom malairt ar bith a dheánamh indiú," arsa'n stócach. "Caithfidh mé luach na bó a fhagháil go ndíolaidh mé an cíos nó, mur bhfághaidh féadaim gan pilleadh ar a' bhaile."

"Ná bí amaideach!" adeir an fidileáir, "b'fhéidir go dtiocfadh an lá ort a mbfheárr duit an bheacog amach as a' t-saoghal nó luach na bó."

"Bhail mas mar sin atá," arsa'n stócach, "tá mé sásta." Rinn siad a' mhalairt, agus tháinic sé abhaile agus an bheachog leis.

D'fhiafruigh a mháthair de ar dhíol sé an cíos

"Níor dhíol," adeir sé, "fan go bhfeicfidh tú an beáthadhach a fuair mé 'é mhalairt ar a' bhó."

Chuir sé a lámh ina phóca, agus thug sé aníos an bocsa a rabh an bheacog ann, agus comh luath is thóg sé an clár de d'imthigh an bheachog ar eiteoig. Rinn a mháthair an dubh-rud a sgamhláil air, chionnus nár dhíol sé an cíos.

Nuair a tháinic lá an aonaigh mí 'na dhiaidh sin dubhairt an mháthair leis go gcaithfead sé an bhó dheirionnach a thabhairt leis 'un aonaigh agus an cíos a dhíol. D'imthigh sé leis. Nuair a bhí sé a' gabhail isteach i gcionn a' bhaile chas an fidileáir dó 'san áit cheádna.

"An bhfuil tú d'fhidileáir?" arsa seisean leis a' stócach

"Níl," arsa'n stócach, "agus ní feárr liom a bheith."

"Bhail beir ar an fhidil seo," adeir sé, "go dtí go bhfeicfidh tú."

Rug a' stócach ar an fhidil, agus comh luath agus a bheir, bhí sé ar fhidileáir comh maith agus a chualaidh a'n nduine ariamh.

"Cé mhéad atá tú a dh'iarraidh ar an bhó seo indiú?" arsa'n fidileáir.

"Cúig phunnta," arsa'n stócach.

“Bhail, níl cúig phunnta ar bith agam-sa,” arsa'n fidileáir, “ach bhéarfaidh mé duit an fhideal seo 'mhalairt uirthí, agus dheánfaidh tú ceithre chúig phunnta agus níos mó ar ball uirthí.”

“Tá mé sásta,” arsa'n stócach.

Rinn siad an mhalairt, agus tháinic an stócach abhaile agus an fhideal leis. Comh luath is tháinic sé abhaile, d'fhiafruigh a mháthair de ar dhíol sé an cíos. “Níor dhíol,” adeir sé, “nó ní bhfuair mé a'n phighinn airgid a dhíolfadh an cíos domh, ach fan go bhfeicfidh tú caidé atá liom.” Shuidh sé síos 'sa chlúid agus thoisigh sé a dh'fhidileóracht. Tháinic an luchog agus an bheachog, agus thoisigh an damhsa. Bhí sé 'na fhidileáir comh maith agus a chualaidh an mháthair ariamh, agus bhí oiread bróid uirthí as go dteárn sí dearmad de'n chíos.

Bhí nighean rí 'na comhnaidhe i n-áit ínteacht comhgarach, agus cé bith seórt galair a bhí uirthí, rinn doctúirí an domhain a ndithcheall agus sháruigh sé ar fhear ar bith acú. Chuaidh a h-athair innseoir dhraoidh, agus dubhairt a' draoidh leis nach rabh rud ar bith ar an t-saoghal a léigheasfadh í mur dtigeadh fear a' bealach a bhainfeadh trí gháire aistí. Chuir a' rí amach scéala annsin fear ar bith a bhéadh abálta seo a dheánamh go bhfuighead sé an cailín le pósadh agus an choróin s'aige-san. Bhí siad a' teacht anoir agus aniar, agus achan bhealach, agus iad a' deánamh achan seórt a ba ghreannmhaire n'á chéile, ach ní rabh maith ann. Smaoitigh an stócach dá dtéighead sé fhéin agus an fhideal, go mbfhéidir nuair a tcídfead sí an luchog agus an bheachog a damhsa, go mbfhéidir go mbainfead sé gáire aistí, agus go mbéadh seans aige fhéin uirthí. D'innis sé seo d'á mháthair.

“Arú 'thaisgidh!” adeir a mháthair leis, “nach amaideach an rud duit-se a bheith a' dréim go ndeánfaidh tú an rud a sáruigh ar a rabh de dhoctúirí maithe ar an dhomhan a dheánamh.”

“B'fhéidir go mbfheárr mé fhéin nó fear a' bith acú,” arsa seisean. Tá gléas agam nach rabh acú.”

“Bhail, má shíleann tú go ndeánfaidh tú maith,” arsa'n mháthair, “imthigh leat.”

“Ní thig leis ach sárú orm, mar rinn sé ar an chuid eile,” arsa seisean, “agus d'imthigh sé leis.

Bhí go bréagh, chuaidh sé 'na chaisleáin agus sheas sé ós coinne an toighe. Tharraing sé air an fhideal agus bhuail sé a' sheinm, agus siud chuige an luchog agus an bheachog,

agus bhuail an damhsa acú.  Ní rabh a'n nduine fá 'n chaisleán nach rabh uilig amuigh sa deireadh a' coimhead ar an phéire, agus ag aor ortha.  Bhí nighean a' rí thuas ina “room,” ar aghaidhe an chaisleáin, agus chonnaic sí na daoiní ag cruinniú, agus mhothuigh sí an gleó agus a' callán, agus ní rabh fhios aicí caidé a bhí chearr. D'fhoscail sí an fhuinneóg agus nuair a sháith sí amach a ceann chonnaic sí an fidileair agus an dá ógánach a strócadh a damhsa aige, agus le sin fhéin d'fhoscail sí 'béal agus leig sé racht amháin gáire a chluinfidhe sa Domhan Thoir.  Rath sí (rith sí) sí anuas a' staighre, agus ar a' bealach rinn sí racht mór eile, ach leis an scéal fhada a dheánamh goirid nuair a tháinic sí amach agus sheas sí comhgarach daobhtha h-obair go bhfuair sí bás leis na gáirí.  Bhí an scaifte uilig thart annsin, agus bhí oiread íontais agus uathbhais ar chuid acú sin agus gur bheag nach bhfuair sé bás.

Tháinic a' rí é fhéin innseoir an fhidileáir –

“Tá do nighean bainte agam indiú,” arsa seisean leis a' rí.

“Tá cinnte,” adeir a' rí, “tá rud deánta agat a sháruigh ar dhoctúirí an domhain a dheánamh.  Bidh a' teacht liom isteach 'na caisleáin anois go bhfághaidh tú greim le h-ithe, agus go gcluinidh sinn tuilleadh de do chuid ceóil.”

Chuaidh an stócach isteach 'na caisleáin leis an rí, agus gléasadh bórd mór bidh agus dighe dó, agus nuair a bhí a sháith ithte ólta aige bheir sé ar an fhidil, agus sheinn sé daobhtha, go rabh siad comh lag leis na gáiridhe agus nach rabh ann ach é go rabh siad ábalta bogadh.  Ar dheireadh na cuirme rinneadh lá pósta daobhtha, agus socruigheadh achan seórt a baint leis a' bhanais.

Sula dtáinic an fidileáir thart, bhí scaifte mór saighdiúr ag an rí a' coimhead a nighne, agus bhí fear de na saighdiúirí é fhéin a' cainnt (ag suirghe léithe) le nighean a rí fosta, agus bhí éad mór air nuair a chualaidh sé go rabh sí le pósadh ar an fidileáir.

Ach bhí go maith pósadh an lánamhain a' scar ar bith, agus an oidhche a pósadh iad, chuaidh an saighdiúir seo a bhí mór le nighean a' rí innseoir an fhidileóir agus dubhairt sé leis go dtabharfad sé croc óir dó, dá mbéad sé gan luighe aicí an chéad oidhche, nó labhairt nó a'n ghreim a ithe.  Bhí an fidileáir bocht sodhantach agus gheall sé seo a dheánamh.  Shuidh an duine bocht sa chóirneál rith na h-oidhche agus ní rabh gar labhairt leis nó iarraidh air a'n ghreim a ithe nó seórt ar bith, nó a dhul a luighe nuair a tháinic a' t-am ach oiread.  Ní rabh maith a bheith leis ar aon dóigh.

Ar maidin lá thar na bhárach tháinic an rí fhad leis an nighin, agus d'fhiafruigh sé dí

caidé mar bhí an fear ina sásamh?
"Go h-an-mheasardha," adeir sí, "tá sé 'na shuidhe annsin ó tháinic an oidhche, agus ní tháinic sé 'mo chomhair-sa ar dhóigh nó ar dhóigh eile."
"Bhail triail oidhche eile é," arsa'n rí.
Tháinic a' saighdiúir chuige-san ar maidin lá thar na bhárach agus croc óir leis, agus dubhairt go dtabharfad sé croc eile dó dá ndeánad sé an rud ceádna a rinn sé an oidhche roimhe. Rinn agus chuir sé an oidhche isteach ar an dóigh cheádna. Ar maidin lá thar na bhárach tháinic an rí chuicí-se agus d'fhiafruigh sé daoithe caidé mar taitin a fear léithe aréir.
"Níl olc nó mairg ins an fhear udaí," adeir sí, chuir sé isteach an oidhche ar an dóigh cheádna ar chuir sé isteach an oidhche roimhe."
"Bhail, caithfidh tú á thriail oidhche eile," arsa'n rí, "agus béidh scéal eile air mur' rabh sé in do shásamh anocht."
Tháinic an saighdiúir chuige-san an lá seo aríst agus dubhairt leis go dtabharfad sé croc eile óir dó dá dtugad sé an boc ceádna daoithe-se a thug sé na h-oidhcheannaí eile. Bhí an duine bocht bog, agus rinn sé an cleas ceádna.
Tháinic an rí chuicí-se an tríomhadh maidin, agus d'fhiafruigh sé dí caidé mar bhí, agus dubhairt sí leis gur chuir sé an oidhche sin isteach ar an dóigh cheanainn cheádna ar chuir sé isteach na rudaí eile.
"Bhail béidh 'shliocht air," arsa'n rí, "is goirid go gcuiridh mise deireadh leis." Chuaidh sé amach agus d'iarr sé ar bheirt de na saighdiúirí breith air, agus á chaitheamh isteach chuig na beathadhaigh allta a bhí sa phunnta i gcúl a' chaisleáin.
Chaith. Ar ndóiche, ní rabh sé astoigh i gceart go rabh na beathadhaigh allta a' gabhail á strócadh as a chéile. D'iarr seisean ar a' rópa tosughadh agus an t-iomlán acú a cheangal d'á chéile. Níor luaithe na focla ráidhte aige nó bhí an t-iomlán cruinn le chéile mar bhéadh pionainn luachra ag na rópa. Bhí cainnt ag achan seórt 'san am sin, agus d'iarr na beathadhaigh air cead a bhealaigh a tabhairt daobhtha agus nach mbainfead siad dó níos mó. Rinn sé truaighe daobhtha agus scaoil sé iad, agus ó sin amach bhí siad 'na gcionn an-mhaith dó-san. Bhíthear ag caitheamh isteach tréan bidh chuca achan lá agus rannad siad i gcomhnuidhe leisean, agus bhí dóigh an-mhaith air.
Shíl achan nduine, ar ndóiche go rabh seisean stiallta stróctha as a chéile ag na beathadhaigh-allta, agus shíl nighean a' rí nach bhfeicfead sí a'n amharc go bráthach air.

Bhí an saighdiúir a' cainnt léithe-se rith an ama, agus caidé'n donas a rinn a bheirt ach pósadh. An oidhche a pósadh iad comh luath is 'chuaidh siad a luighe tháinic an bheachog agus chuaidh sí suas ina shróin, agus chuaidh an luchog suas ina thóin, agus chuaidh sé ar mire glan. Tháinic a' rí chuicí ar maidin –

"Bhail," adeir sé, "caidé mar shásuigh an fear úr thú aréir?"

"Ó tá," arsa sise, "bhí fear múinte macanta agam nuair a bhí an fidileair agam, ach tá fear mire agam anois má bhí ceann ariamh ag a'n bhean"

"Bhail, triail oidhche eile é," arsa'n rí.

An darna h-oidhche a chuaidh siad a luighe tháinic an bheachog agus an luchog agus rinn siad an cleas ceádna. Chuaidh seisean ar mire glan an oidhche sin thaire mas bhí sé an chéad oidhche –

Ar maidin lá thar na bhárach tháinic an rí arais.

"Bhail," adeir sé léithe-se, "caidé mar chuir tú isteach an oidhche aréir?"

"Ó tá!" arsa sise, "dá olcas 'a rabh an chéad oidhche, bhí sé seacht n-uaire ní ba mheasa aréir, agus níl fhios agam caidé atá mé a' gabhail a dheánamh leis, má tá sé a' gabhail a leanstan mar tá sé."

"Bhail bain oidhche eile as," arsa'n rí, "go bhfeicfidh tú caidé mar éireochas leat."

An tríomhadh h-oidhche nuair a chuaidh an péire a luighe, tháinic an luchog agus an bheachog agus rinn siad an cleas ceádna a rinn siad an dá oidhche roimhe sin. Má bhí rud ar bith ann bhí sé i bhfad ní ba mheasa an oidhche sin ná bhí sé an dá oidhche eile. Tháinic a h-athair chuicí ar maidin, agus chuir tuairisc caidé mar chuir sí isteach an oidhche. "Níos measa i bhfad nó a bhí sé an chéad dá oidhche," arsa sise, "agus ní chaithfidh mise oidhche eile ina chuideachta ar an dóigh a bhfuil sé ag iompar amach."

D'imthigh an rí amach, agus d'iarr sé ar bheirt eile de na saighdiúirí breith thíos is thuas ar an fhear seo, agus á chaitheamh isteach innseoir na beathadhaigh-allta. Chaith siad isteach é. Ní rabh ann ach go rabh sé astoigh go rabh sé stróca 'na phíosaí ag na beathadhaigh allta. Nuair a bhí siad dá chaitheamh isteach chonnaic siad an fear eile 'na sheasamh sa doras a' coimhead amach. Chuaidh siad isteach, agus d'innis siad do'n rí an chéad fhear a chaith siad isteach go rabh sé beo beitheach ar fad.

"Tá sin iontach," arsa'n rí – "é a bheith annsin ar fad." Chuaidh sé fhéin amach. "An bhfuil tú annseo ar fad?" adeir sé leis an fhear a bhí astoigh.

"Tá mise annseo," adeir sé, "ar fad."

Thug a' rí leis amach é, agus chuaidh sé a luighe ag n-a bhean an oidhche sin go modhamhail macanta mar ba chóir dó. D'fhág an rí an caisleán a rabh sé fhéin 'na chomhnaidhe ann aige, agus tá sé 'na chomhnaidhe go láidir annsin ó'n lá sin go dtí 'n lá indiú.

# AGUISÍN 3.

# NA SCÉALTA IDIRNAISIÚNTA GO LÉIR A BAILÍODH SNA CRUACHA GORMA I 1947 AGUS 1948

Mar a luadh thuas, bhailigh Seán Ó hEochaidh scéal idirnáisiúnta is caoga mar chuid den obair bhailiúcháin a rinne sé sna Cruacha ag deireadh dhaichidí an chéid seo caite. Tugtar thíos an t-eolas a leanas ar iomlán na scéalta idirnáisiúnta sin:

(i) Tugtar ainmneacha na scéalta.

(ii) Tugtar tagairt Chnuasach Bhéaloideas Éireann i leith gach scéil chomh maith le hainm an scéalaí agus an dáta ar bailiodh an scéal, má tá an t-eolas sin ar fáil sna láimhscríbhinní.

(iii) Tugtar uimhreacha tagartha ATU de na scéalta idirnáisiúnta.

Cuireadh scéal is fiche den iomlán in eagar in Ní Dhíoraí (1985), agus cuirtear réiltíní in aice le teidil na scéalta sin.

1. Ár Slánaitheoir ⁊ Naomh Peadar*

CBÉ 992: 213-215. Bailithe ó Pheadar Tiomanaigh ar an 08/05/1947.
ATU 785.

2. An madadh rua

CBÉ 992: 336-337. Bailithe ó Sheán Mac Giolla Dhiarmada i mí an Mheithimh, 1947.
ATU 1.

3. Mac an duine shaibhir ⁊ níon an duine bhoicht

CBÉ 1032: 1-16. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird i mí Iúil, 1947.
ATU 400.

4. An fear a dhíol dhá chéad punta agus péire miotóg ar an chorp[216]

CBÉ 1032: 17-32. Bailithe ó Sheán Mac an Bhair i mí Iúil, 1947.

[216] Ls.: An fear a dhíol cúig phunnta ar an chorp.

ATU 505.

5. An Prionsa Ó Domhnaill*
CBÉ 1032: 33-63. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird i mí Iúil, 1947.
ATU 313 agus Cf. ATU 325.

6. Pat agus Jack
CBÉ 1032: 64-77. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird i mí Iúil, 1947.
ATU 1000, ATU1002, Cf. ATU 650 agus ATU 1029.

7. An gasúr a chuaigh a dh'fhoghlaim gadaíochta
CBÉ 1032: 78-90. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird agus Anna Nic an Luain i mí Iúil, 1947.
ATU 1525.

8. Bréag mór Éireann*
CBÉ 1032: 91-95. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird i mí Iúil, 1947.
Cf. ATU 852, ATU 1920 agus ATU 1911.

9. An fear a bhí ina chlairíneach bliain is fiche
CBÉ 1032: 103-113. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 24/07/1947.
ATU 650.

10. An fear a d'ith croí an éin
CBÉ 1032: 114-128. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 29/07/1947.
ATU 567.

11. Slasham Ceallachán
CBÉ 1032: 129-133. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 31/07/1947.
ATU 332 agus Cf. ATU 330.

12. An fear a lig air go raibh sé marbh

CBÉ 1032: 134-150. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 01/08/1947.
ATU 1725 agus Cf. ATU 1350.

13. Cormac Mac Rí an Eala
CBÉ 1032: 151-164. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 01/08/1947.
Cf. ATU 300 agus Cf. ATU 302.

14. An Gharbhog Mhór
CBÉ 1032: 289-307. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 16/10/1947.
ATU 510 agus Cf. ATU 403.

15. An fear críona ⁊ an fear amaideach*
CBÉ 1032: 314-324. Bailithe ó Anna Nic an Luain i mí Dheireadh Fómhair, 1947.
ATU 1696 agus ATU 1685.

16. An luchóg ⁊ an bheachóg
CBÉ 1032: 331-344. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 27/10/1947.
ATU 559.

17. Scéal an *B*h*ig* Man
CBÉ 1032: 346-353. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 30/10/1947.
ATU 1544 agus ATU 1115.

18. Na trí chomhairle
CBÉ 1032: 369-377. Bailithe ó Mhicheál Mac an Luain (Micí Mhícheáil) ar an 02/11/1947.
ATU 910B.

19. Ó hEigeartaigh ⁊ an peidléir
CBÉ 1032: 411-424. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 08/11/1947.
ATU 1361 agus ATU 1360B.

20. An deartháir bocht ⁊ an deartháir saibhir

CBÉ 1032: 424-430. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 10/11/1947.
ATU 1536A.

21. Jack agus níon Rí an Domhan Thoir

CBÉ 1032: 431-447. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 11/11/1947.
ATU 550.

22. Mac an Rí ⁊ an cailín nach dtearn obair ar bith ariamh

CBÉ 1032: 448-456. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 13/11/1947.
ATU 501.

23. Rann an reithe*

CBÉ 1032: 457-460. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 18/11/1947.
ATU 1950. .

24. An Gobán Saor

CBÉ 1032: 471-476. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Micí Mhícheáil) ar an 15/11/1947.
Cf. ATU 875.

25. Scéal Ruaidhrí (An Pléiseam)*

CBÉ 1032: 352-538. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 26/11/1947.
ATU 532.

26. Murchadh Mór ⁊ Murchadh Beag*

CBÉ 1033: 3-7. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 06/12/1947.
ATU 2030.

27. An seanghearrán bán*

CBÉ 1033: 8-17. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 06/12/1947.
ATU 1542.

28. An t-éan óir*
CBÉ 1033: 18-35. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraig) ar an 08/12/1947.
Cf. ATU 550.

29. Bilí ⁊ an tarbh
CBÉ 1033: 34-47. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 10/12/1947.
ATU 511 agus ATU 300.

30. Na trí chomhairle
CBÉ 1033: 48-53. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraic) ar an 11/12/1947.
ATU 910B.

31. Scéal fhear na cruite
CBÉ 1033: 72-74. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraic) ar an 13/12/1947.
ATU 503.

32. Saibhreas an Ghobáin tSaoir*
CBÉ 1033: 91-94. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraic) ar an 15/12/1947.
Cf. ATU 875.

33. Ceannaí mór Bhaile Dhoire*
CBÉ 1033: 124-139. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraic) ar an 07/01/1948.
ATU 611.

34. Séamas na Leathcruaiche*
CBÉ 1033: 177-186. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 14/01/1948.

ATU 1384 agus ATU 1540.

35. Cailleach an tsniomhacháin
CBÉ 1033: 201-206. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 26/01/1948.
ATU 501.

36. Gabha an tsoic*
CBÉ 1033: 230-234. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 02/02/1948.
ATU 753.

37. Jack agus an taibhse
CBÉ 1033: 238-242. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Micí Mhícheáil) ar an 05/02/1948.
Cf. ATU 326.

38. An chinniúint
CBÉ 1033: 256-257. Bailithe ó Sheán Mac an Bhaird ar an 05/02/1948.
ATU 934.

39. An bhean ar fhóir an bhróg gloine daoithe*
CBÉ 1033: 260-265. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Micí Mhícheáil) ar an 05/02/1948.
ATU 510.

40. An gasúr a d'fhoghlaim gadaíocht*
CBÉ 1033: 266-277. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Micí Mhícheáil) ar an 06/02/1948.
ATU 1525.

41. An fear a bhí ábalta léim na habhna a thabhairt Dé Sathairn & nach rabh maidin Dé Luain[217]

[217] Ls.: An fear a bhí ábalta léim na h-abhna a thabhairt maidin Dia Luain ⁊ nach rabh Dia Sathuirn.

CBÉ 1033: 301-305. Bailithe ó Phádraig Ó Giobúin ar an 11/02/1948.
ATU 1544 agus ATU 1115.

42. Fear na cruite
CBÉ 1033: 306-306a. Bailithe ó Phadraig Ó Giobúin ar an 11/02/1948.
ATU 503.

43. An pósadh*
CBÉ 1033: 388-390. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 08/03/1948.
ATU 1384, ATU 1210, Cf. ATU 1245 agus ATU 1286.

44. Gruagach na gcleasann*
CBÉ 1033: 441-457. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraig) ar an 13/03/1948.
ATU 325.

45. An fear a dhíol fiche punta ar chorp
CBÉ 1033: 458-473. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraig) ar an 15/03/1948.
ATU 505 agus ATU 513.

46. Buachaillí Ard an Ratha
CBÉ 1033: 474-481. Bailithe ó Mhícheál Mac an Luain, (Mícheál Phádraig) ar an 16/03/1948.
Cf. ATU 1731.

47. Scéal an chlibistín*
CBÉ 1101: 107-132. Bailithe ó Mháire Bn. Mhic an Luain ar an 12/05/1948.
ATU 531.

48. Tonóg is Domhnall*

CBÉ 1101: 195-199. Bailithe ó Anna Nic an Luain ar an 25/05/1948.
ATU 1386, ATU 1541 agus ATU 1653.

49. Aon a hairt ag an Aifreann
CBÉ 1101: 459. Bailithe ó Anna Nic an Luain i mí Lúnasa, 1948.
Cf. 1613.

50. Breithiúnas aithrigh Naomh Chonaill*
CBÉ 1101: 438-439. Bailithe ó Anna Nic an Luain i mí Lúnasa, 1948.
ATU 756D.

51. Na cróininí*
CNÉ 1101: 577-583. Bailithe ó Shéamus Ó Gallachobhair ar an 28/10/1948.
ATU 981.

# LEABHARLIOSTA AGUS FOINSÍ EILE

## Leabharliosta:

Aarne, Antti/ Thompson, Stith (1973) *The Types of the Folktale*, Helsinki.

Bergin, Osborn [ed.] ($1930^3$) *Stories from Keating's History of Ireland*, Dublin.

Briody, Mícheál (2007) *The Irish Folklore Commission 1935-1970*, Helsinki.

Dinneen, Rev. Patrick (1927) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, Dublin.

Fox, Robin (1978) *Tory Islanders, A People of the Celtic Fringe*, Cambridge.

*Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil* (2004), Baile Átha Cliath.

Hughes, A.J. (1985) 'Lios-Seanchas ó lár Thír Chonaill,' *Donegal Annual* 37, 27-31.

Hughes, A.J. (1986) *The Gaelic of Tangaveane and Commeen, Co. Donegal: Texts, Phonology aspects of grammar and a vocabulary*, Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste.

Hughes, A.J. (1987) 'Loch an Airgid and Cruach an Airgid/ Silver Hill,' *Ainm, Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 2, 127-131.

Hughes, A.J. (1987a) 'Rang scoile a teagascadh i dTír Chonaill,' *Donegal Annual* 39, 99-102.

Hughes, A.J. (1994) 'Gaeilge Uladh,' in *Stair na Gaeilge*, McCone, Kim/ McManus,

Damian/ Ó Háinle, Cathal/ Williams, Nicholas/ Breatnach, Liam, [eagí.], Maigh Nuad 611-660.

Mac Aonghusa, Séamus, uí Ógáin, Ríonach [eag.] (2007) *'Mise an Fear Ceoil' Séamus Ennis − Dialann Taistil 1942-1946*, Conamara.

MacLennan, Gordon W. (1997) *Seanchas Annie Bhán, The Lore of Annie Bhán*, Baile Átha Cliath.

Ní Dhíoraí, Áine (1985) *Na Cruacha, Scéalta agus Seanchas*, Baile Átha Cliath.

Ní Dhíoraí, Áine (2008) *Scoil na gCruach, Na Cruacha Gorma, Tír Chonaill, 1907-1971*, Co. na Gaillimhe.

Ó Baoill, Dónall P. (1996) *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh*, Baile Átha Cliath.

Ó Baoighill, Pádraig (2007) *Ó Cadhain i dTír Chonaill, Béaloideas na Gaeltachta*, Baile Átha Cliath.

Ó Cadhlaigh, Cormac (1940) *Gnás na Gaedhilge*, Baile Átha Cliath.

Ó Buachalla, Breandán (1977), '*Ní* and *cha* in Ulster Irish,' *Éiriú* 28, 92-141.

Ó Catháin, Séamas (1977), 'Dáileadh Roinnt Scéalta de chuid AT 1699: Misunderstanding because of Ignorance of a Foreign Language,' *Béaloideas* 42/44, 120-135.

Ó Catháin, Séamas [eag.] (1985) *Uair an Chloig Chois Teallaigh, An Hour by the Hearth*, Baile Átha Cliath.

Ó Catháin, Séamas (1985), 'Úll-Scéal an Dálaigh idir Bhriathra agus Bhráithre,' *Béaloideas* 53, 75-86.

Ó Catháin, Séamas/ Smith, Thérèse (2000), 'Iolar Mór na Spáige,' *Béaloideas* 68, 189-191.

Ó Dochartaigh, Cathair (1987) *Dialects of Ulster Irish*, Belfast.

Ó Dónaill, Niall (1977) *Foclóir Gaeilge- Béarla*, Baile Átha Cliath.

Ó Grianna, Séamus (1994[8]) *Caisleáin Óir*, Corcaigh.

Ó Grianna, Séamus (1976[6]) *Cith is Dealán*, Corcaigh.

Ó hEochaidh, Seán (1949) [1950] 'Tomhasanna ó Thír Chonaill,' *Béaloideas* 19, 3-28.

Ó hEochaidh, Seán (1954) [1956] 'Síscéalta: réamhrá,' *Béaloideas* 23, 135-229.

Ó hEochaidh, Seán (1957) [1959] 'Rannta agus rannscéalta,' *Béaloideas* 25, 25-45.

Ó hEochaidh, Seán (1959) [1961] 'Síscéalta: réamhrá,' *Béaloideas* 27, 1-34.

Ó hEochaidh, Seán (1963) [1965] 'Seanscéal ó na Cruacha Gorma,' *Béaloideas* 31, 152-163.

Ó hEochaidh, Seán (1965) [1967] 'Seanchas iascaireachta agus farraige: réamhrá,' *Béaloideas* 33, 1-96.

Ó hEochaidh, Seán (1969-70) [1973] 'Seanchas na caorach,' *Béaloideas* 37/38, 131-209.

Ó hEochaidh, Seán (1969-70b) [1973] 'Seanchas éanlaithe iar-Uladh,' *Béaloideas* 33, Dublin, 210-337.

Ó hEochaidh, Seán/ Ó Laoire, Liam L. (1965) 'An Diabhal i Seanchas Thír Chonaill,'

*Béaloideas* 57, 1-108.

Ó hEochaidh, Seán/ Ní Néill, Máire/ Ó Catháin, Séamas [eagí] (1977) *Síscéalta Ó Thír Chonaill/ Fairy Legends from Donegal*, Dublin.

Ó hEochaidh, Seán/ Wagner, Heinrich (1962-4) "Sean-Chainnt na gCruach," *Zeitschrift fur Celtische Philologie* 29, 1-90.

Ó Laoire, Lillis (2002) *Ar Chreag i Lár na Farraige*, Conamara.

Ó Mórdha, Séamus P. (1988) Léirmheas ar Ní Dhíoraí, Áine (1985), *Studia Hibernica* 24 (1984-8), 176-180.

Ó Muirgheasa, Éinrí (1936) *Dánta Diadha Uladh*, Baile Átha Cliath.

O'Neill Lane, Timothy (1921) *Foclóir Béarla-Gaedhilge*, Dublin.

O'Rahilly, Thomas F. (1932) *Irish Dialects Past and Present with Chapters on Scottish and Manx*, Dublin.

Ó Súilleabháin, Seán (1937), *Láimh-Leabhar Béaloideasa*, Baile Átha Cliath.

Ó Súilleabháin, Seán (1970) *A Handbook of Irish Folklore*, Detroit.

Ó Súilleabháin, Seán/ Christiansen, Reider Th. (1967) *The Types of the Irish Folktale*, Helsinki.

Quiggin, E.C. (1906) *A Dialect of Donegal Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties*, Cambridge.

Uí Cheallaigh, Máire (1982) 'An Saol a Chuaigh in Éag,' *Comhar* 41, Iúil, 23 & 25-27, Lúnasa, 21-22 & 24.

uí Ógáin, Ríonach/ Smith, Thérèse (1998) [1999] 'Cumhdachaí,' *Béaloideas* 66, 199-216.

Uther, Hans-Jorg (2004 *The Types of International Folktales: A Classification and Bibliography Based on the System of Antti Aarne and Stith Thompson.* Iml. 1-3, Helsinki.

Wagner, Heinrich (1958) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* Iml. 1, Dublin.

Wagner, Heinrich (1959) *Gaeilge Theilinn*, Baile Átha Cliath.

Wagner, Heinrich (1969) *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* Iml. 4, Dublin.

## Foinsí Idirlín:

Gréasán Thionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill [gan dáta] *Bailiúchán Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill*. Ar fáil ag: >http://www.bealoideas.com/index.php<. Léite ar 15 Meán Fómhair, 2012.

Ó Duibhín, Ciarán (2009) *Ádhbhar Foclóra Béarla-Gaeidhilg Ultach*. Ar fáil ag: >http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/fbg.txt<. Léite ar 4 Meán Fómhair, 2012.

Ó hAirt, Diarmuid [gan dáta] *Cnuasach Conallach, A Computerised Dictionary of Donegal Irish*. Ar fáil ag: >http://homepage.eircom.net/~gfg/<. Léite ar 4 Meán Fómhair, 2012.

Ó hAnluain, An Br. Liam A. (1999) *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí*, Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: >http://ec.europa.eu/translation/irish/documents/christian_brothers_comprehensive_irish_grammar_ga.pdf<. Léite ar 15 Meán Fómhair, 2012.